

CLÁR

A. Prótacail atá i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip

1. Prótacal maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach
2. Prótacal maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm
3. Prótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
4. Prótacal maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh
5. Prótacal ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta
6. Prótacal maidir le suímh institiúidí an Aontais Eorpaigh agus suímh comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus ranna áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh a shocrú
7. Prótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh
8. Prótacal maidir le Conarthaí agus Ionstraimí Aontachais Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, na Poblachta Heilléanaí, Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile, agus Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne

9. Prótacal maidir le Conradh and Ionstraim Aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice
10. Prótacal maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach
11. Prótacal maidir leis na critéir um chóineasú
12. Prótacal maidir leis an nGrúpa Euro
13. Prótacal maidir le forálacha áirithe a bhaineann le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann i ndáil leis an aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta
14. Prótacal maidir le forálacha áirithe a bhaineann leis an Danmhairg i ndáil leis an aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta
15. Prótacal maidir le cúraimí áirithe Bhanc Náisiúnta na Danmhairge
16. Prótacal maidir le córas fhranc Chomhphobal Airgeadais an Aigéin Chiúin
17. Prótacal maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh
18. Prótacal maidir le gnéithe áirithe d'Airteagal III-130 den Bhunreacht a chur i bhfeidhm ar an Ríocht Aontaithe agus ar Éirinn

19. Prótacal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca le beartais a bhaineann le rialuithe ag teorainneacha, le tearmann agus inimirce agus le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta, agus i dtaca le comhar pólíneachta
20. Prótacal maidir le seasamh na Danmhairge
21. Prótacal maidir le caidreamh eachtrach na mBallstát i dtaca le teorainneacha seachtracha a thrasnú
22. Prótacal maidir le tearmann do náisiúnaigh de chuid na mBallstát
23. Prótacal maidir leis an mbuanchomhar struchtúrtha arna bhunú le hAirteagal I-41(6) agus le hAirteagal III-312 den Bhunreacht
24. Prótacal maidir le hAirteagal I-41(2) den Bhunreacht
25. Prótacal maidir le hallmhairíú isteach san Aontas Eorpach ar thárgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre
26. Prótacal maidir le maoin a fháil sa Danmhairg
27. Prótacal maidir leis an gcóras craolacháin phoiblí sna Ballstáit
28. Prótacal maidir le hAirteagal III-214 den Bhunreacht
29. Prótacal maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach

30. Prótacal ar shocruithe speisialta don Ghraonlainn
31. Prótacal maidir le hAirteagal 40.3.3 de Bhunreacht na hÉireann
32. Prótacal a bhaineann le hAirteagal I-9(2) den Bhunreacht maidir leis an Aontas a aontú don Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint
33. Prótacal maidir leis na hionstraimí agus na conarthaí a rinne an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus an Conradh ar an Aontas Eorpaich a fhorlónadh nó a leasú
34. Prótacal maidir leis na forálacha idirtréimhseacha a bhaineann le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais
35. Prótacal maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach a dhul in éag agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach
36. Prótacal ag leasú an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach

B. Iarscríbhinní a ghabhann leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip

1. Iarscríbhinn I: Liosta dá bhforáiltear in Airteagal III-226 den Bhunreacht
2. Iarscríbhinn II: Tíortha agus críocha thar lear a bhfuil feidhm ag forálacha Theideal IV de Chuid III den Bhunreacht maidir leo

A. PRÓTACAIL

ATÁ I gCEANGAL LEIS AN gCONRADH
AG BUNÚ BUNREACHTA DON EORAIP

1. PRÓTACAL
MAIDIR LE RÓL NA bPARLAIMINTÍ NÁISIÚNTA
SAN AONTAS EORPACH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG MEABHRÚ DÓIBH gur ceist é a bhaineann le heagrúchán agus cleachtas bunreachtúil gach Ballstáit an dóigh a ndéanann na Parlaimintí náisiúnta scrúdú ar a rialtas féin i ndáil le gníomhaíochtaí an Aontais,

ÓS MIAN LEO níos mó rannphárteachais i ngníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh a chothú sna Parlaimintí náisiúnta agus feabhas a chur ar a n-ábaltacht a ndearcadh a nochtadh ar dhréachtghníomhartha reachtacha Eorpacha agus ar ábhair eile a bhfuil suim ar leith acu iontu,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip agus leis an gConradh ag bunú Comhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

TEIDEAL I

FAISNÉIS LE hAGHAIDH NA bPARLAIMINTÍ NÁSIÚNTA

AIRTEAGAL 1

Cuirfidh an Coimisiún gach doiciméad comhairliúcháin dá chuid (páipéir ghlasa, páipéir bhána agus cumarsáidí) chuig na Parlaimintí náisiúnta go díreach ar iad a fhoilsiú. Cuirfidh an Coimisiún an clár reachtach bliantúil mar aon le gach ionstraim eile a bhaineann le pleanáil reachtach nó beartas chuig na Parlaimintí náisiúnta freisin san am céanna a chuirtear chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle iad.

AIRTEAGAL 2

Na dréachtghníomhartha reachtacha Eorpacha arna geur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, cuirfear chuig na Parlaimintí náisiúnta iad.

Chun críocha an Phrótacail seo, ciallaíonn "dréachtghníomhartha reachtacha Eorpacha" tograí ón gCoimisiún, tionscnaimh ó ghrúpa de Bhallstáit, tionscnaimh ó Pharlaimint na hEorpa, iarrataí ón gCúirt Bhlreithiúnais, moltaí ón mBanc Ceannais Eorpach agus iarrataí ón mBanc Eorpach Infheistíochta d'fhonn gníomh reachtach Eorpach a ghlacadh.

Dréachtghníomhartha reachtacha Eorpacha a eascraíonn ón gCoimisiún, cuirfidh an Coimisiún go díreach chuig na Parlaimintí náisiúnta iad san am céanna a chuirtear chuig Pharlaimint na hEorpa nó chuig an gComhairle iad.

Dréachtghníomhartha reachtacha Eorpacha a eascraíonn ó Pharlaimint na hEorpa, cuirfidh Pharlaimint na hEorpa go díreach chuig na Parlaimintí náisiúnta iad.

Dréachtghníomhartha reachtacha Eorpacha a eascraíonn ó ghrúpa de Bhallstáit, ón gCúirt Bhlreithiúnais, ón mBanc Ceannais Eorpach nó ón mBanc Eorpach Infheistíochta, cuirfidh an Chomhairle chuig na Parlaimintí náisiúnta iad.

AIRTEAGAL 3

Féadfaidh na Parlaimintí náisiúnta tuairim réasúnaithe a chur chuig Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa, Uachtaráin na Comhairle agus Uachtaráin an Choimisiúin á rá an gcomhlíonann dréachtghníomh reachtach Eorpach prionsabal na coimhdeachta, de réir an nós imeachta dá bhforáiltear sa Phrótacal maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm.

Más ó ghrúpa de Bhallstáit a eascraíonn an dréachtghníomh reachtach Eorpach, cuirfidh Uachtarán na Comhairle an tuairim nó na tuairimí réasúnaithe chuig rialtais na mBallstát sin.

Más ón gCúirt Brehithiúnais, ón mBanc Ceannais Eorpach nó ón mBanc Eorpach Infheistíochta a eascraíonn an dréachtghníomh reachtach Eorpach, cuirfidh Uachtarán na Comhairle an tuairim nó na tuairimí réasúnaithe chuig an institiúid nó chuig an gcomhlacht i dtrácht.

AIRTEAGAL 4

Rachaidh tréimhse sé seachtaine in éag idir an dáta a chuirtear dréachtghníomh reachtach Eorpach ar fáil do na Parlaimintí náisiúnta i dteangacha oifigiúla an Aontais agus an dáta a chuirfear ar chlár oibre sealadach na Comhairle é lena ghlacadh nó le seasamh a ghlacadh faoi chuimsiú nós imeachta reachtaigh. Féadfar eisceachtaí i gcásanna práinne a bheith ann a sonrófar na cúiseanna atá leo i ngníomh nó i seasamh na Comhairle. Ach amháin i gcásanna práinneacha a bhfuil cúiseanna cuí tugtha ina leith, ní fhéadfar aon chomhaontú a shuíomh ar dhréachtghníomh reachtach Eorpach le linn na sé seachtaine sin. Ach amháin i gcásanna práinneacha a bhfuil cúiseanna cuí tugtha ina leith, rachaidh tréimhse deich lá in éag idir dréachtghníomh reachtach Eorpach a chur ar chlár oibre sealadach na Comhairle agus seasamh a ghlacadh.

AIRTEAGAL 5

Na cláir oibre do chruinnithe na Comhairle mar aon le torthaí na gcruiinnithe sin, lena n-áirítear miontuairiscí na gcruiinnithe ina mbíonn dréachtghníomhartha reachtacha Eorpacha á bplé ag an gComhairle, cuirfear go díreach chuig na Parlaimintí náisiúnta san am céanna a chuirtear chuig rialtais na mBallstát iad.

AIRTEAGAL 6

Nuair a bhíonn sé ar intinn ag an gComhairle Eorpach leas a bhaint as Airteagal IV-444(1) nó (2) den Bhunreacht, cuirfear na Parlaimintí náisiúnta ar an eolas faoin tionscnamh ón gComhairle Eorpach sé mhí ar a laghad sula nglacfar aon chinneadh Eorpach.

AIRTEAGAL 7

Cuirfidh an Chúirt Iniúchóirí a tuarascáil bhliantúil chuig na Parlaimintí náisiúnta mar eolas san am céanna a chuirtear chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle í.

AIRTEAGAL 8

Nuair nach seomra amháin atá sa chóras parlaiminteach náisiúnta, beidh feidhm ag Airteagail 1 go 7 maidir le seomraí a chomhddhéanta.

TEIDEAL II

COMHAR IDIRPHARLAIMINTEACH

AIRTEAGAL 9

Cinnfidh Parlaimint na hEorpa agus na Parlaimintí náisiúnta i gcomhar le chéile conas an comhar idirpharliminteach a eagrú agus a chur chun cinn go héifeachtúil tráthrialta san Aontas.

AIRTEAGAL 10

Féadfaidh Comhdháil de na Coistí Parlaiminteacha um Ghnóthaí an Aontais aon rannchuidiú a mheasann sí is iomchuí a chur i láthair Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin. Ina theannta sin, cuirfidh an Chomhdháil sin chun cinn malartú faisnéise agus dea-chleachtais idir na Parlaimintí náisiúnta agus Parlaimint na hEorpa, go fiú idir a gcoistí speisialta. Féadfaidh sí comhdhálacha idirpharliminteacha a eagrú freisin ar théamaí sonracha, go háirithe chun ábhair a phlé a bhaineann leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, lena n-áirítear an comhbheartas slándála agus cosanta. Ní bheidh rannchuidithe ón gComhdháil ina gceangal ar na Parlaimintí náisiúnta ná ní dhéanfaidh siad réamhbhreith ar a seasaimh.

2. PRÓTACAL

MAIDIR LE PRIONSABAIL NA COIMHDEACHTA AGUS
NA COMHRÉIREACHTA A CHUR I bhFEIDHM

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO a áirithíú go nglacfar ciintí ar leibhéal chomh gar agus is féidir do shaoránaigh an Aontais,

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, mar atá siad leagtha síos in Airteagal I-11 den Bhunreacht, a bhunú, agus córas a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bprionsabal sin,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

AIRTEAGAL 1

Féachfaidh gach institiúid chuige go ndéanfar prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta mar atá leagtha síos in Airteagal I-11 den Bhunreacht, a urramú i gcónaí.

AIRTEAGAL 2

Sula ndéanfaidh sé gníomh reachtach Eorpach a mholadh, glacfaidh an Coimisiún comhairle go forleathan. Cuirfidh na comhairliúcháin sin san áireamh, más iomchuí, éirim réigiúnach agus áitiúil na gníomhaíochta arna beartú. Má tá práinn eisceachtúil ann, ní ghlaicfaidh an Coimisiún comhairle amhlaidh. Tabharfaidh sé cúiseanna leis an gcinneadh sin ina thogra.

AIRTEAGAL 3

Chun críocha an Phrótacail seo, ciallaíonn "dréachtghníomhartha reachtacha Eorpacha" tograí ón gCoimisiún, tionscnaimh ó ghrúpa de Bhallstáit, tionscnaimh ó Pharlaimint na hEorpa, iarrataí ón gCúirt Breithiúnais, moltaí ón mBanc Ceannais Eorpach agus iarrataí ón mBanc Eorpach Infheistíochta d'fhoinn gníomh reachtach Eorpach a ghlacadh.

AIRTEAGAL 4

Cuirfidh an Coimisiún a dhréachtghníomhartha reachtacha Eorpacha agus a dhréachtaí leasaithe chuig na Parlaimintí náisiúnta san am céanna a chuirtear chuig reachtóir an Aontais iad.

Cuirfidh Parlaimint na hEorpa a dréachtghníomhartha reachtacha Eorpacha agus a dréachtaí leasaithe chuig na Parlaimintí náisiúnta.

Cuirfidh an Chomhairle chuig na Parlaimintí náisiúnta na dréachtghníomhartha reachtacha Eorpacha a eascraíonn ó ghrúpa de Bhallstáit, ón gCúirt Breithiúnais, ón mBanc Ceannais Eorpach nó ón mBanc Eorpach Infheistíochta, mar aon leis na dréachtaí leasaithe.

Ar iad a ghlacadh, cuirfidh Parlaimint na hEorpa a rúin reachtacha chuig na Parlaimintí náisiúnta agus cuirfidh an Chomhairle a cuid seasamh chucu.

AIRTEAGAL 5

Déanfar na dréachtghníomhartha reachtacha Eorpacha a fhírinniú i ndáil le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. Is cóir ráiteas mionsonraithe a bheith i ngach dréachtghníomh reachtach Eorpach ionas gur féidir a mheas an ndéantar prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chomhlíonadh. Is cóir a bheith sa ráiteas sin freisin measúnú áirithe ar iarmhaint airgeadais an togra agus, más dlí réime Eorpach atá ann, measúnú ar a impleachtaí maidir leis na rialacha atá le cur chun feidhme ag na Ballstáit, lena n-áirítéar, más gá, an reachtaíocht réigiúnach. Tabharfar táscairí cáilíochtúla, agus, nuair is féidir, táscairí cainníochtúla mar bhunús leis na cúiseanna ar dá mbun a chonclúidítear gur fearr is féidir cuspóir de chuid an Aontais a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Déanfar aird a thabhairt leis na dréachtghníomhartha reachtacha Eorpacha ar an ngá atá ann aon ualach, bíodh sé ina ualach airgeadais nó ina ualach riarthach, a bheidh ar an Aontas, ar rialtais náisiúnta, ar údaráis réigiúnacha nó áitiúla, ar oibreoirí eacnamaíocha agus ar shaoránaigh, a íosmhéadú agus é a bheith comhchuimseach leis an gcuspóir a bheidh le gnóthú.

AIRTEAGAL 6

Féadfaidh aon Pharlaimint náisiúnta nó aon seomra de chuid Parlaiminte náisiúnta, laistigh de shé seachtaine ó dháta an Coimisiún a dhréachtghníomh reachtach a chur chuici nó chuige, tuairim réasúnaithe a chur chuig Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa, Uachtaráin na Comhairle agus Uachtaráin an Choimisiúin á rá cad chuige a mheasann sé nó sí nach gcomhlíonann an dréacht i gceist prionsabal na coimhdeachta. Is faoi gach Pharlaimint náisiúnta nó faoi gach seomra de Pharlaimint náisiúnta dul i gcomhairle, nuair is iomchuí, le Pharlaimintí réigiúnacha a bhfuil cumhachtaí reachtacha acu.

Más ó ghrúpa de Bhallstáit a eascraíonn an dréachtghníomh reachtach Eorpach, cuirfidh Uachtaráin na Comhairle an tuairim chuig rialtais na mBallstát sin.

Más ón gCúirt Bhreithiúnais, ón mBanc Ceannais Eorpach nó ón mBanc Eorpach Infheistíochta a eascraíonn an dréachtghníomh reachtach Eorpach, cuirfidh Uachtarán na Comhairle an tuairim chuig an institiúid nó an gcomhlacht i dtrácht.

AIRTEAGAL 7

Cuirfidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, agus más iomchuí, an grúpa de Bhallstáit, an Chúirt Bhreithiúnais, an Banc Ceannais Eorpach nó an Banc Eorpach Infheistíochta, más uathu a eascraíonn an dréachtghníomh reachtach Eorpach, san áireamh na tuairimí réasúnaithe ó na Parlaimintí náisiúnta nó ó sheomra de Pharlaimint náisiúnta.

Beidh dhá vóta ag gach Parlaimint náisiúnta, arna gcionroinnt ar bhonn an chórais pharlaimintigh náisiúnta. Má tá córas parlaiminteach ann ina bhfuil dhá sheomra, beidh vóta amháin ag gach ceann den dá sheomra.

Nuair a bhíonn tuairimí réasúnaithe á rá nach gcomhlíonann dréachtghníomh reachtach Eorpach prionsabal na coimhdeachta in ionannas le trian ar a laghad de na vótaí uile arna gcionroinnt ar na Parlaimintí náisiúnta i gcomhréir leis an dara mír, ní mór an dréacht a athbhreithniú. Beidh an tairseach seo in ionannas leis an gceathrú cuid más dréachtghníomh reachtach Eorpach é arna thíolacadh ar bhonn Airteagal III-264 den Bhunreacht maidir leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais.

Ar athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh, féadfaidh an Coimisiún nó, más iomchuí, an grúpa de Bhallstáit, Parlaimint na hEorpa, an Chúirt Bhreithiúnais, an Banc Ceannais Eorpach nó an Banc Eorpach Infheistíochta, más uathu a eascraíonn an dréachtghníomh reachtach Eorpach, a chinneadh an dréacht a choimeád ar bun, a leasú nó a tharraingt siar. Ní mór cúiseanna a thabhairt don chinneadh sin.

AIRTEAGAL 8

Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcaingne mar gheall ar ghníomh reachtach Eorpach prionsabal na coimhdeachta a shárú, arna dtionscnamh ag Ballstáit i gcomhréir leis na rialacha dá bhforáltear in Airteagal III-365 den Bhunreacht nó arna geur in iúl acu i gcomhréir lena ndlíchóras thar ceann a bParlaiminte náisiúnta nó thar ceann seomra den Pharlaimint sin.

I gcomhréir leis na rialacha dá bhforáltear san Airteagal sin, féadfaidh Coiste na Réigiún caingne den sórt sin a thionscnamh freisin in aghaidh na ngníomhartha reachtacha Eorpacha sin dá bhforáltear sa Bhunreacht nach mór dul i gcomhairle leis chun iad a ghlacadh.

AIRTEAGAL 9

Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil gach bliain don Chomhairle Eorpach, do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do na Parlaimintí náisiúnta maidir le cur i bhfeidhm Airteagal I-11 den Bhunreacht. Cuirfear an tuarascáil bhliantúil sin freisin chuig Coiste na Réigiún agus chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta.

3. PRÓTACAL
AR REACHT CHÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh dá bhforáltear in Airteagal III-381 den Bhunreacht a leagan síos,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

AIRTEAGAL 1

Comhdhéanfar Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus feidhmeoidh sí i gcomhréir leis an mBunreacht, leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Conradh CEFA) agus leis an Reacht seo.

TEIDEAL I

BREITHIÚNA AGUS ABHCÓIDÍ GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 2

Sula rachaidh sé i mbun a dhualgas glacfaidh gach Breitheamh mionn ós comhair na Cúirte Breithiúnais, i gcúirt oscailte, go gcomhlíonfaidh sé a dhualgais go neamhchlaon coinsiasach agus go gcoimeádfadh sé plé na Cúirte faoi rún.

AIRTEAGAL 3

Beidh na breithiúna díolmhaithe ó imeachtaí dlíthiúla. Tar éis dóibh scor dá n-oifig, leanfaidh siad de dhíolúine a bheith acu i leith gníomhartha a rinne siad ina gcáil oifigiúil, lena n-áirítear a bhfocail labhartha nó scríofa.

Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ina suí di mar chúirt ionmlán, an díolúine a tharscaoileadh. Má bhaineann an bheith le comhalta den Chúirt Ghinearálta nó de chúirt speisialaithe, cinnfidh an Chúirt Bhreithiúnais tar éis dul i gcomhairle leis an gcúirt i dtrácht.

I gcás inar tarscaoileadh díolúine agus ina dtionscnaítear imeachtaí coiriúla i gcoinne Breithimh, ní intrialte é, in aon cheann de na Ballstáit, ach amháin ag an gCúirt atá inniúil ar bhreithiúnas a thabhairt ar na breithiúna is airde dlínse náisiúnta.

Beidh feidhm ag Airteagail 11 go 14 agus ag Airteagal 17 den Phrótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais maidir le Breithiúna, Abhcóidí Ginearálta, Cláraitheoirí agus Rapóirtéirí Cúnta Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, gan dochar do na forálacha a bhaineann le Breithiúna a bheith díolmhaithe ó imeachtaí dlíthiúla agus atá leagtha amach sa chéad mhír, sa dara mír agus sa tríú mír den Airteagal seo.

AIRTEAGAL 4

Ní fhéadfaidh na Breithiúna oifig pholaitíochta ná riaracháin a shealbhú.

Ní fhéadfaidh siad gabháil d'aon slí bheatha, sochrach ná neamhshochrach, mura dtabharfaidh an Chomhairle díolúine d'eisceacht le cinneadh Eorpach, ag gníomhú di trí thromlach simplí.

Nuair a rachaidh siad i mbun a ndualgas, tabharfaidh siad gealltanás sollúnta go n-urramóidh siad, le linn a dtéarma oifige agus ina dhiaidh sin, na hoibleagáidí a bheidh orthu de bharr na hoifige sin, go háirithe an dualgas chun bheith ionraic discréideach maidir le ceapacháin nó sochair áirithe a ghlacadh tar éis dóibh scor dá n-oifig.

Déanfar aon amhras ina thaobh sin a shocrú le breith ón gCúirt Bhreithiúnais. Má bhaineann an bhreith le comhalta den Chúirt Ghinearálta nó de chúirt speisialaithe, cinnfidh an Chúirt Bhreithiúnais tar éis dul i gcomhairle leis an gcúirt i dtrácht.

AIRTEAGAL 5

Amach ó ghnáthathrú ar Bhreithiúna, nó i gcás breitheamh d'fháil bháis, críochnóidh dualgais Bhreithimh ar é d'éirí as oifig.

Nuair a éiríonn Breitheamh as oifig, síreofar a litir éirí as oifig chuig Uachtaráin na Cúirte Breithiúnais lena tarchur chuig Uachtaráin na Comhairle. Ar an bhfógra sin a thabhairt beidh folúntas ar an mBinse.

Ach amháin i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 6, fanfaidh Breitheamh i seilbh a oifige go dtí go rachaidh a chomharba i mbun a dhualgas.

AIRTEAGAL 6

Ní fhéadfarr a oifig ná a cheart chun pinsin nó sochar eile ina ionad sin a bhaint de Breitheamh, ach amháin más rud é, i dtuairim aontola Bhreithiúna agus Abhcóidí Ginearálta na Cúirte Breithiúnais, nach bhfuil coinníollacha riachtanacha a oifige á gcomhlíonadh nó na hoibleagáidí a ghabhann léi á bhfreastal aige a thuilleadh. Ní ghlacfaidh an Breitheamh a bheidh i gceist páirt in aon phlé den sórt sin. Más comhalta den Chúirt Ghinearálta nó de chúirt speisialaithe an duine i gceist, cinnfidh an Chúirt Bhreithiúnais tar éis dul i gcomhairle leis an gcúirt i dtrácht.

Cuirfidh Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais breith na Cúirte Breithiúnais in iúl d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus d'Uachtarán an Choimisiúin agus tabharfaidh sé fógra faoi d'Uachtarán na Comhairle.

I gcás breith ag baint a oifige de Bhreitheamh, beidh folúntas ar an mBinse nuair a thabharfar an fógra sin is déanaí atá luaite.

AIRTEAGAL 7

Breitheamh a ghabhfaidh ionad comhalta den Chúirt Bhreithiúnais nach bhfuil a théarma oifige caite, ceapfar é go ceann a bhfuil fágtha de théarma a réamhtheachtaí.

AIRTEAGAL 8

Bainfidh forálacha Airteagail 2 go 7 leis na hAbhcóidí Ginearálta.

TEIDEAL II

EAGRÚCHÁN NA CÚIRTE BREITHIÚNAIS

AIRTEAGAL 9

Nuair a athrófar cuid de na Breithiúna gach trí bliana, athrófar triúr déag agus dháréag díobh gach re seach.

Nuair a athrófar cuid de na hAbhcóidí Ginearálta gach trí bliana, athrófar ceathrar Abhcóidí Ginearálta ar gach ócáid.

AIRTEAGAL 10

Glacfaidh an Chláraitheoir mionn os comhair na Cúirte Breithiúnais go gcomhlíonfaidh sé a dhualgais go neamhchlaon coinsiasach agus go gcoimeádfaidh sé plé na Cúirte faoi rún.

AIRTEAGAL 11

Déanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais socrú chun duine a dhul in ionad an Chláraitheora ar ócáidí nach féidir dó freastal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

AIRTEAGAL 12

Beidh oifigigh agus seirbhísigh eile ag gabháil leis an gCúirt Bhreithiúnais ionas go bhféadfaidh sí feidhmiú. Beidh siad freagrach don Chláraitheoir faoi údarás an Uachtaráin.

AIRTEAGAL 13

Féadfaidh dlí Eorpach foráil a dhéanamh chun Rapóirtéirí Cúnta a cheapadh agus na rialacha a leagan síos a rialóidh a seirbhís. Glacfar é arna iarraidh sin don Chúirt Bhreithiúnais. Féadfar a cheangal ar na Rapóirtéirí Cúnta, faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna Rialacha Nós Imeachta, páirt a ghlacadh i réamhfiosrúcháin i gcásanna atá ar feitheamh os comhair na Cúirte Breithiúnais agus comhoibriú leis an mBreitheamh a ghníomhóidh mar Rapóirtéir.

Rognófar na Rapóirtéirí Cúnta as measc daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil na cáilíochtaí dlí acu is gá; is le cinneadh Eorpach ón gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach simplí, a cheapfar iad. Glacfaidh siad mionn os comhair na Cúirte Breithiúnais go gcomhlíonfaidh siad a ndualgais go neamhchlaon coinsiasach agus go gcoimeádfaidh siad plé na Cúirte Breithiúnais faoi rún.

AIRTEAGAL 14

Beidh de cheangal ar na Breithiúna, ar na hAbhcóidí Ginearálta agus ar an gCláraitheoir cónaí san áit a bhfuil suíomh na Cúirte Breithiúnais.

AIRTEAGAL 15

Leanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais go buan ar seisiún. Cinnfidh an Chúirt Bhreithiúnais, ag féachaint go cuí do riachtanais a gnó, tréimhsí na saoire breithiúnaí.

AIRTEAGAL 16

Cuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais eagar dlísheomraí de thriúr nó cúigear Breithiúna uirthi féin. Toghfaidh na Breithiúna Uachtaráin na ndlísheomraí as a lón féin. Toghsar Uachtaráin na ndlísheomraí a bhfuil cúigear Breithiúna iontu go ceann téarma trí bliana. Féadfar iad a atoghadh uair amháin.

Trí Bhreitheamh déag a bheidh ar an Mór-Dhlísheomra. Uachtaráin na Cúirte Breithiúnais a bheidh ina uachtaráin air. Is cuid den Mhór-Dhlísheomra freisin Uachtaráin na ndlísheomraí a bhfuil cúigear Breithiúna iontu agus Breithiúna eile arna gceapadh i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos sna Rialacha Nós Imeachta.

Suífidh an Chúirt Bhreithiúnais mar Mhór-Dhlísheomra arna iarraidh sin do Bhallstát nó d'instiúid de chuid an Aontais is páirtí sna himeachtaí.

Suífidh an Chúirt Bhreithiúnais mar Chúirt ionlán nuair a thugtar cásanna os a comhair de bhun Airteagal III-335(2), an dara mír d'Airteagal III-347, Airteagal III-349 nó Airteagal III-385(6) den Bhunreacht.

Fairis sin, nuair a mheasann sí go bhfuil mórrábhacht ag roinnt le cás os a comhair, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a chinneadh, tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, an cás a tharchur chuig an gCúirt ionlán.

AIRTEAGAL 17

Ní bheidh breitheanna na Cúirte Breithiúnais bailí ach amháin nuair is uimhir chorr dá comhaltaí a bheidh ina suí le linn an phlé.

Ní bheidh breitheanna na ndlísheomraí a bhfuil triúr nó cúigear Breithiúna iontu bailí ach amháin má glacann triúr Breithiúna iad.

Ní bheidh breitheanna an Mhór-Dhlísheomra bailí ach amháin má bhíonn naonúr Breithiúna ina suí.

Ní bheidh breitheanna na Cúirte ionláine bailí ach amháin má bhíonn cúig Breitheamh déag ina suí.

Mura féidir do dhuine de na Breithiúna as dlísheomra a bheith i láthair, féadfar glaoch ar Breitheamh as dlísheomra eile chun suí i gcomhréir le coinníollacha arna leagan síos sna Rialacha Nós Imeachta.

AIRTEAGAL 18

Ní fhéadfaidh aon Bhreitheamh ná Abhcóide Ginearálta páirt a ghlacadh i dtrial aon cháis inar ghlac sé páirt roimhe sin mar ghníomhaire nó mar chomhairleoir nó inar ghníomhaigh sé thar ceann duine de na páirtithe, nó inar glaodh air breith a thabhairt mar chomhalta de chúirt nó de bhinse, de choimisiún fiosrúcháin nó in aon cháil eile.

Má mheasann aon Bhreitheamh ná Abhcóide Ginearálta nach ceart dó, ar chúis speisialta éigin, páirt a ghlacadh sa bhrefhiúnacht nó sa scrúdú ar aon chás áirithe, cuirfidh sé é sin in iúl don Uachtaráin. Má mheasann an tUachtaráin, ar chúis speisialta éigin, nach ceart go suífeadh Breitheamh ná Abhcóide Ginearálta áirithe, nó go ndéanfad sé aighneachtaí i gcás áirithe, cuirfidh sé é sin in iúl dó.

Socrófar le breith ón gCúirt Breithiúnais aon deacracht a éireoidh maidir leis an Airteagal seo a chur i bhfeidhm.

Ní fhéadfaidh páirtí athrú ar chomhdhéanamh na Cúirte Breithiúnais ná dlísheomra dá cuid a iarraidh mar gheall ar náisiúntacht Breithimh nó toisc Breitheamh de náisiúntacht an pháirtí sin a bheith as láthair ón gCúirt nó ón dlísheomra.

TEIDEAL III

NÓS IMEACHTA OS COMHAIR NA CÚIRTE BREITHIÚNAIS

AIRTEAGAL 19

Beidh gníomhaire a cheapfar do gach cás ag Ballstáit agus institiúidí an Aontais chun feidhmiú ar a son os comhair na Cúirte Breithiúnais. Féadfaidh an gníomhaire comhairleoir nó dlíodóir a bheith aige de chúniamh dó.

Beidh na Stáit, amach ó na Ballstáit, is páirtithe sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus Údarás Faireacháin Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) dá dtagraítear sa Chomhaontú sin ionadaithe ar an gcuma chéanna.

Caithfidh páirtithe eile dlíodóir a bheith acu chun feidhmiú ar a son.

Dlíodóir atá údaraithe chun cleachtadh os comhair cúirte de chuid Ballstáit nó de chuid Stáit eile is páirtí sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, eisean amháin a fhéadfaidh ionadú do pháirtí nó bheith de chúnamh aige os comhair na Cúirte Breithiúnaí.

Beidh ag na gníomhairí, na comhairleoirí agus na dlíodóirí sin nuair a láithreoidh siad os comhair na Cúirte Breithiúnaí, na cearta agus na díolúintí is gá lena ndualgais a fheidhmiú go neamhspleách, faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna Rialacha Nós Imeachta.

Maidir leis na comhairleoirí agus na dlíodóirí a láithreoidh os a comhair, beidh ag an gCúirt Breithiúnaí na cumhachtaí a thugtar de ghnáth do chúirteanna dlí, faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna Rialacha Nós Imeachta.

Múinteoirí ollscoile is náisiúnaigh de Bhallstát a dtugann a dhlí ceart éisteachta dóibh, beidh acu os comhair na Cúirte Breithiúnaí na cearta céanna a thugtar leis an Airteagal seo do dhlíodóirí.

AIRTEAGAL 20

Roinnfeart an nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnaí ina dhá chuid: nós imeachta i scríbhinn agus nós imeachta ó bhéal.

Is éard a bheidh sa nós imeachta i scríbhinn, iarratais, ráitis cáis, cosaintí agus barúlacha, agus freagraí, más ann, mar aon leis na páipéir agus na doiciméid uile i dtaca leo, nó cóipeanna deimhnithe díobh, a chur chuig na páirtithe agus chuig na hinstiúidí, comhlacthaí, oifigí nó gníomhairesachtaí de chuid an Aontais a bhfuil a ngníomhartha faoi dhíospóid.

Cuirfidh an Cláraitheoir na nithe sin chucu san ord agus laistigh den am a bheidh leagtha síos sna Rialacha Nós Imeachta.

Is éard a bheidh sa nós imeachta ó bhéal, an tuarascáil a léamh a thíolaic an Breitheamh ag gníomhú dó mar Rapóirtéir, an Chúirt Bhreithiúnais d'éisteacht gníomhairí, comhairleoirí agus dlíodóirí, agus aighneachtaí ón Abhcóide Ginearálta agus, ina theannta sin, má bhíonn ann, finnéisithe agus saineolaithe a éisteacht.

Má mheasann sí nach n-ardaíonn an cás aon phonc nua dlí, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a chinneadh, tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, go dtabharfar breith ar an gcás gan aighneacht ón Abhcóide Ginearálta.

AIRTEAGAL 21

Tabharfar cás os comhair na Cúirte Breithiúnais trí iarratas i scríbhinn arna dhíriú chuig an gCláraitheoir. Beidh san iarratas ainm agus buanseoladh an iarratasóra agus tuairisc an tsínitheora, ainm an pháirtí nó ainmneacha na bpáirtithe ar ina choinne nó ina gcoinne a dhéantar an t-iarratas, ábhar na díospóide, an saghas ordaithe atá á lorg agus ráiteas gearr ar na pléadálacha dlí ar a bhfuil an t-iarratas bunaithe.

Beidh ag gabháil leis an iarratas, nuair is iomchuí, an beart a bhfuil a neamhniú á iarraidh nó, sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal III-367 den Bhunreacht, fianaise dhoiciméid ar an dáta a iarradh ar institiúid gníomhú, i gcomhréir leis an Airteagal sin. Mura gcuirfear na doiciméid isteach i dteannta an iarratais, iarrfaidh an Cláraitheoir ar an bpáirtí lena mbaineann iad a thabhairt ar aird laistigh de thréimhse réasúnta, ach, más mar sin a bheidh, ní thitfidh cearta an pháirtí ar lár bíodh is nach dtabharfar na doiciméid sin ar aird go dtí tar éis an tráth chun imeachtaí a thionscnamh.

AIRTEAGAL 22

Sna cásanna atá faoi rialú ag Airteagal 18 de Chonradh CEFA, is trí achomharc arna dhíriú chun an Chláraitheora a thabharfar an t-ábhar os comhair na Cúirte Breithiúnais. Beidh san achomharc ainm agus buanseoladh an achomharcóra agus tuairisc an tsínitheora, tagairt don chinneadh ar ina aghaidh a rinneadh an t-achomharc, ainmneacha na bhfreagróirí, ábhar na díospóide, na haighneachtaí a rinneadh agus ráiteas gearr ar na príomhfhorais ar a bhfuiltear ag seasamh.

Beidh ag gabháil leis an achomharc cóip dheimhnithe den chinneadh ón gCoiste Eadrána atá á dhíospóid.

Má dhiúltaíonn an Chúirt don achomharc, tiocfaidh cinneadh an Choiste Eadrána chun bheith ina chinneadh críochnaitheach.

Má neamhníonn an Chúirt cinneadh an Choiste Eadrána, féadfar an t-ábhar a tharraingt anuas athuair, más iomchuí, ar thionscnamh ceann de na páirtithe sa chás, os comhair an Choiste Eadrána. Déanfaidh an Coiste sin de réir aon chinntí ón gCúirt maidir le poncanna dlí.

AIRTEAGAL 23

Sna cásanna atá faoi rialú ag Airteagal III-369 den Bhunreacht, nuair a chinnfidh cúirt nó binse de chuid Ballstáit ar a himeachtaí a fhionraí agus cás a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais, cuirfidh an chúirt nó an binse sin an cinneadh sin in iúl don Chúirt Bhreithiúnais. Ansin cuirfidh Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais an cinneadh in iúl do na páirtithe, do na Ballstáit agus don Choimisiún, agus don institiúid, don comhlacht, don oifig nó don ghníomhaireacht de chuid an Aontais a ghlac an gníomh a bhfuil a bhailíocht nó a léiriú faoi dhíospóid.

Laistigh de dhá mhí ó cuireadh sin in iúl amhlaidh, beidh na páirtithe, na Ballstáit, an Coimisiún agus, más iomchuí, an institiúid, an comhlacht, an oifig nó an ghníomhaireacht de chuid an Aontais a ghlac an gníomh a bhfuil a bhailíocht nó a léiriú faoi dhiospóid, i dteideal ráitis cásis ná barúlacha i scríbhinn a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais.

Ina theannta sin, cuirfidh Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais an cinneadh ón gcúirt ná ón mbinse náisiúnta in iúl do na Stáit, amach ó na Ballstáit, is páirtithe sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus d'Údarás Faireacháin CSTE dá dtagraítear sa Chomhaontú sin agus féadfaidh siad, laistigh de dhá mhí ó cuireadh sin in iúl agus nuair atá ceann de réimsí chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe i gceist, ráitis cásis ná barúlacha i scríbhinn a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais. Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le ceisteanna a thig faoi raon feidhme Chonradh CEFA.

Nuair atá sé leagtha síos i gcomhaontú a bhaineann le réimse sonrach arna thabhairt i gcrích ag an gComhairle agus ag tríú thír amháin ná níos mó go bhfuil na tíortha sin i dteideal ráitis cásis ná barúlacha i scríbhinn a thíolacadh nuair a tharchuireann círt ná binse de chuid Ballstáit ceist chun réamhrialú a thig faoi raon feidhme an chomhaontaithe chuig an gCúirt Bhreithiúnais, cuirfear cinneadh na cúirte ná an bhinse náisiúnta a fholaíonn an cheist sin in iúl freisin do na tríú thíortha i dtrácht. Laistigh de dhá mhí ó cuireadh sin in iúl amhlaidh, féadfaidh na tíortha sin ráitis cásis ná barúlacha i scríbhinn a thaisceadh leis an gCúirt Breithiúnais.

AIRTEAGAL 24

Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a cheangal ar na páirtithe na doiciméid go léir a thabhairt ar aird, agus an fhaisnéis go léir a sholáthar, a mheasfaidh an Chúirt is inmhianaithe. Déanfar nota foirmiúil d'aon diúltú.

Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a chur de cheangal, freisin, ar na Ballstáit agus ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais nach páirtithe iad sa chás gach fainnéis a thabhairt a mheasfaidh an Chúirt Bhreithiúnais is gá le haghaidh na n-imeachtaí.

AIRTEAGAL 25

Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais tráth ar bith dul ar iontaoibh duine, comhlachta, údaráis, coiste nó eagraíochta eile is rogha léi chun tuairim shaineolach a thabhairt.

AIRTEAGAL 26

Féadfar finnéisithe a éisteacht faoi na coinníollacha a bheidh leagtha síos sna Rialacha Nós Imeachta.

AIRTEAGAL 27

Maidir le finnéisithe mainneachtana beidh ag an gCúirt Bhreithiúnais na cumhachtaí is gnách a thabhairt do chírteanna agus do bhinsí agus féadfaidh sí pionóis airgid a ghearradh faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna Rialacha Nós Imeachta.

AIRTEAGAL 28

Féadfar finnéisithe agus saineolaithe a éisteacht faoi mhionn arna ghlacadh san fhoirm a bheidh leagtha síos sna Rialacha Nós Imeachta nó ar an modh atá leagtha síos i ndlí thír an fhinné nó an tsaineolaí.

AIRTEAGAL 29

Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a ordú go n-éistfear finné nó saineolaí ag údarás breithiúnach a áite buanchónaithe.

Cuirfear an t-ordú lena chur chun feidhme go dtí an t-údarás breithiúnach inniúil faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna Rialacha Nós Imeachta. Cuirfear ar ais chun na Cúirte Breithiúnais faoi na coinníollacha céanna na doiciméid a tarraingíodh suas i gcomhlíonadh na litreacha rogáide.

Íocfaidh an Chúirt Bhreithiúnais na caiteachais, gan dochar don cheart chun iad a mhuirearú, nuair is iomchuí, ar na páirtithe.

AIRTEAGAL 30

Déileálfaidh Ballstát le haon sárú mionna ag finné nó saineolaí ionann is dá mba os comhair ceann dá chúirteanna a bhfuil dlínse aici in imeachtaí sibhialta a rinneadh an cion. Ar thionscnamh na Cúirte Breithiúnais, déanfaidh an Ballstát an cointóir a ionchúiseamh os comhair a chúirte inniúla.

AIRTEAGAL 31

Is i gcúirt oscailte a éistfear cásanna mura ndéanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, uaithi féin nó ar iarratas ó na páirtithe, a mhalaирt a chinneadh ar chuíseanna tromá.

AIRTEAGAL 32

Le linn na héisteachta féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais na saineolaithe, na finnéisithe agus na páirtithe féin a cheistiú. Ní fhéadfaidh siad siúd, áfach, an Chúirt Bhreithiúnais a aitheasc ach amháin trína n-ionadaithe.

AIRTEAGAL 33

Scríobhfar miontuairiscí ar gach éisteacht agus síneoidh an tUachtaráin agus an Cláraitheoir iad.

AIRTEAGAL 34

Socróidh an tUachtaráin liosta na gcásanna.

AIRTEAGAL 35

Beidh plé na Cúirte Breithiúnais ina rún agus fanfaidh sé amhlaidh.

AIRTEAGAL 36

Luafaidh na breithiúnais na réasúin ar a bhfuil siad bunaithe. Beidh iontu ainmneacha na mBreithiúna a ghlac páirt sa phlé.

AIRTEAGAL 37

Síneoidh an tUachtaráin agus an Cláraitheoir na breithiúnais. Léifear amach iad i gcúirt oscailte.

AIRTEAGAL 38

Breithneoidh an Chúirt Bhreithiúnais na costais.

AIRTEAGAL 39

Féadfaidh Uachtaráin na Cúirte Breithiúnais, i modh nós imeachta achomair ar féidir, a mhéad is gá sin, difear a bheith idir é agus cuid de na rialacha atá sa Reacht seo agus a bheidh leagtha sios sna Rialacha Nós Imeachta, breithniú a dhéanamh ar iarratais chun an forghníomhú a fhionraí, mar a fhóráiltear in Airteagal III-379(1) den Bhunreacht agus in Airteagal 157 de Chonradh CEFA, nó bearta eatramhacha a ordú de bhun Airteagal III-379(2) den Bhunreacht nó forfheidhmiú a fhionraí i gcomhréir leis an gceathrú mír d'Airteagal III-401 den Bhunreacht nó leis an tríú mír d'Airteagal 164 de Chonradh CEFA.

Mura féidir don Uachtaráin bheith i láthair, gabhfaidh Breitheamh eile a ionad faoi choinníollacha a bheidh leagtha sios sna Rialacha Nós Imeachta.

Rialú sealadach a bheidh i rialú an Uachtaráin nó an Bhreithimh a ghabhfaidh a ionad agus ní bheidh dochar ansin ar dhóigh ar bith do bhreith na Cúirte Breithiúnais ar shubstaint an cháis.

AIRTEAGAL 40

Féadfaidh Ballstáit agus institiúidí an Aontais idirgairt i gcásanna os comhair na Cúirte Breithiúnais.

Beidh an ceart céanna ar fáil do chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus d'aon duine eile ar féidir leis leas a shuíomh i dtoradh cáis a cuireadh faoi bhráid na Cúirte. Ní fhéadfaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha idirgairt i gcásanna idir Bhallstáit, idir institiúidí de chuid an Aontais nó idir Ballstáit agus institiúidí de chuid an Aontais.

Gan dochar don dara mír, féadfaidh na Stáit, amach ó na Ballstáit, is páirtithe sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus Údarás Faireacháin CSTE dá dtagraítear sa Chomhaontú sin idirgairt i gcásanna os comhair na Cúirte Breithiúnais nuair atá ceann de réimsí chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin i gceist.

Beidh iarratas ar idirgairt teoranta do thacaíocht a thabhairt don saghas ordaithe atá á lorg ag ceann de na páirtithe.

AIRTEAGAL 41

Má mhainníonn páirtí na cosanta, arna thoghairm go cuí, aighneachtaí scríofa cosanta a chomhdú, tabharfar breithiúnas mainneachtana i gcoinne an pháirtí sin. Féadfar agóid i gcoinne an bhreithiúnais sin a thaisceadh laistigh de mhí tar éis é a fhógaire. Ní chuirfidh an agóid bac ar fhorfheidhmiú an bhreithiúnais mhainneachtana, mura gcinnfidh an Chúirt Bhreithiúnais a mhalaire.

AIRTEAGAL 42

Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus aon duine eile, nádúrtha nó dlítheanach, i gcásanna agus faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna Rialacha Nós Imeachta, imeachtaí tríu páirtí a thionscnamh chun breithiúnas a chomhrac a tugadh gan éisteacht a thabhairt dóibh, má théann an breithiúnas chun dochair dá gcearta.

AIRTEAGAL 43

Má bhíonn amhras ann faoi bhrí nó faoi réim breithiúnais, forléireoidh an Chúirt Bhreithiúnais é ar iarratas ó aon pháirtí nó ó aon institiúid de chuid an Aontais a shuífidh a leas ann.

AIRTEAGAL 44

Ní fhéadfar athbhreithniú breithiúnais a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais ach amháin má aimsítear fioras is de chineál cinntitheach agus nár bh eol, nuair a tugadh an breithiúnas, don Chúirt ná don pháirtí a bhfuil an t-athbhreithniú á éileamh aige.

Tosófar an t-athbhreithniú le breithiúnas ón gCúirt á thaifeadadh go sainráiteach fioras nua a bheith ann, á aithint gur fioras é de chineál a leathann an cás ar oscailt chun a athbhreithnithe agus á dhearbhú go bhfuil an t-iarratas inghlactha ar an bhforas sin.

Ní bheidh aon iarratas ar athbhreithniú indéanta tar éis deich mbliana a bheith caite ó dháta an bhreithiúnais.

AIRTEAGAL 45

Leagfar síos sna Rialacha Nós Imeachta tréimhsí breise a bhunófar ar an bhfad ó láthair.

Ní dochar é do cheart ar bith tréimhse ama a bheith imithe in éag má chruthaíonn an páirtí lena mbaineann gur tharla imthosca nárbh fhéidir a thuar nó go raibh *force majeure* ann.

AIRTEAGAL 46

Beidh imeachtaí i gcoinne an Aontais in ábhair a éireoidh as dliteanas neamhchonarthach faoi urchosc tar éis tréimhse cúig bliana ó tharla an teagmhas as ar éirigh siad. Brisfeart an tréimhse teorann má thionscnaítear imeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais nó má dhéanann an páirtí éagóirithe iarratas roimhe sin chun na hinstituíde ábhartha de chuid an Aontais. Sa chás deireanach sin, caithfear na himeachtaí a thionscnamh laistigh den tréimhse dhá mhí dá bhforáiltear in Airteagal III-365 den Bhunreacht. Beidh feidhm ag an dara mír d'Airteagal III-367 den Bhunreacht.

Beidh feidhm ag an Airteagal seo freisin maidir le himeachtaí i gcoinne an Bhainc Cheannais Eorpaigh a bhaineann le dliteanas neamhchonarthach.

TEIDEAL IV

AN CHÚIRT GHINEARÁLTA

AIRTEAGAL 47

Beidh feidhm ag an gcéad mhír d'Airteagal 9, ag Airteagail 14 agus 15, ag an gcéad mhír, ag an dara mír, ag an gceathrú mír agus ag an gcúigiú mír d'Airteagal 17 agus ag Airteagal 18 maidir leis an gCúirt Ghinearálta agus maidir lena comhaltaí.

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 10, 11 agus 14 maidir le Cláraitheoir na Cúirte Ginearálta.

AIRTEAGAL 48

Cúig bhreitheamh is fiche a bheidh ar an gCúirt Ghinearálta .

AIRTEAGAL 49

Féadfar a iarraidh ar chomhaltaí na Cúirte Ginearálta cúram Abhcóide Ghinearálta a fheidhmiú.

Beidh de dhualgas ar an Abhcóide Ginearálta, ag gníomhú dó le neamhchlaontacht agus neamhspleáchas ionlán, aighneachtaí réasúnaithe a dhéanamh i gcúirt oscailte ar chásanna áirithe a tugadh os comhair na Cúirte Ginearálta, chun cuidiú leis an gCúirt i gcomhlíonadh a cúraim.

Leagfar síos i Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta na critéir chun cásanna den sórt sin a roghnú mar aon leis na nösanna imeachta chun na hAbhcóidí Ginearálta a ainmniú.

Ní fhéadfaidh comhalta ar iarradh air cúram an Abhcóide Ghinearálta a fheidhmiú i gcás páirt a ghlacadh i mbreithiúnas an cháis sin.

AIRTEAGAL 50

Suífidh an Chúirt Ghinearálta i ndlísheomraí de thriúr nó de chúigear Breithiúna. Toghfaidh na Breithiúna Uachtaráin na ndlísheomraí as a líon féin. Toghfari Uachtaráin na ndlísheomraí a bhfuil cúigear Breithiúna iontu go ceann téarma trí bliana. Féadfar iad a atoghadh uair amháin.

Beidh comhdhéanamh na ndlísheomraí agus sannadh na gcásanna dóibh faoi rialú ag na Rialacha Nós Imeachta. I gcásanna áirithe atá sainithe sna Rialacha Nós Imeachta, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta suí mar chúirt iomlán nó féadfar í a chomhdhéanamh de Bhreitheamh aonair.

Féadfar a fhoráil sna Rialacha Nós Imeachta go bhféadfaidh an Chúirt Ghinearálta suí mar Mhór-Dhlísheomra sna cásanna agus faoi na coinníollacha atá sonraithe iontu.

AIRTEAGAL 51

De mhaolú ar an riail atá leagtha síos in Airteagal III-358(1) den Bhunreacht, forchoimeádfar dlínse chuig an gCúirt Bhreithiúnais sna caingne dá dtagraítear in Airteagail III-365 agus III-367 den Bhunreacht nuair a thionscnaíonn Ballstát iad:

- (a) i gcoinne gnímh nó neamhghnímh de chuid Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle nó de chuid an dá institúid sin ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, seachas:

- cinntí Eorpacha arna nglacadh ag an gComhairle faoin tríú fomhír d'Airteagal III-168(2) den Bhunreacht,
 - gníomhartha de chuid na Comhairle arna nglacadh de bhun gnímh ón gComhairle a bhaineann le bearta chun trádáil a chosaint de réir bhrí Airteagal III-315 den Bhunreacht,
 - gníomhartha de chuid na Comhairle lena bhfeidhmíonn sí cumhachtaí feidhmithe i gcomhréir le hAirteagal I-37(2) den Bhunreacht.
- (b) i gcoinne gnímh nó neamhghnímh de chuid an Choimisiúin faoi Airteagal III-420(1) den Bhunreacht.

Forchoimeádfar dlínse freisin chuig an gCúirt Bhreithiúnais sna caingne dá dtagraítear sna hAirteagail chéanna nuair a thionscnaíonn institúid de chuid an Aontais iad i gcoinne gnímh nó neamhghnímh de chuid Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle nó de chuid an dá institúid sin ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, nó de chuid an Choimisiúin, nó nuair a thionscnaíonn institúid iad i gcoinne gnímh nó neamhghnímh de chuid an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

AIRTEAGAL 52

Leagfaidh Uachtaráin na Cúirte Breithiúnais agus Uachtaráin na Cúirte Ginearálta síos de thoil a chéile na coinníollacha faoina ndéanfaidh oifigigh agus seirbhísigh eile atá ag gabháil leis an gCúirt Bhreithiúnais a seirbhísí a sholáthar don Chúirt Ghinearálta ionas go bhféadfaidh sí feidhmiú. Beidh oifigigh áirithe nó seirbhísigh áirithe eile freagrach do Chláraitheoir na Cúirte Ginearálta faoi údarás Uachtaráin na Cúirte Ginearálta.

AIRTEAGAL 53

Beidh an nós imeachta os comhair na Cúirte Ginearálta faoi rialú ag Teideal III.

Aon fhorálacha níos mionchruinne is gá de bhrefis, déanfar iad a leagan síos sna Rialacha Nós Imeachta. Féadfar maolú sna Rialacha Nós Imeachta ar an gceathrú mír d'Airteagal 40 agus ar Airteagal 41 d'fhonn tréithe sonracha na dlíthíochta i réimse na maoine intleachtúla a chur san áireamh.

De mhaolú ar an gceathrú mír d'Airteagal 20, féadfaidh an tAbhcóide Ginearálta a chuid aighneachtaí réasúnaithe a dhéanamh i scribhinn.

AIRTEAGAL 54

Má dhéantar iarratas nó doiciméad eile nós imeachta a díríodh chuig an gCúirt Ghinearálta a thaisceadh de dheardmad le Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais, déanfaidh an Cláraitheoir sin é a sheoladh láithreach chuig Cláraitheoir na Cúirte Ginearálta. Mar an gcéanna, má dhéantar iarratas nó doiciméad eile nós imeachta a díríodh chuig an gCúirt Bhreithiúnais a thaisceadh de dheardmad le Cláraitheoir na Cúirte Ginearálta, déanfaidh an Cláraitheoir sin é a sheoladh láithreach chuig Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais.

Má chinneann an Chúirt Ghinearálta nach bhfuil dlínse aici caingean a éisteacht agus a chinneadh a bhfuil dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais ina leith, déanfaidh sí an chaingean sin a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Mar an gcéanna, má chinneann an Chúirt Bhreithiúnais go mbaineann caingean le dlínse na Cúirte Ginearálta, déanfaidh sí an chaingean sin a tharchur chuig an gCúirt Ghinearálta, agus ní fhéadfaidh sise ansin dlínse a dhiúltú.

Má thugtar cásanna os comhair na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta araon ina bhfuil an faoiseamh céanna á éileamh, ina dtógtar an tsaincheist chéanna léirithe nó ina gcaitear amhras ar bharántúlacht an ghnímh chéanna, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, tar éis di na páirtithe a éisteacht, bac a chur ar na himeachtaí os a comhair go dtí go mbeidh breithiúnas tugtha ag an gCúirt Bhreithiúnais, nó i gcás caingne arna dtionscnamh de bhun Airteagal III-365 den Bhunreacht nó Airteagal 146 de Chonradh CEFA, féadfaidh sí dlínse a dhiúltú chun go bhféadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais breith a thabhairt ar na caingne sin. Sna himthosca céanna, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a chinneadh freisin bac a chur ar na himeachtaí a tugadh os a comhair. Má dhéanann sí amhlaidh, leanfar de na himeachtaí a tugadh os comhair na Cúirte Ginearálta.

Má dhéanann Ballstát agus institiúid an gníomh céanna a chonspóid, diúltóidh an Chúirt Ghinearálta dlínse chun go bhféadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais breith a thabhairt ar na hiarratais sin.

AIRTEAGAL 55

Déanfaidh Cláraitheoir na Cúirte Ginearálta breitheanna críochnaitheacha na Cúirte Ginearálta, breitheanna nach réitíonn na saincheisteanna substaintiúla ach go páirteach, nó a réitíonn saincheist nós imeachta maidir le heaspa dlínse nó le do-ghlacthacht, a chur in iúl do gach páirtí agus freisin do na Ballstáit uile agus d'institiúidí an Aontais fiú mura bhfuil idiragairt déanta acu sa chás os comhair na Cúirte Ginearálta.

AIRTEAGAL 56

Laistigh de dhá mhí tar éis an bhreith a bhfuil achomharc á dhéanamh ina coinne a bheith curtha in iúl, féadfar achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreitheanna críochnaitheacha na Cúirte Ginearálta agus i gcoinne bhreitheanna na Cúirte sin nach réitíonn na saincheisteanna substaintiúla ach go páirteach nó a réitíonn saincheist nós imeachta maidir le heaspa dlínse nó le do-ghlacthacht.

Féadfaidh aon pháirtí ar theip ar a chuid aighneachtaí go hiomlán nó go páirteach a leithéid sin d'achomharc a dhéanamh. Ní fhéadfaidh, áfach, idiragraithe nach Ballstáit ná institiúidí de chuid an Aontais iad achomharc den chineál sin a dhéanamh ach amháin má bhaineann breith na Cúirte Ginearálta go díreach leo.

Cé is moite de na cásanna a bhaineann le díospoidí idir an tAontas agus a chuid seirbhíseach, féadfaidh Ballstáit agus institiúidí de chuid an Aontais nach ndearna idiragairt sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta achomharc a dhéanamh chomh maith. Cuirfear an chóir chéanna ar na Ballstáit agus na hinstiúidí sin a chuirtear ar Bhallstáit nó institiúidí a rinne idiragairt ag an gcéad chéim.

AIRTEAGAL 57

Aon duine a ndéanfaidh an Chúirt Ghinearálta a iarratas idiragartha a dhíbhe, féadfaidh sé achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Breithiúnais laistigh de dhá sheachtain tar éis an bhreith ag díbhe an iarratais a bheith curtha in iúl.

Féadfaidh páirtithe sna himeachtaí achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Breithiúnais i gcoinne aon bhreithe de chuid na Cúirte Ginearálta a rinneadh de bhun Airteagal III-379(1) nó (2) nó faoin gceathrú mír d'Airteagal III-401 den Bhunreacht nó faoi Airteagal 157 nó faoin tríú mír d'Airteagal 164 de Chonradh CEFA laistigh de dhá mhí tar éis a curtha in iúl.

Éistfear na hachomhairc dá dtagraítear sa chéad dá mhír, agus déanfar breith orthu, de réir an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 39.

AIRTEAGAL 58

Ní fhéadfar achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Breithiúnais ach ar phoncanna dlí amháin. Is é a bheidh de bhonn aige easpa dlínse na Cúirte Ginearálta, sárú nós imeachta os a comhair a théann chun dochair do leas an achomharcóra nó sárú ar dhlí an Aontais ag an gCúirt Ghinearálta.

Ní fhéadfar achomharc a dhéanamh nach mbaineann ach le méid na gcostas nó leis an bpáirtí ar ordaíodh dó iad a íoc.

AIRTEAGAL 59

Má dhéantar achomharc i gcoinne breithe de chuid na Cúirte Ginearálta, beidh cuid den nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais i scríbhinn agus cuid de ó bhéal. Faoi réir na gcoinníollacha arna leagan síos sna Rialacha Nós Imeachta, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta agus na páirtithe a éisteacht, an nós imeachta ó bhéal a fhágáil ar lár.

AIRTEAGAL 60

Gan dochar d'Airteagal III-379(1) agus (2) den Bhunreacht nó d'Airteagal 157 de Chonradh CEFA, ní bheidh éifeacht fionraíochta ag achomharc.

De mhaolú ar Airteagal III-380 den Bhunreacht, breitheanna na Cúirte Ginearálta á dhearbhú dlí Eorpach nó rialachán Eorpach atá ceangailteach go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát a bheith ar neamhní, ní ghlacfaidh siad éifeacht ach amháin ón dáta a mbeidh an tréimhse dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 56 den Reacht seo dulta in éag, nó má rinneadh achomharc laistigh den tréimhse sin, ón dáta a dibheadh an t-achomharc, gan dochar, ar a shon sin, do cheart an pháirtí chun a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais, de bhun Airteagal III-379(1) agus (2) den Bhunreacht nó Airteagal 157 de Chonradh CEFA, éifeachtaí an dlí Eorpaigh nó an rialacháin Eorpaigh neamhnithe a fhionraí nó aon bhearta idirlinne eile a ordú.

AIRTEAGAL 61

Má tá bunús leis an achomharc, neamhneoidh an Chúirt Bhreithiúnais breith na Cúirte Ginearálta. Féadfaidh sí fén breithiúnas críochnaitheach a thabhairt san ábhar má cheadaíonn staid na n-imeachtaí a leithéid, nó an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh breithiúnais.

Má tharchuirtear cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, beidh breith na Cúirte Breithiúnais maidir le poncanna dlí ina ceangal ar an gCúirt Ghinearálta.

Má tá bunús le hachomharc a dhéanann Ballstát nó institiúid de chuid an Aontais nach ndearna idiragairt sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, más dóigh léi gur gá sin, a rá cad iad na héifeachtaí de bhreith neamhnithe na Cúirte Ginearálta a mheasfar a bheith críochnaitheach i leith na bpáirtithe sa dlíthíocht.

AIRTEAGAL 62

Sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagal III-358(2) agus (3) den Bhunreacht, nuair a mheasann an Chéad Abhcóide Ginearálta go bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfaí difear d'aontacht agus do chomhchuibheas dhlí an Aontais, féadfaidh sé togra a dhéanamh go ndéanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais breith na Cúirte Ginearálta a athbhreithniú.

Ní foláir an togra a dhéanamh laistigh de mhí ón tráth a thugann an Chúirt Ghinearálta an bhreith. Laistigh de mhí tar éis di an togra ón gCéad Abhcóide Ginearálta a fháil, cinnfidh an Chúirt Bhreithiúnais an cóir nó nach cóir an bhreith a athbhreithniú.

TEIDEAL V

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL 63

Beidh i Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta aon fhorálacha eile is gá chun an Reacht seo a chur i bhfeidhm agus, más gá, chun é a fhorlónadh.

AIRTEAGAL 64

Leagfar síos le rialachán Eorpach ón gComhairle, ag gníomhú di d'aon toil, na rialacha i dtaobh na socruthe teanga is infheidhme i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Glacfar an rialachán sin arna iarraidh sin don Chúirt Bhreithiúnais agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún agus le Parlaimint na hEorpa, nó ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCúirt Bhreithiúnais agus le Parlaimint na hEorpa.

Go dtí go nglacfar na rialacha sin, beidh feidhm ag forálacha Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus ag forálacha Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta a rialáonn socruthe teanga. De mhaolú ar Airteagail III-355 agus III-356 den Bhunreacht, ní fhéadfar na forálacha sin a leasú ná a aisghairm ach amháin le toiliú d'aon toil ón gComhairle.

AIRTEAGAL 65

1. De mhaolú ar Airteagal IV-437 den Bhunreacht, aon leasú ar an bPrótacal ar Reacht na Cúirte Breithiúnais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus le Conradh CEFA, arna ghlacadh idir síniú an Chonartha ag bunú Bunreachta don Eoraip agus a theacht i bhfeidhm, fanfaidh sé i bhfeidhm.
2. D'fhoill iad a ionchorprú i dtéarmaí achtaithe an Reachta seo, beidh na leasuithe dá dtagraítear i mír 1 faoi réir códú oifigiúil i ndlí Eorpach ón gComhairle, arna ghlacadh arna iarraidh sin don Chúirt Bhreithiúnais. Ar an dlí Eorpach códaitheach sin a theacht i bhfeidhm, aisghairfear an tAirteagal seo.

4. PRÓTACAL
MAIDIR LE REACHT AN
CHÓRAIS EORPAIGH BANC CEANNAIS
AGUS AN BHAINC CHEANNAIS EORPAIGH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh dá bhforáiltear in Airteagail I-30 agus III-187(2) den Bhunreacht a chinneadh,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

CAIBIDIL I

AN CÓRAS EORPACH BANC CEANNAIS

AIRTEAGAL 1

An Córas Eorpach Banc Ceannais

1. I gcomhréir le hAirteagal I-30(1) den Bhunreacht, comhdhéanfar an Córas Eorpach Banc Ceannais den Bhanc Ceannais Eorpach i dteannta leis na bainc cheannais náisiúnta. Comhdhéanfar an tEurochóras den Bhanc Ceannais Eorpach agus de bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát sin a bhfuil an euro mar airgeadra acu.
2. Comhlíonfaidh an Córas Eorpach Banc Ceannais agus an Banc Ceannais Eorpach a gcúraimí agus cuirfidh siad i gcrích a ngníomhaíochtaí i gcomhréir leis an mBunreacht agus leis an Reacht seo.

CAIBIDIL II

CUSPÓIRÍ AGUS CÚRAIMÍ AN CHÓRAIS EORPAIGH BANC CEANNAIS

AIRTEAGAL 2

Cuspóirí

I gcomhréir le hAirteagail I-30(2) agus III-185(1) den Bhunreacht, beidh de chuspóir príomhúil ag an gCóras Eorpach Banc Ceannais cobhsáiocht praghsanna a choimeád ar bun. Gan dochar don chuspóir sin, tacóidh sé leis na beartais ghinearálta eacnamaíocha san Aontas d'fhonn rannchuidiú le gnóthú chuspóirí an Aontais mar atá siad leagtha síos in Airteagal I-3 den Bhunreacht. Gníomhóidh an Córas Eorpach Banc Ceannais i gcomhréir le prionsabal geilleagair mhargaidh oscailte le saoriomaíocht ar mhaithe le cionroinnt éifeachtach acmhainní agus i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha amach in Airteagal III-177 den Bhunreacht.

AIRTEAGAL 3

Cúraimí

1. I gcomhréir le hAirteagal III-185(2) den Bhunreacht, is iad na bunchúraimí a chuirfear i gcríoch tríd an gCóras Eorpach Banc Ceannais:

(a) beartas airgeadaíochta an Aontais a shainiu agus a chur chun feidhme;

- (b) oibríochtaí malaire eachtraí is comhchuí le hAirteagal III-326 den Bhunreacht a sheoladh;
 - (c) cúlchistí oifigiúla eachtracha na mBallstát a shealbhú agus a bhainistiú;
 - (d) oibriú rianúil córas íocaíochtaí a chur chun cinn.
2. I gcomhréir le hAirteagal III-185(3) den Bhunreacht, beidh mír 1(c) den Airteagal seo gan dochar do Rialtais Bhallstát iarmhéideanna oibre malaire eachtraí a shealbhú agus a bhainistiú.
3. I gcomhréir le hAirteagal III-185(5) den Bhunreacht, rannchuvideoidh an Córas Eorpach Banc Ceannais le seoladh rianúil beartais arna saothrú ag na húdaráis inniúla a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus le cobhsaíocht an chórais airgeadais.

AIRTEAGAL 4

Feidhmeanna comhairleacha

I gcomhréir le hAirteagal III-185(4) den Bhunreacht:

- (a) rachfar i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach maidir le haon ghníomh Aontais arna bheartú laistigh dá chumhachtaí;
- (b) faoi na teorainneacha agus na coinníollacha atá leagtha amach ag an gComhairle i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 41, rachaidh údaráis náisiúnta i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach maidir le haon dréachtfhoráil reachtach laistigh dá réimsí inniúlachta;

Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach tuairimí ar ábhair laistigh dá chumhachtaí a chur faoi bhráid institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó ghníomhaireachtaí an Aontais nó na n-údarás náisiúnta.

AIRTEAGAL 5

Faisnéis staidrimh a bhailiú

1. D'fhonn cúraimí an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais a ghlacadh ar láimh, baileoidh an Banc Ceannais Eorpach, le cúnamh ó na bainc cheannais náisiúnta, an fhaisnéis staidrimh is gá ó na húdarás náisiúnta inniúla nó go díreach ó ghníomhairí eacnamaíocha. Chuige sin, comhoibreoidh sé le hinstiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais, le húdarás inniúla na mBallstát nó de chuid tríu tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.
2. Cuirfidh na bainc cheannais náisiúnta i gcrích, a mhéad is féidir, na cúraimí dá dtagraigítear i mír 1.
3. Rannchuvideoidh an Banc Ceannais Eorpach le comhchuibhiú, más gá, ar na rialacha agus ar na cleachtais a rialaíonn bailiú, tiomsú agus dáileadh staidrimh sna réimsí laistigh dá chumhachtaí.
4. Saineoidh an Chomhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 41, na daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá faoi réir oibleagáidí maidir le tuairisciú, an córas rúndachta agus na forálacha iomchuí maidir le forfheidhmiú.

AIRTEAGAL 6

Comhar idirnáisiúnta

1. I réimse an chomhair idirnáisiúnta maidir leis na cúraimí a chuirtear ar an gCóras Eorpach Banc Ceannais, cinnfidh an Banc Ceannais Eorpach cad é mar a dhéanfar an Córas Eorpach Banc Ceannais a ionadú.
2. Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach agus, faoi réir a fhormheasa, na bainc cheannais náisiúnta a bheith rannpháirteach in institiúidí idirnáisiúnta airgeadaíochta.
3. Beidh míreanna 1 agus 2 gan dochar d'Airteagal III-196 den Bhunreacht.

CAIBIDIL III

EAGRÚCHÁN AN CHÓRAIS EORPAIGH BANC CEANNAIS

AIRTEAGAL 7

Neamhspleáchas

I gcomhréir le hAirteagal III-188 den Bhunreacht, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí agus i gcomhlíonadh na gcúraimí agus na ndualgas a chuirtear orthu sa Bhunreacht agus sa Reacht seo, ní fhéadfaidh an Banc Ceannais Eorpach ná banc ceannais náisiúnta ná aon chomhalta dá gcomhlachtaí cinnteoireachta teagaisc a iarraidh ná a ghlacadh ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí Aontais, ó aon Rialtas Ballstáit ná ó aon chomhlacht eile. Gabhfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí Aontais maille le Rialtais na mBallstát orthu féin an prionsabal sin a urramú agus gan a iarraidh tionchar a oibriú ar chomhaltaí comhlachtaí cinnteoireachta an Bhainc Cheannais Eorpaigh nó na mbanc ceannais náisiúnta i gcomhlíonadh a gcúraimí.

AIRTEAGAL 8

Prionsabal ginearálta

Is iad comhlachtaí cinnteoireachta an Bhainc Cheannais Eorpaigh a rialóidh an Córás Eorpach Banc Ceannais.

AIRTEAGAL 9

An Banc Ceannais Eorpach

1. Beidh ag an mBanc Ceannais Eorpach, a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige i gcomhréir le hAirteagal I-30(3) den Bhunreacht, an inniúlacht dhlítheanach i ngach Ballstát is fairsinge atá ar fáil ag daoine dlítheanacha faoina dhlí. Féadfaidh sé go háirithe maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus bheith ina pháirtí in imeachtaí dlí.
2. Áiritheoidh an Banc Ceannais Eorpach go ndéanfar na cúramí atá curtha ar an gCóras Eorpach Banc Ceannais faoi Airteagal III-185(2), (3) agus (5) den Bhunreacht a chur chun feidhme aige féin de bhun an Reachta seo nó trí na bainc cheannais náisiúnta de bhun Airteagail 12(1) agus 14.
3. I gcomhréir le hAirteagal III-187(1) den Bhunreacht, is iad an Chomhairle Rialaithe agus an Bord Feidhmiúcháin comhlachtaí cinnteoireachta an Bhainc Cheannais Eorpaign.

AIRTEAGAL 10

An Chomhairle Rialaithe

1. I gcomhréir le hAirteagal III-382(1) den Bhunreacht, beidh ar an gComhairle Rialaithe comhaltaí an Bhord Feidhmiúcháin agus Gobharnóirí bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát nach bhfuil an maolú acu dá dtagraítear in Airteagal III-197 den Bhunreacht.

2. Beidh vóta amháin ag gach comhalta den Chomhairle Rialaithe. Amhail ón dáta ar mó lón chomhaltaí na Comhairle Rialaithe ná aon duine is fiche, beidh vóta amháin ag gach comhalta den Bhord Feidhmiúcháin agus is ag cúig dhuine dhéag de líon na ngobharnóirí a bheidh an ceart vótala. Déanfar na cearta vótala sin a chionroinnt de réir na huainíochta seo a leanas:

- (a) amhail ón dáta ar mó lón na ngobharnóirí ná cúig dhuine dhéag, go dtí go sroicheann sé beirt is fiche, cionroinnfear na gobharnóirí ar dhá ghrúpa i bhfianaise an chéimnithe atá ag méid scair Bhallstát a mbanc ceannais náisiúnta san olltáirgeacht intíre chomhiomlán de réir margadhphraghsanna agus i lánchlár comhordaithe comhiomlán institiúidí airgeadais airgeadaíochta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu. Sannfar ualú 5/6 agus 1/6 do na scaireanna san olltáirgeacht intíre chomhiomlán de réir margadhphraghsanna agus i lánchlár comhordaithe comhiomlán na n-institiúidí airgeadais airgeadaíochta faoi seach. Beidh cúig ghobharnóir sa chéad ghrúpa agus beidh na gobharnóirí eile sa dara grúpa. Ní lú minicíocht chearta vótala na ngobharnóirí sa chéad ghrúpa ná minicíocht chearta vótala na ngobharnóirí sa dara grúpa. Faoi réir na habairte roimhe seo, tabharfar ceithre cheart vótala don chéad ghrúpa agus aon cheart vótala déag don dara grúpa;
- (b) amhail ón dáta a shroichfidh líon na ngobharnóirí beirt is fiche, cionroinnfear na gobharnóirí ar thrí ghrúpa i bhfianaise céimnithe arna fothú ar na critéir atá leagtha síos in (a). Beidh cúig ghobharnóir sa chéad ghrúpa a dtabharfar ceithre cheart vótala dó. Beidh a leath de líon iomlán na ngobharnóirí sa dara grúpa, agus aon chodán á chothromú suas don tslánuimhir is gaire, agus tabharfar ocht gceart vótala don ghrúpa sin. Beidh na gobarnóirí eile sa tríú grúpa a dtabharfar trí cheart vótala dó;

- (c) laistigh de gach grúpa, beidh a gcearta vótala ag na gobharnóirí go ceann tréimhsí comhionanna;
- (d) chun na scaireanna san olltáirgeacht intíre chomhiomlán de réir margadhphraghsanna a ríomh, beidh feidhm ag Airteagal 29(2). Déanfar lánchláir comhordaithe comhiomlán na n-institiúidí airgeadais airgeadaíochta a ríomh i gcomhréir leis an gcreat staidrimh a bhfuil feidhm aige san Aontas tráth an ríomha;
- (e) aon uair a dhéantar an olltáirgeacht intíre comhiomlán de réir margadhphraghsanna a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 29(3), nó aon uair a thagann méadú ar líon na ngobharnóirí, déanfar líon agus/nó comhdhéanamh na ngrúpaí a choigeartú i gcomhréir leis na prionsabail arna leagan síos san fhomhír seo;
- (f) déanfaidh an Chomhairle Rialaithe, ag gníomhú di trí thromlach dhá thrian dá comhaltaí uile, bíodh ceart vótala acu nó ná bíodh, gach beart a ghlacadh is gá chun na prionsabail arna leagan síos san fhomhír seo a chur chun feidhme agus féadfaidh sí tú an chórais uainíochta a chur ar athló go dtí an dáta ar mó líon na ngobharnóirí ná ocht nduine dhéag.

Ní mór an ceart vótala a fheidhmiú go pearsanta. De mhaolú ar an ríail sin, féadfar a leagan síos sna Rialacha Nós Imeachta dá dtagraítear in Airteagal 12(3) go bhféadfaidh comhaltaí na Comhairle Rialaithe vótáil trí bhíthin teileachomhdhála. Forálfar freisin sna rialacha sin go bhféadfaidh comhalta den Chomhairle Rialaithe nach féidir dó ar feadh tréimhse fada freastal ar chruinnithe na Comhairle Rialaithe malartach a cheapadh chun a ionad a ghabháil mar chomhalta den Chomhairle Rialaithe.

Tá an dara fomhír agus an tríú fomhír gan dochar do chearta vótála chomhaltaí uile na Comhairle Rialaithe, bíodh ceart vótála acu nó ná bíodh, faoi mhír 3 agus Airteagal 40(2) agus (3). Mura bhforáltear a mhalairet sa Reacht seo, gníomhóidh an Chomhairle Rialaithe trí thromlach simplí de na comhaltaí a bhfuil ceart vótála acu. I gcás comhionannais vótaí, is ag an Uachtaráin a bheidh an vóta réitigh.

Chun go bhféadfaidh an Chomhairle Rialaithe vótáil, ní mór córam dhá thrian de na comhaltaí a bhfuil ceart vótála acu a bheith ann. Mura sroichfear an córam, féadfaidh an tUachtaráin cruinniú urghnách a chomóradh ina bhféadfar cinntí a ghlacadh gan aird ar an gcóram.

3. Chun go nglacfar cinntí de bhun Airteagail 28, 29, 30, 32, 33 agus 49, déanfar na vótaí sa Chomhairle Rialaithe a ualú i gcomhréir le scaireanna na mbanc ceannais náisiúnta i gcaipiteal suibscríofa an Bhainc Cheannais Eorpaigh. Is ionann agus nialas ualú vótaí chomhaltaí an Bhord Feidhmiúcháin. Déanfar cinneadh ar gá tromlach cálithe chuige a ghlacadh má fhaigheann sé líon vótaí ina fhabhar in ionannas ar a laghad le dhá thrian de chaipiteal suibscríofa an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus in ionannas ar a laghad le leath na scairshealbhóirí. Mura féidir le Gobharnóir a bheith i láthair, féadfaidh sé malartach a ainmniú chun a vóta ualaithe a chaitheamh.
4. Beidh imeachtaí na gcruiinnithe faoi rún. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe toradh a pléití a phoiblíú.
5. Tiocfaidh an Chomhairle Rialaithe le chéile ar a laghad deich n-uaire sa bhliain.

AIRTEAGAL 11

An Bord Feidhmiúcháin

- I gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal III-382(2) den Bhunreacht, beidh ar an mBord Feidhmiúcháin an tUachtaráin, an Leasuachtarán agus ceithre chomhalta eile.

Comhlíonfaidh na comhaltaí a gcuid dualgas go lánaimseartha. Ní ghabhfaidh aon chomhalta le haon slí bheatha, sochrach ná neamhshochrach, mura ndeonóidh an Chomhairle Rialaithe díolúine go heisceachtúil dó.

- I gcomhréir le hAirteagal III-382(2) den Bhunreacht, déanfaidh an Chomhairle Eorpach ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, ar mholadh ón gComhairle agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle Rialaithe, Uachtaráin, Leasuachtarán agus comhaltaí eile an Bhord Feidhmiúcháin a cheapadh as measc daoine a bhfuil gradam agus taithí ghairmiúil aitheanta acu i réimsí airgeadaíochta nó baincéireachta.

Ocht mbliana a bheidh ina dtéarma oifige agus ní fhéadfar é a athnuachan.

Náisiúnaigh Ballstát amháin a fhéadfaidh a bheith ina gcomhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin.

- Leagfar síos téarmaí agus coinníollacha fostaíochta chomhaltaí an Bhord Feidhmiúcháin, go háirithe a dtuarastail, a bpinsin agus a sochair slándála sóisialta eile i gconarthaí leis an mBanc Ceannais Eorpach agus socróidh an Chomhairle Rialaithe iad ar thogra ó choiste ar a mbeidh trí chomhalta arna gceapadh ag an gComhairle Rialaithe agus trí chomhalta arna gceapadh ag an gComhairle. Ní bheidh ceart vótala ag comhaltaí an Bhord Feidhmiúcháin ar ábhair dá dtagraítear sa mhír seo.

4. Mura gcomhallfaidh comhalta den Bhord Feidhmiúcháin a thuilleadh na coinníollacha is gá chun a chuid dualgas a chomhlíonadh nó má bhí sé ciontach i mí-iompar tromchúiseach, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar iarratas ón gComhairle Rialaithe nó ón mBord Feidhmiúcháin, é a scor go héigeantach.
5. Beidh ceart vótala ag gach comhalta den Bhord Feidhmiúcháin a bheidh i láthair go pearsanta agus chuige sin beidh vóta amháin aige. Mura bhforáiltear a mhalaírt, gníomhóidh an Bord Feidhmiúcháin trí thromlach simplí de na vótaí arna gcaitheamh. I gcás comhionannais vótaí, is ag an Uachtaráin a bheidh an vóta réitigh. Sonrófar na socruithe vótala sna Rialacha Nós Imeachta dá dtagraítear in Airteagal 12(3).
6. Beidh an Bord Feidhmiúcháin freagrach as gnó reatha an Bhainc Cheannais Eorpaigh.
7. Déanfar aon fholúntas a tharlóidh ar an mBord Feidhmiúcháin a líonadh trí chomhalta nua a cheapadh i gcomhréir le mír 2.

AIRTEAGAL 12

Freagrachtaí na gcomhlachtaí cinnteoireachta

1. Glacfaidh an Chomhairle Rialaithe na treoirlínte agus na cinntí is gá chun a áirithíú go gcomhlíonfar na cúraimí a chuireann an Bunreacht agus an Reacht seo ar an gCóras Eorpach Banc Ceannais. Leagfaidh an Chomhairle Rialaithe síos beartas airgeadaíochta an Aontais lena n-áirítear, más iomchuí, cinntí maidir le cuspóirí meánreatha airgeadaíochta, eochair-rátaí úis agus soláthar cúlchistí sa Chóras Eorpach Banc Ceannais agus cinnfidh sí na treoirlínte is gá lena gcur chun feidhme.

Cuirfidh an Bord Feidhmiúcháin an beartas airgeadaíochta chun feidhme i gcomhréir leis na treoirlínte agus na cinntí arna nglacadh ag an gComhairle Rialaithe. Tabharfaidh sé lena linn sin na teagaisc riachtanacha do na bainc cheannais náisiúnta. Ina theannta sin, féadfar cumhachtaí áirithe a tharmligean chuige má chinneann an Chomhairle Rialaithe amhlaidh.

A mhéad a mheastar is féidir agus is iomchuí agus gan dochar d'fhorálacha an Airteagail seo, rachaidh an Banc Ceannais Eorpach ar iontaobh na mbanc ceannais náisiúnta chun oibríochtaí is cuid de chúraimí an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais a chur i gcrích.

2. Beidh an Bord Feidhmiúcháin freagrach as cruinnithe na Comhairle Rialaithe a ullmhú.
3. Glacfaidh an Chomhairle Rialaithe Rialacha Nós Imeachta lena gcinnfear eagrúchán inmheánach an Bhainc Cheannais Eorpach agus a chuid comhlachtaí cinnteoireachta.
4. Is í an Chomhairle Rialaithe a fheidhmeoidh na feidhmeanna comhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 4.
5. Is í an Chomhairle Rialaithe a ghlacfaidh na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 6.

AIRTEAGAL 13

An tUachtaráin

1. Is é an tUachtaráin nó, má bhíonn sé as láthair, an Leasuachtaráin a bheidh ina chathaoirleach ar an gComhairle Rialaithe agus ar Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Cheannais Eorpach.
2. Gan dochar d'Airteagal 38, is é an tUachtaráin nó a ainmnitheach a ionadóidh an Banc Ceannais Eorpach don saol mór.

AIRTEAGAL 14

Bainc cheannais náisiúnta

1. I gcomhréir le hAirteagal III-189 den Bhunreacht, áiritheoidh gach Ballstát go bhfuil a chuid reachtaíochta náisiúnta, lena n-áirítear reachtanna a bhainc cheannais náisiúnta, ag luí leis an mBunreacht agus leis an Reacht seo.
2. Leagfaidh reachtanna na mbanc ceannais náisiúnta síos go háirithe nach lú ná cùig bliana téarma oifige Gobharnóra bainc cheannais náisiúnta.

Ní fhéadfarr a oifig a bhaint de Ghobharnóir ach amháin mura gcomhallann sé a thuilleadh na coinníollacha is gá chun a chuid dualgas a chomhlíonadh, nó má bhí sé ciontach i mí-iompar tromchúiseach. Féadfaidh an Gobharnóir i dtrácht nó an Chomhairle Rialaithe cinneadh chuige sin a tharchur chuitg an gCúirt Bhreithiúnais, mar gheall ar sharú an Bhunreachta nó aon riail dlí a bhaineann lena chur i bhfeidhm. Déanfar imeachtaí den sórt sin a thionscnamh laistigh de dhá mhí ón uair a foilsiodh an cinneadh, nó a cuireadh in iúl don ghearánaí é nó, murar cuireadh, ón lá a fuair sé fios air, de réir mar a bheidh.

3. Is cuid dhílis den Chóras Eorpach Banc Ceannais na bainc cheannais náisiúnta agus gníomhóidh siad i gcomhréir le treoirlínte agus teagaisc an Bhainc Cheannais Eorpaigh. Glacfaidh an Chomhairle Rialaithe na bearta is gá chun comhlíonadh threoirlínte agus theagaisc an Bhainc Cheannais Eorpaigh a áirithiú agus éileoidh sí gach eolas riachtanach a thabhairt di.

4. Féadfaidh bainc cheannais náisiúnta feidhmeanna seachas na feidhmeanna arna sonrú sa Reacht seo a chomhlíonadh mura gcinnfidh an Chomhairle Rialaithe, trí thromlach cáilithe dhá thrian de na vótaí arna gcaitheamh, go gcuireann na feidhmeanna sin isteach ar chuspóirí agus ar chúraimí an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais. Comhlíonfar feidhmeanna den sórt sin ar fhreagracht agus ar dhliteanas na mbanc ceannais náisiúnta agus ní mheasfar gur cuid d'fheidhmeanna an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais iad.

AIRTEAGAL 15

Ceangaltais maidir le tuairisciú

1. Tarraingeoidh an Banc Ceannais Eorpach suas agus foilseoidh sé tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais uair sa ráithe ar a laghad.
2. Foilseofar ráiteas comhdhlúite airgeadais an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais in aghaidh na seachtaine.
3. I gcomhréir le hAirteagal III-383(3) den Bhunreacht, díreoidh an Banc Ceannais Eorpach tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus ar bheartas airgeadaíochta na bliana roimhe sin agus na bliana reatha chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.
4. Cuirfear na tuarascálacha agus na ráitis dá dtagraítear san Airteagal seo ar fáil saor in aisce do pháirtithe leasmhara.

AIRTEAGAL 16

Nótaí bainc

I gcomhréir le hAirteagal III-186(1) den Bhunreacht, beidh ag an gComhairle Rialaithe an ceart eisiach chun eisiúint nótaí bainc euro laistigh den Aontas a údarú. Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta nótaí bainc den sórt sin a eisiúint. Is ag na nótaí bainc arna n-eisiúint ag an mBanc Ceannais Eorpach agus ag na bainc cheannais náisiúnta, agus ag nótaí bainc den sórt sin amháin, a bheidh stádas dlíthairisceana laistigh den Aontas.

Urramóidh an Banc Ceannais Eorpach a mhéad is féidir cleachtais atá ann cheana maidir le heisiúint agus le dearadh nótaí bainc.

CAIBIDIL IV

FEIDHMEANNA AIRGEADAÍOCHTA AGUS OIBRÍOCHTAÍ AN CHÓRAIS EURPAIGH BANC CEANNAIS

AIRTEAGAL 17

Cuntas leis an mBanc Ceannais Eorpach agus leis na bainc cheannais náisiúnta

Chun a n-oibríochtaí a sheoladh, féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta cuntas a oscailt le haghaidh institiúidí creidmheasa, eagras poiblí agus rannpháirtithe eile sa mhargadh, agus sócmhainní, lena n-áirítear urrúis i gcuntas reatha, a ghlacadh mar chomhthaobhacht.

AIRTEAGAL 18

Oibríochtaí margaidh oscailte agus creidmheasa

1. Chun cuspóirí an Chórás Eorpach Banc Ceannais a ghnóthú agus chun a chúraimí a chur i gcrích, féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta:
 - (a) oibriú ar na margai airgeadais, trí cheannach nó díol thar barr amach (spotbheart agus réamhdhéileáil) nó trí chomhaontú athcheannaigh, trí élimh agus ionstraimí indíolta a thabhairt agus a fháil ar iasacht, bídís in euro nó in airgeadraí eile, maille le miotail lómhara;
 - (b) oibríochtaí creidmheasa a sheoladh le hinstiúidí creidmheasa agus le rannpháirtithe eile sa mhargadh, agus na hiasachtaí á mbunú ar chomhthaobhacht leordhóthanach.
2. Bunóidh an Banc Ceannais Eorpach prionsabail ghinearálta maidir leis na hoibríochtaí margaidh oscailte agus creidmheasa a chuireann sé féin nó na bainc cheannais náisiúnta i gcrích, lena n-áirítear prionsabail ghinearálta maidir le craoladh na gcoinníollacha faoina mbeidh siad ullamh idirbhearta den sórt sin a dhéanamh.

AIRTEAGAL 19

Cúlchistí íosta

1. Faoi réir Airteagal 2, féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach a cheangal ar institiúidí creidmheasa arna mbunú i mBallstáit cúlchistí íosta a shealbhú ar cuntas leis an mBanc Ceannais Eorpach agus leis na bainc cheannais náisiúnta chun cuspóirí beartais airgeadaíochta a shaothrú. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe rialacha mionsonraithe a bhunú maidir le ríomh agus cinneadh na gcúlchistí íosta is gá. Mura gcomhlíonfar na rialacháin sin, beidh an Banc Ceannais Eorpach i dteideal ús pionósach a thobhach agus smachtbhannaí eile a fhorchur a bhfuil éifeacht inchomórtais leo.

2. D'fhonn an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm, saineoidh an Chomhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 41, an bunús le haghaidh cúlchistí íosta agus na cóimheasa uasta is incheadaithe idir na cúlchistí sin agus an bunús atá leo, mar aon le smachtbhannaí iomchuí i gcás neamhchomhlíonadh.

AIRTEAGAL 20

Ionstraimí eile um rialú airgeadaíochta

Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe a chinneadh, trí thromlach cáilithe dhá thrian de na vótaí arna gcaitheamh, dul ar iontaoibh pé modhanna oibríochtúla eile um rialú airgeadaíochta is cuí léi, agus Airteagal 2 á urramú aici.

Déanfaidh an Chomhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 41, raon feidhme modhanna den sórt sin a shainiu má fhorchuireann siad oibleagáidí ar thríu páirtithe.

AIRTEAGAL 21

Oibríochtaí le heagrais phoiblí

1. I gcomhréir le hAirteagal III-181 den Bhunreacht, toirmiscfear ar an mBanc Ceannais Eorpach agus ar na bainc cheannais náisiúnta rótharraingtí nó aon saoráid chreidmheasa de shaghas ar bith eile a thabhairt i bhfabhar institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí Aontais, rialtais láir, údarás réigiúnach nó áitiúil nó údarás poiblí eile, comhlachtaí eile arna rialú faoin d lí poiblí nó gnóthas poiblí na mBallstát. Toirmiscfear freisin ar an mBanc Ceannais Eorpach agus ar na bainc cheannais náisiúnta ionstraimí fiachais a cheannach go díreach uathu.
2. Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta gníomhú amhail gníomhairí fioscacha thar ceann na n-eagras dá dtagraítear i mír 1.
3. Ní bheidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo maidir le hinstiúidí creidmheasa ar úinéireacht phoiblí ar a gcuirfidh bainc cheannais náisiúnta agus an Banc Ceannais Eorpach, i gcomhthéacs soláthair cúlchistí ó bhainc cheannais, an chóir chéanna a chuirtear ar institiúidí creidmheasa príobháideacha.

AIRTEAGAL 22

Córais imréitigh agus íocaíochta

Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta saoráidí a chur ar fáil, agus féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach rialacháin a dhéanamh, d'fhoínn córais éifeachtacha, fhóntha imréitigh agus íocaíochta a áirithíú laistigh den Aontas agus le tíortha eile.

AIRTEAGAL 23

Oibríochtaí eachtracha

Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta:

- (a) caidreamh a bhunú le bainc cheannais agus le hinstitiúidí airgeadais i dtíortha eile agus, más iomchuí, le heagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (b) gach saghas sócmhainní malaирte eachtraí agus miotal lómhar a fháil agus a dhíol trí spotbheart agus réamhdhéileáil; cuimseoidh an abairt "sócmhainn airgid eachtraigh" urrúis agus gach sócmhainn eile in airgeadra aon tére nó in aonaid chuntais, is cuma cén fhoirm ina sealbhaítear iad;
- (c) na sócmhainní dá dtagraítear san Airteagal seo a shealbhú agus a bhainistiú;
- (d) gach saghas idirbhirt bhaincéireachta a sheoladh i ndáil le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta lena n-áirítear oibríochtaí chun iasachtaí a fháil agus a thabhairt.

AIRTEAGAL 24

Oibríochtaí eile

I dteannta le hoibríochtaí a eascraíonn óna gcúraimí, féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta oibríochtaí a dhéanamh ar mhaithe lena gcríocha riarrachán nó ar mhaithe lena bhfoireann.

CAIBIDIL V

MAOIRSEACHT STUAMACHTA

AIRTEAGAL 25

Maoirseacht stuamachta

1. Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach comhairle a thabhairt don Chomhairle, don Choimisiún agus d'údaráis inniúla na mBallstát agus féadfaidh siad dul i gcomhairle leis maidir le raon feidhme agus le cur chun feidhme gníomhartha Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí agus a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus le cobhsaíocht an chórais airgeadais.
2. I gcomhréir le haon dlí Eorpach arna ghlacadh faoi Airteagal III-185(6) den Bhunreacht, féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach cúramí sonracha a chomhlíonadh i leith beartas a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus institiúidí airgeadais eile seachas gnóthais árachais.

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA AIRGEADAIS AN CHÓRAIS EORPAIGH BANC CEANNAIS

AIRTEAGAL 26

Cuntas airgeadais

1. Tosóidh bliain airgeadais an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus na mbanc ceannais náisiúnta ar an gcéad lá d'Eanáir agus críochnóidh sí ar an lá deiridh de mhí na Nollag.
2. Tarraingeoidh an Bord Feidhmiúcháin suas cuntais bhliantúla an Bhainc Cheannais Eorpaigh i gcomhréir leis na prionsabail arna mbunú ag an gComhairle Rialaithe. Formheasfaidh an Chomhairle Rialaithe na cuntais agus foilseofar dá éis sin iad.
3. Ar mhaithe le cuspóirí anailíseacha agus oibríochtúla, tarraingeoidh an Bord Feidhmiúcháin suas clár comhardaithe comhdhlúite an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais a chuimseoidh sócmhainní agus dliteanais sin na mbanc ceannais náisiúnta a thig faoin gCóras Eorpach Banc Ceannais.
4. Chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm, glacfaidh an Chomhairle Rialaithe na rialacha is gá chun cuntasaíocht agus tuairisciú oibríochtaí arna ngabháil ar láimh ag na bainc cheannais náisiúnta a chaighdeánú.

AIRTEAGAL 27

Iniúchóireacht

1. Déanfaidh iniúchóirí seachtracha neamhspleácha arna moladh ag an gComhairle Rialaithe agus arna bhformheas ag an gComhairle cuntais an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus cuntais na mbanc ceannais náisiúnta a iniúchadh. Beidh lánchumhacht ag na hiniúchóirí leabhair agus cuntais uile an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus na mbanc ceannais náisiúnta a scrídú agus gach eolas a fháil maidir lena n-idirbhhearta.
2. Ní bheidh feidhm ag Airteagal III-384 den Bhunreacht ach maidir le scrídú ar éifeachtacht oibríochtúil bhainistíocht an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

AIRTEAGAL 28

Caipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh

1. Caipiteal 5 000 milliún euro a bheidh ag an mBanc Ceannais Eorpach. Féadfar an caipiteal a mhéadú pé méid a bhforálfar i gcinneadh Eorpach ón gComhairle Rialaithe ag gníomhú di tríd an tromlach cáilithe dá bhforáiltear in Airteagal 10(3), faoi na teorainneacha agus na coinníollacha arna socrú ag an gComhairle faoin nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 41.
2. Is iad na bainc cheannais náisiúnta amháin a shuibscríobhfaidh agus a shealbhóidh caipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh. Déanfar an caipiteal a shuibscríobh de réir an scála arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 29.

3. Cinnfidh an Chomhairle Rialaithe, ag gníomhú di tríd an tromlach cáilithe dá bhforáiltear in Airteagal 10(3), méid an chaipitil is iníoctha agus an fhoirm ina n-íocfar é.
4. Faoi réir mhír 5, ní fhéadfar scaireanna na mbanc ceannais náisiúnta i gcaipiteal suibscríofa an Bhainc Cheannais Eorpaigh a aistriú, a chur i ngeall ná a astú.
5. Má choigearтаítear an scála dá dtagraítear in Airteagal 29, aistreoidh na bainc cheannais náisiúnta eatarthu féin scaireanna caipitil a mhéad is gá d'fhoill a áirithíú go mbeidh dáileadh na scaireanna caipitil sin i gcomhréir leis an scála coigearthaíthe. Cinnfidh an Chomhairle Rialaithe téarmaí agus coinníollacha na n-aistrithe sin.

AIRTEAGAL 29

An scála um shuibscríobh caipitil

1. Déanfar an scála le haghaidh shuibscríobh chaipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh a socraíodh an chéad uair i 1998 nuair a bunaíodh an Córas Eorpach Banc Ceannais a chinneadh trína shannadh do gach banc ceannais náisiúnta ualú sa scála is ionann agus suim:

- 50% de scair a Bhallstáit faoi seach i ndaonra an Aontais sa bhliain leathdhéanach roimh an gCóras Eorpach Banc Ceannais a bhunú;
- 50% de scair a Bhallstáit faoi seach in olltáirgeacht intíre an Aontais de réir margadhphraghsanna mar a bhí sí arna taifeadadh sna cúig bliana dheireanacha roimh an mbliain leathdhéanach roimh an gCóras Eorpach Banc Ceannais a bhunú.

Cothromófar na céatadáin suas nó síos don iolraí is gaire de 0,0001 pointe céatadáin.

2. Déanfaidh an Coimisiún na sonraí staidrimh is gá do chur i bhfeidhm an Airteagail seo a chur ar fáil i gcomhréir leis na rialacha arna leagan síos ag an gComhairle faoin nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 41.
3. Déanfar na hualuithe arna sannadh do na bainc cheannais náisiúnta a choigeartú gach cúig bliana tar éis bhunú an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais de réir analaí le mír 1. Beidh feidhm ag an scála coigeartaithe ón gcéad lá den bhliain dár gcionn.
4. Glacfaidh an Chomhairle Rialaithe gach beart eile is gá chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 30

Cúlsócmhainní eachtracha a aistriú chuig an mBanc Ceannais Eorpach

1. Gan dochar d'Airteagal 28, cuirfidh na bainc cheannais náisiúnta ar fáil don Bhanc Ceannais Eorpach cúlsócmhainní eachtracha seachas airgeadraí Ballstát, euro, riochtaí chúlchistí an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus cearta tarraingthe speisialta, go feadh suim is ionann agus 50 000 milliún euro. Cinnfidh an Chomhairle Rialaithe an chionmhaireacht a bheidh le glaoch ag an mBanc Ceannais Eorpach. Beidh láncheart ag an mBanc Ceannais Eorpach na cúnchistí eachtracha a aistreofar chuige a shealbhú agus a bhainistiú, agus iad a úsáid chun na gcríoch atá leagtha amach sa Reacht seo.
2. Socrófar ranníocaíochtaí gach bainc cheannais náisiúnta i gcomhréir lena scair i gcaipiteal suibscríofa an Bhainc Cheannais Eorpaigh
3. Cuirfidh an Banc Ceannais Eorpach chun sochair gach bainc cheannais náisiúnta éileamh is ionann agus a ranníocaíocht. Cinnfidh an Chomhairle Rialaithe ainmníocht éileamh den sórt sin agus an íocaíocht ina leith.

4. Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach, i gcomhréir le mír 2, cúlsócmhainní eachtracha breise a ghlaoch thar an teorainn atá socraithe i mír 1, faoi na teorainneacha agus na coinníollacha arna socrú ag an gComhairle i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 41.
5. Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach suímh chúlchistí an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus cearta tarraigthe speisialta a shealbhú agus a bhainistiú agus socrú a dhéanamh le sócmhainní den sórt sin a chomhthiomssú.
6. Glacfaidh an Chomhairle Rialaithe gach beart eile is gá chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 31

Cúlsócmhainní eachtracha arna sealbhú ag bainc cheannais náisiúnta

1. Ceadófar do na bainc cheannais náisiúnta idirbhearta a chur i gcrích ar mhaithe lena n-oibleagáidí i leith eagraíochtaí idirnáisiúnta a chomhall i gcomhréir le hAirteagal 23.
2. Gach oibríocht eile maidir leis na cúlsócmhainní eachtracha atá fós sna bainc cheannais náisiúnta tar éis na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30, agus idirbhearta Ballstát lena n-iarmhéideanna oibre malaire eachtraí, beidh siad, os cionn teorann a bhunófar faoi chuimsiú mhír 3, faoi réir fhormheasa ón mBanc Ceannais Eorpach d'fhoinn a áirithíú go mbeidh siad comhchuí le beartais ráta malaire agus airgeadaíochta an Aontais.

3. Leagfaidh an Chomhairle Rialaithe síos treoirlínte chun oibríochtaí den sórt sin a éascú.

AIRTEAGAL 32

Cionroinnt ioncam airgeadaíochta na mbanc ceannais náisiúnta

1. Déanfar an t-ioncam a fhaibhreoidh do na bainc cheannais náisiúnta i gcomhlíonadh fheidhm bheartas airgeadaíochta an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (dá ngairtear "ioncam airgeadaíochta" anseo feasta) a chionroinnt ag deireadh gach bliana airgeadais i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo.
2. Is ionann méid ioncam airgeadaíochta gach bainc cheannais náisiúnta agus an t-ioncam bliantúil a dhíorthóidh ó na sócmhainní arna sealbhú in aghaidh nótaí bainc i gcúrsaíocht agus dliteanais taisce i leith institiúidí creidmheasa. Cuirfidh na bainc cheannais náisiúnta na sócmhainní sin in áirithe i gcomhréir le treoirlínte a ghlacfaidh an Chomhairle Rialaithe.
3. Más dóigh leis an gComhairle Rialaithe, tar éis thús an tríú céim, nach féidir mír 2 a chur i bhfeidhm toisc struchtúir chlár comhardaithe na mbanc ceannais náisiúnta, féadfaidh an Chomhairle Rialaithe, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, a chinneadh go ndéanfar, de mhaolú ar mhír 2, an t-ioncam airgeadaíochta a áireamh de réir modha mhalartaigh go ceann tréimhse nach faide ná cúig bliana.
4. Laghdófar méid ioncam airgeadaíochta gach bainc cheannais náisiúnta méid is ionann agus pé ús a bheidh íoctha ag an mbanc ceannais sin ar a chuid dliteanas taisce le hinstiúidí creidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 19.

Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe a chinneadh go slánófar bainc cheannais náisiúnta in aghaidh costais a bheidh tabhaithe acu i ndáil le heisiúint notaí bainc nó, in imthosca eisceachtúla, ar chaillteanais shonracha a eascraíonn ó oibríochtaí beartais airgeadaíochta a bheidh gafa ar láimh thar ceann an Chórás Eorpaigh Banc Ceannais. Beidh an slánú i bhfoirm a mheasfar is ioncam de réir na Comhairle Rialaithe. Féadfar na méideanna sin a fhriúireamh in aghaidh ioncam airgeadaíochta na mbanc ceannais náisiúnta.

5. Cionroinnfear suim ioncam airgeadaíochta na mbanc ceannais náisiúnta ar na bainc cheannais náisiúnta i gcoibhneas lena scaireanna íoctha i gcaipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh, faoi réir aon chinnidh arna ghlacadh ag an gComhairle Rialaithe de bhun Airteagal 33(2).

6. Cuirfidh an Banc Ceannais Eorpach i gcrích imréiteach agus socrú na n-iarmhéideanna a thig as cionroinnt an ioncaim airgeadaíochta i gcomhréir leis na treoirlínte arna nglacadh ag an gComhairle Rialaithe.

7. Glacfaidh an Chomhairle Rialaithe gach beart eile is gá chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 33

Brabús ghlana agus caillteanais ghlana an Bhainc Cheannais Eorpaigh a chionroinnt

1. Aistreofar brabús glan an Bhainc Cheannais Eorpaigh san ord seo a leanas:

(a) déanfar méid a chinnfidh an Chomhairle Rialaithe, nach bhféadfaidh a bheith níos mó ná 20% den bhrabús glan, a aistriú chuig an gcúlchiste ginearálta faoi réir teorann is ionann agus 100% den chaipiteal;

- (b) déanfar fuíoll an bhrabúis ghlain a dháileadh ar scairshealbhóirí an Bhainc Cheannais Eorpaigh i gcoibhneas lena scaireanna íochta.

2. I gcás an Banc Ceannais Eorpach cailteanas a thabhú, is féidir an gannchion a fhritháireamh in aghaidh chúlchiste ginearálta an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus, más gá, tar éis cinneadh ón gComhairle Rialaithe, in aghaidh ioncam airgeadaíochta na bliana airgeadais ábhartha i gcoibhneas leis na méideanna agus go feadh na méideanna arna gcionroinnt ar na bainc cheannais náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 32(5).

CAIBIDIL VII

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 34

Gníomhartha dlíthiúla

1. I gcomhréir le hAirteagal III-190 den Bhunreacht, glacfaidh an Banc Ceannais Eorpach:

- (a) rialacháin Eorpacha a mhéad is gá chun na cúraimí atá sainithe in Airteagal 3(1)(a), Airteagal 19(1), Airteagal 22 nó Airteagal 25(2) den Reacht seo a chur chun feidhme agus i gcásanna a leagfar síos sna rialacháin Eorpacha agus sna cíntí Eorpacha dá dtagraítear in Airteagal 41;

- (b) na cinntí Eorpacha is gá chun na cúraimí a chuirtear de chúram ar an gCóras Eorpach Banc Ceannais faoin mBunreacht agus faoin Reacht seo a chomhlíonadh;
- (c) moltaí agus tuairimí.

2. Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach a chinneadh a chinntí Eorpacha, a mholtáí agus a thuairimí a fhoilsiú.

3. Faoi na teorainneacha agus na coinníollacha arna nglacadh ag an gComhairle faoin nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 41, beidh an Banc Ceannais Eorpach i dteideal fineálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsíúla a ghearradh ar ghnóthais mura gcomhlíonfar na hoibleagáidí faoina rialacháin Eorpacha agus faoina chinntí Eorpacha.

AIRTEAGAL 35

Léirmheas breithiúnach agus ábhair ghaolmhara

1. Féadfaidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gníomhartha nó neamhghníomhartha an Bhainc Cheannais Eorpaigh a athbhreithniú agus a léiriú sna cásanna agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Bhunreacht. Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpachimeachtaí a thionscnamh sna cásanna agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Bhunreacht.
2. Is iad na cúirteanna náisiúnta inniúla a chinnfidh díospoidí idir an Banc Ceannais Eorpach, ar thaobh amháin, agus a chreidiúnaithe, a fhiachóirí nó aon duine eile, ar an taobh eile, ach amháin nuair atá dlínse tugtha do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

3. Beidh an Banc Ceannais Eorpach faoi réir an chórais dliteanais dá bhforáltear in Airteagal III-431 den Bhunreacht. Beidh na bainc cheannais náisiúnta faoi dhliteanas de réir a ndlíthe náisiúnta faoi seach.
4. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun breithiúnas a thabhairt de bhun aon chlásail eadrána atá in aon chonradh, bíodh sé arna rialú ag an dlí poiblí nó ag an dlí príobháideach, a thabharfaidh an Banc Ceannais Eorpach i gcrích nó a thabharfar i gcrích thar a cheann.
5. Is í an Chomhairle Rialaithe a ghlacfaidh cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach maidir le caingean a thionscnamh os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
6. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndíospóidí a bhaineann le banc ceannais náisiúnta a chuid oibleagáidí a chomhall faoin mBunreacht agus faoin Reacht seo. Má mheasann an Banc Ceannais Eorpach go bhfuil mainnithe ag banc ceannais náisiúnta oibleagáid a chomhall faoin mBunreacht agus faoin Reacht seo, tabharfaidh sé tuairim réasúnaithe ar an ábhar tar éis deis a thabhairt don bhanc ceannais náisiúnta i dtrácht a chuid barúlacha a thíolacadh. Mura ngéillfidh an banc ceannais náisiúnta don tuairim laistigh den tréimhse atá leagtha síos ag an mBanc Ceannais Eorpach, féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach an t-ábhar a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

AIRTEAGAL 36

Foireann

1. Leagfaidh an Chomhairle Rialaithe síos, ar thogra ón mBord Feidhmiúcháin, coinníollacha fostaíochta fhoireann an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

2. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in aon díospóid idir an Banc Ceannais Eorpach agus a sheirbhísigh faoi na teorainneacha agus faoi na coinníollacha arna leagan síos sna coinníollacha fostáiochta.

AIRTEAGAL 37

Rúndacht ghairmiúil

1. Beidh de cheangal ar chomhaltaí na gcomhlachtaí rialaithe agus ar fhoireann an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus na mbanc ceannais náisiúnta, fiú tar éis deireadh a theacht lena ndualgais, gan aon fhaisnéis a noctadadh is de shaghas atá faoi chumhdach oibleagáid na rúndachta gairmiúla.
2. Beidh daoine a mbeidh teacht acu ar shonraí atá faoi chumhdach gnímh Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí agus a fhochuireann oibleagáid rúndachta faoi réir na hoibleagáide sin.

AIRTEAGAL 38

Sínitheoirí

Cuirfear an Banc Ceannais Eorpach faoi dhlíteanas dlíthiúil i leith tríu páirtithe ag an Uachtaráin nó ag beirt chomhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin nó ag síniú bheirt chomhaltaí d'fhoireann an Bhainc Cheannais Eorpaigh arna n-údarú go cuí ag an Uachtaráin chun síniú thar ceann an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

AIRTEAGAL 39

Pribhléidí agus díolúintí

Beidh ag an mBanc Ceannais Eorpach ar chríocha na mBallstát na pribhléidí agus na díolúintí is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh, faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Phrótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpach.

CAIBIDIL VIII

LEASÚ AN REACHTA AGUS RIALACHA FORLÍONTACHA

AIRTEAGAL 40

Nósanna imeachta simplithe leasaithe

1. I gcomhréir le hAirteagal III-187(3) den Bhunreacht, féadfar Airteagal 5(1), (2) agus (3), Airteagail 17 agus 18, Airteagal 19(1), Airteagail 22, 23, 24 agus 26, Airteagal 32(2), (3), (4) agus (6), Airteagal 33(1)(a) agus Airteagal 36 den Reacht seo a leasú le dlíthe Eorpacha:

- (a) ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach, nó;
- (b) ar mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

2. Féadfar Airteagal 10(2) a leasú le cinneadh Eorpach ón gComhairle ag gníomhú di d'aon toil ar mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, nó ar mholadh ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an mBanc Ceannais Eorpach. Ní thiocfaidh na leasuithe sin i bhfeidhm go dtí go mbeidh siad formheasta ag na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.
3. Is gá cinneadh d'aon toil ón gComhairle Rialaithe chun an Banc Ceannais Eorpach a dhéanamh moladh faoin Airteagal seo.

AIRTEAGAL 41

Rialacha forlíontacha

I gcomhréir le hAirteagal III-187(4) den Bhunreacht, glacfaidh an Chomhairle na rialacháin Eorpacha agus na cinntí Eorpacha lena mbunófar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 4, Airteagal 5(4), Airteaga1 19(2), Airteagal 20, Airteagal 28(1), Airteagal 29(2), Airteagal 30(4) agus Airteagal 34(3) den Reacht seo. Gníomhóidh sí tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa:

- (a) ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach, nó;
- (b) ar mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

CAIBIDIL IX

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS EILE DON CHÓRAS EORPACH BANC CEANNAIS

AIRTEAGAL 42

Forálacha ginearálta

1. Béarfaidh maolú dá dtagraítear in Airteagal III-197(1) den Bhunreacht nach dtabharfaidh na hAirteagail seo a leanas den Reacht seo aon chearta don Bhallstát i dtrácht ná nach bhforchuirfidh siad aon oibleagáidí air: Airteagail 3 agus 6, Airteagal 9(2), Airteagal 12(1), Airteagal 14(3), Airteagail 16, 18, 19, 20, 22 agus 23, Airteagal 26(2), Airteagail 27, 30, 31, 32, 33, 34 agus 50.
2. Coinneoidh bainc cheannais Bhallstát go maolú mar atá sonraithe in Airteagal III-197(1) den Bhunreacht a gcuid cumhachtaí i réimse an bheartais airgeadaíochta de réir an dlí náisiúnta.
3. I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal III-197(2) den Bhunreacht, agus le hAirteagal 3, Airteagal 11(2) agus Airteagal 19 den Reacht seo, ciallaíonn "Ballstáit" na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu.
4. In Airteagal 9(2), Airteagal 10(2) agus (3), Airteagal 12(1), Airteagail 16, 17, 18, 22, 23, 27, 30, 31 agus 32, Airteagal 33(2) agus Airteagal 50 den Reacht seo, ciallaíonn "bainc cheannais náisiúnta" bainc cheannais na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

5. In Airteagail 10(3) agus Airteagal 33(1), ciallaíonn "scairshealbhóirí" bainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

6. In Airteagail 10(3) agus Airteagal 30(2), ciallaíonn "caipiteal suibscríofa" caipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh arna shuibscríobh ag bainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

AIRTEAGAL 43

Cúramí idirthréimhseacha an Bhainc Cheannais Eorpaigh

Gabhfaidh an Banc Ceannais Eorpach chuige na cúramí sin a bhí ar an Institiúid Eorpach Airgeadaíochta dá dtagraítear in Airteagal III-199(2) den Bhunreacht nach foláir, de bhun maoluithe Ballstáit amháin nó níos mó, a chomhlónadh fós tar éis an euro a thabhairt isteach.

Tabharfaidh an Banc Ceannais Eorpach comhairle nuair a bhíonn ullmhúcháin á ndéanamh d'aisghairm na maoluithe atá sonraithe in Airteagal III-198 den Bhunreacht.

AIRTEAGAL 44

Comhairle Ghinearálta an Bhainc Cheannais Eorpaigh

1. Gan dochar d'Airteagal III-187(1) den Bhunreacht, tionscnófar an Chomhairle Ghinearálta mar thríú comhlacht cinnteoireachta an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

2. Beidh ar an gComhairle Ghinearálta Uachtaráin agus Leasuachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus Gobharnóirí na mbanc ceannais náisiúnta. Féadfaidh comhaltaí eile an Bhord Feidhmiúcháin a bheith rannpháirteach i gcruiinnithe na Comhairle Ginearálta, ach ní bheidh ceart vótála acu.
3. Tá freagrachtaí na Comhairle Ginearálta liostaithe ina n-iomláine in Airteagal 46.

AIRTEAGAL 45

Oibriú na Comhairle Ginearálta

1. Uachtaráin nó, mura féidir dó bheith i láthair, Leasuachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh a bheidh ina chathaoirleach ar Chomhairle Ghinearálta an Bhainc Cheannais Eorpaigh.
2. Féadfaidh Uachtaráin na Comhairle agus comhalta de chuid an Choimisiúin a bheith rannpháirteach i gcruiinnithe na Comhairle Ginearálta, ach ní bheidh ceart vótála acu.
3. Ullmhóidh an tUachtaráin cruinnithe na Comhairle Ginearálta.
4. De mhaolú ar Airteagal 12(3), glacfaidh an Chomhairle Ghinearálta a Rialacha Nós Imeachta.
5. Soláthroidh an Banc Ceannais Eorpach rúnaíocht na Comhairle Ginearálta.

AIRTEAGAL 46

Freagrachtaí na Comhairle Ginearálta

1. Déanfaidh an Chomhairle Ghinearálta:

- (a) na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 43 a chomhlíonadh;
- (b) rannchuidiú leis na feidhmeanna comhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 4 agus in Airteagal 25(1).

2. Rannchuvideoidh an Chomhairle Ghinearálta le:

- (a) bailiú na faisnéise staidrimh dá dtagraítear in Airteagal 5;
- (b) gníomhaíochtaí an Bhainc Cheannais Eorpaigh maidir le tuairisciú dá dtagraítear in Airteagal 15;
- (c) bunú na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 26(4) is gá chun Airteagal 26 a chur i bhfeidhm;
- (d) glacadh gach birt eile dá dtagraítear in Airteagal 29(4) is gá chun Airteagal 29 a chur i bhfeidhm;
- (e) coinníollacha fostáiochta fhoireann an Bhainc Cheannais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 36 a leagan síos.

3. Rannchuvideoidh an Chomhairle Ghinearálta leis na hullmhúcháin is gá chun rátaí malairte airgeadraí na mBallstát go maolú a shocrú go neamh-inchúlgairthe in aghaidh an euro dá dtagraítear in Airteagal III-198(3) den Bhunreacht.

4. Cuirfidh Uachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh an Chomhairle Ghinearálta ar an eolas faoi chinntí na Comhairle Rialaithe.

AIRTEAGAL 47

Forálacha idirthréimhseacha maidir le caipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh

I gcomhréir le hAirteagal 29, sannfar ualú sa scála le haghaidh shuibscríobh chaipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh do gach banc ceannais náisiúnta. De mhaolú ar Airteagal 28(3), ní iocfaidh bainc cheannais na mBallstát go maolú a gcaipiteal suibscríofa mura gcinnfidh an Chomhairle Ghinearálta, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe atá in ionannas le dhá thrian ar a laghad de chaipiteal suibscríofa an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus leath na scairshealbhóirí ar a laghad, go gcaithfear céatadán íosta a íoc mar ranníocaíocht le haghaidh chostais oibríochtúla an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

AIRTEAGAL 48

Íocaíocht iarchurtha chaipiteal, chúlchistí
agus sholáthairtí an Bhainc Cheannais Eorpaigh

1. Déanfaidh banc ceannais Ballstáit a bhfuil a mhaolú aisghairthe a scair shuibscríofa de chaipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh a íoc go feadh an méid atá íoctha ag bainc cheannais na mBallstát eile a bhfuil an euro mar airgeadra acu, agus aistreoidh sé chuig an mBanc Ceannais Eorpach sócmhainní cúlchistí eachtracha i gcomhréir le hAirteagal 30(1). Cinnfear an tsuim atá le haistriú tríd an euro-luach ag rátaí reatha malaирte shócmhainní na gcúlchistí eachtracha a aistríodh cheana chuig an mBanc Ceannais Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 30(1) a iolrú faoin gcóimheas idir líon na scaireanna arna suibscríobh ag an mbanc ceannais náisiúnta i dtrácht agus líon na scaireanna atá íoctha cheana ag na bainc cheannais náisiúnta eile.
2. I dteannta na híocaíochta a bheidh le déanamh i gcomhréir le mír 1, rannchuvideoidh an banc ceannais náisiúnta i dtrácht le cúlchistí an Bhainc Cheannais Eorpaigh, leis na soláthairtí sin is comhionann le cúlchistí, agus leis an méid atá fós le leithghhabháil leis na cúlchistí agus na soláthairtí i gcomhréir leis an gcomhardú sa chuntas brábúis agus caillteanais amhail an 31 Nollaig den bhliain roimh an maolú a aisghairm. Cinnfear an tsuim atá le rannchuidiú trí mhéid na gcúlchistí, mar atá sé sainithe thuas agus mar atá sé luaite i gclár comhardaithe formheasta an Bhainc Cheannais Eorpaigh, a iolrú faoin gcóimheas idir líon na scaireanna arna suibscríobh ag an mbanc ceannais i dtrácht agus líon na scaireanna atá íoctha cheana ag na bainc cheannais eile.

3. Ar Stát amháin nó níos mó a theacht chun bheith ina mBallstáit agus a mbainc cheannais náisiúnta faoi seach a theacht chun bheith ina gcuid den Chóras Eorpach Banc Ceannais, déanfar caipiteal suibscríofa an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus an teorainn ar mhéid na gcúlsócmhainní eachtracha is féidir a aistriú chuig an mBanc Ceannais Eorpaigh a mhéadú go huathoibríoch. Cinnfear an méadú trí na méideanna atá ann faoi seach a iolrú faoin gcóimheas, laistigh den scála méadaithe caipitil, idir ualú na mbanc ceannais náisiúnta i dtrácht atá ag teacht isteach agus ualú na mbanc ceannais náisiúnta atá cheana ina gcomhaltaí den Chóras Eorpach Banc Ceannais. Déanfar ualú gach bainc cheannais náisiúnta sa scála caipitil a ríomh de réir analaí le hAirteagal 29(1) agus i gcomhréir le hAirteagal 29(2). Is ionann na tréimhsí tagartha do na sonraí staidrimh agus na tréimhsí tagartha arna gcur i bhfeidhm ar an gcoigeartú cúigbhliantúil is déanaí do na hualuithe faoi Airteagal 29(3).

AIRTEAGAL 49

Maolú ar Airteagal 32

1. Má chinneann an Chomhairle Rialaithe, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, tar éis thús an tríú céim, go leanann athruithe sonraíocha ar riochtaí coibhneasta ioncaim na mbanc ceannais náisiúnta as cur i bhfeidhm Airteagal 32, déanfar méid an ioncaim a bheidh le cionroinnt de bhun Airteagal 32 a laghdú céatadán comhionann nach mó ná 60% sa chéad bliain airgeadais tar éis thús an tríú céim agus a laghdófar dhá phointe dhéag céatadáin ar a laghad gach bliain airgeadais ina dhiaidh sin.
2. Beidh mír 1 infheidhme ar feadh cúig bliana iomlána airgeadais ar a mhéad tar éis thús an tríú céim.

AIRTEAGAL 50

Malartú nótaí bainc in airgeadraí na mBallstát

Tar éis na rátaí malairte a shocrú go neamh-inchúlgairthe i gcomhréir le hAirteagal III-198(3) den Bhunreacht, glacfaidh an Chomhairle Rialaithe na bearta is gá chun a áirithíú go ndéanfaidh na bainc cheannais náisiúnta nótaí bainc arna n-ainmniú in airgeadraí na mBallstát le rátaí malairte atá socraithe go neamh-inchúlgairthe a mhalartú ar a luachanna pair faoi seach.

AIRTEAGAL 51

Infheidhmeacht na bhforálacha idirtréimhseacha

Má tá agus fad a bheidh Ballstáit go maolú ann, beidh Airteagail 42 go 47 infheidhme.

5. PRÓTACAL
AR REACHT AN
BHAINC EORPAIGH INFHEISTÍOCHTA

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO Reacht an Bhainc Eorpáigh Infheistíochta dá bhforáltear in Airteagal III-393 den Bhunreacht a chinneadh,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

AIRTEAGAL 1

Comhdhéantar leis seo an Banc Eorpach Infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal III-393 den Bhunreacht (dá ngairtear an "Banc" anseo feasta); comhlíonfaidh sé a fheidhmeanna agus déanfaidh sé a ghníomhaíochtaí de réir fhorálacha an Bhunreachta agus an Reachta seo.

AIRTEAGAL 2

Sainítear le hAirteagal III-394 den Bhunreacht an cúram a bheidh ar an mBanc.

AIRTEAGAL 3

I gcomhréir le hAirteagal III-393 den Bhunreacht, is iad na Ballstáit comhaltaí an Bhainc.

AIRTEAGAL 4

1. Is é is caipiteal don Bhanc 163 653 737 000 euro, arna shuibscríobh ag na Ballstáit mar a leanas:

An Ghearmáin	26 649 532 500
An Fhrainc	26 649 532 500
An Iodáil	26 649 532 500
An Ríocht Aontaithe	26 649 532 500
An Spáinn	15 989 719 500
An Bheilg	7 387 065 000
An Ísiltír	7 387 065 000
An tSualainn	4 900 585 500
An Danmhairg	3 740 283 000
An Ostair	3 666 973 500
An Pholainn	3 411 263 500
An Fhionlainn	2 106 816 000
An Ghréig	2 003 725 500
An Phortaingéil	1 291 287 000
Poblacht na Seice	1 258 785 500
An Ungáir	1 190 868 500
Éire	935 070 000
An tSlóvaic	428 490 500
An tSlóivéin	397 815 000
An Liotuáin	249 617 500
Lucsamburg	187 015 500
An Chipir	183 382 000
An Laitvia	152 335 000
An Eastóin	117 640 000
Málta	69 804 000

Ní bheidh na Ballstáit faoi dhliteanas ach amháin go feadh méid a scaire den chaipiteal a suibscríobhadh agus nár íocadh.

2. Má ligtear isteach comhalta nua bhéarfaidh sin méadú ar an gcaipiteal suibscríofa i gcomhréir lena dtabharfaidh an comhalta nua de chaipiteal isteach.
3. Féadfaidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó d'aon toil, a chinneadh go méadófar an caipiteal suibscríofa.
4. Ní féidir scair comhalta sa chaipiteal suibscríofa a aistriú, a chur i ngeall ná a astú.

AIRTEAGAL 5

1. Íocfaidh na Ballstáit an caipiteal suibscríofa go feadh 5% ar mheán na méideanna atá leagtha síos in Airteagal 4(1).
2. I gcás méadú a theacht ar an gcaipiteal suibscríofa, socróidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó d'aon toil, an céatadán atá le híoc agus modh a íoctha. Déanfar na híocaíochtaí in airgead tirim go heisiach in euro.
3. Féadfaidh an Bord Stiúrthóirí a cheangal go ndéanfar iarmhéid an chaipítíl shuibscríofa a íoc, a mhéad is gá don Bhanc chun freastal dá oibleagáidí.

An íocaíocht a bheidh le déanamh amhlaidh ag gach Ballstát, beidh sí i gcomhréir lena scair den chaipiteal suibscríofa.

AIRTEAGAL 6

Beidh an Banc á stiúradh agus á bhainistiú ag Bord Gobharnóirí, Bord Stiúrthóirí agus Coiste Bainistíochta.

AIRTEAGAL 7

1. Is iad a bheidh ar an mBord Gobharnóirí na hAirí a bheidh ceaptha ag na Ballstáit.
2. Leagfaidh an Bord Gobharnóirí síos treoracha ginearálta do bheartas creidmheasa an Bhainc, i gcomhréir le cuspóirí an Aontais.

Féachfaidh an Bord Gobharnóirí chuige go gcuirfear na treoracha sin i ngníomh.

3. Ina theannta sin déanfaidh an Bord Gobharnóirí mar a leanas:
 - (a) cinnfidh sé an bhfuil an caipiteal suibscríofa le méadú de réir Airteagal 4(3) agus Airteagal 5(2);
 - (b) chun críocha Airteagal 9(1), cinnfidh sé na prionsabail is infsheidhme ar na hoibríochtaí um maoiniú arna ngabháil ar láimh faoi chuimsiú chúram an Bhainc;
 - (c) feidhmeoidh sé na cumhachtaí dá bhforáiltear in Airteagail 9 agus 11 maidir le comhaltaí den Bhord Stiúrthóirí agus den Choiste Bainistíochta a cheapadh agus lena scor go héigeantach, mar aon leis na cumhachtaí dá bhforáiltear sa dara fomhír d'Airteagal 11(1);

- (d) glacfaidh sé ci ntí maidir le maoliniú a dheonú le haghaidh oibríochtaí infheistíocha atá le cur i gcrích, go hiomlán nó go páirteach, lasmuigh de chríocha na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 16(1);
- (e) formheasfaidh sé tuarascáil bhliantúil an Bhord Stiúrthóirí;
- (f) formheasfaidh sé an clár comhardaithe bliantúil maille leis an gcuntas sochair agus dochair;
- (g) formheasfaidh sé Rialacha Nós Imeachta an Bhainc;
- (h) feidhmeoidh sé na cumhactaí agus na feidhmeanna arna dtabhairt leis an Reacht seo.

4. Faoi chuimsiú an Bhunreachta agus an Reachta seo, féadfaidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó d'aon toil, aon chinntí a ghlacadh a bhaineann le fionraí oibríochtaí an Bhainc agus, dá dtarlódh sin, lena leachtú.

AIRTEAGAL 8

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Reacht seo, is trí thromlach dá chomhaltaí a dhéanfaidh an Bord Gobharnóirí ci ntí. Ní mór an tromlach sin a bheith in ionannas le 50% ar a laghad den chaipiteal suibscríofa.

Is gá ocht vóta dhéag agus 68% den chaipiteal suibscríofa ina fhabhar do thromlach cáilithe.

2. Ní chuirfidh staonadh ó vótáil ag comhaltaí a bheidh i láthair go pearsanta nó a mbeidh ionadaithe ag feidhmiú thar a gceann cosc ar chinntí a ghlacadh.

AIRTEAGAL 9

1. Glacfaidh an Bord Stiúrthóirí cinntí maidir le maoiniú a dheonú, go háirithe i bhfoirm iasachtaí agus ráthaíochtaí, agus maidir le hiasachtaí a chruinniú; socróidh sé na rátaí úis ar iasachtaí a dheonófar agus an coimisiún agus muirir eile. Féadfaidh sé cuid dá fheidhmeanna a tharmligean chuig an mBord Bainistíochta ar bhonn cinneadh arna ghlacadh trí thromlach cáilithe. Cinnfidh sé na téarmaí agus na coinníollacha do tharmligean den sórt sin agus maoirseoidh sé a fhorghníomhú.

Féachfaidh an Bord Gobharnóirí chuige go bhfuil an Banc á rith mar is cuí; áiritheoidh sé go bhfuil an Banc á bhainistiú i gcomhréir leis an mBunreacht, leis an Reacht seo agus leis na treoracha ginearálta a leagfaidh an Bord Gobharnóirí síos.

I ndeireadh na bliana airgeadais, cuirfidh an Bord Stiúrthóirí tuarascáil faoi bhráid an Bhord Gobharnóirí agus foilseoidh sé í tar éis a formheasta.

2. Sé stiúrthóir is fiche agus sé mhalartach déag a bheidh ar an mBord Stiúrthóirí.

Déanfaidh an Bord Gobharnóirí na stiúrthóirí a cheapadh go ceann cúig bliana, stiúrthóir amháin arna ainmniú ag gach Ballstát. Aínmeoidh an Coimisiún stiúrthóir amháin freisin.

Déanfaidh an Bord Gobharnóirí na stiúrthóirí malartacha a cheapadh go ceann cúig bliana, mar a thaispeántar thíos:

- beirt mhalartach arna n-ainmniú ag Poblacht Chónaigh na Gearmáine,
- beirt mhalartach arna n-ainmniú ag Poblacht na Fraince,

- beirt mhalartach arna n-ainmniú ag Poblacht na hIodáile,
- beirt mhalartach arna n-ainmniú ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann,
- malartach amháin arna ainmniú de thoil a chéile ag Ríocht na Spáinne agus ag Poblacht na Portaingéile,
- malartach amháin arna ainmniú de thoil a chéile ag Ríocht na Beilge, ag Ard-Diúcacht Lucsamburg agus ag Ríocht na hÍsiltíre,
- malartach amháin arna ainmniú de thoil a chéile ag Ríocht na Danmhairge, ag an bPoblacht Heilléanach agus ag Éirinn,
- malartach amháin arna ainmniú de thoil a chéile ag Poblacht na hOstaire, ag Poblacht na Fionlainne agus ag Ríocht na Sualainne,
- triúr malartach arna n-ainmniú de thoil a chéile ag Poblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice,
- malartach amháin arna ainmniú ag an gCoimisiún.

Comhthoghfaidh an Bórd Stiúrthóirí seisear saineolaithe gan ceart vótala: triúr mar chomhaltaí agus triúr mar mhalaí.

Féadfar ceapacháin na stiúrthóirí agus na malartach a athnuachan.

Leagfaidh na Rialacha Nós Imeachta síos na socruithe maidir le bheith ranmháirteach i gcruiinnithe den Bhord Stiúrthóirí agus na forálacha is infheidhme ar mhalartaigh agus ar shaineolaithe arna gcomhthoghadh.

Beidh Uachtaráin an Choiste Bainistíocha nó, má bhíonn sé as láthair, duine dá Leas-Uachtaráin, i gceannas ar chruinnithe an Bhord Stiúrthóirí, ach ní vótálfaidh sé.

Roghnófar comhaltaí an Bhord Stiúrthóirí as daoine nach bhfuil a neamhspleáchas ná a n-inniúlacht inchurtha in amhras. Ní bheidh siad freagrach ach amháin don Bhanc.

3. Ní fhéadfaidh an Bord Gobharnóirí stiúrthóir a scor go héigeantach ach amháin sa chás nach bhfuil na coinníollacha is gá chun a dhualgais a dhéanamh á gcomhlíonadh aige a thuilleadh; ní foláir don Bhord gníomhú trí thromlach cáilithe.

Mura dtugtar formheas ar an tuarascáil bhliantúil, éireoidh an Bord Stiúrthóirí as oifig.

4. Aon fholúntas a tharlóidh trí bhás comhalta, nó trína eirí as oifig dá dheoin féin, nó trína eirí as go héigeantach, nó trí chomhaltaí d'éirí as d'aon bhuíon, lónfar é de réir mhír 2. Ach amháin i gcás an Bord Stiúrthóirí ar fad a athrú, gabhfar ionad comhalta go ceann a bhfuil fágtha dá théarma oifige.

5. Cinnfidh an Bord Gobharnóirí luach saothair chomhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí. Leagfaidh an Bord Gobharnóirí síos cad iad na gníomhaíochtaí nach luíonn le dualgais stiúrthóra nó malartaigh.

AIRTEAGAL 10

1. Beidh vóta amháin ag gach stiúrthóir ar an mBord Stiúrthóirí. Féadfaidh sé a vóta a tharmligeann i ngach cás, de réir nósanna imeachta a leagfar síos le Rialacha Nós Imeachta an Bhainc.

2. Mura bhforáltear a mhalaírt sa Reacht seo, is le trian ar a laghad de na comhaltaí atá i dteideal vótála, iad in ionannas le 50% ar a laghad den chaipiteal suibscríofa, a ghlacfaidh an Bord Stiúrthóirí ciuntí. Is gá ocht vóta dhéag agus 78% den chaipiteal suibscríofa ina fhabhar do thromlach cáilithe. Leagfar síos i Rialacha Nós Imeachta an Bhainc cé mhéad comhalta den Bhord Stiúrthóirí is córam chun go nglacfar ciuntí.

AIRTEAGAL 11

1. Beidh ar an gCoiste Bainistíochta Uachtaráin agus ochtar Leas-Uachtaráin arna gceapadh go ceann sé bliana ag an mBord Gobharnóirí ar thogra ón mBord Stiúrthóirí. Féadfar a gceapacháin a athnuachan.

Féadfaidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó d'aon toil, líon na gcomhaltaí ar an gCoiste Bainistíochta a athrú.

2. Ar thogra ón mBord Stiúrthóirí arna ghlacadh trí thromlach cáilithe, féadfaidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó trí thromlach cáilithe, comhalta den Choiste Bainistíochta a scor go héigeantach.

3. Beidh an Coiste Bainistíochta freagrach i ngnóthaí reatha an Bhainc, faoi údarás an Uachtaráin agus faoi mhaoirseacht an Bhoird Stiúrthóirí.

Ullmhóidh sé ciuntí an Bhoird Stiúrthóirí, lena n-áirítear ciuntí i dtaobh iasachtaí a chruinníú agus maoiniú a dheonú, go háirithe i bhfoirm iasachtaí agus ráthaíochtaí. Féachfaidh sé chuige go gcuirfear na ciuntí sin i ngníomh.

4. Glacfaidh an Coiste Bainistíochta, ag gníomhú dó trí thromlach, tuairimí ar thograí chun iasachtaí a chruinniú nó maoiniú a dheonú, go háirithe i bhfoirm iasachtaí agus ráthaíochtaí.
5. Cinnfidh an Bord Gobharnóirí luach saothair chomhaltaí an Choiste Bainistíochta agus leagfaidh sé síos cad iad na gníomhaíochtaí nach luíonn lena ndualgais.
6. Feidhmeoidh an tUachtaráin nó, mura féidir dó é, Leas-Uachtaráin, ar son an Bhainc in ábhair dhlíthiúla agus in ábhair eile.
7. Beidh foireann an Bhainc faoi údarás an Uachtaráin. Is é a fhostóidh agus a scoirfidh iad. Agus foireann á roghnú, ní hamháin go gcuirfear san áireamh cumas agus cálíochtaí pearsanta ach ina theannta sin cuirfear san áireamh ionadaíocht chothromasach náisiúnach na mBallstát. Cinnfidh na Rialacha Nós Imeachta cad é an comhlacht is inniúil chun forálacha is infheidhme ar an bhfoireann a ghlacadh.
8. Ní bheidh Coiste Bainistíochta agus foireann an Bhainc freagrach ach don Bhanc amháin agus beidh siad neamhspleách ar fad i gcomhlíonadh a ndualgas.

AIRTEAGAL 12

1. Déanfaidh Coiste ar a mbeidh sé chomhalta, arna gceapadh ag an mBord Gobharnóirí ar bhonn a n-inniúlachta, a fhíorú go gcomhlíonann gníomhaíochtaí an Bhainc dea-chleachtas baincéireachta agus beidh sé freagrach as a chuntais a iniúchadh.

2. Déanfaidh an Coiste dá dtagraítear i mír 1 a chinntiú gach bliain gur seoladh oibríochtaí an Bhainc agus gur coimeádadh a leabhair ar mhodh cuí. Chuige sin, fioróidh sé go ndearnadh oibríochtaí an Bhainc a sheoladh ar cothrom leis na foirmiúlachtaí agus na nósanna imeachta dá bhforáltear sa Reacht agus sna Rialacha Nós Imeachta.
3. Daingneoidh an Coiste dá dtagraítear i mír 1 go dtugann na ráitis airgeadais mar aon le gach faisnéis airgeadais eile dá bhfuil sna cuntais bhliantúla arna dtarraingt suas ag an mBord Stiúrthóirí léargas fiorcheart ar riocht airgeadais an Bhainc i dtaca lena shochair agus a dhochair, agus ar thorthaí a chuid oibríochtaí agus a shreabhthaí airgid thirim don bhliain airgeadais faoi bhrefhinniú.
4. Sonróidh na Rialacha Nós Imeachta na cáilíochtaí atá riachtanach do chomhaltaí an Choiste and leagfaidh sé síos na téarmaí agus na coinníollacha do ghníomhaíocht an Choiste.

AIRTEAGAL 13

Déileálfaidh an Banc le gach Ballstát tríd an údarás a bheidh ceaptha ag an Stát sin. Ag seoladh a oibríochtaí airgeadais dó, rachaidh an Banc ar iontaoibh bhanc cheannais náisiúnta an Bhallstáit i dtrácht nó institiúidí eile airgeadais a bheidh formheasta ag an Stát sin.

AIRTEAGAL 14

1. Comhoibreoidh an Banc le gach eagraíocht idirnáisiúnta atá gníomhach i réimsí atá cosúil lena chuid réimsí féin.
2. Féachfaidh an Banc le gach comhtheaghmáil chuí a bhunú ar mhaithe leis an gcomhoibriú le hinstiúidí baincéireachta agus airgeadais sna tíortha a sroicheann a oibríochtaí chucu.

AIRTEAGAL 15

Arna iaraidh sin do Bhallstát nó don Choimisiún, nó uaidh féin, déanfaidh an Bord Gobharnóirí, de réir na gcoinníollacha céanna a bhain lena nglacadh, na treoracha a bheidh leagtha síos aige faoi Airteagal 7 a léiriú nó a fhorlónadh.

AIRTEAGAL 16

1. Faoi chuimsiú an chúraim atá leagtha amach in Airteagal III-394 den Bhunreacht, deonóidh an Banc maoiniú, go háirithe i bhfoirm iasachtaí agus ráthaíochtaí dá chomhaltaí nó do ghnóthais phríobháideacha nó phoiblí le haghaidh infheistíochta a bheidh le cur in éifeacht i gcríocha Ballstát, sa mhéid nach bhfuil cistí le fáil ó fhoinsí eile ar théarmaí réasúnta.

Ach trí chinneadh ón mBord Gobharnóirí, ag gníomhú dó trí thromlach cáilithe ar thogra ón mBord Stiúrthóirí, féadfaidh an Banc maoiniú a dheonú le haghaidh infheistíochta a bheidh le cur in éifeacht, go hiomlán nó go páirteach, lasmuigh de chríocha Ballstát.

2. Chomh fada agus is féidir,ní dheonófar iasachtaí ach ar an gcoinníoll go n-úsáidtear foinsí eile airgeadais freisin.

3. Nuair a bheidh iasacht á deonú aige do ghnóthas nó do chomhlacht seachas Ballstát, cuirfidh an Banc de choinníoll leis an iasacht sin go bhfaighfear ráthaíocht ón mBallstát ar ina chríoch atá an infheistíocht le cur in éifeacht nó go bhfaighfear ráthaíochtaí leormhaithe nó go mbeidh láidreacht airgeadais ag an bhféichiúnaí.

Fairis sin, i gcomhréir leis na prionsabail arna mbunú ag an mBord Gobharnóirí de bhun Airteagal 7(3)(b), agus nuair is gá sin chun na tionscadail dá bhforáiltear in Airteagal III-394 den Bhunreacht a chur chun feidhme, socróidh an Bord Stiúrthóirí, ag gníomhú dó trí thromlach cálithe, téarmaí agus coinníollacha aon oibríochta um maoiniú a bhfuil próifil riosca shonrach ag gabháil léi agus a mheastar mar sin mar ghníomhaíocht speisialta.

4. Féadfaidh an Banc iasachtaí a ráthú a thógfaidh gnóthais phoiblí nó phríobháideacha nó a thógfaidh comhlachtaí eile chun tionscadail dá bhforáiltear in Airteagal III-394 den Bhunreacht a chur in éifeacht.

5. An méid comhiomlán a bheidh amuigh tráth ar bith d'iasachtaí agus de ráthaíochtaí ón mBanc, ní mó é ná 250% dá chaipiteal suibscríofa, dá chúlchistí, dá sholáthairtí neamhchionroinnt agus den bharrachas ón gcuntas brabús agus caillteanais. Laghdófar an méid comhiomlán sin méid is ionann agus an méid atá suibscríofa, bíodh nó ná bíodh sé íoctha isteach, i gcomhair aon ranpháirtíochta cothromais de chuid an Bhainc.

Méid na ranpháirtíochtaí cothromais de chuid an Bhainc atá íoctha amach, ní mó é tráth ar bith ná méid is comhfhereagrach le hiomlán a chaipitil shuibscríofa atá íoctha isteach, a chúlchistí, a sholáthairtí neamhchionroinnt agus bharrachas a chuntais brabús agus caillteanais.

Mar eisceacht, beidh ag gníomhaíochtaí speisialta an Bhainc, mar a bheidh arna gcinneadh ag an mBord Gobharnóirí agus ag an mBord Stiúrthóirí i gcomhréir le mír 3, cionroinnt shonrach culchiste.

Beidh feidhm ag an mír seo freisin maidir le cuntas chomhdhlúite an Bhainc.

6. Cosnóidh an Banc é féin in aghaidh rioscaí malairte trí cibé clásail is cuí leis a chur isteach i gconarthaí le haghaidh iasachtaí agus ráthaíochtaí.

AIRTEAGAL 17

1. Déanfar na rátaí úis ar iasachtaí ón mBanc agus an coimisiún agus murir eile a oiriúnú do na coinníollacha atá i dtreis ar mhargadh an chaipitil agus iad a ríomh ar dhóigh go gcuirfidh an t-ioncam astu ar chumas an Bhainc freastal dá oibleagáidí, a chaiteachais agus a rioscaí a għlanadh agus cùlchiste a thiomargadh mar a fhoráltear in Airteagal 22.

2. Ní dheonóidh an Banc aon laghdú ar rátaí úis. I gcás inar cosúil gur mhaith an rud é an t-ús a laghdú mar gheall ar an sagħas infhestiċċa atá le maoniū, féadfaidh an Ballstát atá i gceist nó gnionmhaireacht eigin eile cabhair a thabhairt chun īoċtha an úis, sa mhéid go luífidh sin le hAirteagal III-167 den Bhunreacht.

AIRTEAGAL 18

Ina oibríochtaí i ndáil le maoniū, urramóidh an Banc na prionsabail seo a leanas:

1. Áiritheóidh sé úsáid a chistí ar an gcuma is réasúnaí is féidir ar mhaithe le leasanna an Aontais.

Ní fhéadfaidh sé iasachtaí ná ráthaíochtaí a thabhairt ach amháin:

- (a) más rud é, i gcás infhestiċċa atá á gcur in éifeacht ag gnóthais in earnáil an táirgħthe, go bhfuil īocaíochtaí in aghaidh úis agus amúchta á gcumhdach as brabúis oibriúcháin nó, i gcás infhestiċċa eile, trí oibleagáidí faoina ndeachaigh an Stát a bhfuil an infhestiċċa á cur in éifeacht ann nó ar mhodh eigin eile; agus,

(b) más rud é go gcuideann feidhmiú na hinfheistíochta le méadú ar an táirgiúlacht eacnamaíoch i gcoitinne agus go gcuireann sé bunú nó oibriú an mhargaidh inmheánaigh chun cinn.

2. Ní bhfaighidh sé aon leas i ngnóthas ná ní ghabhfaidh sé aon fhreagracht ina bhainistíocht, mura gá sin le go gcosnófaí cearta an Bhainc chun a áirithiú go bhfaighfear ar ais cistí a tugadh ar iasach.

Ar a shon sin, i gcomhréir leis na prionsabail arna mbunú ag an mBord Gobharnóirí de bhun Airteagal 7(3)(b), agus nuair is gá sin chun na hoibríochtaí dá bhforáiltear in Airteagal III-394 den Bhunreacht a chur chun feidhme, socróidh an Bord Stiúrthóirí, ag gníomhú dó trí thromlach cáilithe, na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht chothromais a ghlacadh i ngnóthas tráchtála, de ghnáth mar chomhlánú ar iasacht nó ráthaíocht, a mhéad is gá sin chun infheistíocht nó clár a mhaoiniú.

3. Féadfaidh sé a chuid éileamh a dhíol ar an margadh caipítí agus, chun na críche sin, féadfaidh sé a cheangal ar a fhéichiúnaithe bannaí nó urruís eile a eisiúint.

4. Ní fhorchuirfidh an Banc ná na Ballstáit coinníollacha á cheangal cistí a fuarthas ar iasacht ón mBanc a chaitheamh i gcríoch Ballstáit shonraithe.

5. Féadfaidh an Banc é a chur de choinníoll le hiasachtaí uaidh go ndéanfar socrú le haghaidh iarraidh idirnáisiúnta ar thairiscintí.

6. Ní mhaoineoidh an Banc, go hiomlán ná go páirteach, aon infheistíocht a bhfuil cur ina choinne ag an mBallstát ar ina chríoch atá sé le cur in éifeacht.

7. Mar chomhlánú ar a ghníomhaíocht um iasachtú, féadfaidh an Banc seirbhísí cabhrach teicniúla a chur ar fáil i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha arna leagan síos ag an mBord Gobharnóirí, ag gníomhú dó trí thromlach cáilithe, agus i gcomhréir leis an Reacht seo.

AIRTEAGAL 19

1. Féadfaidh aon ghnóthas, nó aon eagras poioblí nó príobháideach, iarratas ar mhaioniú a dhéanamh go díreach chun an Bhainc. Féadfar iarratais a dhéanamh freisin tríd an gCoimisiún nó tríd an mBallstát ar ina chríoch atá an infheistíocht le cur in éifeacht.
2. Iarratais a dhéanfar tríd an gCoimisiún, cuirfear iad faoi bhráid an Bhallstáit ar ina chríoch atá an infheistíocht le cur in éifeacht, d'fhonn tuairim a fháil. Iarratais a dhéanfar trí Bhallstát, cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin iad le tuairim a fháil. Iarratais a dhéanfaidh gnóthas go díreach, cuirfear iad faoi bhráid an Bhallstáit i dtrácht agus faoi bhráid an Choimisiúin.

Tabharfaidh an Ballstát i dtrácht agus an Coimisiún a dtuairimí laistigh de dhá mhí. Mura bhfaighfear freagra laistigh den tréimhse sin, féadfaidh an Banc glacadh leis nach bhfuil aon chur i gcoinne na hinfheistíochta i gceist.

3. Tabharfaidh an Bord Stiúrthóirí rialú ar oibríochtaí maoinithe a chuirfidh an Coiste Bainistíochta faoina bhráid.
4. Scrúdóidh an Coiste Bainistíochta na hoibríochtaí um maoiniú a cuireadh faoina bhráid féachaint an gcomhlíonann siad forálacha an Reachta seo, go háirithe Airteagail 16 agus 18. Má bhíonn an Coiste Bainistíochta i bhfabhar na hoibríochta maoinithe, cuirfidh sé an togra comhfheagrach faoi bhráid an Bhoird Stiúrthóirí. Féadfaidh an Coiste cibé coinníollacha is fior-riachtanach leis a chur lena thuairim fhabhrach. Má bhíonn an Coiste Bainistíochta in aghaidh an maoiniú a dheonú, cuirfidh sé na doiciméid iomchuí faoi bhráid an Bhoird Stiúrthóirí mar aon lena thuairim.
5. Má thugann an Coiste Bainistíochta tuairim neamhfhabhrach, ní fhéadfaidh an Bord Stiúrthóirí an maoiniú áirithe a dheonú mura gcinnfidh sé é sin d'aon toil.

6. Má thugann an Coimisiún tuairim neamhfhabhrach, ní fhéadfaidh an Bord Stiúrthóirí an maoiniú áirithe a dheonú mura gcinnfidh sé é sin d'aon toil, gan an stiúrthóir a bheidh ainmnithe ag an gCoimisiún a bheith páirteach sa vótáil.
7. Má thugann an Coiste Bainistíochta agus an Coimisiún araon tuairim neamhfhabhrach, ní fhéadfaidh an Bord Stiúrthóirí an maoiniú a dheonú.
8. Más gá oibríocht um maoiniú a bhaineann le hinfheistíocht fhormheasta a athstruchtúrú chun cearta agus leasanna an Bhainc a chosaint, glacfaidh an Coiste Bainistíochta gan mhoill na bearta eigeandála a mheasann sé is gá, faoi réir an Bord Stiúrthóirí a chur ar an eolas faoi láithreach.

AIRTEAGAL 20

1. Gheobhaidh an Banc ar iasacht ar na margáí caipitil na cistí is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh.
2. Féadfaidh an Banc iasachtaí a fháil ar mhargaí caipitil na mBallstát, de réir na bhforálacha dlíthiúla a bhaineann leis na margáí sin.

Ní fhéadfaidh údaráis inniúla Ballstáit go maolú de réir bhrí Airteagal III-197(1) den Bhunreacht cur ina choinne sin ach amháin nuair is baolach suaitheadh tromchúiseach a theacht ar mhargadh caipitil an Stáit sin.

AIRTEAGAL 21

1. Féadfaidh an Banc aon chistí dá chuid atá ar fáil agus nach bhfuil de dhíth air láithreach chun freastal dá oibleagáidí a úsáid mar a leanas:
 - (a) féadfaidh sé infheistiú ar na margáí airgid;
 - (b) féadfaidh sé, faoi réir fhórálacha Airteagal 18(2), urrúis a cheannach agus a dhíol;
 - (c) féadfaidh sé aon oibríochtaí eile airgeadais a bhfuil baint acu lena chuspóirí a dhéanamh.
2. Gan dochar d'fhórálacha Airteagal 23,ní dhéanfaidh an Banc, ag bainistiú a infheistíochtaí dó, páirt a ghabháil in aon arbatráiste airgeadra nach gá go díreach chun a oibríochtaí iasachtaithe a chur i gcrích nó chun oibleagáidí a chomhall a d'éirigh as iasachtaí a thóg sé nó as ráthaíochtaí a thug sé.
3. Sna réimeanna atá faoi thrácht san Airteagal seo, gníomhóidh an Banc i gcomhaontacht le húdaráis inniúla nó le banc cheannais náisiúnta an Bhallstáit atá i gceist.

AIRTEAGAL 22

1. Déanfar cúlchiste go feadh deich faoin gcéad den chaipiteal suibscríofa a thiomargadh go comhleanúnach. Má bhíonn call leis mar gheall ar an staid ina bhfuil dliteanais an Bhainc, féadfaidh an Bord Stiúrthóirí cinneadh ar chúlchistí breise a chur ar bun. Go dtí go mbeidh an cúlchiste tiomargtha go hiomlán, cothófar é:

- (a) le hús a fuarthas ar iasachtaí a dheonaigh an Banc as suimeanna is iníoctha ag na Ballstáit de bhun Airteagal 5;
- (b) le hús a fuarthas ar iasachtaí a dheonaigh an Banc as cistí a fuarthas de thoradh aisíoc na n-iasachtaí dá dtagraítear i bpointe (a),

sa mhéid nach bhfuil an t-ioncam sin ag teastáil faoi chomhair oibleagáidí an Bhainc nó chun a chaiteachais a íoc.

2. Déanfar acmhainní an chúlchiste a infheistiú ar dhóigh go mbeidh siad ar fáil tráth ar bith faoi chomhair chuspóir an chiste.

AIRTEAGAL 23

1. Beidh teideal ag an mBanc gach tráth a shócmhainní a aistriú isteach in airgeadra Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra aige, chun oibríochtaí airgeadais a chur i gcrích a fhreagraíonn don chúram atá leagtha amach in Airteagal III-394 den Bhunreacht ag cur forálacha Airteagal 21 den Reacht seo san áireamh. Seachnóidh an Banc, oiread agus is féidir, aistriú dá leithéid sin, má bhíonn airgead tirim nó sócmhainní leachtacha aige san airgeadra atá ag teastáil.
2. Ní fhéadfaidh an Banc a shócmhainní in airgeadra Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra aige a shóinseáil go hairgeadra tríú thír, gan comhaontú an Bhallstáit sin.
3. Féadfaidh an Banc úsáid a dhéanamh gan bhac den chuid sin dá chaipiteal atá íoctha, agus d'aon airgeadra a fuarthas ar iasachtaí lasmuigh den Aontas.

4. Gabhann na Ballstát orthu féin go gcuirfídh siad ar fáil d'fhéichiúnaithe an Bhainc an t-airgeadra is gá chun aisíoctha an chaipítil agus chun íoctha an úis ar iasachtaí nó an choimisiúin ar ráthaíochtaí arna dtabhairt ag an mBanc le haghaidh infheistíochtaí atá le cur in éifeacht ina gcríoch.

AIRTEAGAL 24

Mura bhfreastalóidh Ballstát dá oibleagáidí mar chomhalta de dhroim an Reachta seo, agus go háirithe an oibleagáid chun a scair den chaipiteal suibscríofa a íoc, a iasachtaí speisialta a dheonú nó na hiasachtaí a fuair sé a sheirbhísiú, féadfar deonú iasachtaí nó ráthaíochtaí don Bhallstát sin nó dá náisiúnaigh a fhionraí le cinneadh ón mBord Gobharnóirí, ag gníomhú dó trí thromlach cáilithe.

Ní shaorfaidh an cinneadh sin an Ballstát ná a náisiúnaigh óna n-oibleagáidí i leith an Bhainc.

AIRTEAGAL 25

1. Má chinneann an Bord Gobharnóirí oibríochtaí an Bhainc a fhionraí, stadfaidh a ghníomhaíochtaí uile láithreach, ach amháin na cinn is gá chun a áirithíú go ndéanfar a shócmhainní a réadú, a chosaint agus a chaomhnú agus a dhliteanais a shocrú mar is cuí.
2. I gcás a leachtaithe, ceapfaidh an Bord Gobharnóirí na leachtaitheoirí agus tabharfaidh teagaisc dóibh chun an leachtú a chur in éifeacht. Áiritheoidh sé go ndéanfar cearta bhaill na foirne a chosaint.

AIRTEAGAL 26

1. I ngach ceann de na Ballstáit, beidh ag an mBanc an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge atá ar fáil faoina ndlíthe ag daoine dlítheanacha. Féadfaidh sé, go háirithe, maoin shochorraithe nó maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus féadfaidh sé bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla.
2. Beidh maoin an Bhainc díolmhaithe ó fhoréileamh nó ó dhíshealbhú de chineál ar bith.

AIRTEAGAL 27

1. Aon díospóidí a tharlóidh idir an Banc ar thaobh amháin, agus a chreidiúnaithe, a fhéichiúnaithe nó duine ar bith eile ar an taobh eile, cinnfidh na cúirteanna náisiúnta inniúla iad, ach amháin mar a bhfuil dlínse tugtha do Chúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh. Féadfaidh an Banc socrú le haghaidh eadrána a fhoráil in aon chonradh.
2. Beidh seoladh le haghaidh seirbheála i ngach Ballstát ag an mBanc. Féadfaidh sé, áfach, seoladh áirithe le haghaidh seirbheála a shonrú in aon chonradh.
3. Ní fhéadfar sócmhainní ná maoin an Bhainc a astú ná iad a urghabháil trí fhorghníomhú ach amháin le cinneadh cúirte.

AIRTEAGAL 28

1. Féadfaidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó d'aon toil, a chinneadh foichomhlachtaí nó entitis eile a bhunú a mbeidh pearsanacht dhlítheanach agus uathriail airgeadais acu.

2. Bunóidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó d'aon toil, Reachtanna na gcomhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 a shaineoidh go háirithe a gcuspóirí, a struchtúr, a gcaipiteal, a gcomhaltas, a suíomh, a n-acmhainní airgeadais, a modhanna idirghabhála agus a socruithe iniúchóireachta maille lena ngaol le horgáin an Bhainc.
3. Féadfaidh an Banc bheith rannpháirteach i mbainistíocht na gcomhlachtaí sin agus ranníocaíocht a dhéanamh i leith a gcaipítil shuibscríofa go feadh méid arna shainiu ag an mBord Gobharnóirí, ag gníomhú dó d'aon toil.
4. Beidh feidhm ag an bPrótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh maidir leis na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 a mhéad a bheidh siad corporaithe faoi dhlí an Aontais, le comhaltaí a n-orgán i gcomhlíonadh a ndualgas sa cháil sin dóibh agus lena bhfoireann, faoi na téarmaí agus na coinníollacha céanna is infheidhme maidir leis an mBanc.

Ar a shon sin, na díbhinní, na gnóthachain chaipitiúla nó na saghsanna eile ioncaim a thig ó chomhlachtaí den sórt sin a mbeidh na comhaltaí, seachas an tAontas Eorpach agus an Banc, ina dteideal, fanfaidh siad faoi réir fhorálacha fioscacha na reachtaíochta is infheidhme.

5. Laistigh de na teorainneacha atá leagtha síos anseo thíos, beidh dlínse ag Cúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndíospóidí a bhaineann le bearta arna nglacadh ag orgáin chomhlachta atá corporaithe faoi dhlí an Aontais. Féadfaidh aon comhulta de chomhlacht den sórt sin ina cháil mar comhulta nó na Ballstáit imeachtaí i gcoinne bearta den sórt sin a thionscnamh faoi na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal III-365 den Bhunreacht.

6. Féadfaidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó d'aon toil, a chinneadh foireann comhlachtaí atá corporaithe faoi dhlí an Aontais a ligean isteach i scéimeanna comhpháirteacha leis an mBanc, ar cothrom leis an nósanna imeachta inmheánacha faoi seach.

6. PRÓTACAL

MAIDIR LE SUÍMH INSTITIÚIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH
AGUS SUÍMH COMHLACHTAÍ, OIFIGÍ,
GNÍOMHAIREACHTAÍ AGUS RANNA ÁIRITHE
DE CHUID AN AONTAIS EORPAIGH A SHOCRÚ

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG FÉACHAINT d'Airteagal III-432 den Bhunreacht,

AG MEABHRÚ DÓIBH AGUS AG DEIMHNIÚ Chinneadh an 8 Aibreán 1965 agus gan dochar do na cinntí maidir le suíomh institiúidí, comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus ranna a bheidh ann amach anseo,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

AIRTEAGAL AONAIR

1. Is in Strasbourg a bheidh suíomh Pharlaimint na hEorpa agus is ansin a thionólfar na 12 tréimhse de sheisiúin ionmlánacha mhíosúla, lena n-áirítear an seisiún buiséadach. Is sa Bhruiséil a thionólfar na tréimhsí de sheisiúin ionmlánacha breise. Tiocfaidh Coistí Pharlaimint na hEorpa le chéile sa Bhruiséil. Fanfaidh Ardrúnaíocht Pharlaimint na hEorpa agus a cuid ranna i Lucsamburg.
2. Is sa Bhruiséil a bheidh suíomh na Comhairle. Tionólfar cruinnithe na Comhairle i Lucsamburg i rith Aibreáin, Meithimh agus Deireadh Fómhair.
3. Is sa Bhruiséil a bheidh suíomh an Choimisiúin. Beidh na ranna atá liostaithe in Airteagail 7, 8 agus 9 de Chinneadh an 8 Aibreán 1965 lonnaithe i Lucsamburg.
4. Is i Lucsamburg a bheidh suíomh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

5. Is in Frankfurt a bheidh suíomh an Bhainc Cheannais Eorpaigh.
6. Is i Lucsamburg a bheidh suíomh na Cúirte Iniúchóirí.
7. Is sa Bhruiséil a bheidh suíomh Choiste na Réigiún.
8. Is sa Bhruiséil a bheidh suíomh an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta.
9. Is i Lucsamburg a bheidh suíomh an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta.
10. Is sa Háig a bheidh suíomh Europol.

7. PRÓTACAL
AR PHRIBHLÉIDÍ AGUS DÍOLÚINTÍ
AN AONTAIS EORPAIGH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

DE BHRÍ, de réir Airteagal III-434 den Bhunreacht, go mbeidh ag an Aontas i gcríocha na mBallstát na pribhléidí agus na díolúintí is gá chun a gcúraimí a chur i gcrích,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

CAIBIDIL I

MAOIN, CISTÍ, SÓCMHAINNÍ AGUS OIBRÍOCHTAÍ AN AONTAIS

AIRTEAGAL 1

Beidh áitribh agus foirgnimh an Aontais dosháraithe. Beidh siad díolmhaithe ó chuardach, foréileamh, coigistiú nó díshealbhú. Ní bheidh maoin ná sócmhainní an Aontais ina n-ábhar d'aon bheart comhéigin, riarthach ná dlíthiúil, gan údarás na Cúirte Breithiúnais.

AIRTEAGAL 2

Beidh cartlann an Aontais dosháraithe.

AIRTEAGAL 3

Beidh an tAontas, a shócmhainní, a ioncam agus a mhaoin eile saortha ó gach cáin dhíreach.

Déanfaidh Rialtais na mBallstát, i ngach cás inar féidir é, na bearta is iomchuí chun méid na gcánacha indíreacha nó na gcánacha díolacháin a bheidh ar áireamh i bpraghas maoine sochorraithe nó dochorraithe a mhaitheamh nó a aisíoc nuair a dhéanann an tAontas, le haghaidh a úsáide oifigiúla, ceannacháin thábhachtacha a bhfuil cánacha den sórt sin ar áireamh ina bpraghas. Ní chuirfear na forálacha sin i bhfeidhm, áfach, ionas go mbeidh de thoradh orthu an iomaíocht laistigh den Aontas a shaobhadh.

Ní dheonófar saoirseacht ar bith i leith muirir, cánacha agus dleachtanna nach bhfuil iontu ach táillí as seirbhísí fóntais phoiblí.

AIRTEAGAL 4

Beidh an tAontas saortha ó gach dleacht chustaim, ó gach toirméasc agus ó gach srian ar allmhairí agus onnmhairí maidir le hearraí le haghaidh a úsáide oifigiúla. Ní dhéanfar earraí a allmhaireofar amhlaidh a dhiúscairt, ar íocaíocht nó gan íocaíocht, i gcríoch an Stáit ar allmhairíodh isteach ann iad, ach amháin faoi choinníollacha arna bhformheas ag rialtas an Stáit sin.

Beidh an tAontas saortha freisin ó aon dleachtanna custaim agus ó aon toirmisc agus srianta ar allmhairí agus onnmhairí maidir lena bhfoilseacháin.

CAIBIDIL II

CUMARSÁIDÍ AGUS *LAISSEZ-PASSER*

AIRTEAGAL 5

Le haghaidh a gcumarsáidí oifigiúla agus do tharchur a ndoiciméad go léir, gheobhaidh institiúidí an Aontais i gcríoch gach Ballstát an chóir a thugann an Stát sin do mhisin taidhleoireachta.

Ní bheidh comhfhereagras oifigiúil ná cumarsáidí oifigiúla eile de chuid institiúidí an Aontais inchurtha faoi chinsireacht.

AIRTEAGAL 6

Féadfaidh Uachtaráin institiúidí an Aontais *laissez-passar* i bhfoirm a ordófar le rialachán Eorpach ón gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach simplí, agus a dtabharfaidh údaráis na mBallstát aitheantas dóibh mar dhoiciméid taistil bhailí, a eisiúint chuig comhaltaí agus seirbhísigh na n-institiúidí sin. Eiseofar na *laissez-passar* sin chuig oifigigh agus seirbhísigh eile faoi choinníollacha arna leagan síos i Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais agus i gCoinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais.

Féadfaidh an Coimisiún comhaontuithe a dhéanamh chun na *laissez-passar* sin a aithint mar dhoiciméid taistil bhailí i gcríocha tríu Stát.

CAIBIDIL III

COMHALTAÍ PHARLAIMINT NA hEORPA

AIRTEAGAL 7

Ní chuirfear aon srian riarracháin ná aon srian eile ar shaorghluaiseacht chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa ag taistéal dóibh go dtí áit chruinnithe Pharlaimint na hEorpa nó uaidh.

Tabharfar do chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa, maidir le custaim agus rialú malaирte:

- (a) óna rialtas féin, na saoráidí céanna a thugtar d'oifigigh shinsearacha agus iad ag taistéal ar an gcoigrích ar mhisin oifigiúla shealadacha;
- (b) ó rialtais Bhallstát eile, na saoráidí céanna a thugtar d'ionadaithe rialtas eachtrach ar mhisin oifigiúla shealadacha.

AIRTEAGAL 8

Ní bheidh comhaltaí Pharlaimint na hEorpa inchurtha faoi aon saghas fiosrúcháin, coinneála ná imeachtaí dlíthiúla i leith tuairimí a thug siad nó vótaí a chaith siad ag comhlíonadh a ndualgas dóibh.

AIRTEAGAL 9

Le linn sheisiúin Pharlaimint na hEorpa, beidh ag a comhaltaí:

- (a) i gcríoch a Stáit féin, na díolúintí a thugtar do chomhaltaí a bParlaiminte féin;
- (b) i gcríoch aon Bhallstáit eile, díolúine ó aon bheart coinneála agus ó imeachtaí dlíthiúla.

Bainfidh an díolúine mar an gcéanna le comhaltaí ag taistéal dóibh go dtí áit chruinnithe Pharlaimint na hEorpa agus uaidh.

Ní féidir díolúine a éileamh nuair a gheofar comhalta i mbun cion a dhéanamh ná ní choisfidh sí Parlaimint na hEorpa a ceart a fheidhmiú chun díolúine dhuine dá comhaltaí a tharscaoileadh.

CAIBIDIL IV

IONADAITHÉ BALLSTÁT A GHLACANN PÁIRT IN OBAIR INSTÍTUÍDÍ AN AONTAIS

AIRTEAGAL 10

Ionadaithe Ballstát a ghlacann páirt in obair institiúidí an Aontais, beidh acu féin agus ag a gcomhairleoírí agus a saineolaithe teicniúla, i gcomhlíonadh a ndualgas agus le linn a dtaistil go dtí áit an chruinnithe agus uaidh, na pribhléidí, na díolúintí agus na saoráidí is gnách.

Beidh feidhm ag an Airteagal seo freisin maidir le comhaltaí de chomhlachtaí comhairleacha an Aontais.

CAIBIDIL V

OIFIGIGH AGUS SEIRBHÍSIGH EILE AN AONTAIS

AIRTEAGAL 11

I gcríoch gach Ballstáit agus is cuma cén náisiúntacht atá acu, i dtaca le hoifigigh agus le seirbhísigh eile an Aontais:

- (a) beidh siad díolmhaithe ó imeachtaí dlíthiúla i leith gníomhartha a rinne siad ina gcáil oifigiúil, lena n-áirítear a bhfocail labhartha nó scríofa, faoi réir fhorálacha an Bhunreachta a bhaineann, ar thaobh amháin, leis na rialacha i ndáil le freagracht oifigeach agus seirbhíseach eile i leith an Aontais, agus ar an taobh eile, le dlínse Chúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh chun breith a thabhairt ar ábhair atá faoi dhíospóid idir an tAontas agus a oifigigh agus a sheirbhísigh eile. Fanfaidh an díolúine sin acu tar éis scor dá n-oifig;
- (b) ní bheidh siad féin ná a gcéilí ná daoine cleithiúnacha dá dteaghlaigh inchurtha faoi shrianta inimirce ná faoi fhoirmiúlachtaí chun eachtrannaigh a chlárú;
- (c) tabharfar dóibh, maidir le rialacháin airgeadra nó mhalaирte, na saoráidí céanna is gnách a thabhairt d'oifigigh eagraíochtaí idirnáisiúnta;

- (d) beidh acu an ceart chun a dtroscán agus a n-éifeachtaí a allmhairiú saor ó dhleacht, ag dul i mbun a bpoist an chéad uair dóibh sa Stát áirithe, agus an ceart chun a dtroscán agus a n-éifeachtaí a athonnmhairiú saor ó dhleacht ar chríochnú a ndualgas sa Stát sin, ach i gceachtar cás díobh faoi réir na gcoinníollacha is riachtanach le rialtas an Stáit ina bhfeidhmítar an ceart sin;
- (e) beidh acu an ceart chun gluaisteán le haghaidh a n-úsáide pearsanta féin a allmhairiú saor ó dhleacht, más gluaisteán é a fuarthas sa Stát deiridh ina raibh cónaí orthu nó sa Stát ar náisiúnaigh de iad, ar théarmaí mhargadh baile an Stáit sin, agus é a athonnmhairiú saor ó dhleacht, ach i gceachtar cás díobh faoi réir na gcoinníollacha is riachtanach le Rialtas an Stáit áirithe.

AIRTEAGAL 12

Beidh oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais inchurtha faoi cháin, chun tairbhe don Aontas, ar thuarastail, ar phá agus ar éadálacha a íocfaidh an tAontas leo, de réir na gcoinníollacha agus an nós imeachta a leagfar síos le dlí Eorpach. Glacfar an dlí sin tar éis dul i gcomhairle leis na hinstiúidí i dtrácht.

Beidh oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais díolmhaithe ó chánacha náisiúnta ar thuarastail, ar phá agus ar éadálacha a íocfaidh an tAontas.

AIRTEAGAL 13

Maidir le cáin ioncaim, cáin rachmais agus dleachtanna báis a chur i bhfeidhm agus maidir le coinbhinsiúin chun cánachas dúbailte a sheachaint, a tugadh i gcríoch idir Bhallstáit an Aontais, a chur i bhfeidhm, oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais a dhéanann, d'aon toisc mar gheall ar chomhlíonadh a ndualgas i seirbhís an Aontais, áit chónaithe a bhunú i gcríoch Ballstáit seachas a Stát sainchónaithe chun críocha cánach le linn dóibh dul isteach i seirbhís an Aontais, measfar i Stát a gcónaithe iarbhir agus sa Stát sainchónaithe chun críocha cánach, gur chothaigh siad a sainchónáí sa Stát sin is déanaí atá lúaite, ar choinníoll gur comhalta den Aontas é. Beidh feidhm ag an bhforáil sin maidir le céile freisin, sa mhéid nach bhfuil an céile sin ag gabháil go leithleach do phost sochair, agus le leanáí atá i gcleithiúnas agus faoi chúram na ndaoine dá dtagraítear san Airteagal seo.

Beidh maoin shochorraithe le daoine dá dtagraítear sa chéad mhír agus atá i gcríoch an Stáit ina bhfuil siad ag cur fúthu saortha ó dhleachtanna báis sa Stát sin. Measfar, chun an dleacht sin a mheasúnú, an mhaoín sin a bheith sa Stát sainchónaithe chun críocha cánach, faoi réir ceart tríú Stát agus ar an gcuntar go bhféadfadh sé go geuirfí i bhfeidhm forálacha coinbhinsiún idirnáisiúnta ar chánachas dúbailte.

Agus forálacha an Airteagail seo á gcur i bhfeidhm, déanfar neamhshuim d'aon sainchónáí a fuarthas d'aon toisc mar gheall ar dhualgais a chomhlíonadh i seirbhís eagraíochtaí idirnáisiúnta eile.

AIRTEAGAL 14

Leagfar síos i ndlí Eorpach scéim na sochar slándála sóisialta d'oifigigh agus do sheirbhísigh eile an Aontais. Glacfar an dlí sin tar éis dul i gcomhairle leis na hinstiúidí i dtrácht.

AIRTEAGAL 15

Cinnfear le dlí Eorpach na haicmí oifigeach agus seirbhíseach eile de chuid an Aontais a mbeidh feidhm ag Airteagal 11, an dara mír d'Airteagal 12 agus Airteagal 13 maidir leo, go hiomlán nó go páirteach. Glacfar an dlí sin tar éis dul i gcomhairle leis na hinstituídí i dtrácht.

Cuirfear ainmneacha, gráid agus seoltaí na n-oifigeach agus na seirbhíseach eile a áirítear sna haicmí sin in iúl ó am go chéile do rialtais na mBallstát.

CAIBIDIL VI

PRIBHLÉIDÍ AGUS DÍOLÚINTÍ MHISIN TRÍÚ STÁT ATÁ CREIDIÚNAITHE DON AONTAS

AIRTEAGAL 16

Déanfaidh an Ballstát ar ina chríoch atá a shuíomh ag an Aontas na pribhléidí agus na díolúintí taidhleoireachta is gnách a thabhairt do mhisin tríú Stát atá creidiúnaithe don Aontas.

CAIBIDIL VII

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 17

Is chun leas an Aontais agus chuige sin amháin a thabharfar pribhléidí, díolúintí agus saoráidí d'oifigigh agus do sheirbhísigh eile an Aontais.

Beidh de cheangal ar gach institiúid de chuid an Aontais an díolúine a tugadh d'oifigeach nó do sheirbhíseach eile a tharscaoileadh aon uair a mheasfaidh an institiúid sin nach bhfuil tarscaoileadh na díolúine sin contrártha le leasanna an Aontais.

AIRTEAGAL 18

D'fhoinn an Prótacal seo a chur i bhfeidhm, comhoibreoidh institiúidí an Aontais le húdaráis fhreagracha na mBallstát lena mbaineann.

AIRTEAGAL 19

Beidh feidhm ag Airteagail 11 go 14 agus Airteagal 17 maidir le comhaltaí an Choimisiúin.

AIRTEAGAL 20

Beidh feidhm ag Airteagail 11 go 14 agus Airteagal 17 maidir le Breithiúna, Abhcóidí Ginearálta, Cláraitheoirí agus Rapóirtéirí Cúnta Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gan dochar do na forálacha sin d'Airteagal 3 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bhaineann le Breithiúna agus Abhcóidí Ginearálta a bheith díolmhaithe ó imeachtaí dlíthiúla.

Beidh feidhm ag Airteagail 11 go 14 agus Airteagal 17 freisin maidir le comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí.

AIRTEAGAL 21

Beidh feidhm ag an bPrótacal seo freisin maidir leis an mBanc Ceannais Eorpach, le comhaltaí a orgán agus lena fhoireann, gan dochar don Phrótacal maidir le Reacht an Chórás Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

Beidh an Banc Ceannais Eorpach díolmhaithe ina theannta sin ó aon saghas cánachais nó aon mhuiirir dá shamhail ar ócáid aon mhéadaithe ar a chaipiteal agus ó na foirmiúlachtaí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na nithe sin sa Stát ina bhfuil suíomh an Bhainc. Ní bheidh na gníomhaíochtaí de chuid an Bhainc agus a orgán a dhéanfar i gcomhréir le Reacht an Chórás Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh inchurtha faoi aon cháin láimhdeachais.

AIRTEAGAL 22

Beidh feidhm ag an bPrótacal seo freisin maidir leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, le comhaltaí a orgán, lena fhoireann agus le hionadaithe na mBallstát a ghlacann páirt ina ghníomhaíochtaí, gan dochar don Phrótacal ar Reacht an Bhainc.

Beidh an Banc Eorpach Infheistíochta saortha ina theannta sin ó aon saghas cánachais nó aon mhuirir dá shamhail ar ócáid aon mhéadaithe ar a chaipiteal agus ó na foirmiúlachtaí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na nithe sin sa Stát ina bhfuil suíomh an Bhainc. Ar an gcuma chéanna, ní thiocfaidh aon mhuirear de dhíscaoileadh ná de leachtú an Bhainc. Ar deireadh thiar, ní bheidh na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh an Banc agus a chuid orgán de réir a Reachta inchurtha faoi aon cháin láimhdeachais.

8. PRÓTACAL

MAIDIR LE CONARTHAÍ AGUS IONSTRAIMÍ AONTACHAIS RÍOCHT NA
DANMHAIRGE, NA hÉIREANN AGUS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE
MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN, NA POBLACHTA HEILLÉANAI,
RÍOCHT NA SPÁINNE AGUS PHOBLACHT NA PORTAINGÉILE,
AGUS PHOBLACHT NA hOSTAIRE, PHOBLACHT NA FIONLAINNE
AGUS RÍOCHT NA SUALAINNE

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG MEABHRÚ DÓIBH gur aontaigh Ríocht na Danmhairge, Éire agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann do na Comhphobail Eorpacha an 1 Eanáir 1973; gur aontaigh an Phoblacht Heilléanach do na Comhphobail Eorpacha an 1 Eanáir 1981; gur aontaigh Ríocht na Spáinne agus Poblacht na Portaingéile do na Comhphobail Eorpacha an 1 Eanáir 1986; gur aontaigh Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne do na Comhphobail Eorpacha agus don Aontas Eorpach an 1 Eanáir 1995;

DE BHRÍ go bhforáltear in Airteagal IV-437(2) den Bhunreacht go ndéanfar na Conarthaí a bhaineann leis na haontachais thusluaithe a aisghairm;

DE BHRÍ go leanann forálacha áirithe de na Conarthaí Aontachais sin agus de na hIonstraimí atá i gceangal leo de bheith ábhartha; de bhrí go bhforáltear in Airteagal IV-437(2) den Bhunreacht nach foláir na forálacha sin a leagan amach i bPrótacal nó nach foláir tagairt dóibh i bPrótacal, chun go bhfanfaidh siad i bhfeidhm agus go gcaomhnófar a n-éifeachtaí dlíthiúla;

DE BHRÍ nach foláir na hoiriúnuithe teicniúla is gá a dhéanamh ar na forálacha sin chun go mbeidh siad ag luí leis an mBunreacht, gan a n-éifeacht dhlíthiúil a athrú;

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

TEIDEAL I

Forálacha coiteanna

AIRTEAGAL 1

Na cearta agus na hoibleagáidí a leanann ó na Conarthaí Aontachais dá dtagraítear in Airteagal IV-437(2)(a) go (d) den Bhunreacht, tháinig siad i bhfeidhm faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sna Conarthaí sin ar na dátaí seo a leanas:

- (a) an 1 Eanáir 1973 i gcás an Chonartha i dtaobh aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann,
- (b) an 1 Eanáir 1981 i gcás an Chonartha i dtaobh aontachas na Poblachta Heilléanaí,
- (c) an 1 Eanáir 1986 i gcás an Chonartha i dtaobh aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile,
- (d) an 1 Eanáir 1995 i gcás an Chonartha i dtaobh aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne.

AIRTEAGAL 2

1. Cuirfear de cheangal ar na Ballstáit aontacha, dá dtagraítear in Airteagal 1, aontú do na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin a tugadh i gcrích roimh a n-aontachas faoi seach, a mhéad atá na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin sin fós i bhfeidhm:
 - (a) comhaontuithe nó coinbhinsiúin arna dtabhairt i gcrích idir na Ballstáit eile, atá fothaithe ar an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, ar an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach nó ar an gConradh ar an Aontas Eorpach, nó atá doscartha ó ghnóthú chuspóirí na gConarthaí sin, nó a bhaineann le hoibriú na gComhphobal nó an Aontais nó i ndáil lena ngníomhaíochtaí;
 - (b) comhaontuithe nó coinbhinsiúin arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit eile, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach leis na Comhphobail Eorpacha, le tríú Stát amháin nó níos mó nó le heagraíocht idirnáisiúnta amháin nó níos mó agus do na comhaontuithe a bhfuil baint acu leis na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin sin. Cabhróidh an tAontas agus na Ballstáit eile leis na Ballstáit aontacha, dá dtagraítear in Airteagal 1, ina leith sin.
2. Glacfaidh na Ballstáit aontacha dá dtagraítear in Airteagal 1 na bearta iomchuí, más gá, chun a seasamh i leith eagraíochtaí idirnáisiúnta agus i leith na gcomhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil an tAontas nó an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach nó na Ballstáit eile ina bpáirtithe iontu freisin, a oiriúnú do na cearta agus na hoibleagáidí a thig óna n-aontachas leis an Aontas.

AIRTEAGAL 3

Na forálacha sin de na hIonstraimí Aontachais, mar atá arna léiriú ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach agus ag an gCúirt Chéadchéime, arb é is cuspóir nó is éifeacht dóibh, seachas mar bheart idirchréimhseach, gníomhartha a aisghairm nó a leasú a ghlac institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí na gComhphobal Eorpach nó an Aontais Eorpaigh arna mbunú leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, fanfaidh siad i bhfeidhm faoi réir an dara mír.

Beidh ag na forálacha dá dtagraítear sa chéad mhír an stádas céanna dlí atá ag na gníomhartha a dhéanann siad a aisghairm nó a leasú agus beidh siad faoi réir na rialacha céanna leis na gníomhartha sin.

AIRTEAGAL 4

Amhail ó dháta na n-aontachas faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 1, is téacsanna barántúla, faoi na coinníollacha céanna leis na téacsanna barántúla arna dtarraingt suas sna teangacha eile, téacsanna ghníomhartha institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí na gComhphobal Eorpach nó an Aontais Eorpaigh arna mbunú leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, a glacadh roimh na haontachais dá dtagraítear in Airteagal 1 agus a tarraingíodh suas ceann ar cheann ina dhiaidh sin sa Bhéarla agus sa Danmhairgis, sa Ghréigis, sa Spáinnis agus sa Phortaingéilis, agus san Fhionlainnis agus sa tSualainnis.

AIRTEAGAL 5

Féadfaidh dlí Eorpach ón gComhairle na forálacha idirtréimhseacha atá leagtha amach sa Phrótacal seo a aisghairm nuair nach mbeidh siad infheidhme a thuilleadh. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

TEIDEAL II

FORÁLACHA ARNA dTÓGÁIL ÓN IONSTRAIM I dTAOBH CHOINNÍOLLACHA AONTACHAIS RÍOCHT NA DANMHAIRGE, NA hÉIREANN AGUS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN

Roinn 1

Forálacha a bhaineann le Giobráltaar

AIRTEAGAL 6

1. Gníomhartha na n-institiúidí a bhaineann leis na táirgí in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an mBunreacht agus leis na táirgí a bhíonn, ar iad a allmhairiú isteach san Aontas, faoi réir rialúchán sonrach de dhroim an comhbheartas talmhaíochta a chur i gníomh, maille leis na gníomhartha a bhaineann le comhchuibhiú reachtaíocht na mBallstát i leith cánacha láimhdeachais, ní bheidh feidhm acu maidir le Giobráltaar mura ndéanfaidh an Chomhairle cinneadh Eorpach a ghlacadh a dhéanann socrú dá mhalairt. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún.

2. Déanfar cás Ghiobráltar, atá sainithe i bpointe VI d'Iarscríbhinn II¹ a ghabhann leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, a chaomhnú.

Roinn 2

Forálacha a bhaineann le hOileáin Fharó

AIRTEAGAL 7

Ní mheasfar gur náisiúnaigh de chuid Ballstáit, de réir bhrí an Bhunreachta, náisiúnaigh de chuid na Danmhairge a bhfuil chónaí orthu ar Oileáin Fharó ach amháin ón dáta a thiocfaidh an Bunreacht chun bheith infheidhme ar na hOileáin sin.

Roinn 3

Forálacha maidir le hOileáin Mhuir nIocht agus le hOileán Mhanann

AIRTEAGAL 8

1. Beidh feidhm ar Oileáin Mhuir nIocht agus Oileán Mhanann, faoi na coinníollacha céanna leis an Ríocht Aontaithe, ag rialacha an Aontais maidir le custaim agus maidir le srianta cainníochtúla, go háirithe dleachtanna custaim, muirir chomhéifeachta agus an Chomhtharaif Chustaim.

¹ IO L 73, 27.3.1972, Ich. 47.

2. I gcás táirgí talmhaíochta, agus táirgí a fhaightear óna bpróiseáil, is ábhar do chóras trádála speisialta, déanfaidh an Ríocht Aontaithe na tobhaigh agus na bearta eile i leith allmhairí dá bhforáltear le rialacha an Aontais a fheidhmiú maidir le tríú tíortha.

Beidh na forálacha sin de rialacha an Aontais is gá chun go gceadófar saorghluaiseacht sa trádáil sna táirgí sin agus go n-urramófar na gnáthchoinníollacha iomaíochta ina leith infheidhme freisin.

Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na rialacháin Eorpacha nó na cinntí Eorpacha lena mbunaítear na coinníollacha faoina mbeidh na forálacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír infheidhme ar na críocha sin.

AIRTEAGAL 9

Ní dhéanfaidh dlí an Aontais difear do na cearta as a dtairbhíonn náisiúnaigh na gcríoch sin sa Ríocht Aontaithe dá dtagraítear in Airteagal 8. Ar a shon sin, ní rachaidh forálacha dhlí an Aontais maidir le saorghluaiseacht daoine agus seirbhísí chun tairbhe dóibhsean.

AIRTEAGAL 10

Na forálacha sin den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach is infheidhme i gcás daoine nó gnóthas de réir bhrí Airteagal 196 den Chonradh sin, beidh feidhm acu i gcás na ndaoine nó na ngnóthas sin tráth a mbunaithe sna críocha dá dtagraítear in Airteagal 8 den Phrótagal seo.

AIRTEAGAL 11

Déanfaidh údaráis na gcríoch sin dá dtagraítéar in Airteagal 8 an chóir chéanna a chur i bhfeidhm maidir le gach duine, nádúrtha nó dlitheanach, de chuid an Aontais.

AIRTEAGAL 12

Más rud é, ar na socruithe a shainítéar sa Roinn seo a fheidhmiú, go n-éireoidh deacrachtaí de pháirt amháin nó de pháirt eile sa chaidreamh idir an tAontas agus na críocha sin dá dtagraítéar in Airteagal 8, molfaidh an Coimisiún don Chomhairle, gan mhoill, na bearta cosanta is dóigh leis a bheith riachtanach, ag sonrú na gcoinníollacha agus na modhanna feidhmiúcháin.

Glacfaidh an Chomhairle na rialacháin Eorpacha nó na cíntí Eorpacha iomchuí taobh istigh de mhí.

AIRTEAGAL 13

De réir bhrí na Roinne seo, measfar gur náisiúnach d'Oileáin Mhuir nIocht nó d'Oileán Mhanann gach saoránach Briotanach a bhfuil an tsaoránacht sin aige toisc gur rugadh, gur uchtaíodh, gur eadóirsíodh nó gur cláraíodh ar an oiléán i gceist, é féin, duine dá thuismitheoirí nó duine dá sheantuismitheoirí; ach ní mheasfar, ina leith sin, duine mar sin a bheith ina náisiúnach d'Oileáin Mhuir nIocht nó d'Oileán Mhanann má rugadh, má uchtaíodh, má eadóirsíodh nó má cláraíodh sa Ríocht Aontaithe, é féin, duine dá thuismitheoirí nó duine dá sheantuismitheoirí. Ná ní mheasfar sa cháil sin é má bhí gnáthchónaí air, tráth ar bith, ar feadh cúig bliana sa Ríocht Aontaithe.

Cuirfear in iúl don Choimisiún na forálacha riaracháin is gá chun na daoine i dtrácht a aithint.

Roinn 4

Forálacha a bhaineann le beartas tionsclaíochta agus
forbartha eacnamaíochta a chur i ngníomh in Éirinn

AIRTEAGAL 14

Tugann na Ballstáit dá n-aire go bhfuil Rialtas na hÉireann ag gabháil do bheartas tionsclaíochta agus forbartha eacnamaíochta a chur i ngníomh arb é is sprioc dó an caighdeán maireachtála in Éirinn a chur ar chomhréim le caighdeán maireachtála na mBallstát eile, deireadh a chur leis an tearcfhostaíocht agus san am céanna na difríochtaí sa leibhéal forbraíochta ó réigiún go chéile a chur ar ceal.

Is léir dóibh gurb é a gcomhleas é aidhmeanna an bheartais sin a ghnóthú agus comhaontaíonn siad ar a mholadh chun na críche sin do na hinstitiúidí gach meán agus gach nós imeachta dá bhforáiltear leis an mBunreacht, go háirithe úsáid leormhaith a dhéanamh de na hacmhainní de chuid an Aontais atá ceaptha chun a aidhmeanna a bhaint amach.

Is aithnid do na Ballstáit go háirithe gur gá, ag cur Airteagail III-56 agus III-57 den Bhunreacht i bhfeidhm dóibh, féachaint le forás a thabhairt faoin ngeilleagar agus feabhas a thabhairt ar chaighdeán maireachtála an phobail.

Roinn 5

Forálacha maidir le malartú faisnéise leis an Danmhairg i réimse an fhuinnimh núicléach

AIRTEAGAL 15

1. Amhail ón 1 Eanáir 1973, cuirfear ar láimh na Danmhairge an fhaisnéis a cuireadh i bhfios do Bhallstáit, do dhaoine agus do gnóthais, de réir Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus tabharfaidh an Danmhairg leathantas srianta di ina críoch, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Airteagal sin.
2. Amhail ón 1 Eanáir 1973, cuirfidh an Danmhairg ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a chomhoiread sin d'fhaisnéis sna hearnálacha a shonraítear i mír 3. Déanfar cuntas mionchruinn ar an bhfaisnéis sin a leagan amach i ndoiciméad a sheolfar go dtí an Coimisiún. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin i bhfios do ghnóthais an Chomhphobail faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

3. Is iad seo a leanas na hearnálacha ina bhfuil an Danmhairg le faisnéis a chur ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

- (a) imoibreoir DOR á mheasrú le huisce trom agus á chuisniú le leacht orgánach;
- (b) imoibreoirí uisce trom le brú-dhabhach DT-350, DK-400;
- (c) búкла gáis ardteochta;
- (d) córais ionstraimíochta agus trealamh leictreonach speisialta;
- (e) diongháilteacht;
- (f) fisic imoibreoirí, dinimic imoibreoirí agus malartú teasa;
- (g) tástálacha ar ábhair agus ar threalamh i gcarn.

4. Gabhann an Danmhairg uirthi féin go soláthroidh sí don Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach aon fhaisnéis is comhlánú ar na tuarascálacha a thabharfaidh sí, go háirithe le linn cuairteanna ag gníomhairí ón gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach nó ó na Ballstáit ar Airmheán Risö, faoi choinníollacha a chinnfear de thoil a chéile i ngach cás.

AIRTEAGAL 16

1. Sna hearnálacha ina gcuireann an Danmhairg faisnéis ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, déanfaidh na húdaráis inniúla ceadúnais a dheonú, arna n-iarraidh, ar théarmaí tráchtála, do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail, i gcásanna ina bhfuil cearta eisacha acu chun paitinní a comhdaíodh i mBallstáit an Chomhphobail agus sa mhéid nach mbeidh siad, i leith tríu páirtithe, faoi aon oibleagáid ná gealltanás ceadúnas eisiach nó páirt-eisiach a dheonú, ná beartú ar é a dheonú, chun na gceart sna paitinní sin.

2. Má deonaíodh ceadúnas eisach nó páirt-eisach, tabharfaidh an Danmhairg spreagadh agus cúnamh chun go ndeonófar focheadúnais, ar théarmaí tráchtála do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail, ó shealbhóirí na gceadúnas sin.

Is ar ghnáthbhonn tráchtála a dheonófar na ceadúnais eisacha nó páirt-eisacha sin.

Roinn 6

Forálacha maidir le malartú faisnéise le hÉirinn

i réimse an fhuinnimh núicléach

AIRTEAGAL 17

1. Amhail ón 1 Eanáir 1973, cuirfear ar láimh na hÉireann an fhaisnéis a cuireadh i bhfios do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais, de réir Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus tabharfaidh Éire leathantas shrianta di ina críoch, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Airteagal sin.
2. Amhail ón 1 Eanáir 1973, cuirfidh Éire ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach faisnéis le haghaidh leathantais shrianta a fuarthas sa réimse núicléach in Éirinn, sa mhéid nach le feidhmeanna tráchtála amháin a bhaineann sí. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin i bhfios do ghnóthais an Chomhphobail, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

3. Baineann an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 go príomha le staidéir ar fhorbairt imoibreora cumhachta agus le hobair ar rada-iséatóipí agus a n-úsáid sa mhíochaine, lena n-áirítear ceisteanna a bhaineann le radachosaint.

AIRTEAGAL 18

1. Sna hearnálacha ina gcuireann Éire faisnéis ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, déanfaidh na húdaráis inniúla ceadúnais a dheonú, arna n-iarraidh, ar théarmaí tráchtála do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail, i gcásanna ina bhfuil cearta eisiacha acu chun paitinní a comhdaíodh i mBallstáit an Chomhphobail, agus sa mhéid nach mbeidh siad, i leith tríu páirtithe, faoi aon oibleagáid ná gealltanás ceadúnas eisiach nó páirt-eisiach a dheonú, ná beartú ar é a dheonú, chun na gceart sna paitinní sin.
2. Má deonaíodh ceadúnas eisiach nó páirt-eisiach, tabharfaidh Éire spreagadh agus cúnamh chun go ndeonófar focheadúnais, ar théarmaí tráchtála, do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail ó shealbhóirí na gceadúnas sin.

Is ar ghnáthbhonn tráchtála a dheonófar na ceadúnais eisiacha nó páirt-eisiacha sin.

Roinn 7

Forálacha maidir le malartú fainseáise leis an Ríocht Aontaithe
i réimse an fhuinnimh núicléach

AIRTEAGAL 19

1. Amhail ón 1 Eanáir 1973, cuirfear ar láimh na Ríochta Aontaithe an fhaisnéis a cuireadh i bhffios do Bhallstáit, do dhaoine agus do gnóthais, de réir Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus tabharfaidh sí leathantas srianta di ina críoch, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Airteagal sin.
2. Amhail ón 1 Eanáir 1973, cuirfidh an Ríocht Aontaithe ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a chomhoiread sin d'fhaisnéis sna hearnálacha a shonraítear sa liosta atá san Iarscríbhinn¹ a ghabhann le Prótacal Uimh. 28 atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha Aontachais Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann. Déanfar cuntas mionchruinn ar an bhfaisnéis sin a leagan amach i ndoiciméad a sheolfar go dtí an Coimisiún. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin i bhffios do ghnóthais an Chomhphobail faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

¹ IO L 73, 27.3.1972, lch. 84

3. Toisc gur mó is suim leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach earnálacha áirithe seachas a chéile, cuirfidh an Ríocht Aontaithe béim ar leith ar fhaisnéis a thabhairt sna réimsí seo a leanas:

- (a) taighde agus forbairt ar luath-imoibreoirí (lena n-áirítar sábháilteacht);
- (b) taighde bunúsach (i ndáil le haicmí imoibreoirí);
- (c) sábháilteacht imoibreoirí, seachas luath-imoibreoirí;
- (d) miotalóireacht, cruach, cóimhiotail siorcóiniam agus coincréit;
- (e) comhoiriúnacht ábhar forganta;
- (f) monarú turgnamhach breoslai;
- (g) teirmihidridinimic;
- (h) ionstraimíocht.

AIRTEAGAL 20

1. Sna hearnálacha ina gcuireann an Ríocht Aontaithe faisnéis ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, déanfaidh na húdaráis inniúla ceadúnas a dheonú, arna n-iarraidh, ar théarmaí tráchtála, do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail, i gcásanna ina bhfuil cearta eisiacha acu chun paitinní a comhdaíodh i mBallstáit an Chomhphobail agus sa mhéid nach mbeidh siad, i leith tríú páirtithe faoi aon oibleagáid ná gealltanás ceadúnas eisiach nó páirt-eisiach a dheonú, ná beartú ar é a dheonú, chun na gceart sna paitinní sin.
2. Má deonaíodh ceadúnas eisiach nó páirt-eisiach, tabharfaidh an Ríocht Aontaithe spreagadh agus cúnamh chun go ndeonófar focheadúnais, ar théarmaí tráchtála do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail, ó shealbhóirí na gceadúnas sin.

Is ar ghnáthbhonn tráchtála a dheonófar na ceadúnais eisiacha nó páirt-eisiacha sin.

TEIDEAL III

FORÁLACHA ARNA dTÓGÁIL ÓN IONSTRAIM I dTAOBH CHOINNÍOLLACHA AONTACHAIS NA POBLACHTA HEILLÉANAÍ

Roinn 1

Forálacha maidir leis an bPoblacht Heilléanach do dhíolmhú dleachtanna
custaim ar allmhairí earraí áirithe

AIRTEAGAL 21

Ní chuirfidh Airteagal III-151 den Bhunreacht bac ar an bPoblacht Heilléanach bearta díolúine a
choimeád ar bun a deonaíodh roimh an 1 Eanáir 1979 de bhun na ndlíthe seo a leanas:

- (a) Dlí Uimh. 4171/61 (Bearta ginearálta chun cabhrú le forbairt gheilleagar na tíre),
- (b) Forógra-Dlí Uimh. 2687/53 (Infheistíocht agus cosaint chaipítil eachtrannaigh),

- (c) Dlí Uimh. 289/76 (Gríosuithe chun forbairt na gceantar teorann a chur chun cinn, agus rialú do gach ábhar gaolmhar leis sin),

go dtí dul in éag na gcomhaontuithe a bheidh tugtha i gcrích ag an Rialtas Heilléanach le tairbhithé na mbeart sin.

Roinn 2
Forálacha maidir le cánachas

AIRTEAGAL 22

Beidh feidhm ag na gníomhartha a shonraítear i bpointe II.2 d'Iarscríbhinn VIII¹ a ghabhann leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais na Poblachta Heilléanaí maidir leis an bPoblacht Heilléanach faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach san Iarscríbhinn sin, seachas na tagairtí do phointí 9 agus 18(b).

Roinn 3
Forálacha maidir le cadás

AIRTEAGAL 23

1. Bainfidh an Roinn seo le cadás, gan cardáil gan cíoradh, a bhaineann le fo-cheannteideal 520 100 den Ainmníocht Chomhcheangailte.

¹ IO L 291, 19.11.1979, lch. 163

2. Tionscnófar san Aontas córas arb iad seo a leanas, go háirithe, is cuspóirí dó:

- (a) tacú le táirgeadh an chadáis sna réigiún sin den Aontas mar a bhfuil sé tábhachtach don gheilleagar talmhaíochta,
- (b) a chumasú do na táirgeoirí atá i gceist tuilleamh cóir a ghnóthú,
- (c) an margadh a chobhsú trí struchtúir an tsoláthair agus na margaíochta a fheabhsú.

3. Folóidh an córas dá dtagraítear i mír 2 deonú cabhrach táirgthe.

4. D'fhonn a chumasú do tháirgeoirí cadáis an soláthar a chomhchruiinniú agus an táirgeadh a oiriúnú do riachtanais an mhargaidh, tionscnófar córas chun tacú le buíonta táirgeoirí agus cónaidhmeanna buíonta den sórt sin a bhunú.

Deonófar cabhracha faoin gcóras sin chun bunú buíonta de tháirgeoirí a ghríosú agus a bhfeidhmiú a éascú.

Ní thairbheoidh den chóras sin ach amháin buíonta:

- (a) a bheidh bunaithe ar chonlán na dtáirgeoirí féin;
- (b) a thabharfaidh ráthaíocht dhóthanach maidir le ré agus éifeacht a ngníomhaíochta;
- (c) a bheidh aitheanta ag an mBallstát a bheidh i gceist.

5. Ní chuirfear isteach ar chóras trádála an Aontais le tríú tíortha. I dtaca leis sin, ní fhéadfarr, ach go háirithe, aon bheart srianta ar allmhairí a leagan síos.

6. Bunófar le dlí Eorpach ón gComhairle aon oiriúnuithe is gá a dhéanamh ar an gcóras dá bhforáiltear sa Roinn seo.

Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na rialacháin Eorpacha agus na cíntí Eorpacha lena mbunófar na rialacha is gá chun na forálacha dá dtagraítear sa Roinn seo a chur chun feidhme.

Gníomhóidh an Chomhairle tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

Roinn 4

Forálacha maidir le forbairt eacnamaíoch agus thionsclaíoch na Gréige

AIRTEAGAL 24

Tugann na Ballstáit dá n-aire go bhfuil an Rialtas Heilléanach ag gabháil do bheartas tionsclaíochta agus forbartha eacnamaíche a chur i ngníomh arb é is sprioc dó an caighdeán maireachtála sa Ghréig a chur ar comhréim le caighdeán maireachtála na mBallstát eile, deireadh a chur leis an tearc fhostaíocht agus san am céanna na difríochtaí sa leibhéal forbartha ó réigiún go chéile a chur ar ceal.

Is aithnid dóibh gurb é a gcomhleas é aidhmeanna an bheartais sin a ghnóthú. Chun na críche sin cuirfidh na hinstítiúidí chun feidhme gach meán agus gach nós imeachta dá bhforáiltear leis an mBunreacht, go háirithe úsáid leormhaith a dhéanamh de na hacmhainní de chuid an Aontais atá ceaptha chun a aidhmeanna a bhaint amach.

Is gá go háirithe, ag cur Airteagail III-167 agus III-168 den Bhunreacht i bhfeidhm dóibh, forás eacnamaíoch agus feabhas chaighdeán maireachtála an phobail a chur san áireamh.

Roinn 5

Forálacha maidir le malartú faisnéise leis an nGréig
i réimse an fhuinnimh núicléach

AIRTEAGAL 25

1. Amhail ón 1 Eanáir 1981, cuirfear ar láimh na Poblachta Heilléanaí an fhaisnéis a cuireadh i bhffios do Bhallstáit, do dhaoine agus do gnóthais, de réir Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus tabharfaidh sí leathantas srianta di ina críoch, faoi na coinníollacha dá bhforáltear san Airteagal sin.
2. Amhail ón 1 Eanáir 1981, cuirfidh an Phoblacht Heilléanach ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach faisnéis le haghaidh leathantais shrianta a fuarthas sa réimse núicléach sa Ghréig, sa mhéid nach le feidhmeanna tráchtala amháin a bhaineann sí. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin i bhffios do ghnóthais an Chomhphobail, faoi na coinníollacha dá bhforáltear in Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.
3. Baineann an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 go príomha leis na hábhair seo a leanas:
 - (a) staidéir ar úsáid rada-iseatóipí sna réimsí seo a leanas: míochaine, talmhaíocht, feithideolaíocht, cosaint an chomhshaoil,
 - (b) teicníocht núicléach a chur i bhfeidhm san ársaimhéadracht,
 - (c) gaireas leictreonach leighis a fhorbairt,
 - (d) modhanna taiscealaíochta mianach radaighníomhach a fhorbairt.

AIRTEAGAL 26

1. Sna hearnálacha ina gcuireann an Phoblacht Heilléanach faisnéis ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, déanfaidh na húdaráis inniúla ceadúnais a dheonú, arna n-iarraidh, ar théarmaí tráchtála do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail, i gcásanna ina bhfuil cearta eisiacha acu chun paitinní a comhdaíodh i mBallstáit an Chomhphobail, agus sa mhéid nach mbeidh siad, i leith tríu páirtithe, faoi aon oibleagáid ná gealltanás ceadúnas eisiach nó páirt-eisiach a dheonú, ná beartú ar é a dheonú, chun na gceart sna paitinní sin.
2. Má deonaíodh ceadúnas eisiach nó páirt-eisiach, tabharfaidh an Phoblacht Heilléanach spreagadh agus cúnamh chun go ndeonófar focheadúnais, ar théarmaí tráchtála, do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ó shealbhóirí na gceadúnas sin.

Is ar ghnáthbhonn tráchtála a dheonófar na ceadúnais eisiacha nó páirt-eisiacha sin.

TEIDEAL IV

FORÁLACHA ARNA dTÓGÁIL ÓN IONSTRAIM I dTAOBH CHOINNÍOLLACHA AONTACHAIS PHOBLACHT NA PORTAINGÉILE AGUS RÍOCHT NA SPÁINNE

Roinn 1

Forálacha airgeadais

AIRTEAGAL 27

Déanfar na hacmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a ríomh agus a iniúchadh amhail is dá mbeadh na hOileáin Chanáracha agus Ceuta agus Melilla áirithe i raon feidhme críochach an tSéú Treoir darb uimhir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhchuibhiú ar reachtaíocht na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais – comhchóras na gcánacha breisluacha: aonbhonn measúnachta.

Roinn 2
Forálacha maidir le paitinní

AIRTEAGAL 28

Na forálacha sin de reachtaíocht náisiúnta na Spáinne a bhaineann leis an dualgas cruthúnais, arna nglacadh i gcomhréir le mír 2 de Phrótacal Uimh. 8 den Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile,ní bheidh feidhm acu i gcás imeachtaí um shárú a thionscnófar in aghaidh dílseanaigh phaitinne eile do phróiseas chun táirge a mhonarú is ionann agus an táirge a fuarthas de bharr phróiseas paitinnithe an ghearánaí, má deonaíodh an phaitinn eile roimh an 1 Eanáir 1986.

I gcásanna nach mbíonn feidhm le haistriú an dualgais chruthúnais, féadfaidh Ríocht na Spáinne leanúint den dualgas cruthúnais um shárú a chur ar dhílseánach na paitinne. I ngach aon chás díobh sin, áfach, cuirfidh Ríocht na Spáinne nós imeachta breithiúnach i bhfeidhm dá ngairtear "tochsáil tuairisce".

Ciallaíonn "tochsáil tuairisce" nós imeachta is cuid de chóras dá dtagraítear sa chéad mhír agus sa dara mír, ina bhféadfaidh duine ar bith atá i dteideal imeachtaí um shárú a thionscnamh tar éis ordú cúirte a fháil, arna thabhairt ar iarratas uaidh, a chur faoi deara go ndéanfaidh báille, le cuidiú saineolaithe, tuairisciú mionchruinn, in áitreabh an té a líomhnaítear an sárú air, ar na próisis atá faoi chonspóid, go háirithe trí fhótachóipeanna a dhéanamh de cháipéisí teicniúla, i dteannta nó d'uireasa tochsail iarbhír. Féadfaidh ordú sin na cúirte a phoráil go n-íocfar urrús chun damáistí a dhámhachtain don té a líomhnaítear an sárú air i gcás díobháil a bhaint dó de bharr an "tochsáil tuairisce".

AIRTEAGAL 29

Na forálacha sin de reachtaíocht náisiúnta na Portaingéile a bhaineann leis an dualgas cruthúnais, arna nglacadh i gcomhréir le mír 2 de Phrótacl Uimh. 19 den Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile,ní bheidh feidhm acu i gcás imeachtaí um shárú a thionscnófar in aghaidh dílseanaigh phaitinne eile do phróiseas chun táirge a mhonarú is ionann agus an táirge a fuarthas de bharr phróiseas paitinnithe an ghearánaí, má deonaíodh an phaitinn eile roimh an 1 Eanáir 1986.

I gcásanna nach mbíonn feidhm le haistriú an dualgais chruthúnais, féadfaidh Poblacht na Portaingéile leanúint den dualgas cruthúnais um shárú a chur ar dhílseánach na paitinne. I ngach aon chás díobh sin, áfach, cuirfidh Poblacht na Portaingéile nós imeachta breithiúnach i bhfeidhm dá ngairtear "tochsáil tuairisce".

Ciallaíonn "tochsáil tuairisce" nós imeachta is cuid de chóras dá dtagraítear sa chéad mhír agus sa dara mír, ina bhféadfaidh duine ar bith atá i dteideal imeachtaí um shárú a thionscnamh tar éis ordú cúirte a fháil, arna thabhairt ar iarratas uaidh, a chur faoi deara go ndéanfaidh báille, le cuidiú saineolaithe, tuairisciú mionchruinn, in áitreabh an té a líomhnaítear an sárú air, ar na próisis atá faoi chonspóid, go háirithe trí fhótachóipeanna a dhéanamh de chápéisí teicniúla, i dteannta nó d'uireasa tochsaill iarbhír. Féadfaidh ordú sin na cúirte a fhoráil go n-íocfar urrús chun damáistí a dhámhachtain don té a líomhnaítear an sárú air i gcás díobháil a bhaint dó de bharr an "tochsáil tuairisce".

Roinn 3

Forálacha maidir leis an sásra le haghaidh freagrachtaí breise faoi chuimsiú na gcomhaontuithe iascaigh a rinne an tAontas le tríú tíortha

AIRTEAGAL 30

1. Déanfar sainchóras a thioscnamh ina bhfeidhmeofar oibríochtaí a sheolfar de bhrefis is de bharr ar na gníomhaireachtaí iascaireachta a bhíonn ar siúl ag báid faoi bhratach Ballstát sna huisceí a bhaineann le ceannasacht nó le dlínse tríú tíre faoi chuimsiú na bhfreagraíochtaí a bhunaítear faoi na comhaontuithe iascaigh a rinne an tAontas leis na tríú tíortha i dtrácht.
2. Na hoibríochtaí a mheastar gur dóigh dóibh teacht chun cinn mar brefris ar na gníomhaíochtaí iascaireachta, faoi réir na gcoinníollacha agus laistigh de na teorainneacha dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4, baineann siad le:
 - (a) táirgí iascaireachta a mbéarfaidh báid faoi bhratach Ballstáit orthu in uiscí tríú tíre agus iad i mbun iascaireachta de bhua feidhmiú comhaontú iascaigh a phróiseáil i gcríoch an tríú thír i dtrácht d'fhoinn go gcuirfí na táirgí sin ar mhargadh an Aontais faoi cheannteidil taraife faoi Chaibidil 3 den Chomhtharaif Chustaim,
 - (b) táirgí iascaireachta faoi Chaibidil 3 den Chomhtharaif Chustaim a luchtú, nó a thrasloingsiú ar bhád faoi bhratach Ballstáit a tharlaíonn faoi chuimsiú na ngníomhaíochtaí dá bhforáiltear i gcomhaontú iascaigh den sórt sin d'fhoinn na táirgí sin a iompar agus a phróiseáil lena gcur ar mhargadh an Aontais.

3. Déanfar an t-allmhairíú isteach san Aontas ar tháirgí lena mbaineann na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 2 a chur i gcrích faoi réir dhleachtanna na Comhtharaife Custaim a fhionraí go hiomlán nó go páirteach nó faoi réir córais speisialta muirear, ach sin faoi na coinníollacha agus teorainneacha breisíocha a shocrófar gach bliain i ndáil le méid na n-árach iascaireachta a thig as na comhaontuithe i dtrácht agus ó na rialacha mionchruinne a ghabhann leo.

4. Leagfaidh dlíthe Eorpacha nó dlíthe réime Eorpacha síos rialacha ginearálta chur i bhfeidhm an chórais seo agus go háirithe critéir chun cionroinnt a dhéanamh ar na cainníochtaí i dtrácht.

Glacfar modhanna cur chun feidhme an chórais seo agus na cainníochtaí atá i gceist de réir nós imeachta Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 104/2000.

Roinn 4

Forálacha maidir le Ceuta agus Melilla

Foroinn 1

Forálacha ginearálta

AIRTEAGAL 31

1. Beidh feidhm ag an mBunreacht agus ag gníomhartha na n-institiúidí maidir le Ceuta agus le Melilla faoi réir na maoluithe dá bhforáiltear i míreanna 2 agus 3 agus fhorálacha eile na Roinne seo.

2. Sainítear i bhForoinn 3 den Roinn seo na coinníollacha faoina mbeidh feidhm maidir le Ceuta agus le Melilla ag forálacha an Bhunreachta maidir le saorghluaiseacht earraí agus ag gníomhartha na n-institiúidí a bhaineann le reachtaíocht chustaim agus le beartas trachtála.
3. Gan dochar d'fhorálacha sonracha Airteagal 32,ní bheidh feidhm ag gníomhartha na n-institiúidí a bhaineann leis an gcomhbheartas talmhaíochta agus leis an gcomhbheartas iascaigh maidir le Ceuta ná le Melilla.
4. Ar iarratas ó Ríocht na Spáinne, féadfaidh dlí Eorpach nó dlí réime Eorpach ón gComhairle:
 - (a) a chinneadh go n-áireofar Ceuta agus Melilla i gcríoch custaim an Aontais;
 - (b) na bearta iomchuí a shocrú chun go gcuirfear na forálacha sin den reachtaíocht Aontais is infheidhme i mbaint le Ceuta agus le Melilla.

Ar thogra ón gCoimisiún uaidh féin nó ar iarratas ó Bhallstát, féadfaidh an Chomhairle dlí Eorpach nó dlí réime Eorpach a ghlacadh chun aon oiriúnuithe is gá a dhéanamh ar an gcóras is infheidhme ar Ceuta agus ar Melilla.

Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

Foroinn 2

Forálacha maidir leis an gcomhbheartas iascaigh

AIRTEAGAL 32

1. Faoi réir mhír 2 agus gan dochar d'fhoroinn 3, ní bheidh feidhm ag an gcomhbheartas iascaigh maidir le Ceuta ná le Melilla.
2. Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na dlíthe Eorpacha, na dlíthe réime Eorpacha, na rialacháin Eorpacha nó na cinntí Eorpacha lena:
 - (a) socrófar na bearta struchtúrtha a d'fhéadfaí a ghlacadh i bhfabhar Ceuta agus Melilla;
 - (b) socrófar modhanna iomchuí chun leasanna Ceuta agus Melilla a chur san áireamh, go hiomlán nó go páirteach, sna gníomhartha a ghlacfaidh sí, gach cás ar a fhiúntas féin, maidir le caibidlí an Aontais d'fhoinn comhaontuithe iascaigh a fhadú nó a thabhairt i gcrích le tríú tíortha agus chun leasanna speisialta Ceuta agus Melilla a chur san áireamh sna coinbhinsiúin iascaigh idirnáisiúnta ar páirtí conarthach iontu an tAontas.
3. Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na dlíthe Eorpacha, na dlíthe réime Eorpacha, na rialacháin Eorpacha nó na cinntí Eorpacha lena gcinnfear, más iomchuí, áraigh agus coinníollacha comhrochtana ar na limistéir iascaireachta, faoi seach, agus ar acmhainní na limistéar sin. Gníomhóidh sí d'aon toil.

4. Glacfar na dlíthe Eorpacha nó na dlíthe réime Eorpacha dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

Foroinn 3

Forálacha maidir le saorghluaiseacht earraí, reachtaíocht chánach
agus beartas tráchtála

AIRTEAGAL 33

1. Measfar nach earraí a chomhlíonann na coinníollacha i míreanna 1 go 3 d'Airteagal III-151 den Bhunreacht tárgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla ná tárgí ó thríú tíortha a allmhairítear isteach in Ceuta nó in Melilla faoi chuimisiú na gcóras is infheidhme ina leith sna críocha sin, ar iad do theacht ar saorchúrsaíocht i gcríoch custaim an Aontais.
2. Ní bheidh Ceuta agus Melilla ina gcuid de chríoch custaim an Aontais.
3. Mura bhforáiltear a mhalaírt san Fhoroinn seo, beidh gníomhartha na n-institiúidí maidir le reachtaíocht chustaim a bhaineann le trádáil eachtrach infheidhme, faoi réir na gcoinníollacha céanna, ar an trádáil idir críoch custaim an Aontais, de thaobh amháin, agus Ceuta agus Melilla, den taobh eile.
4. Mura bhforáiltear a mhalaírt san Fhoroinn seo, ní bheidh gníomhartha na n-institiúidí i dtaca leis an gcomhbheartas tráchtála, cibé acu is gníomhartha uathrialacha ná gníomhartha coinbhinsiúnta iad, a bhfuil baint dhíreach acu le hallmhairíú ná le honnmhairíú earraí, infheidhme maidir le Ceuta agus Melilla.
5. Mura bhforáiltear a mhalaírt sa Teideal seo, cuirfidh an tAontas i bhfeidhm ina chuid trádála le Ceuta agus Melilla maidir le tárgí faoi Iarscríbhinn I a ghabhann leis an mBunreacht an córas ginearálta céanna a chuireann sé i bhfeidhm ina thrádáil eachtrach.

AIRTEAGAL 34

Gan dochar d'Airteagal 35, díothófar na dleachtanna custaim ar allmhairiú, i gcríoch custaim an Aontais, táirgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla.

AIRTEAGAL 35

1. Tairbheoidh na táirgí iascaigh faoi cheannteidil Uimh. 03.01, 03.02, 03.03, 16.04 agus 16.05 agus faoi fhocheannteidil 05.11.91 agus 23.01.20 den Chomhtharaif Chustaim is de thionscnamh Ceuta agus Melilla, de dhíolúine ó dhleachtanna custaim i gcríoch custaim uile an Aontais, go feadh méid na dtaraif-chuótaí a ríomhfar de réir táirge agus mheán na gcainníochtaí a diúscraíodh iarbhír sna blianta 1982, 1983 agus 1984.

Nuir a ligfear ar saorchúrsaíocht na táirgí a tugadh isteach i gcríoch custaim an Aontais faoi chuimsiú na dtaraif-chuótaí seo, beidh siad faoi réir na rialacha dá bhforálann comheagraíocht na margáí, agus na bpraghhsanna tagartha, go speisialta.

2. Socróidh an Chomhairle gach bliain, ar thogra ón gCoimisiún, na rialacháin Eorpacha nó na cinntí Eorpacha maidir le taraif-chuótaí a oscailt agus a dháileadh de réir na modhanna dá bhforáiltear i mír 1.

AIRTEAGAL 36

1. Má thig mórmhéadú ar allmhairiú táirgí áirithe de thionscnamh Ceuta agus Melilla a rachadh chun dochair do tháirgeoirí Aontais de dhroim Airteagal 34 a bheith á chur i bhfeidhm, féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, rialacháin Eorpacha nó cinntí Eorpacha a ghlacadh chun coinníollacha speisialta a chur i mbaint le hallmhairiú na dtáirgí sin isteach i gcríoch custaim an Aontais.

2. Má dhéanann, nó más dóigh go ndéanfadh, allmhairiú táirge de thionscnamh Ceuta nó Melilla mórdhíobháil do ghníomhaíocht táirgíochta i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit de bharr nach bhfuil an comhbheartas tráchtala ná an Chomhtharaif Chustaim á gcur i bhfeidhm ar allmhairiú amhábhar nó táirgí idirmheánacha isteach in Ceuta agus in Melilla, féadfaidh an Coimisiún, ar iarratas ó Bhallstát, nó ar a thionscnamh féin, na bearta iomchuí a ghlacadh.

AIRTEAGAL 37

Díothófar na dleachtanna custaim ar allmhairiú isteach in Ceuta agus Melilla táirgí de thionscnamh chríoch custaim an Aontais mar aon le haon mhuirear comhéifeachta.

AIRTEAGAL 38

Maidir leis na dleachtanna custaim agus na muirir ar comhéifeacht leis na dleachtanna sin agus an córas trádála a chuirtear i bhfeidhm i leith táirgí a allmhairítéar isteach in Ceuta agus Melilla ó thríú thír, ní lú fabhar dóibh ná an fabhar a chuireann an tAontas i bhfeidhm de réir a oibleagáidí idirnáisiúnta nó a chomhshocraíochtaí fabhair i leith an tríú thír sin, ach sin ar an gcoinníoll go gcuirfidh an tríú thír sin an chóir chéanna chun feidhme ar allmhairiú ó Ceuta agus Melilla a chuireann sí chun feidhme ar allmhairiú ón Aontas. Ar a shon sin, ní fhéadfaidh an chóir a chuirtear i bhfeidhm maidir le hallmhairiú isteach in Ceuta agus in Melilla ón tríú thír sin a bheith níos fabhraí ná an chóir a chuirtear i bhfeidhm maidir le táirgí a allmhairítéar ó chríoch custaim an Aontais.

AIRTEAGAL 39

Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na rialacháin Eorpacha nó na ciuntí Eorpacha lena socrófar rialacha feidhmiúcháin na Foroinne seo agus go háirithe na rialacha tionscnaimh is infheidhme sa trádáil, dá dtagraítear in Airteagail 34, 35 agus 37, lena n-áirítear na forálacha a bhaineann le táirgí tionscnaimh a aithint agus tionscnamh a rialú.

Cuimseoidh na rialacha, go háirithe, forálacha maidir le marcáil agus/nó lipéadú, coinníollacha cláraithe soithí agus feidhmiú na rialach maidir le comhshuimiú na dtionscnamh i gcás táirgí éisc maille le forálacha chun tionscnamh na dtáirgí a shocrú.

Roinn 5

Forálacha maidir le forbairt réigiúnach na Spáinne

AIRTEAGAL 40

Tugann na Ballstáit dá n-aire go bhfuil Rialtas na Spáinne ag gabháil do bheartas forbartha réigiúnaí a chur i ngníomh atá ceaptha go háirithe chun fás eacnamaíoch réigiúin agus limistéir lagfhorbartha na Spáinne a spreagadh.

Is aithnid dóibh gurb é a gcomhleas é aidhmeanna an bheartais sin a ghnóthú.

Comhaontaíonn siad, d'fhonn cabhrú le Rialtas na Spáinne chun an cúram sin a chur i gcrích, a mholadh do na hinstiúidí gach meán agus gach nós imeachta dá bhforáiltear leis an mBunreacht a fheidhmiú, go háirithe trí úsáid leormhaith a bhaint as na hacmhainní de chuid an Aontais atá ceaptha chun aidhmeanna an Aontais a bhaint amach;

Is aithnid do na Ballstáit go háirithe gur gó, ag cur Airteagail III-167 agus III-168 den Bhunreacht i bhfeidhm dóibh, féachaint le forás a thabhairt faoin ngeilleagar agus feabhas a thabhairt ar chaighdeán maireachtála phobal réigiúin agus limistéir lagfhorbartha na Spáinne.

Roinn 6

Forálacha maidir le forbairt eacnamaíoch agus tionscail na Portaingéile

AIRTEAGAL 41

Tugann na Ballstáit dá n-aire go bhfuil Rialtas na Portaingéile ag gabháil do bheartas tionscail agus forbartha eacnamaíochta a chur i ngníomh atá ceaptha chun an caighdeán maireachtála sa Phortaingéil a chur ar comhréim le caighdeán na mBallstát eile, deireadh a chur leis an tearc fhostaíocht agus, san am céanna, na difríochtaí sa leibhéal forbartha ó réigiún go chéile a chur ar ceal.

Is aithnid dóibh gurb é a gcomhleas é aidhmeanna an bheartais sin a ghnóthú.

Comhaontaíonn siad ar a mholadh chun na críche sin do na hinstiúidí gach meán agus gach nós imeachta dá bhforáiltear leis an mBunreacht, go háirithe úsáid leormhaith a bhaint as na hacmhainní de chuid an Aontais atá ceaptha chun a aidhmeanna a bhaint amach.

Is aithnid do na Ballstáit go háirithe gur gá, ag cur Airteagail III-167 agus III-168 den Bhunreacht i bhfeidhm dóibh, féachaint le forás a thabhairt faoin ngeilleagar agus feabhas a thabhairt ar chaighdeán maireachtála an phobail.

Roinn 7

Forálacha maidir le malartú faisnéise le Ríocht na Spáinne i réimse an fhuinnimh núicléach

AIRTEAGAL 42

1. Amhail ón 1 Eanáir 1986, cuirfear ar láimh Ríocht na Spáinne an fhaisnéis a cuireadh i bhfios do Bhallstáit, do dhaoine agus do gnóthais, de réir Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus tabharfaidh Ríocht na Spáinne leathantas srianta di ina críoch, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Airteagal sin.
2. Amhail ón 1 Eanáir 1986, cuirfidh Ríocht na Spáinne ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach faisnéis le haghaidh leathantas srianta a fuarthas sa réimse núicléach sa Spáinn sa mhéid nach le feidhmeanna tráchtála amháin a bhaineann sí. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin i bhfios do ghnóthais an Chomhphobail faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.
3. Baineann an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 go príomha leis na hábhair seo a leanas:
 - (a) fisic núicléach (lagfhuinneamh agus ardfhuinneamh);

- (b) cosaint ar radaíocht;
- (c) úsáid iseatóipí, go háirithe iseatóipí cobhsaí;
- (d) imoibreoirí taighde agus na breoslaí a bhaineann leo;
- (e) taighde maidir le timthriall an bhreosla (go ró-áirithe mianadóireacht agus próiseáil mhianaigh ísealcháilíochta úráiniam; barr foirfeachta a chur ar eilimintí breosla d'imoibreoirí cumhacta).

AIRTEAGAL 43

1. Sna hearnálacha ina gcuireann Ríocht na Spáinne faisnéis ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, déanfaidh na húdaráis inniúla ceadúnais a dheonú, arna n-iarraidh, ar théarmaí tráchtála, do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail, i gcásanna ina bhfuil cearta eisiacha acu chun paitinní a comhdaíodh i mBallstáit agus sa mhéid nach mbeidh siad, i leith tríú páirtithe, faoi aon oibleagáid ná gealltanais ceadúnas eisiach nó páirt-eisiach a dheonú, ná a dheonú sin a thairiscint, chun na gcearta sna paitinní sin.
2. Má deonaíodh ceadúnas eisiach nó páirt-eisiach, tabharfaidh Ríocht na Spáinne spreagadh agus cúnamh chun go ndeonófar focheadúnais, ar théarmaí tráchtála do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail, ó shealbhóirí na gceadúnas sin.

Is ar ghnáthbhonn tráchtála a dheonófar na ceadúnais eisiacha nó páirt-eisiacha sin.

Roinn 8

Forálacha maidir le malartú faisnéise le Poblacht na Portaingéile
i réimse an fhuinnimh núicléach

AIRTEAGAL 44

1. Amhail ón 1 Eanáir 1986, cuirfear ar láimh Phoblacht na Portaingeile an fhaisnéis a cuireadh i bhffios do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais, de réir Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus tabharfaidh Poblacht na Portaingéile leathantas srianta di ina críoch, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Airteagal sin.
2. Amhail ón 1 Eanáir 1986, cuirfidh Poblacht na Portaingéile ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach faisnéis le haghaidh leathantas srianta a fuarthas sa réimse núicléach sa Phortaingéil, sa mhéid nach le feidhmeanna tráchtala amháin a bhaineann sí. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin i bhffios do ghnóthais an Chomhphobail, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.
3. Baineann an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 go príomha leis na hábhair seo a leanas:
 - (a) dinimic imoibreoirí;
 - (b) cosaint ar radaíocht;
 - (c) úsáid teicníochtaí núicléacha tomhais (i réimsí an tionscail, na talmhaíochta, na seandálaíochta agus na geolaíochta);

- (d) fisic adamhach (tomhas éifeachtúil trasghearrthacha, teicníochtaí maidir le píblínte);
- (e) miotalóireacht bainte úráiniam.

AIRTEAGAL 45

1. Sna hearnálacha ina gcuireann Poblacht na Portaingéile faisnéis ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, déanfaidh na húdaráis inniúla ceadúnais a dheonú, arna n-iarraidh, ar théarmaí tráchtála do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail, i gcásanna ina bhfuil cearta eisiacha acu chun paitinní a comhdaíodh i mBallstáit, agus sa mhéid nach mbeidh siad, i leith tríu páirtithe, faoi aon oibleagáid ná gealltanás ceadúnas eisiach nó páirt-eisiach a dheonú, ná a dheonú sin a thairisicint, chun na gceart sna paitinní sin.
2. Má deonaíodh ceadúnas eisiach nó páirt-eisiach, tabharfaidh Poblacht na Portaingéile spreagadh agus cúnamh chun go ndeonófar focheadúnais, ar théarmaí tráchtála, do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail ó shealbhóirí na gceadúnas sin.

Is ar ghnáthbhonn tráchtála a dheonófar na ceadúnais eisiacha nó páirt-eisiacha sin.

TEIDEAL V

FORÁLACHA ARNA dTÓGÁIL ÓN IONSTRAIM I dTAOBH
CHOINNÍOLLACHA AONTACHAIS
PHOBLACHT NA hOSTAIRE,
PHOBLACHT NA FIONLAINNE AGUS RÍOCHT NA SUALAINNE

Róinn 1
Forálacha airgeadais

AIRTEAGAL 46

Déanfar acmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreislúachá a ríomh agus a sheiceáil amhail is dá mbeadh Oileán Åland áirithe i raon feidhme críochach an tSéú Treoir darb uimhir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977, maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais - comhchóras na cánach breislúachá: aonbhonn measúnachta.

Roinn 2
Forálacha maidir leis an talmhaíocht

AIRTEAGAL 47

Nuair atá deacrachtaí tromchúiseacha ann de thoradh an aontachais agus nuair a mhaireann siad i ndiaidh earraíocht iomlán a bhaint as Airteagal 48 agus as na bearta eile a leanann ó na rialacha atá ann san Aontas, féadfaidh an Coimisiún cinneadh Eorpach a ghlacadh lena n-údarófar don Fhionlainn cabhracha náisiúnta a dheonú do tháirgeoirí chun a lánpháirtíocht iomlán sa chomhbheartas talmhaíochta a éascú.

AIRTEAGAL 48

1. Glacfaidh an Coimisiún cinntí Eorpacha lena n-údarófar don Fhionlainn agus don tSualainn cabhracha náisiúnta fadtéarmacha a dheonú d'fhoí a áirithíú go ndéanfar an ghníomhaíocht talmhaíochta a chothabháil i réigiúin shonracha. Ba chóir a áireamh ar na réigiúin sin na hachair thalmhaíochta atá suite lastuaidh den 62ú Líne Dhomhanleithid agus roinnt réigiún tadhlaich laisteach den líne dhomhanleithid sin a bhfuil dálaí aeráide inchomórtais ag fearadh orthu agus a bhfuil an ghníomhaíocht talmhaíochta fiordhuaisiúil iontu dá mbarr.
2. Is é an Coimisiún a chinnfidh na réigiúin dá dtagraítear i mír 1, ag cur san áireamh go háirithe:
 - (a) an dlús íseal daonra;
 - (b) cion an talaimh thalmhaíochta san achar foriomlán;

- (c) cion an talaimh thalmhaíochta atá tugtha suas do bharr curaíochta atá ceaptha mar bhia don duine, san achar talmhaíochta a úsáidtear.

3. Féadfaidh na cabhracha náisiúnta sin dá bhforáltear i mír 1 a bheith bainteach le tosca fisiceacha, amhail heicteáir de thalamh talmhaíochta nó cinn ainmhithe ag cur san áireamh na dteorainneacha ábhartha atá leagtha síos i gcomheagraíochtaí an mhargaidh, mar aon le gréasáin stairiúla táirgeachta gach feirme, ach ní dhlífear:

- (a) iad a nascadh le táirgeacht thodhchaí;
- (b) ná go dtiocfaidh astu méadú ar an táirgeacht ná ar leibhéal na tacaíochta foriomláine arna thaifeadadh le linn tréimhse tagartha roimh an 1 Eanáir 1995, a chinnfidh an Coimisiún.

Féadfar na cabhracha a dhifreáil de réir an réigiúin.

Ní mór na cabhracha sin a dheonú go háirithe d'fhoínn:

- (a) táirgeacht phríomhúil agus próiseáil atá traidisiúnta agus a oireann go nádúrtha do dhálaí aeráide na réigiún i dtrácht a chothabháil;
- (b) na struchtúir a fheabhsú chun táirgí talmhaíochta a tháirgeadh, a mhargú agus a phróiseáil;
- (c) diúscairt na dtáirgí sin a éascú;
- (d) cosaint an chomhshaoil agus caomhnú na tuaithe a áirithiú.

AIRTEAGAL 49

1. Cuirfear in iúl don Choimisiún na cabhracha dá bhforáiltéar in Airteagail 47 agus 48 agus aon chabhair náisiúnta eile atá faoi réir údarú ón gCoimisiún faoin Teideal seo. Ní fhéadfarr iad a chur i bhfeidhm go dtí go dtabharfar an t-údarú sin.
2. Maidir leis na cabhracha dá bhforáiltéar in Airteagal 48, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid na Comhairle gach cúig bliana ón 1 Eanáir 1996 ar aghaidh:
 - (a) ar na húdaruithe a deonaíodh;
 - (b) ar thorthaí na cabhrach a deonaíodh faoi na húdaruithe sin.

D'fhonn tarraingt suas tuarascálacha den sórt sin a ullmhú, cuirfidh Ballstáit a fuair na húdaruithe sin faisnéis ar fáil don Choimisiún in am tráthá ar éifeachtaí na gcabhracha a deonaíodh, ag taispeáint an fhórás a tugadh faoi deara i ngeilleagar talmhaíochta na réigiún i gceist.

AIRTEAGAL 50

I réimse na gcabhracha dá bhforáiltéar in Airteagail III-167 agus III-168 den Bhunreacht:

- (a) i measc na gcabhracha arna gcur i bhfeidhm san Ostair, san Fhionlainn agus sa tSualainn roimh an 1 Eanáir 1995, measfar gurb iad na cabhracha a cuireadh in iúl don Choimisiún faoin 30 Aibreán 1995 amháin atá ann de réir bhrí Airteagal III-168(1) den Bhunreacht;
- (b) measfar gur cuireadh in iúl an 1 Eanáir 1995 cabhracha atá ann agus pleannanna atá ceaptha chun cabhracha a dheonú nó a athrú arna gcur in iúl don Choimisiún roimh an dáta sin.

AIRTEAGAL 51

1. Mura bhforáltear a mhalaírt i gcásanna sonracha, déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na rialacháin Eorpacha nó na cinntí Eorpacha a ghlacadh is gá chun an Roinn seo a chur chun feidhme.
2. Féadfaidh dlí Eorpach ón gComhairle na hoiriúnuithe is gá ar na forálacha sa Roinn seo a dheánamh de dheasca leasaithe ar dhlí an Aontais. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún.

AIRTEAGAL 52

1. Más gá bearta idirthréimhseacha chun an trasdul a éascú ón gcóras atá ann san Ostair, san Fhionlainn agus sa tSualainn go dtí an córas a leanfaidh ó chomheagraíocht na margáí a chur i bhfeidhm faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Ionstraim i dtaobh Aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne, glacfar bearta den sórt sin i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 38 de Rialachán Uimh. 136/66/CEE nó, más ionchuí, in Airteagail chomhfhereagracha na Rialachán eile maidir le comheagraíocht na margáí talmhaíochta. Féadfar na bearta sin a ghlacadh le linn tréimhse a rachaidh in éag an 31 Nollaig 1997 agus ní rachaidh a gcur i bhfeidhm thar an dáta sin.
2. Féadfaidh dlí Eorpach ón gComhairle an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 a fhadú. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

AIRTEAGAL 53

Beidh Airteagail 51 agus 52 infheidhme maidir le táirgí iascaigh.

Roinn 3

Forálacha maidir le bearta idirthréimhseacha

AIRTEAGAL 54

Beidh feidhm ag na gníomhartha atá liostaithe i bpointí VII.B.I, VII.D.1, VII.D.2.c, IX.2.b, c, f, g, h, i, j, l, m, n, x, y, z agus aa, agus X.a, b agus c d'Iarscríbhinn XV¹ a ghabhann leis an Ionstraim i dtaobh Chóinníollacha Aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne maidir leis an Ostair, leis an bhFionlainn agus le Ríocht na Sualainne faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbhinn sin.

Maidir le pointe IX.2.x d'Iarscríbhinn XV dá dtagraítear sa chéad mhír, ní mór an tagairt d'fhorálacha an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, go háirithe d'Airteagail 95 agus 96 de, a thuiscent mar thagairt d'fhorálacha an Bhunreachta, go háirithe d'Airteagal III-170(1) agus (2) de.

¹ IO C 241, 29.8.1994, lch. 322.

Roinn 4

Forálacha maidir le hinfheidhmeacht gníomhartha áirithe

AIRTEAGAL 55

1. Aon chinntí leithleacha díolúine arna nglacadh agus aon chinntí maidir le himréiteach diúltach arna nglacadh roimh an 1 Eanáir 1995, ag Údarás Faireacháin Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) nó ag an gCoimisiún, faoi Airteagal 53 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) nó Airteagal 1 de Phrótacal 25 atá i gceangal leis an gComhaontú sin, agus a bhaineann le cásanna a thig faoi Airteagal 81 den Chonradh ag bunú an Chomhpobail Eorpaigh de thoradh an aontachais, leanfaidh siad de bheith bailí chun críocha Airteagal III-161 den Bhunreacht go dtí go rachaidh an tréimhse atá sonraithe iontu in éag nó go dtí go nglacfaidh an Coimisiún a mhalaир de chinneadh Eorpach cuí-réasúnaithe, i gcomhréir le dlí an Aontais.
2. Na cinntí uile arna nglacadh ag Údarás Faireacháin CSTE roimh an 1 Eanáir 1995 de bhun Airteagal 61 de Chomhaontú LEE agus a thig faoi Airteagal 87 den Chonradh ag bunú an Chomphobail Eorpaigh de thoradh an aontachais, leanfaidh siad de bheith bailí i leith Airteagal III-167 den Bhunreacht mura nglacfaidh an Coimisiún a mhalaир de chinneadh Eorpach de bhun Airteagal III-168 den Bhunreacht. Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le cinntí atá faoi réir na n-imeachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 64 de Chomhaontú LEE.
3. Gan dochar do mhíreanna 1 agus 2, leanfaidh cinntí arna nglacadh ag Údarás Faireacháin CSTE de bheith bailí i ndiaidh an 1 Eanáir 1995 mura nglacfaidh an Coimisiún a mhalaир de chinneadh cuí-réasúnaithe, i gcomhréir le dlí an Aontais.

Roinn 5
Forálacha maidir le hOileáin Åland

AIRTEAGAL 56

Ní fhágfaidh forálacha an Bhunreachta nach ndéanfar na forálacha atá i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994 a chur i bhfeidhm maidir le hOileáin Åland:

- (a) ar shrianta, ar bhonn neamhidirdhealaitheach, ar an gceart ag daoine nádúrtha nach bhfuil hembygdsrätt/kotiseutuoikeus (saoránacht réigiúnach) acu in Åland, agus ag daoine dlítheanacha, maoin réadach a fháil agus a shealbhú ar Oileáin Åland gan cead ó údaráis inniúla Oileáin Åland;
- (b) ar shrianta, ar bhonn neamhidirdhealaitheach, ar an gceart bunaíochta agus ar an gceart seirbhísí a sholáthar ag daoine nádúrtha nach bhfuil hembygdsrätt/kotiseutuoikeus (saoránacht réigiúnach) acu in Åland, nó ag daoine dlítheanacha, gan cead ó údaráis inniúla Oileáin Åland.

AIRTEAGAL 57

1. Déanfar críoch Oileáin Åland – a mheasfar gur tríú críoch í, mar atá sainithe sa tríú fleasc d'Airteagal 3(1) de Threoir 77/388/CEE ón gComhairle, agus gur críoch náisiúnta í nach dtig faoi raon feidhme na dtreoracha maidir le comhchuibhiú dleachta máil mar atá sainithe in Airteagal 2 de Threoir 92/12/CEE ón gComhairle – a eisiamh ó chur i bhfeidhm críochach dhlí an Aontais i réimsí chomhchuibhiú dhlíthe na mBallstát maidir le cánacha láimhdeachais agus le dleachtanna máil agus foirmeacha eile de chánachas indíreach.

Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le forálacha Threoir 69/335/CEE ón gComhairle maidir le dleacht chaipitil.

2. Is é is aidhm don mhaolú dá bhforáiltear i mír 1 geilleagar áitiúil inmharthana a chothabháil sna hOileáin agus ní bheidh aon éifeachtaí diúltacha aige ar leasanna an Aontais ná ar a chuid comhbheartas. Má mheasann an Coimisiún nach bhfuil call a thuilleadh leis na forálacha i mír 1, go háirithe maidir le hiomaíocht chóir nó le hacmhainní dílse, cuirfidh sé tograí iomchuí faoi bhráid na Comhairle a ghlacfaidh na gníomhartha is gá i gcomhréir le hairteagail ábhartha an Bhunreachta.

AIRTEAGAL 58

Áiritheoidh Poblacht na Fionlainne go gcuirfear an chóir chéanna i bhfeidhm ar dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha uile na mBallstát in Oileán Åland.

AIRTEAGAL 59

Beidh feidhm ag forálacha na Roinne seo i bhfianaise an Dearbhaile maidir le hOileán Åland ina n-ionchorpraítear friotal bhrollach Phrótacl Uimh. 2 atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne, gan a éifeacht dhlíthiúil a athrú.

Roinn 6
Forálacha maidir leis an bpobal Sami

AIRTEAGAL 60

D'ainneoin fhorálacha an Bhunreachta, féadfar cearta eisiacha do riар réinfhianna laistigh de limistéir thraidisiúnta Sami a dheonú don phobal Sami.

AIRTEAGAL 61

Féadfar an Roinn seo a fhairsingíú chun aird a thabhairt ar aon fhorás breise ar chearta eisiacha Sami atá nasctha lena ngléas beo traidisiúnta. Féadfaidh dlí Eorpach ón gComhairle na leasuithe is gó ar an Roinn seo a dhéanamh. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus le Coiste na Réigiún.

AIRTEAGAL 62

Beidh feidhm ag forálacha an Teidil seo i bhfianaise an Dearbhaithe maidir leis an bpobal Sami ina n-ionchorpraítear friotal bhrollach Phrótacl Uimh. 3 atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne, gan a éifeacht dhlíthiúil a athrú.

Roinn 7

Forálacha speisialta faoi chuimsiú na gCistí Struchtúracha
san Fhionlainn agus sa tSualainn

AIRTEAGAL 63

Beidh limistéir atá folaithe ag an gcuspóir forbairt agus oiriúnú struchtúrach réigiún ina bhfuil dlús daonra an-íseal a chur chun cinn i bprionsabal in ionannas le réigiúin leibhéal II NUTS ag a bhfuil dlús daonra ochtar in aghaidh an km² nó níos lú, nó bainfidh siad leis na réigiúin sin. Féadfar cúnamh an Aontais, faoi réir cheanglas an chomhchruinnithe, a leathnú freisin chuit limistéir thadhla agus theorantacha níos lú a chomhallann an critéar céanna maidir le dlús daonra. Tá na réigiúin agus na limistéir sin, dá dtagraítear san Airteagal seo, liostaithe in Iarscríbhinn 1¹ a ghabhann le Prótacal Uimh. 6 atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne.

¹ IO C 241, 29.8.1994, lch. 355.

Roinn 8

Forálacha maidir le hiompar d'iarnród agus iompar comhcheangailte san Ostair

AIRTEAGAL 64

1. Chun críocha an Phrótacail seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas :

- (a) ciallaíonn "tromfheithicil earraí" aon mhótarfheithicil arna clárú i mBallstát atá ceaptha chun earraí a iompar nó leantóirí a tharraingt, ar mó a uasmhéáchan údaraithe ná 7,5 tona, lena n-áirítear aonaid tarracóirí is leathleantóirí agus leantóirí ar mó a n-uasmhéáchan údaraithe ná 7,5 tona arna dtarraingt ag mótarfheithicil arna clárú i mBallstát nach mó a n-uasmhéáchan údaraithe ná 7,5 tona;
- (b) ciallaíonn "iompar comhcheangailte" iompar earraí ag tromfheithicil earraí nó aonaid luchtaithe a dhéanann cuid dá n-aistear d'iarnród agus a thosaíonn nó a chríochnaíonn an t-aistear de bhóthar, ionas nach bhféadfaidh trácht idirthurais ar aon chúnse críoch na hOstaire a thrasnú de bhóthar amháin ar a shlí chuig ceann aistir iarnróid nó uaidh.

2. Beidh feidhm ag Airteagail 65 go 71 maidir le bearta a bhaineann le soláthar iompair d'iarnród agus iompair chomhcheangailte ag trasnú chríoch na hOstaire.

AIRTEAGAL 65

Déanfaidh an tAontas agus na Ballstáit i dtrácht, faoi chuimsiú a n-inniulachtaí faoi seach, bearta a ghlacadh agus a dhlúthchomhordú chun iompar d'iarnród agus iompar comhcheangailte a fhorbairt agus a chur chun cinn ar mhaithe le hiompar trasalpach earraí.

AIRTEAGAL 66

Agus na treoirlínte dá bhforáiltear in Airteagal III-247 den Bhunreacht á mbunú aige, áiritheoidh an tAontas gur cuid de na gréasáin thraseorpacha d'iompar d'iarnród agus d'iompar comhcheangailte na háiseanna atá sainithe in Iarscríbhinn 1¹ a ghabhann le Prótacal Uimh. 9 atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne agus, ina theannta sin, go n-aithneofar mar thionscadail leasa choitinn iad.

AIRTEAGAL 67

Déanfaidh an tAontas agus na Ballstáit i dtrácht, faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach, na bearta atá liostaithe in Iarscríbhinn 2² a ghabhann le Prótacal Uimh. 9 atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 68

Déanfaidh an tAontas agus na Ballstáit i dtrácht a seandícheall an cumas breise iarnróid dá dtagraigtear in Iarscríbhinn 3³ a ghabhann le Prótacal Uimh. 9 atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne a fhorbairt agus a úsáid.

¹ IO C 241, 29.8.1994, lch. 364.

² IO C 241, 29.8.1994, lch. 365.

³ IO C 241, 29.8.1994, lch. 367.

AIRTEAGAL 69

Glacfaidh an tAontas agus na Ballstáit i dtrácht bearta chun soláthar iompair d'iarnród agus iompair chomhcheangailte a fheabhsú. Más iomchuí, agus faoi réir fhorálacha an Bhunreachta, déanfar bearta den sórt sin a bhunú i ndlúthchomhairle le cuideachtaí iarnróid agus soláthróirí eile seirbhísí iarnróid. Ní mór tosaíocht a thabhairt do na bearta sin atá leagtha amach i bhforálacha dhlí an Aontais maidir le hiarnróid agus iompar comhcheangailte. Agus aon bhearta á gcur chun feidhme, tabharfar aire faoi leith do chumas iomaíochta, éifeachtúlacht agus tréadhearcacht chostas iompair d'iarnród agus iompair chomhcheangailte. Ach go háirithe, déanfaidh na Ballstáit i dtrácht a ndícheall bearta a ghlacadh a áiritheoidh go mbeidh praghsanna d'iompar comhcheangailte iomaíoch le praghsanna do mhodhanna iompair eile. Comhlíonfaidh aon chabhair arna deonú chuige sin dlí an Aontais.

AIRTEAGAL 70

I gcás suaitheadh tromchúiseach, ar nós tubaiste nádúrtha, in idirthuras iarnróid, glacfaidh an tAontas agus na Ballstáit i dtrácht gach gníomh comhbheartaithe is féidir chun an sreabhadh tráchta a choimeád ar siúl. Tabharfar tosaíocht do lóid íogaire, ar nós bianna meatacha.

AIRTEAGAL 71

Déanfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 70(2), oibriú na Roinne seo a athbhreithniú.

AIRTEAGAL 72

1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le hiompar earraí de bhóthar ar aistir arna ndéanamh laistigh de chríoch an Chomhphobail.
2. I gcás aistear lena ngabhann idirthuras earraí de bhóthar tríd an Ostair, beidh feidhm ag an gcóras atá bunaithe le haghaidh aistear ar chuntas féin agus le haghaidh aistear ar fruiliú nó luaíocht faoi Chéad Treoir ón gComhairle an 23 Iúil 1962 agus faoi Rialachán (CEE) Uimh. 881/92 ón gComhairle faoi réir fhórálacha an Airteagail seo.
3. Go dtí an 1 Eanáir 1998, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:
 - (a) Déanfar iomlán astaíochtaí NOx ó thromfheithicíl earraí ag trasnú na hOstaire ar idirthuras a laghdú 60% sa tréimhse idir an 1 Eanáir 1992 agus an 31 Nollaig 2003, de réir an tábla in Iarscríbhinn 4.
 - (b) Déanfar na laghduithe ar iomlán na n-astaíochtaí NOx ó thromfheithicíl earraí a riarréit de réir córais éiceaphointí. Faoin gcóras sin, ceanglófar ar aon tromfheithicil earraí ag trasnú na hOstaire ar idirthuras líon éiceaphointí a bheith aici atá coibhéiseach lena hastaíochtaí NOx (arna n-údarú faoi luach Comhlíonadh Táirgeachta (luach CT) nó luach cineálcheadaithe). Tá cur síos ar mhodh ríomha agus riarracháin na bpóintí sin in Iarscríbhinn 5.
 - (c) Má théann líon na n-aistear idirthurais in aon bhliain thar an uimhir thagartha a bunaíodh do 1991 de mhéid is mó ná 8%, glacfaidh an Coimisiún, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 16, bearta iomchuí i gcomhréir le mír 3 d'Iarscríbhinn 5.

- (d) Déanfaidh an Ostair na cártaí éacaphointe is gá do riachán an chórais éiceaphointí, de bhun Iarscríbhinn 5, le haghaidh tromfheithiclí earraí ag trasnú na hOstaire ar idirthuras a eisiúint agus a chur ar fáil in am trátha.
- (e) Déanfaidh an Coimisiún na héiceaphointí a dháileadh idir Bhallstáit i gcomhréir le forálacha a bhunófar i gcomhréir le mír 6.

4. Roimh an 1 Eanáir 1998, athbhreithneoidh an Chomhairle, ar bhonn tuarascála ón gCoimisiún, oibriú na bhforálacha maidir le hidirthuras earraí de bhóthar tríd an Ostair. Déanfar an t-athbhreithniú ar cothrom le bunphrionsabail dhlí an Chomhphobail, ar nós oibriú cuí an mhargaidh inmheánaigh, go háirithe saorghluaiseacht earraí agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, cosaint an chomhshaoil ar son leas an Chomhphobail ina ionláine, agus sábháilteacht tráchta. Mura ndéanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, a mhalairt de chinneadh, fadófar an idirthréimhse ar feadh tréimhse breise go dtí an 1 Eanáir 2001 agus beidh feidhm ag forálacha mhír 3 lena linn sin.

5. Roimh an 1 Eanáir 2001, déanfaidh an Coimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach um Chomhshaol, staidéar eolaíoch ar an méid atá an cuspóir maidir le truailliú a laghdú, atá leagtha amach i mír 2(a), bainte amach. Má fhaigheann an Coimisiún go bhfuil an cuspóir sin bainte amach ar bhonn inbhuanaithe, scoirfidh forálacha mhír 3 d'fheidhm a bheith acu an 1 Eanáir 2001. Má fhaigheann an Coimisiún nach bhfuil an cuspóir sin bainte amach ar bhonn inbhuanaithe, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir le hAirteagal 75 de Chonradh CE, bearta a ghlacadh, faoi chuimsiú an Chomhphobail, a áiritheoidh cosaint choibhéiseach don chomhshaol, go háirithe laghdú 60% ar an truailliú. Mura nglacfaidh an Chomhairle bearta den sórt sin, fadófar go huathoibríoch an idirthréimhse ar feadh thréimhse dheiridh trí bliana agus beidh feidhm ag forálacha mhír 3 lena linn sin.

6. Ag deireadh na hidirthréimhse, beidh feidhm ag an *acquis Comphobail* ina ionláine.
7. Glacfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 16, bearta mionsonraithe maidir leis na nósanna imeachta a bhaineann leis an gcóras éacaphointí, dáileadh éiceaphointí agus ceisteanna teicniúla maidir leis an Airteagal seo a chur i bhfeidhm, ar bearta iad a thiocfaidh i bhfeidhm ar dháta aontachais na hOstaire.

Áiritheoidh na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír go gcoimeádfar ar bun an staid fhíorasach do na Ballstáit láithreacha a leanann ó chur i bhfeidhm Rialachán (CEE) Uimh. 3637/92 ón gComhairle agus na Comhshocraíochta Riartháí, a síniódh an 23 Nollaig 1992, a shocraíonn an dáta teacht i bhfeidhm agus na nósanna imeachta chun an córas éiceaphointí a thabhairt isteach dá dtagraítear sa Chomhaontú Idirthurais. Déanfar gach iarracht is gá chun a áirithíú go dtugann an scair éiceaphointí a chionroinntear ar an nGréig go leor airde ar riachtanais na Gréige sa chomhthéacs sin.

AIRTEAGAL 73

1. Beidh Coiste de chúnamh ag an gCoimisiún.
2. I gcás go dtagraítear don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagail 3 agus 7 de Chinneadh 1999/468/CE.
3. Glacfaidh an Coiste a Rialacha Nós Imeachta féin.

Roinn 9

Forálacha maidir le húsáid téarmaí sonracha Ostaracha
sa Ghearmáinis faoi chuimsiú an Aontais Eorpaigh

AIRTEAGAL 74

1. Beidh ag na téarmaí sonracha Ostaracha sa Ghearmáinis atá i ndlíchóras na hOstaire agus atá liostaithe san Iarscríbhinn¹ a ghabhann le Prótacal Uimh. 10 atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne an stádas céanna leis na téarmaí comhfhereagracha a úsáidtear sa Ghearmáin agus atá liostaithe san Iarscríbhinn sin agus féadfar iad a úsáid leis an éifeacht dhlíthiúil chéanna.
2. Sa leagan Gearmáinise de ghníomhartha dlíthiúla nua, cuirfear i bhfoirm iomchuí leis na téarmaí comhfhereagracha a úsáidtear sa Ghearmáin na téarmaí sonracha Ostaracha dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Prótacal Uimh. 10 atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne.

¹ IO C 241, 29.8.1994, lch. 370.

9. PRÓTACAL

MAIDIR LE CONRADH AGUS IONSTRAIM AONTACHAIS PHOBLACHT NA SEICE,
PHOBLACHT NA hEASTÓINE, PHOBLACHT NA CIPIRE,
PHOBLACHT NA LAITVIA, PHOBLACHT NA LIOTUÁINE,
PHOBLACHT NA hUNGÁIRE, PHOBLACHT MHÁLTA,
PHOBLACHT NA POLAINNE, PHOBLACHT NA SLÓIVÉINE
AGUS PHOBLACHT NA SLÓVAICE

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG MEABHRÚ DÓIBH gur aontaigh Poblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice an 1 Bealtaine 2004 do na Comhphobail Eorpacha agus don Aontas Eorpach arna bhunú leis an gConradh ar an Aontas Eorpach;

DE BHRÍ go bhforáiltear in Airteagal IV-437(2)(e) den Bhunreacht go ndéanfar Conradh an 16 Aibreán 2003 maidir leis na haontachais dá dtagraítear thusa a aisghairm;

DE BHRÍ go leanann mórán forálacha den Ionstraim atá i gceangal leis an gConradh Aontachais sin de bheith ábhartha; de bhrí go bhforáiltear in Airteagal IV-437(2) den Bhunreacht nach foláir na forálacha sin a leagan amach i bPrótacal nó tagairt dóibh i bPrótacal, chun go bhfanfaidh siad i bhfeidhm agus go gcaomhnófar a n-éifeachtaí dlíthiúla;

DE BHRÍ nach foláir na hoiriúnuithe teicniúla is gá a dhéanamh ar roinnt de na forálacha sin chun luí le téacs an Bhunreachta, gan a n-éifeacht dhlíthiúil a athrú;

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

CUID A hAON**FORÁLACHA A BHAINNEANN LE hIONSTRAIM AONTACHAIS AN 16 AIBREÁN 2003****TEIDEAL I****NA PRIONSABAIL****AIRTEAGAL 1**

Chun críocha an Phrótacail seo:

- (a) ciallaíonn an abairt "Ionstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003" an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice agus oiriúnuithe na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe;
- (b) ciallaíonn na habairtí "an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh" ("Conradh CE") agus "an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach" ("Conradh CEFA") na Conarthaí sin mar atá arna bhforlónadh nó arna leasú le conarthaí nó le gníomhartha eile a tháinig i bhfeidhm roimh an 1 Bealtaine 2004;

- (c) ciallaíonn an abairt "an Conradh ar an Aontas Eorpach" ("Conradh AE") an Conradh sin mar atá arna fhorlónadh nó arna leasú le conarthaí nó le gníomhartha eile a tháinig i bhfeidhm roimh an 1 Bealtaine 2004;
- (d) ciallaíonn an abairt "an Comhphobal" ceann amháin nó an dá cheann de na Comhphobail dá dtagraítear in (b), de réir mar a bheidh;
- (e) ciallaíonn an abairt "Ballstáit láithreacha" na Ballstáit seo a leanas: Ríocht na Beilge, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaídhe na Gearmáine, An Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Éire, Poblacht na hIodáile, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Portaingéile, Poblacht na Fionlainne, Ríocht na Sualainne agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann;
- (f) ciallaíonn an abairt "Ballstáit nua" na Ballstáit seo a leanas: Poblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice.

AIRTEAGAL 2

Na cearta agus na hoibleagáidí a leanann ó Chonradh Aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice, dá dtagraítear in Airteagal IV-437(2)(e) den Bhunreacht, tháinig siad i bhfeidhm, faoi na coinníollacha dá bhforáltear sa Chonradh sin, amhail ón 1 Bealtaine 2004.

AIRTEAGAL 3

1. Forálacha *acquis* Schengen atá lánpháirtithe i gcreat an Aontais leis an bPrótacal atá i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip (dá ngairtear "Prótacal Schengen" anseo feasta), agus na hionstraimí ag cur leis nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003, mar aon le haon ionstraimí breise den sórt sin arna nglacadh roimh an 1 Bealtaine 2004, beidh siad ina gceangal ar na Ballstáit nua agus beidh siad infheidhme iontu ón 1 Bealtaine 2004.
2. Na forálacha sin de *acquis* Schengen mar atá arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais agus na hionstraimí ag cur leis nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile nach dtagraítear dóibh i mír 1, agus iad ina gceangal ar na Ballstáit nua amhail ón 1 Bealtaine 2004,ní bheidh feidhm acu i mBallstát nua ach de bhun cinnidh Eorpaigh ón gComhairle chuige sin tar éis fiorú, i gcomhréir leis na forálacha infheidhme de nósanna imeachta measúnachta Schengen, go bhfuil na coinníollacha is gá chun gach cuid den *acquis* a chur i bhfeidhm comhalta sa Bhallstát nua sin.

Glacfaidh an Chomhairle a cinneadh, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di le haontoilíocht na gcomhaltaí dá cuid a ionadaíonn Rialtais na mBallstát a bhfuil na forálacha dá dtagraítear sa mhír seo curtha in éifeacht cheana ina leith agus ionadaí Rialtas an Bhallstát a bhfuil na forálacha sin le cur in éifeacht ina leith. Glacfaidh na comhaltaí den Chomhairle a ionadaíonn Rialtais na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann páirt i gcinneadh den sórt sin a mhéad a bhaineann sé le forálacha *acquis* Schengen agus na hionstraimí ag cur leis nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile ina bhfuil na Ballstáit sin rannpháirteach.

3. Beidh na Comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag an gComhairle faoi Airteagal 6 de Phrótacal Schengen ina gceangal ar na Ballstáit nua ón 1 Bealtaine 2004.

4. Cuirfear de cheangal ar na Ballstáit nua i leith na gcoinbhinsiún nó na n-ionstraimí sin sa réimse ceartais agus gnóthaí baile atá doscartha ó ghnóthú chuspóirí Chonradh AE:

- (a) aontú dóibh siúd atá oscailte le haghaidh a sínithe ag na Ballstáit láithreacha faoin 1 Bealtaine 2004, agus dóibh siúd atá tarraigthe suas ag an gComhairle i gcomhréir le Teideal VI de Chonradh AE agus atá molta do na Ballstáit lena nglacadh;
- (b) socruithe riarracháin agus eile a thabhairt isteach, ar nós a bhfuil glactha faoin 1 Bealtaine 2004 ag na Ballstáit láithreacha nó ag an gComhairle, chun comhar praiticiúil a éascú idir na hinstitiúidí agus na heagraíochtaí de chuid na mBallstát a obríonn sa réimse ceartais agus gnóthaí baile.

AIRTEAGAL 4

Beidh gach ceann de na Ballstáit nua rannpháirteach san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta ón 1 Bealtaine 2004 mar Bhallstát go maolú de réir bhrí Airteagal III-197 den Bhunreacht.

AIRTEAGAL 5

1. Cuirfear de cheangal ar na Ballstáit nua atá tar éis aontú trí Ionstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003 do na cinntí agus do na comhaontuithe arna nglacadh ag Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle aontú do na comhaontuithe eile go léir arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit láithreacha a bhaineann le hoibriú an Aontais nó i ndáil lena ghníomhaíochtaí.

2. Cuirfear de cheangal ar na Ballstáit nua aontú do na coinbhinsiúin dá bhforáiltear in Airteagal 293 de Chonradh CE agus dóibhsean atá doscartha ó ghnóthú chuspóirí Chonradh CE, a mhéad atá siad i gcónaí i bhfeidhm, agus freisin do na protácaill ar léiriú na gcoinbhinsiún sin ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach, arna síniú ag na Ballstáit láithreacha, agus chun na críche sin cuirfear de cheangal orthu dul i mbun caibidlíochta leis na Ballstáit láithreacha d'fhoinn na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh orthu.

AIRTEAGAL 6

1. Cuirfear de cheangal ar na Ballstáit nua aontú, faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Phrótacal seo, do na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin arna dtabhait i gcrích nó arna gcur i bhfeidhm go sealadach ag na Ballstáit láithreacha agus ag an Aontas nó ag an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, ag gníomhú go compháirteach dóibh, agus do na comhaontuithe arna dtabhait i gcrích ag na Ballstáit sin agus a bhfuil baint acu leis na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin sin.

Déanfar aontachas na mBallstát nua leis na comhaontuithe nó leis na coinbhinsiúin atá lúaite i mír 4, mar aon leis na comhaontuithe leis an mBealarús, leis an Eilvéis, le Mercosur, leis an tSile agus leis an tSín arna dtabhait i gcrích nó arna síniú go compháirteach ag an gComhphobal agus a Bhallstáit láithreacha a chomhaontú trí phrótacal le comhaontuithe nó coinbhinsiúin den sórt sin a thabhairt i gcrích idir an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil thar ceann na mBallstát, agus an tríú thír nó na tríú tíortha nó an eagraíocht idirnáisiúnta i dtrácht. Tá an nós imeachta seo gan dochar d'inniúlachtaí dílse an Aontais agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach agus ní dhéanann sé difear do chionroinnt na gcumhachtaí idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus na Ballstáit i dtaca le tabhairt i gcrích comhaontuithe den sórt sin sa todhchaí nó le haon leasuithe eile nach mbaineann le haontachas. Caibidleoidh an Coimisiún na protácaill sin thar ceann na mBallstát ar bhonn treoracha caibidlíochta arna bhformheas ag an gComhairle, ag gníomhú di d'aontoil, agus i gcomhairle le coiste ar a mbeidh ionadaithe na mBallstát. Tíolacfaidh sé dréacht de na protácaill don Chomhairle lena dtabhairt i gcrích.

2. Amhail óna n-aontachas leis na comhaontuithe agus na coinbhinsiúin dá dtagraítear i mír 1, gheobhaidh na Ballstáit nua na cearta agus na hoibleagáidí céanna faoi na comhaontuithe agus na coinbhinsiúin sin atá ag na Ballstáit láithreacha.
3. Cuirfear de cheangal ar na Ballstáit nua aontú, faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Phrótacl seo, don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ¹, i gcomhréir le hAirteagal 128 den Chomhaontú sin.
4. Amhail ón 1 Bealtaine 2004, agus, más gá, go dtí go dtabharfar na protacail riachtanacha dá dtagraítear i mír 1 i gcrích, cuirfidh na Ballstáit nua i bhfeidhm forálacha na gComhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit láithreacha agus, go compháirteach, ag an gComhphobal leis an Afraic Theas, leis an Ailgéir, leis an Airméin, leis an Asarbaiseáin, leis an mBulgáir, leis an gCasacstáin, leis an gCirgeastáin, leis an gCóiré Theas, le Cónaidhm na Rúise, leis an gCróit, leis an Éigipt, le hIarphoblacht Iúgslávach na Macadóine, leis an Iordáin, le hIosrael, leis an Liobáin, le Maracó, le Meicsiceo, leis an Moldáiv, leis an Rómáin, le San Mairíne, leis an tSeoirsia, leis an tSiria, leis an Túinéis, leis an Tuirc, leis an Tuircméanastáin, leis an Úcráin agus leis an Úisbéiceastáin mar aon le forálacha na gcomhaontuithe eile arna dtabhairt i gcrích go compháirteach ag na Ballstáit láithreacha agus ag an gComhphobal roimh an 1 Bealtaine 2004.

Beidh aon oiriúnuithe ar na comhaontuithe sin ina n-ábhar do phrótacl arna dtabhairt i gcrích leis na tíortha comhchonarthacha ar cothrom le forálacha an dara fomhír de mhír 1. Mura mbeidh na protacail tugtha i gcrích faoin 1 Bealtaine 2004, glacfaidh an tAontas, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus na Ballstáit, faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach, na bearta is gá chun déileáil leis an staid sin.

5. Amhail ón 1 Bealtaine 2004, déanfaidh na Ballstáit nua na comhaontuithe agus na comhshocraíochtaí déthaobhacha teicstílí arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal le tríú tíortha a chur i bhfeidhm.

¹ IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

Déanfar na srianta cainníochtúla arna gcur i bhfeidhm ag an Aontas ar allmhairí tárgí teicstíle agus éadaigh a oiriúnú chun aontachas na mBallstát nua a chur san áireamh.

Mura mbeidh na leasuithe ar na comhaontuithe agus ar na comhshocraíochtaí déthaobhacha teicstíle tagtha i bhfeidhm faoin 1 Bealtaine 2004, déanfaidh an tAontas na hoiriúnuithe is gá ar a rialacha maidir le tárgí teicstíle agus éadaigh a allmhairí ó thríú tíortha chun aontachas na mBallstát nua a chur san áireamh.

6. Déanfar na srianta cainníochtúla ar allmhairí cruach agus tárgí cruach arna gcur i bhfeidhm ag an Aontas a oiriúnú ar bhonn allmhairí na mBallstát nua de thárgí cruach de thionscnamh na dtíortha is soláthraithe i dtrácht sna blianta thíreach roimh shíniú an Chonartha Aontachais.
7. Déanfaidh an tAontas comhaontuithe iascaigh arna dtabhairt i gcrích roimh an 1 Bealtaine 2004 ag na Ballstáit nua le tríú tíortha a bhainistiú.

Ní dhéanfar difear do na cearta ná do na hoibleagáidí a leanann do na Ballstáit nua ó na comhaontuithe sin le linn na tréimhse a mbeidh forálacha na gcomhaontuithe sin á gcoimeád ar bun go sealadach.

A thuisce is féidir agus ar chaoi ar bith roimh na comhaontuithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír a dhul in éag, glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na cinntí Eorpacha iomchuí i ngach cás chun go leanfaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a thig ó na comhaontuithe sin, lena n-áirítear an chaoi chun comhaontuithe áirithe a fhadú go ceann tréimhsí nach faide ná bliain.

8. Le héifeacht ón 1 Bealtaine 2004, tarraingeoidh na Ballstáit nua siar ó aon chomhaontuithe saorthrádála le tríú tíortha, lena n-áirítear Comhaontú Saorthrádála Lár na hEorpa.

Sa mhéid nach bhfuil na comhaontuithe idir ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit nua ar thaobh amháin agus tríú thír amháin nó níos mó ar an taobh eile ag luí leis na hoibleagáidí a thig ón mBunreacht, agus go háirithe ón bPrótacal seo, glacfaidh an Ballstát nua gach céim iomchuí chun deireadh a chur leis an neamhlúi arna bhunú. Má bhaineann deacrachtaí do Bhallstát nua le linn oiriúnú a dhéanamh ar chomhaontú arna thabhairt i gerích roimh an 1 Bealtaine 2004 le tríú thír amháin nó níos mó, tarraingeoidh sé siar ón gcomhaontú sin de réir théarmaí an chomhaontaithe.

9. Glacfaidh na Ballstáit nua, más gá, bearta iomchuí chun a seasamh i ndáil le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus leis na comhaontuithe idirnáisiúnta sin a bhfuil an tAontas nó an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach nó a bhfuil Ballstáit eile ina bpáirtithe iontu freisin a oiriúnú do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn óna n-aontachas leis an Aontas.

Tarraingeoidh siad siar go háirithe an 1 Bealtaine 2004 nó ar an dáta is túisce is féidir ina dhiaidh sin ó eagraíochtaí agus comhaontuithe idirnáisiúnta iascaigh ar páirtí iontu freisin an tAontas, mura mbaineann a gcomholtas le hábhair seachas ábhair iascaigh.

AIRTEAGAL 7

Na gníomhartha sin arna nglacadh ag na hinstiúidí lena mbaineann na forálacha idirthréimhseachá atá leagtha síos sa Phrótacal seo, coinneoidh siad a stádas dlítheanach; ach go háirithe, leanfaidh na nósanna imeachta chun na gníomhartha sin a leasú d'fheidhm a bheith acu.

AIRTEAGAL 8

Na forálacha sin d'Ionstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003, mar atá arna léiriú ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach agus ag an gCúirt Chéadchéime, arb é is aidhm nó is éifeacht dóibh gníomhartha arna nglacadh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Chomhphobail nó an Aontais Eorpaigh arna mbunú leis an gConradh ar an Aontas Eorpach a aisghairm nó a leasú, seachas mar bheart idirthréimhseach, fanfaidh siad i bhfeidhm faoi réir an dara mír a chur i bhfeidhm.

Beidh ag na forálacha sin an stádas dlítheanach céanna atá ag na gníomhartha a aisghairtear nó a leasaítear leo agus beidh siad faoi réir na rialacha céanna leis na gníomhartha sin.

AIRTEAGAL 9

Amhail ón 1 Bealtaine 2004, is téacsanna barántúla, faoi na coinníollacha céanna leis na téacsanna barántúla arna dtarraingt suas sna teangacha eile téacsanna ghníomhartha institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Chomhphobail nó an Aontais Eorpaigh arna mbunú leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus téacsanna ghníomhartha an Bhainc Cheannais Eorpaigh arna nglacadh roimh an dáta sin agus arna dtarraingt suas san Eastóinis, sa Laitvis, sa Liotuáin, sa Mháltais, sa Pholainnis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis agus san Ungáiris.

AIRTEAGAL 10

Na forálacha idirthréimhseacha atá leagtha amach sa Phró tacal seo, féadfar iad a aisghairm le dlí Eorpach ón gComhairle nuair nach mbeidh siad infheidhme a thuilleadh. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

AIRTEAGAL 11

Beidh cur i bhfeidhm an Bhunreachta agus na ngníomhartha arna nglacadh ag na hinstítiúidí faoi réir na maoluithe dá bhforáiltear sa Phrótacal seo, mar bheart idirthréimhseach.

TEIDEAL II

BUANFHORÁLACHA

AIRTEAGAL 12

Déanfar na hoiriúnuithe ar na gníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn III a ghabhann le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003 agus is gá de thoradh an aontachais a tharraingt suas ar cothrom leis na treoirlínte atá leagtha amach san Iarscríbhinn sin agus i gcomhréir leis an nós imeachta agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 36.

AIRTEAGAL 13

Déanfar na bearta atá liostaithe in Iarscríbhinn IV a ghabhann le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003 a chur i bhfeidhm faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbhinn sin.

AIRTEAGAL 14

Na hoiriúnuithe ar na forálacha sin den Phrótacal seo a bhaineann leis an gcomhbheartas talmhaíochta agus a fhéadfaidh a bheith riachtanach i gcás modhnaithe ar dhlí an Aontais, féadfar iad a dhéanamh le dlí Eorpach ón gComhairle. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

TEIDEAL III

FORÁLACHA SEALADACHA

AIRTEAGAL 15

Beidh feidhm ag na bearta atá liostaithe in Iarscríbhinní V, VI, VII, VIII, IX, X, XI, XII, XIII agus XIV a ghabhann le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003 maidir leis na Ballstáit nua faoi na coinníollacha atá leagtha síos sna hIarscríbhinní sin.

AIRTEAGAL 16

1. San ioncam dá ngairtear "dleachtanna na Comhtharaife Custaim agus dleachtanna eile", dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(b) de Chinneadh 2000/597/CE, CEFA ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2000 maidir le córas acmhainní dílse na gComhphobal Eorpach¹, nó san fhoráil chomhfhreagrach in aon Chinneadh a ghabhfaidh a ionad, áireofar na dleachtanna custaim arna ríomh ar bhonn na rátaí a thig ón gComhtharaif Chustaim agus ó aon lamháltas taraife a bhaineann léi a chuireann an tAontas i bhfeidhm i dtrádáil na mBallstát nua le tríú tíortha.

2. Don bhliain 2004, beidh bonn comhchuibhithe measúnachta CBL agus bonn ollioncaim náisiúnta (OIN) i gcás gach Ballstáit nua, dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(c) agus (d) de Chinneadh 2000/597/CE, CEFA ón gComhairle comhionann le dhá thrian den bhonn bliantúil. Bonn OIN de chuid gach Ballstáit nua atá le cur san áireamh chun an maoiniú a ríomh don cheartú i ndáil le míchothromaíochtaí buiséadacha arna dheonú don Ríocht Aontaithe, dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Chinneadh 2000/597/CE, CEFA ón gComhairle, beidh sé mar an gcéanna comhionann le dhá thrian den bhonn bliantúil.

¹ IO L 253, 7.10.2000, lch. 42.

3. D'fhonn an ráta calctha a chinneadh do 2004 de réir Airteagal 2(4)(b) de Chinneadh 2000/597/CE, CEFA ón gComhairle, déanfar boinn CBL arna dteorannú de chuid na mBallstát nua a ríomh ar bhonn dhá thrian dá mboinn CBL gan teorannú agus dhá thrian dá OIN.

AIRTEAGAL 17

1. Déanfar buiséad an Aontais don bhliain airgeadais 2004 a oiriúnú chun aontachas na mBallstát nua a chur san áireamh trí bhuiséad leasaitheach a thiocfaidh i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2004.
2. Déanfar an dá cheann déag de na dóú codanna déag míosúla d'acmhainní arna mbunú ar CBL agus OIN atá le híoc ag na Ballstáit nua faoi mbuiséad leasaitheach dá dtagraítear i mír 1, mar aon leis na hoiriúnuithe aisghníomhacha ar na dóú codanna déag don tréimhse Eanáir-Aibreán 2004 nach bhfuil feidhm acu ach amháin maidir leis na Ballstáit láithreacha, a thiontú go hochtú codanna atá le glaoch le linn na tréimhse Bealtaine-Nollaig 2004. Tiontófar mar an gcéanna na hoiriúnuithe aisghníomhacha a thig ó aon bhuiséad leasaitheach ina dhiaidh sin arna ghlacadh i 2004 go codanna comhionanna le glaoch le linn a bhfuil fágtha den bhliain.

AIRTEAGAL 18

Ar an gcéad lá oibre de gach mí, íocfaidh an tAontas le Poblacht na Seice, leis an gCipir, le Málta agus leis an tSlóivéin, mar mhír chaiteachais faoi bhuiséad an Aontais, an t-ochtú cuid i 2004, amhail ón 1 Bealtaine 2004, agus an dóú cuid déag i 2005 agus 2006 de na méideanna seo a leanas de chúiteamh buiséadach sealadach:

	2004	2005	2006
(milliún euro, praghsanna 1999)			
Poblacht na Seice	125,4	178,0	85,1
An Chipir	68,9	119,2	112,3
Málta	37,8	65,6	62,9
An tSlóivéin	29,5	66,4	35,5

AIRTEAGAL 19

Ar an gcéad lá oibre de gach mí, íocfaidh an tAontas le Poblacht na Seice, leis an Eastóin, leis an gCipir, leis an Laitvia, leis an Liotuáin, leis an Ungáir, le Málta, leis an bPolainn, leis an tSlóivéin agus leis an tSlóvaic, mar mhír chaiteachais faoi bhuiséad an Aontais, an t-ochtú cuid i 2004, amhail ón 1 Bealtaine 2004, agus an dóu cuid déag i 2005 agus 2006 de na méideanna seo a leanas de shaoráid speisialta chnapshuime um shreabhadh airgid thirim:

	2004	2005	2006
(milliún euro, praghsanna 1999)			
Poblacht na Seice	174,70	91,55	91,55
An Eastóin	15,80	2,90	2,90
An Chipir	27,70	5,05	5,05
An Laitvia	19,50	3,40	3,40
An Liotuáin	34,80	6,30	6,30
An Ungáir	155,30	27,95	27,95
Málta	12,20	27,15	27,15
An Pholainn	442,80	550,00	450,00
An tSlóivéin	65,40	17,85	17,85
An tSlóvaic	63,20	11,35	11,35

Déanfar 1 billiún euro don Pholainn agus 100 milliún euro do Phoblacht na Seice arna n-áireamh sa tsaoráid speisialta chnapshuime um shreabhadh airgid thirim a chur san áireamh in aon ríomh i ndáil leis na Cistí Struchtúracha a dháileadh le haghaidh na mblianta 2004, 2005 agus 2006.

AIRTEAGAL 20

1. Íocfaidh na Ballstáit nua atá liostaithe thíos na méideanna seo a leanas leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach dá dtagraítear i gCinneadh 2002/234/CEGC ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, an 27 Feabhra 2002 maidir leis na hiarmhaintí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach¹:

(milliún euro, praghsanna reatha)

Poblacht na Seice	39,88
An Eastóin	2,50
An Laitvia	2,69
An Ungáir	9,93
An Pholainn	92,46
An tSlóivéin	2,36
An tSlóvaic	20,11

¹ IO L 79, 22.3.2002, lch. 42.

2. Íocfar na ranníocaíochtaí sin don Chiste Taighde um Ghual agus Cruach ina gceithre thráthchuid ag tosú i 2006 agus íocfar mar a leanas iad, i ngach cás ar an gcéad lá oibre den chéad mhí de gach bliain:

2006: 15%

2007: 20%

2008: 30%

2009: 35%.

AIRTEAGAL 21

1. Mura bhforáltear a mhalairet sa Phrótacal seo, ní dhéanfar aon ghealltanais airgeadais i bhfabhar na mBallstát nua tar éis an 31 Nollaig 2003 faoi chlár PHARE¹, clár PHARE um Chomhar Trasteorann², cistí réamhaontachais don Chipir agus do Mhálta³, clár ISPA⁴ agus clár SAPARD⁵. Cuirfear an chóir chéanna ar na Ballstáit nua a chuirtear ar na Ballstáit láithreacha i dtaca le caiteachas faoi na chéad trí Cheannteideal den pheirspictíocht airgeadais, mar atá sainithe i gComhaontú Idirinstituídeach an 6 Bealtaine 1999⁶, amhail ón 1 Eanáir 2004, faoi réir na sonraíochtaí agus na n-eisceachtaí leithleacha thíos nó de réir mar a fhoráltear a mhalairet sa Phrótacal seo. Leagtar amach in Iarscríbhinn XV a ghabhann le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003 na leithreasaí uasta breise do cheannteidil 1, 2, 3 agus 5 den Pheirspictíocht Airgeadais a bhaineann le méadú. Ar a shon sin, ní fhéadfari aon cheangaltais airgeadais a dhéanamh faoi bhuiséad 2004 le haghaidh aon chláir nó gníomhaireachta i dtrácht sula dtarlóidh aontachas an Bhallstáit nua ábhartha.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 3906/89 (IO L 375, 23.12.1989, lch. 11).

² Rialachán (CE) Uimh. 2760/98 (IO L 345, 19.12.1998, lch. 49).

³ Rialachán (CE) Uimh. 555/2000 (IO L 68, 16.3.2000, lch. 3).

⁴ Rialachán (CE) Uimh. 1267/1999 (IO L 161, 26.6.1999, lch. 73).

⁵ Rialachán (CE) Uimh. 1268/1999 (IO L 161, 26.6.1999, lch. 87).

⁶ Comhaontú Idirinstituídeach an 6 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach agus leis an nós imeachta buiséadach a fheabhsú (IO C 172, 18.6.1999, lch. 1).

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le caiteachas faoi Roinn Ráthaíochta an Chiste Eorpaigh um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta, de réir Airteagail 2(1), 2(2) agus 3(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1258/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le cistíú an chomhbheartais talmhaíochta¹, nach dtiocfaidh chun bheith cáilithe do chistiú Comhphobail ach ón 1 Bealtaine 2004, i gcomhréir le hAirteagal 2 den Phrótacl seo.

Ar a shon sin, beidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo maidir le caiteachas d'fhorbairt na tuaithe faoi Roinn Ráthaíochta an Chiste Eorpaigh um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta, de réir Airteagal 47a de Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le tacaíocht d'fhorbairt na tuaithe ón gCiste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT) agus ag leasú agus ag aisghairm Rialacháin áirithe², faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach sa leasú ar an Rialachán sin in Iarscríbhinn II a ghabhann le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003.

3. Faoi réir na habairte deiridh de mhír 1, amhail ón 1 Eanáir 2004, beidh na Ballstáit nua rannpháirteach i gcláir agus i ngníomhaireachtaí de chuid an Aontais de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha céanna leis na Ballstáit láithreacha agus cistíú acu ó bhuiséad ginearálta an Aontais.

4. Más gá aon bhearta chun an trasdul a éascú ón gcóras réamhaontachais chuig an gcóras a thig ón Airteagal seo a chur i bhfeidhm, glacfaidh an Coimisiún na bearta is gá.

¹ IO L 160, 26.6.1999, lch. 103.

² IO L 160, 26.6.1999, lch. 80.

AIRTEAGAL 22

1. Déanfaidh gníomhaireachtaí cur chun feidhme sna Ballstáit nua bainistiú amhail ón 1 Bealtaine 2004 ar thairiscint, ar chonraitheoireacht, ar chur chun feidhme agus ar íocaíochtaí do chúnamh réamhaontachais faoi chlár PHARE, faoi chlár PHARE um Chomhar Trasteorann agus faoi na cistí réamhaontachais don Chipir agus do Mhálta.

Glacfaidh an Coimisiún cinntí Eorpacha chun tarscaoileadh ar rialú ex-ante ag an gCoimisiún ar thairiscint agus ar chonraitheoireacht tar éis Córas Fadaithe Dílárnaithe Cur chun Feidhme (CFDCF) a mheasúnú go dearfach, i gcomhréir leis na critéir agus na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1266/1999 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1999 maidir le cabhair le haghaidh na dtíortha iarrthacha a chomhordú faoi chuimse na straitéise réamhaontachais agus ag leasú Rialachán (CEE) Uimh. 3906/89¹.

Mura mbeidh na cinntí sin rialú ex-ante a tharscaoileadh glactha roimh an 1 Bealtaine 2004, ní bheidh aon chonarthaí arna síniú idir dáta an aontachais agus an dáta a ghlactar na cinntí ón gCoimisiún cáilithe do chúnamh réamhaontachais.

Ar a shon sin, ar dhóigh eisceachtúil, má chuirtear moill ar na cinntí ón gCoimisiún rialú ex-ante a tharscaoileadh thar an 1 Bealtaine 2004, ar chuíseanna nach bhfuil inchurtha i leith údarás de chuid Ballstáit nua, féadfaidh an Coimisiún, i gcásanna a bhfuil call cuí leo, glacadh leis go bhfuil cáilitheacht do chúnamh réamhaontachais ag conarthaí arna síniú idir dáta an aontachais agus dáta na gcinntí sin agus go leantar den chúnamh réamhaontachais a chur chun feidhme ar feadh tréimhse teoranta, faoi réir rialú ex-ante ag an gCoimisiún ar thairiscint agus ar chonraitheoireacht.

¹ IO L 232, 2.9.1999, lch. 34.

2. Gealltanais bhuiséadacha foriomlána arna nglacadh roimh an 1 Bealtaine 2004 faoi na hionstraimí airgeadais réamhaontachais dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear gealltanais dhlítheanacha leithleacha ina dhiaidh sin agus íocaíochtaí arna ndéanamh i ndiaidh an 1 Bealtaine 2004 a thabhairt i gcrích agus a chlárú, leanfaidh siad de bheith faoi rialú ag rialacha agus rialacháin na n-ionstraimí maoinithe réamhaontachais agus de bheith á muirearú ar na caibidlí buiséadacha comhfhireagracha go dtí go gcuirtear an clabhsúr ar na cláir agus tionscadail i dtrácht. Dá ainneoin sin, déanfar nósanna imeachta um sholáthar poiblí arna dtionscnamh i ndiaidh an 1 Bealtaine 2004 a chur i gcrích i gcomhréir leis na gníomhartha Aontais ábhartha.

3. Déanfar an clárú deireanach don chúnamh réamhaontachais dá dtagraítear i mír 1 an bhliain féilire iomlán dheireanach roimh an 1 Bealtaine 2004. Caithfear conraitheoireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí faoi na cláir sin laistigh den dá bhliain a leanfaidh agus eisíocaíochtaí a dhéanamh mar a fhoráiltear sa Mheabhrán ar Mhaoliniú¹, de ghnáth faoi dheireadh an tríú bliain tar éis an ghealltanais. Ní dhéanfar aon fhaduithe a dheonú don tréimhse chonraitheoireachta. Go heisceachtúil agus i gcásanna a bhfuil call cuí leo, deonófar faduithe teoranta ó thaobh a ré le haghaidh eisíocaíochta.

¹ Mar atá leagtha amach i dTreoirlínte Phare (SEC (1999) 1596, arna dtabhairt suas chun dáta ar 6.9.2002 le C 3303/2).

4. D'fhonn a áirithiú go ndéanfar an an céimniú amach is gá ar na hionstraimí airgeadais réamhaontachais dá dtagraítear i mír 1 mar aon le clár ISPA agus go mbeidh trasdul rianúil ó na rialacha is infheidhme roimh an 1 Bealtaine 2004 agus ina dhiaidh, féadfaidh an Coimisiún gach beart is gá a ghlacadh chun a áirithiú go gcoimeádfar an fhoireann reachtúil is gá ar bun sna Ballstáit nua ar feadh cúig mhí dhéag ar a mhéad i ndiaidh an dáta sin. Le linn na tréimhse sin, oifigigh arna sannadh chuig poist sna Ballstáit nua roimh an 1 Bealtaine 2004 a gcuirtear d'íallach orthu fanacht i seirbhís sna Stáit sin tar éis an 1 Bealtaine 2004, tairbheoidh siad, go heisceachtúil, de na dáláí céanna airgeadais agus ábhartha mar a bhí arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún roimh an 1 Bealtaine 2004 i gcomhréir le hIarscríbhinn X a ghabhann le Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal sin atá leagtha síos i Rialachán (CEE, CEFA, CEGC) Uimh. 259/68¹. Déanfar an caiteachas riarcháin, lena n-áirítear tuarastail le haghaidh foirne eile, is gá chun cúnamh réamhaontachais a bhainistiú a fholú, le haghaidh 2004 ar fad agus go dtí deireadh Iúil 2005, faoin gceantteideal "caiteachas tacaíochta le haghaidh oibríochtaí" (seanchuid B den bhuiséad) nó faoi cheannteidil choibhéiseacha na mbuiséad réamhaontachais ábhartha le haghaidh na n-ionstraimí airgeadais dá dtagraítear i mír 1 mar aon le clár ISPA.

5. Nuair nach féidir tionscadail arna bhformheas faoi Rialachán (CE) Uimh. 1258/1999 a chistiú a thuilleadh faoin ionstraim sin, féadfar iad a lánpháirtiú i gclárú forbartha tuaithe agus a mhaoiniú faoin gCiste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta. Más gá bearta idirchréimhseachá sonracha i dtaca leis sin, déanfaidh an Coimisiún iad a ghlacadh i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos in Airteagal 50(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1999 ag leagan síos forálacha ginearálta maidir leis na Cistí Struchtúracha².

AIRTEAGAL 23

1. Idir an 1 Bealtaine 2004 agus deireadh 2006, soláthróidh an tAontas cúnamh airgeadais sealadach, dá ngairtear an "Áis Trasdula" anseo feasta, le haghaidh na mBallstát nua ar mhaithé lena gcumas riarcháin a fhorbairt agus a neartú chun dlí an Aontais agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú agus ar mhaithé le malartú dea-chleachtais idir phiaráí.

¹ IO L 56, 4.3.1968, Ich. 1.

² IO L 161, 26.6.1999, Ich. 1.

2. Cuirfear cúnamh ar fáil chun síriú ar an ngá leanúnach atá ann cumas institiúideach a neartú i réimsí áirithe trí ghníomhaíocht nach féidir a mhaoiniú trí na Cistí Struchtúracha, go háirithe sna réimsí seo a leanas:
- (a) ceartas agus gnóthaí baile (an córas breithiúnach a neartú, rialuithe ag teorainneacha seachtracha, straitéis i gcoinne éillitheachta, cumais forfheidhmithe dlí a neartú);
 - (b) rialú airgeadais;
 - (c) leasanna airgeadais an Aontais agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a chosaint agus an comhrac i gcoinne na calaoise;
 - (d) an margadh inmheánach, lena n-áirítear an t-aontas custaim;
 - (e) comhshaol;
 - (f) seirbhísí tréidliachta agus méadú ar an gcumas riarracháin i ndáil le sábháilteacht bia;
 - (g) struchtúir riarracháin agus rialaithe don talmhaíocht agus d'fhorbairt na tuaithe, lena n-áirítear an Córas Iomlánaithe Riarracháin agus Rialaithe (CIRR);
 - (h) sábháilteacht núicléach (éifeachtúlacht agus inniúlacht na n-údarás sábháilteachta núicléiche agus a n-eagraíochtaí tacaíochta teicniúla, mar aon le gníomhaireachtaí poiblí bainistíochta dramhaíola radaighníomhaí, a neartú);

- (i) staidreamh;
- (j) riachán poiblí a neartú de réir riachtanais arna sainaithint sa tuarascáil chuimsitheach faireacháin ón gCoimisiún nach bhfuil folaithe leis na Cistí Struchtúracha.

3. Déanfar cúnamh faoin Áis Trasdula a chinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 8 de Rialachán (CEE) Uimh. 3906/89 ón gComhairle an 18 Nollaig 1989 maidir le cabhair eacnamaíoch do thíortha áirithe Lár agus Oirtheor na hEorpa¹.

4. Cuirfear an clár chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 53(1)(a) agus (b) den Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach² nó an dlí Eorpach a ghabhfaidh a ionad. I gcás tionscadal um nascadh idir riacháin phoiblí d'fhoinn institiúidí a thógáil, leanfaidh an nós imeachta chun tograí a ghlaoch trí ghréasán na bpointí tadhail sna Ballstáit d'fheidhm a bheith aige, mar atá bunaithe sna Comhaontuithe Réime leis na Ballstáit láithreacha chun críocha cúnaimh réamhaontachais.

Is é 200 milliún euro i 2004, 120 milliún euro i 2005 agus 60 milliún euro i 2006, ag praghsanna 1999, na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí don Áis Trasdula. Údaróidh an t-údarás buiséadach na leithreasaí blantúla laistigh de theorainneacha na Peirspeictíochta Airgeadais, mar atá sí sainithe i gComhaontú Idirinstitiúideach an 6 Bealtaine 1999.

¹ IO L 375, 23 Nollaig 1989, lch. 11.

² Rialachán (CE, CEFA) Uimh. 1605/2002 (IO L 248, 16.9.2002, lch. 1).

AIRTEAGAL 24

1. Cruthaítar leis seo Áis Schengen mar ionstraim shealadach d'fhonn cuidiú le Ballstáit thairbhiúla idir an 1 Bealtaine 2004 agus deireadh 2006 chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú ag teorainneacha seachtracha nua an Aontais d'fhonn *acquis* Schengen agus rialú teorainneacha seachtracha a chur chun feidhme.

D'fhonn déileáil leis na heasnaimh arna sainaithint san ullmhúchán do rannpháirtíocht in Schengen, beidh na cineálacha gníomhaíochta seo a leanas cáilithe do mhaoiniú faoi Áis Schengen:

- (a) infheistíocht i mbonneagar um thrasnú teorann agus i bhfoirgnimh ghaolmhara a fhoirgniú, a athnuachan nó a uasghrádú;
- (b) infheistíochtaí in aon chineál trealamh oibriúcháin (m.sh. trealamh saotharlainne, uirlisí braith, crua-earraí agus bogearraí do Chóras Faisnéise Schengen – SIS II, modhanna iompair);
- (c) gardaí teorann a oiliúint;
- (d) tacaíocht do chostais loighistice agus oibríochtaí.

2. Cuirfear na méideanna seo a leanas ar fáil faoi Áis Schengen i bhfoirm íocaíochtaí deontas cnapshuime, amhail ón 1 Bealtaine 2004, leis na Ballstáit thairbhiúla atá liostaithe thíos:

	2004	2005	2006
	(milliún euro, praghsanna 1999)		
An Eastóin	22,90	22,90	22,90
An Laitvia	23,70	23,70	23,70
An Liotuáin	44,78	61,07	29,85
An Ungáir	49,30	49,30	49,30
An Pholainn	93,34	93,33	93,33
An tSlóivéin	35,64	35,63	35,63
An tSlóvaic	15,94	15,93	15,93

3. Beidh na Ballstáit thairbhiúla freagrach as oibríochtaí leithleacha a roghnú agus a chur chun feidhme i gcomhlíonadh an Airteagail seo. Beidh siad freagrach freisin as úsáid Áis Schengen a chomhordú le cúnamh ó ionstraimí Aontais eile, á airithiú go luíonn sin le beartais agus bearta Aontais agus go gcomhlíonann sin an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach nó leis an dlí Eorpach a ghabhfaidh a ionad.

Úsáidfear na híocaíochtaí deontas cnapshuime laistigh de thrí bliana ón gcéad íocaíocht agus aisghabhfaidh an Coimisiún aon chistí gan caitheamh nó arna gcaitheamh gan chall. Tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis an teorainn ama trí bliana a dhul in éag, déanfaidh na Ballstáit thairbhiúla tuarascáil chuimsitheach ar fheidhmiú airgeadais na n-íocaíochtaí deontas cnapshuime a thíolacadh maille le ráiteas ag firinniú an chaiteachais.

Feidhmeoidh an Stát tairbhiúil an fhreagracht sin gan dochar do fhreagracht an Choimisiúin as buiséad an Aontais a chur chun feidhme agus i gcomhréir leis na forálacha sin den Rialachán Airgeadais nó den dlí Eorpach a ghabhfaidh a ionad is infheidhme maidir le bainistíocht dhílárnaithe.

4. Coinníonn an Coimisiún an ceart chun fíorú a dhéanamh tríd an Oifig i gcoinne na Calaoise (OLAF). Féadfaidh an Coimisiún agus an Chúirt Iniúchóirí seiceálacha ar an bhfód a dhéanamh i gcomhréir leis na nósanna imeachta iomchuí.
5. Féadfaidh an Coimisiún aon fhorálacha teicniúla a ghlacadh is gá chun Áis Schengen a oibriú.

AIRTEAGAL 25

Déanfar na méideanna dá dtagraítear in Airteagail 18, 19, 23 agus 24 a oiriúnú gach bliain mar chuid den oiriúnú teicniúil dá bhforáltear i mír 15 de Chomhaontú Idirinstítíuideach an 6 Bealtaine 1999.

AIRTEAGAL 26

1. Más amhlaidh, go dtí deireadh tréimhse suas go trí bliana tar éis an 1 Bealtaine 2004, go dtagann deacraíochtaí chun cinn atá tromchúiseach agus gur dóigh go seasfaidh siad in aon earnáil den gheilleagar nó deacraíochtaí a d'fhéadfadh trochlú tromchúiseach a thabhairt i gcion ar staid eacnamaíoch limistéir áirithe, féadfaidh Ballstát nua údarú a iarraidh bearta cosanta a ghlacadh d'fhoí an staid sin a cheartú agus an earnáil i dtrácht a choigeartú do gheilleagar an mhargaidh inmheánaigh.

Féadfaidh aon Bhallstát láithreach, sna himthosca céanna, údarú a iarraidh bearta cosanta a ghlacadh maidir le ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit nua.

2. Arna iarraidh sin don Stát i dtrácht, glacfaidh an Coimisiún, trí nós imeachta éigeandála, na rialacháin Eorpacha nó na cinntí Eorpacha lena mbunófar na bearta cosanta a mheasfaidh sé is gá, agus sonróidh sé imthosca agus rialacha mionsonraithe a gcur in éifeacht.

I gcás deacrachartaí eacnamaíocha tromchúiseacha agus arna iarraidh sin go sainráite don Bhallstát i dtrácht, gníomhóidh an Coimisiún laistigh de chúig lá oibre tar éis dó an iarraidh, maille leis an bhfaisnéis chúlra ábhartha, a fháil. Beidh na bearta arna gcinneadh amhlaidh infheidhme láithreach, tabharfaidh siad aird ar leasanna na bpáirtithe uile i dtrácht agus ní bhéarfaidh siad rialuithe teorann.

3. Féadfaidh na bearta atá údaraithe faoi mhír 2 maolú a thabhairt ar rialacha an Bhunreachta, agus go háirithe ar an bPrótacal seo, go feadh méid agus go ceann tréimhsí atá fior-riachtanach chun na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1 a ghnóthú. Tabharfar tosaíocht do cibé bearta is lú a shuaithfidh oibriú an mhargaidh inmheánaigh.

AIRTEAGAL 27

Má tá Ballstát nua tar éis mainneachtain gealltanais arna nglacadh ar láimh i gcomhthéacs na gcaibidlí aontachais a chur chun feidhme, agus gur cúis é sin le sárú tromchúiseach ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh, lena n-áirítear aon ghealltanais i dtaca leis na beartais earnálacha uile a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhfuil éifeacht trasteorann acu, nó gur cúis é le garbhaol go mbeidh sárú den sórt sin ann, féadfaidh an Coimisiún, go dtí deireadh tréimhse suas go trí bliana tar éis an 1 Bealtaine 2004, rialacháin Eorpacha nó cinntí Eorpacha lena mbunaítear bearta iomhcuí a ghlacadh, arna iarraidh sin go réasúnaithe do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin.

Beidh na bearta comhréireach agus tabharfar tosaíocht do na bearta is lú a shuaithfidh oibriú an mhargaíd inmheánaigh agus, nuair is iomchuí, do chur i bhfeidhm na sásraí coimirce earnálacha atá ann. Ní agrófar na bearta coimirce sin le haghaidh idirdhealú treallach ná chun srianadh faoi cheilt a dhéanamh ar an trádáil idir Bhallstáit. Ní choimeádfar na bearta ar bun níos faide ná mar is fiorghá agus, ar aon chuma, foirceannfar iad nuair a chuirfear an gealltanás ábhartha chun feidhme. Féadfar iad a chur i bhfeidhm, áfach, thar an tréimhse atá sonraithe sa chéad mhír fad nach mbeidh na gealltanais ábhartha comhalta. Mar fhreagra ar dhul chun cinn arna dhéanamh ag an mBallstát nua i dtrácht i gcomhall a ghealltanás, féadfaidh an Coimisiún na bearta a oriúnú mar is iomchuí. Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas in am tráthá sula ndéanfaidh sé na rialacháin Eorpacha nó na cinntí Eorpacha lena mbunaíttear na bearta coimirce a chúlghairm agus tabharfaidh sé aird chuí ar aon bharúlacha ón gComhairle i dtaca leis sin.

AIRTEAGAL 28

Má tá easnaimh thromchúiseacha i mBallstát nua nó aon gharbhaol go mbeidh easnaimh den sórt sin ann i dtrasuí na gcinntí réime nó aon ghealltanás ábhartha eile, ionstraimí comhair agus cinntí a bhaineann le haitheantas frithpháirteach i réimse an dlí choiriúil faoi Theideal VI de Chonradh AE, Treoracha agus Rialachán a bhaineann le haitheantas frithpháirteach in ábhair shibhialta faoi Theideal IV de Chonradh CE, agus dlíthe Eorpacha agus dlíthe réime Eorpacha arna nglacadh ar bhonn Ranna 3 agus 4 de Chaibidil IV de Theideal III de Chuid III den Bhunreacht, i staid a gcur chun feidhme nó ina gcur i bhfeidhm, féadfaidh an Coimisiún, go dtí deireadh tréimhse suas go trí bliana ón 1 Bealtaine 2004, rialacháin nó cinntí Eorpacha lena mbunófar bearta iomhcuí a ghlaicadh agus na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe faoina gcuirfear na bearta sin in éifeacht a shonrú, arna iarraidh sin go réasúnaithe do Bhallstát nó ar a thionscnamh fén agus tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit.

Féadfaidh na bearta sin bheith i bhfoirm fíonraíochta sealadaí ar na forálacha agus na cinntí ábhartha sa chaidreamh idir Ballstát nua agus aon Bhallstát nó Ballstáit eile a chur i bhfeidhm, gan dochar do leanúint de dhlúthchomhar breithiúnach. Ní choimeádfar na bearta ar bun níos faide ná mar is fiorgá agus, ar aon chuma, tarscaoilfear iad nuair a leigheasfar na heasnaimh. Féadfar iad a chur i bhfeidhm, áfach, thar an tréimhse atá sonraithe sa chéad mhír fad a sheasann na heasnaimh sin. Mar fhreagra ar dhul chun cinn arna dhéanamh ag an mBallstát nua i dtrácht i gceartú na n-easnamh arna sainaithint, féadfaidh an Coimisiún na bearta a oriúnú mar is iomchuí tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit. Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas in am tráthá sula ndéanfaidh sé bearta coimirce a chúlghairm agus tabharfaidh sé aird chuí ar aon bharúlacha ón gComhairle i dtaca leis sin.

AIRTEAGAL 29

Chun nach gcuirfear treampán ar oibriú cuí an mhargaidh inmheánaigh, ní thiocfaidh rialuithe teorann idir Bhallstáit as forfheidhmiú rialacha náisiúnta na mBallstát nua le linn na n-idirbhéimhsí dá dtagraítear in Iarscríbhinní V go XIV a ghabhann le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003.

AIRTEAGAL 30

Más gá bearta idirthréimhseacha chun an trasdul a éascú ón gcóras atá ann sna Ballstáit nua go dtí an córas a leanfaidh ón gcomhbheartas talmhaíochta a chur i bhfeidhm faoi na coinníollacha atá leagtha amach sa Phrótacal seo, glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 42(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1260/2001 ón gComhairle an 19 Meitheamh 2001 maidir le comheagraíocht na margáin in earnáil an tsiúcra¹, nó, mar is iomchuí, sna hAirteagail chomhfhreagracha de na Rialacháin eile maidir le comheagraíocht na margáin talmhaíochta nó de na dlíthe Eorpacha a ghabhfaidh a n-ionad nó i gcomhréir leis an nós imeachta ábhartha mar a chinntear sa reachtaíocht is infheidhme. Féadfar na bearta idirthréimhseacha dá dtagraítear san Airteagal seo a ghlacadh le linn tréimhse trí bliana ón 1 Bealtaine 2004 agus ní rachaidh a gcur i bhfeidhm thar an tréimhse sin. Féadfar an tréimhse sin a fhadú le dlí Eorpach ón gComhairle. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

AIRTEAGAL 31

Más gá bearta idirthréimhseacha chun an trasdul a éascú ón gcóras atá ann sna Ballstáit nua go dtí an córas a leanfaidh ó rialacha Aontais tréidliachta agus fíteasláintíochta a chur i bhfeidhm, glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta ábhartha mar a chinntear sa reachtaíocht is infheidhme. Déanfar na bearta sin a ghlacadh le linn tréimhse trí bliana ón 1 Bealtaine 2004 agus ní rachaidh a gcur i bhfeidhm thar an tréimhse sin.

AIRTEAGAL 32

1. I gcás na gCoistí, na ngrúpaí agus na gcomhlachtaí eile atá liostaithe in Iarscríbhinn XVI a ghabhann le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003, rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí nua in éag i gcomhthráth le téarma oifige na gcomhaltaí atá i seilbh oifige an 1 Bealtaine 2004.

¹ IO L 178, 30.6.2001, Ich. 1.

2. I gcás na gCoistí agus na ngrúpaí arna gcruthú ag an gCoimisiún atá liostaithe in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003, rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí nua in éag i gcomhthráth le téarma oifige na gcomhaltaí atá i seilbh oifige an 1 Bealtaine 2004.

TEIDEAL IV

INFHEIDHMEACHT GHNÍOMHARTHA NA nINSTITIÚIDÍ

AIRTEAGAL 33

Amhail ón 1 Bealtaine 2004, measfar gur díríodh chuig na Ballstáit nua treoracha agus cinntí, de réir bhrí Airteagal 249 de Chonradh CE agus Airteagal 161 de Chonradh CEFA, ar chuntar gur díríodh na treoracha agus na cinntí sin chuig gach Ballstát láithreach. Ach amháin i gcás treoracha agus cinntí a thagann i bhfeidhm de bhun Airteagal 254(1) agus (2) de Chonradh CE, measfar go bhfuair na Ballstáit nua fógra i dtaobh na dtreoracha agus na gcinntí sin an 1 Bealtaine 2004.

AIRTEAGAL 34

Cuirfidh na Ballstáit nua in éifeacht na bearta is gá chun go gcomhlíonfaidís, amhail ón 1 Bealtaine 2004, forálacha treoracha agus cinntí, de réir bhrí Airteagal 249 de Chonradh CE agus Airteagal 161 de Chonradh CEFA, mura bhforáiltear teorainn ama eile sna hIarscríbhinní dá dtagraítear in Airteagal 15 nó in aon fhórálacha eile den Phró tacal seo.

AIRTEAGAL 35

Mura bhforáiltear a mhalaírt, déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na rialacháin Eorpacha agus na cinntí Eorpacha a ghlacadh is gá chun na forálacha atá in Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003 agus dá dtagraítear in Airteagail 12 agus 13 den Phrótacal seo a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 36

1. Más gá gníomhartha na n-institiúidí arna ndéanamh roimh an 1 Bealtaine 2004 a oiriúnú de thoradh an aontachais agus mura bhforáiltear do na hoiriúnuithe riachtanacha sa Phrótacal seo, déanfar na hoiriúnuithe sin i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos i mír 2. Tiocfaidh na hoiriúnuithe sin i bhfeidhm amhail ón 1 Bealtaine 2004.
2. Déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, nó déanfaidh an Coimisiún, cibé ceann den dá institiúid sin a ghlac na gníomhartha bunaidh, na gníomhartha is gá a ghlacadh chuige sin.

AIRTEAGAL 37

Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riarracháin atá ceaptha chun cosaint a áirithíú, ar chríoch na mBallstát nua, do shláinte na n-oibrithe agus an ghnáthphobail in aghaidh na gcontúirtí a thig ó radaíochtaí ianúcháin, cuirfidh na Stáit sin i bhfios don Choimisiún iad, i gcomhréir le hAirteagal 33 de Chonradh CEFA, laistigh de thrí mhí ón 1 Bealtaine 2004.

CUID A DÓ

FORÁLACHA MAIDIR LEIS NA PRÓTACAIL
ATÁ I gCEANGAL LE hIONSTRAIM AONTACHAIS AN 16 AIBREÁN 2003

TEIDEAL I

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA MAIDIR LEIS
AN mBANC EORPACH INFHEISTÍOCHTA

AIRTEAGAL 38

Íocfaidh Ríocht na Spáinne EUR 309 686 775 mar a scair den chaipiteal íoctha don mhéadú ar an gcaipiteal suibscríofa. Íocfar an ranníocaíocht sin ina hocht dtráthchuid chomhionanna a bheidh dlite an 30 Meán Fómhair 2004, an 30 Meán Fómhair 2005, an 30 Meán Fómhair 2006, an 31 Mártá 2007, an 30 Meán Fómhair 2007, an 31 Mártá 2008, an 30 Meán Fómhair 2008 agus an 31 Mártá 2009.

Ranníocfaidh Ríocht na Spáinne in ocht dtráthchuid chomhionanna a bheidh dlite ar na dátaí sin leis na cúnchistí agus na soláthairtí is coibhéiseach le cúnchistí, agus freisin leis an méid atá le leithreasú fós do na cúnchistí agus soláthairtí, a chuimsíonn iarmhéid an chuntas sochair agus dochair, arna mbunú ag deireadh mhí Aibreáin 2004, mar atá iontrálte i gclár comhardaithe an Bhainc, i méideanna a fhreagraíonn do 4,1292% de na cúnchistí agus soláthairtí.

AIRTEAGAL 39

Amhail ón 1 Bealtaine 2004, iocfaidh na Ballstáit nua na méideanna seo a leanas a fhreagraíonn dá scair den chaipiteal iodata don chaipiteal suibscríofa mar atá sé sainithe in Airteagal 4 de Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta.

An Pholainn	170 563 175 euro
Poblacht na Seice	62 939 275 euro
An Ungáir	59 543 425 euro
An tSlóvaic	21 424 525 euro
An tSlóivéin	19 890 750 euro
An Liotuáin	12 480 875 euro
An Chipir	9 169 100 euro
An Laitvia	7 610 750 euro
An Eastóin	5 882 000 euro
Málta	3 490 200 euro

Íocfar na ranníocaíochtaí sin ina n-ocht dtráthchuid chomhionanna a bheidh dlite an 30 Meán Fómhair 2004, an 30 Meán Fómhair 2005, an 30 Meán Fómhair 2006, an 31 Márta 2007, an 30 Meán Fómhair 2007, an 31 Márta 2008, an 30 Meán Fómhair 2008 agus an 31 Márta 2009.

AIRTEAGAL 40

Ranníocfaidh na Ballstáit nua in ocht dtráthchuid chomhionanna a bheidh dlite ar na dátaí dá dtagraigtear in Airteagal 39, do na cúnchistí agus do na soláthairtí is coibhéiseach le cúnchistí, mar aon leis an méid atá le leithreasú fós do na cúnchistí agus soláthairtí, a chuimsíonn iarmhéid an chuntais sochair agus dochair, arna mbunú ag deireadh mhí Aibreáin 2004, mar atá sé iontrálte i gclár comhardaithe an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, i méideanna a fhreagraíonn do na céatadáin seo a leanas de na cúnchistí agus soláthairtí:

An Pholainn	2,2742%
Poblacht na Seice	0,8392%
An Ungáir	0,7939%
An tSlóvaic	0,2857%
An tSlóivéin	0,2652%
An Liotuáin	0,1664%
An Chipir	0,1223%
An Laitvia	0,1016%
An Eastóin	0,0784%
Málta	0,0465%

AIRTEAGAL 41

An caipiteal agus na híocaíochtaí dá bhforáiltear in Airteagail 38, 39, agus 40, íocfaidh Ríocht na Spáinne agus na Ballstáit nua isteach iad in airgead tirim in euro ach amháin i gcás maolaithe arna chinneadh d'aon toil ag an mBord Gobharnóirí.

TEIDEAL II

**FORÁLACHA MAIDIR LE TIONSCAL CRUACH NA SEICE
A ATHSTRUCHTÚRÚ**

AIRTEAGAL 42

1. D'ainneoin Airteagail III-167 agus III-168 den Bhunreacht, measfar go bhfuil státhabhair arna deonú ag Poblacht na Seice ar mhaithe le hathstruchtúrú do chodanna sonraithe de thionscal cruach na Seice ó 1997 go 2003 ag luí leis an margadh inmheánach ar chuntar:
 - (a) go bhfuil an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 8(4) de Phrótacal 2 maidir le tárgí CEGC atá i gceangal leis an gComhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Seice, den pháirt eile¹, fadaithe go dtí an 1 Bealtaine 2004,
 - (b) go cloítear i gcaitheamh na tréimhse 2002-2006 leis na téarmaí atá leagtha amach sa phlean um athstruchtúrú ar ar a bhonn a fadaíodh an Prótacal thuasluaite,
 - (c) go gcomhalltar na coinníollacha atá leagtha amach sa Teideal seo, agus
 - (d) nach n-íocatar aon státhabhair um athstruchtúrú do thionscal cruach na Seice tar éis an 1 Bealtaine 2004.

¹ IO L 360, 31.12.1994, lch. 2.

2. Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2006 (dá ngairtear "deireadh na tréimhse um athstruchtúrú" anseo feasta) críochnófar athstruchtúrú earnáil chruach na Seice, mar atá tuairiscithe i bpleannanna leithleacha gnó na gcuideachtaí atá liostaithe in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Prótacal Uimh. 2 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003 (dá ngairtear "cuideachtaí tairbhiúla" anseo feasta), agus i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha amach sa Teideal seo.
3. Is iad na cuideachtaí tairbhiúla, agus iad siúd amháin, a bheidh cálithe do stáetchabhair faoi chuimsiú chlár um athstruchtúrú cruach na Seice.
4. Ní fhéadfaidh cuideachta thairbhiúil:
 - (a) i gcás cumaisc le cuideachta nach bhfuil áirithe in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Prótacal Uimh. 2 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003, tairbhe na cabhrach arna deonú don chuideachta thairbhiúil a chur ar aghaidh;
 - (b) sócmhainní aon chuideachta nach bhfuil áirithe in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Prótacal Uimh. 2 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003 a dhearbaítear a bheith féimheach i rith na tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2006 a ghabháil chuici.
5. Déanfaidh aon phríobháidiú ina dhiaidh sin ar aon cheann de na cuideachtaí tairbhiúla na coinníollacha agus na prionsabail i dtaca le hinmharthanacht, stáetchabhracha agus laghdú cumais atá sainithe sa Teideal seo a urramú.

6. Cinnfear an chabhair iomlán um athstruchtúrú atá le deonú do na cuideachtaí tairbhiúla sa tréimhse de réir na bhfírinne arna leagan amach sa phlean Seiceach um athstruchtúrú arna fhormheas agus sna pleannanna leithleacha gnó mar atá formheasta ag an gComhairle. Ar aon chuma, tá an chabhair arna híoc sa tréimhse 1997-2003 teoranta do mhéid uasta CZK 14 147 425 201. As an méid iomlán seo, faigheann Nová Hut' méid uasta CZK 5 700 075 201, faigheann Vítkovice Steel méid uasta CZK 8 155 350 000 agus faigheann Válcovny Plechu Frýdek Místek méid uasta CZK 292 000 000 ag brath ar na ceanglais mar atá leagtha amach sa phlean um athstruchtúrú arna fhormheas. Ní dheonófar an chabhair ach an t-aon uair amháin. Ní dheonóidh Poblacht na Seice aon státhchabhair bhereise do thionscal cruach na Seice ar mhaithe le hathstruchtúrú.

7. Is 590 000 tona an glanlaghdú cumais atá le baint amach ag Poblacht na Seice do tháirgí críochnaithe i rith na tréimhse 1997-2006.

Ní thomhasfar laghdú cumais ach amháin ar bhonn áiseanna táirgeachta a dhúnadh go buan trí scriosadh fisiceach ar dhóigh nach féidir na háiseanna a athchur i seirbhís. Ní cháileoidh mar laghdú cumais cuideachta chruach do dhearbhú féimheachta.

Críochnófar an leibhéal thus de ghlanlaghdú cumais, mar aon le haon laghduithe cumais a aithnítear a bheith riachtanach sna cláir um athstruchtúrú, i gcomhréir leis an amchlár in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Prótacal Uimh. 2 atá i gceangan le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003.

8. Déanfaidh Poblacht na Seice bacainní trádála a dhíchur i margadh an ghuail i gcomhréir leis an *acquis* faoin aontachas, ag cumasú do chuideachtaí Seiceacha cruach rochtain a fháil ar ghual ag margadhphraghsanna idirnáisiúnta.

9. Cuirfear chun feidhme an plean gnó don chuideachta thairbhiúil Nová Huť. Ach go háirithe

- (a) cuirfear gléasra Vysoké Pece Ostrava faoi chreat eagrúcháin Nová Huť trí úinéireacht iomlán a fháil. Socrófar spriocdháta don chumasc sin, lena n-áirítear freagrácht as a chur chun feidhme a shannadh;
- (b) díreofar na hiarrachtaí um athstruchtúrú ar an méid seo a leanas;
 - (i) Nová Huť a fhorbairt ó bheith dírithe ar tháirgeacht chun bheith dírithe ar mhargaíocht agus feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht a bhainistíochta gnó, lena n-áirítear tréadhearcacht níos mó i ndáil le costais;
 - (ii) athbhreithniú ag Nová Huť ar a mheascadh tárgí agus iontráil go dtí margai ar mó a mbreisluach;
 - (iii) Nová Huť do dhéanamh na n-infheistíochtaí is gá chun caighdeán níos airde a shroicheadh do thárgí críochnaithe sa ghearrrthéarma,
- (c) cuirfear athstruchtúrú fostáiochta chun feidhme; amhail an 31 Nollaig 2006, sroichfear leibhéal táirgeachta is inchomparáide leo siúd arna mbaint amach ag grúpaí tárgí thionscal chruach an Aontais, ar bhonn fhiギúirí comhdhlúite na gcuideachtaí tairbhiúla i dtrácht;

- (d) bainfear amach comhlíonadh *acquis* ábhartha an Chomhphobail i réimse chosaint an chomhshaoil faoin 1 Bealtaine 2004, lena n-áirítear na hinfheistíochtaí riachtanacha a dtugtar aghaidh orthu sa phlean gnó. I gcomhréir leis an bplean gnó, déanfar an infheistíocht is gá sa todhchaí atá bainteach le CRIT, chun a áirithíú go gcomhlíonfar faoin 1 Samhain 2007 Treoir 96/61/CE an 24 Meán Fómhair 1996 maidir le cosc agus rialú ionlánaithe ar an truailliú¹.

10. Cuirfear chun feidhme an plean gnó don chuideachta thairbhiúil Vítkovice Steel. Ach go háirithe:

- (a) dúnfar Muileann Duo go buan tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2006. I gcás go gceannóidh infheisteoir straitéiseach an chuideachta, beidh an dúnadh sin faoin dáta sin ina choinníoll ar an gconradh ceannaigh;
- (b) diárofar na hiarrachtaí um athstruchtúrú ar an méid seo a leanas;
 - (i) méadú ar dhíolacháin dhíreacha agus fócas níos mó ar chostais a laghdú, toisc an méid sin a bheith fior-riachtanach do bhainistíocht gnó níos éifeachtaí;
 - (ii) oiriúnú d'éileamh an mhargaidh agus athrú i dtreo táirgí ar mó a mbreislúach;
 - (iii) an infheistíocht arna beartú sa phróiseas tánaisteach déanta cruach a thabhairt ar aghaidh ó 2004 go 2003, chun ligean don chuideachta dul san iomaíocht ar bhonn caighdeáin seachas ar bhonn praghsanna;

¹ IO L 257, 10.10.1996, lch. 26.

(c) bainfear amach comhlíonadh *acquis* ábhartha an Chomhphobail i réimse chosaint an chomhshaoil faoin 1 Bealtaine 2004, lena n-áirítear na hinfheistíochtaí riachtanacha a dtugtar aghaidh orthu sa phlean gnó a chuimsíonn an gá le hinfheistíocht a bhaineann le CRIT sa todhchaí.

11. Cuirfear chun feidhme an pleán gnó don chuideachta Válcovny Plechu Frýdek Místek (VPFM). Ach go háirithe:

- (a) dúnfar Muilinn Theorollta Uimh. 1 agus 2 go buan i ndeireadh 2004;
- (b) dárofar na hiarrachtaí um athstruchtúrú ar an méid seo a leanas;
 - (i) tar éis an Conradh Aontachais a shíniú, an infheistíocht is gá a dhéanamh chun caighdeán níos airde a bhaint amach do tháirgí críochnaithe sa ghearrthéarma;
 - (ii) tosaíocht a thabhairt d'eochairdheiseanna sainaitheanta chun feabhas a chur ar bhrabús (lena n-áirítear athstruchtúrú fostáiochta, costais a laghdú, feabhas a chur ar thorthaí agus athdhíriú imdháileacháin).

12. Ní foláir comhaontú ón gCoimisiún agus, nuair is iomchuí, ón gComhairle a bheith le haon athruithe ina dhiaidh sin ar an bpleán foriomlán um athstruchtúrú agus na pleannanna leithleacha.

13. Cuirfear an t-athstruchtúrú chun feidhme faoi dhálaí lán-trédhearcachta agus ar bhonn phrionsabail fhóntha gheilleagar an mhargaidh.

14. Déanfaidh an Coimisiún agus an Chomhairle faireachán géar ar chur chun feidhme an athstruchtúraithe agus ar chomhall na gcoinníollacha atá leagtha amach sa Teideal seo maidir le hinmharthanacht, státhabhair, laghduithe cumais roimh an 1 Bealtaine 2004 agus ina dhiaidh, go dtí deireadh na tréimhse um athstruktúrú, i gcomhréir le míreanna 15 go 18. Chuige seo curfidh an Coimisiún tuarascáil chuig an gComhairle.
15. Déanfaidh an Coimisiún agus an Chomhairle faireachán ar thagarmharcanna an athstruktúraithe atá leagtha amach in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Prótacal Uimh. 2 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003. Déanfar na tagairtí san Iarscríbhinn sin do mhír 16 den Phrótacal a dúradh a fhordóiriú mar thagairtí do mhír 16 den Airteagal seo.
16. Áireofar ar an bhfaireachán meastóireacht neamhspleách a dhéanfar i 2003, 2004, 2005, agus 2006. Is eilimint thábhachtach trial inmharthanachta an Choimisiúin chun a áirthíú go mbainfear inmharthanacht amach.
17. Comhoibreoidh Poblacht na Seice go hiomlán leis na socruithe faireacháin go léir. Ach go háirithe

- (a) soláthroidh Poblacht na Seice don Choimisiún tuarascálacha gach sé mhí ar athstruktúrú na gcuideachtaí tairbhiúla, tráth nach déanaí ná an 15 Márta agus an 15 Meán Fómhair gach bliain go dtí deireadh na tréimhse um athstruktúrú;
- (b) sroichfidh an chéad tuarascáil an Coimisiún faoin 15 Márta 2003 agus sroichfidh an tuarascáil dheireanach faoin 15 Márta 2007 é, mura gcinnfidh an Coimisiún a mhalaírt;

- (c) beidh sna tuarascálacha an fhaisnéis uile is gá chun faireachán a dhéanamh ar phróiséas an athstruchtúraithe agus ar laghdú agus usáid cumais agus tabharfar iontu go leor sonrai i dtaobh airgeadais chun gur féidir measúnú a dhéanamh an bhfuil na coinníollacha agus na ceanglais sa Teideal seo comhalta. Beidh sna tuarascálacha ar a laghad an fhaisnéis atá leagtha amach in Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Prótacal Uimh. 2 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003 agus forchoimeádann an Coimisiún an ceart an Iarscríbhinn sin a mhodhnú i gcomhréir lena thaithí le linn an phróisis faireacháin. I dteannta leis na tuarascálacha leithleacha gnó ar na cuideachtaí tairbhiúla, beidh tuarascáil freisin ar staid fhioriomlán earnáil Sheiceach an chruch, lena n-áirítear forbairtí maicreacnamaíocha déanacha;
- (d) cuirfidh Poblacht na Seice iallach ar na cuideachtaí tairbhiúla gach sonra is ábhartha a nochtadh a d'fhéadfá a mheas, i gcúinsí eile, mar shonrai rúndá. Agus tuairisc á tabhairt aige don Chomhairle, áiritheoidh an Coimisiún nach nochtfar faisnéis rúndá atá sonrach do chuideachta.

18. Féadfaidh an Coimisiún, tráth ar bith, a chinneadh sainordú a thabhairt do chomhairleoir neamhspleách chun torthaí an fhaireacháin a mheasúnú, aon taighde is gá a dhéanamh agus tuarascáil a thabhairt don Choimisiún agus don Chomhairle.

19. Má shuíonn an Coimisiún, ar bhonn na dtuarascálacha dá dtagraítear i mír 17, go bhfuil diallais shuntasacha ó na sonrai airgeadais ar a ndearnadh an measúnú inmharthanachta tar éis tarlú, féadfaidh sé a chur de cheangal ar Phoblacht na Seice bearta iomchuí a ghlacadh chun bearta um athstruchtúrú na gcuideachtaí tairbhiúla i dtrácht a athneartú.

20. Má thaispeánann an faireachán:

- (a) nach bhfuil na coinníollacha do na socruithe idirchréimhseacha sa Teideal seo comhalta, nó
- (b) nach bhfuil na gealltanais arna ndéanamh faoi chuimsiú fhadú na tréimhse inar féidir le Poblacht na Seice tacaíocht stáit a dheonú go heisceachtúil chun a tionscal cruach a athstruchtúrú faoin gComhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Seice, den pháirt eile, comhalta¹, nó
- (c) go bhfuil Poblacht na Seice, i gcaitheamh na tréimhse um athstruchtúrú, tar éis státhabhair neamhréireach bhreise a dheonú don tionscal cruach agus go háirithe do na cuideachtaí tairbhiúla,

ní ghabhfaidh éifeacht leis na socruithe idirchréimhseacha sa Teideal seo.

Glacfaidh an Coimisiún bearta iomchuí a chuirfidh de cheangal ar aon chuideachta i dtrácht aon chabhair arna deonú de shárú ar na coinníollacha atá leagtha síos sa Teideal seo a aisíoc.

¹ IO L 360, 31.12.1994, lch. 2.

TEIDEAL III

**FORÁLACHA MAIDIR LE LIMISTÉIR BHUNÁITE FHLAITHEASACHA
RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS
THUAISCEART ÉIREANN SA CHIPIR**

AIRTEAGAL 43

1. Cuimseofar na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha laistigh de chríoch custaim an Aontais, agus chun na críche sin, beidh feidhm, maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha, ag na hionstraimí beartais chustaim agus tráchtála atá liostaithe i gCuid I den Iarscríbhinn a ghabhann le Prótacal Uimh. 3 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003, maille leis na leasuithe atá leagtha amach san Iarscríbhinn sin. San Iarscríbhinn sin, déanfar an tagairt don "Phrótacal seo" a fhordóiriú mar thagairt don Teideal seo.
2. Beidh feidhm maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha ag gníomhartha Aontais maidir le cánacha láimhdeachais, dleachtanna mál agus foirmeacha eile cánachais indírigh atá liostaithe i gCuid a Dó den Iarscríbhinn a ghabhann le Prótacal Uimh. 3 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003, maille leis na leasuithe atá leagtha amach san Iarscríbhinn sin chomh maith leis na forálacha ábhartha a bhfuil feidhm acu maidir leis an gCipir mar atá leagtha amach sa Phrótacal seo.
3. Déanfar na gníomhartha Aontais atá liostaithe i gCuid a Trí den Iarscríbhinn a ghabhann le Prótacal Uimh. 3 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003 a leasú mar atá leagtha amach san Iarscríbhinn sin chun a chumasú don Ríocht Aontaithe na faoisimh agus na díolúintí ó dhleachtanna agus ó chánacha ar sholáthairtí dá fórsaí agus don phearsanra atá bainteach leo atá deonaithe sa Chonradh maidir le bunú Phoblacht na Cipire (dá ngairtear "an Conradh Bunaíochta" anseo feasta) a choimeád ar bun.

AIRTEAGAL 44

Beidh feidhm maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha ag Airteagail III-225 go III-232 den Bhunreacht, mar aon leis na forálacha arna nglacadh ar an mbonn sin, agus ag na forálacha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal III-278(4)(b) den Bhunreacht.

AIRTEAGAL 45

Daoine a chónaíonn nó atá fostaithe sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus atá, faoi shocruithe arna ndéanamh de bhun an Chonartha Bhunaíochta agus an Mhalartaithe Nótáí dar dáta 16 Lúnasa 1960, faoi réir reachtaíocht slándála sóisialta Phoblacht na Cipire, cuirfear cóir orthu chun críocha Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 ón gComhairle an 14 Meitheamh 1971 maidir le scéimeanna slándála sóisialta a chur i bhfeidhm ar dhaoine fostaithe, ar dhaoine féinfhostaithe agus ar bhaill dá dteaghlaigh ag gluaiseacht sa Chomhphobal¹ amhail is dá mbeidís ina gcónaí nó dá mbeidís fostaithe ar chríoch Phoblacht na Cipire.

AIRTEAGAL 46

1. Ní chuirfear de cheangal ar Phoblacht na Cipire seiceálacha a dhéanamh ar dhaoine ag trasnú a theorainneacha talaimh agus mara leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus ní bheidh feidhm maidir le daoine den sórt sin ag aon srianta Aontais ar theorainneacha seachtracha a thrasnú.
2. Déanfaidh an Ríocht Aontaithe rialuithe ar dhaoine ag trasnú theorainneacha seachtracha na Limistéar Bunáite Flaitheasach i gcomhréir leis na gealltanais atá leagtha amach i gCuid a Ceathair den Iarscríbhinn a ghabhann le Prótacal Uimh. 3 atá i gceangan le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003.

¹ IO L 149, 5.7.1971, lch. 2.

AIRTEAGAL 47

Féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, d'fhoí a áirithíú go gcuirfear cuspóirí an Teidil seo chun feidhme go héifeachtúil, cinneadh Eorpach a ghlacadh chun Airteagail 43 go 46 thuas, lena n-áirítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Prótacal Uimh. 3 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003, a leasú, nó forálacha eile den Bhunreacht agus de ghníomhartha Aontais a chur i bhfeidhm maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha ar cibé téarmaí agus faoi réir cibé coinníollacha a shonróidh sí. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Ríocht Aontaithe agus le Poblacht na Cipire sula dtíolacfaidh sé togra.

AIRTEAGAL 48

1. Faoi réir mhír 2, beidh an Ríocht Aontaithe freagrach as an Teideal seo a chur chun feidhme sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha. Ach go háirithe:

- (a) beidh an Ríocht Aontaithe freagrach as na bearta Aontais atá sonraithe sa Teideal seo i réimsí an chustaim, an chánachais indírigí agus an chomhbheartais tráchtala a chur i bhfeidhm i ndáil le hearraí ag teacht isteach go hoileán na Cipire nó á fhágáil trí chalafort nó aerfort laistigh de na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha;
- (b) féadfar rialuithe custaim a dhéanamh laistigh de na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha ar earraí arna n-allmhairíú isteach go hoileán na Cipire nó arna n-onnmhairíú uaidh ag fórsaí na Ríochta Aontaithe trí chalafort nó trí aerfort i bPoblacht na Cipire;

- (c) beidh an Ríocht Aontaithe freagrach as aon cheadúnais, údaruithe nó deimhniithe a eisiúint a fhéadfar a iarraidh faoi aon bheart Aontais atá infheidhme i dtaca le hearraí arna n-allmhairiú isteach go hoileán na Cipire nó arna n-onnmhairiú uaidh ag fórsaí na Ríochta Aontaithe.
2. Beidh Poblacht na Cipire freagrach as riarachán agus íocaíocht aon chistí Aontais a bhféadfaidh daoine sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha bheith ina dteideal de bhun an comhbheartas talmhaíochta a chur i bhfeidhm sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha faoi Airteagal 44 agus beidh Poblacht na Cipire cuntasach don Choimisiún as caiteachas den sórt sin.
3. Gan dochar do mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh an Ríocht Aontaithe feidhmiú aon cheann de na feidhmeanna atá forchurtha ar Bhallstát le haon cheann de na forálacha dá dtagraítear in Airteagail 43 go 46, nó faoi, a tharmligean chuig údaráis inniúla Phoblacht na Cipire, i gcomhréir le socruthe arna ndéanamh de bhun an Chonartha Bhunaíochta.
4. Comhoibreoidh an Ríocht Aontaithe agus Poblacht na Cipire chun a áirithíú go gcuirfear an Teideal seo chun feidhme go héifeachtúil sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus, nuair is iomchuí, tabharfaidh siad socruthe breise i gcrích maidir le cur chun feidhme aon cheann de na forálacha dá dtagraítear in Airteagail 43 go 46 a tharmligean. Tíolacfar cóip d'aon socruthe den sórt sin don Choimisiún.

AIRTEAGAL 49

Ní bheidh de chuspóir ag na socruithe dá bhforáiltear sa Teideal seo ach staid faoi leith Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha na Ríochta Aontaithe sa Chipir a rialáil ná ní bheidh feidhm acu maidir le haon chríoch eile den Aontas ná ní bheidh siad ina bhfasach, go hiomlán nó go páirteach, d'aon socruite speisialta eile atá ann cheana nó a d'fhéadfaí a chur ar bun i gcríoch Eorpach eile dá bhforáiltear in Airteagal IV-440 den Bhunreacht.

AIRTEAGAL 50

Tabharfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gach cúig bliana amhail ón 1 Bealtaine 2004 ar chur chun feidhme fhorálacha an Teidil seo.

AIRTEAGAL 51

Beidh feidhm ag forálacha an Teidil seo i bhfianaise an Dearbhaite maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir ina n-ionchorpraítear friotal bhrollach Phrótacal Uimh. 3 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003, gan a éifeacht dhlíthiúil a athrú.

TEIDEAL IV

**FORÁLACHA MAIDIR LE GLÉASRA CUMHACHTA NÚICLÉICHE IGNALINA
SA LIOTUÁIN**

AIRTEAGAL 52

Ag aithint di a mhéad atá an tAontas ullamh cúnamh breise leordhóthanach a sholáthar d'iarrachtaí na Liotuáine chun Gléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina a dhíchoimisiúnú agus béim á cur aici ar an dlúthpháirtíocht arna cur in iúl amhlaidh, tá an Liotuáin tar éis a chur de ghealltanás uirthi féin Aonad 1 de Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina a dhúnadh roimh 2005 agus Aonad 2 den ghléasra sin a dhúnadh faoin 31 Nollaig 2009 agus na haonaid sin a dhíchoimisiúnú ina dhiaidh sin.

AIRTEAGAL 53

1. Le linn na tréimhse 2004-2006, soláthroidh an tAontas cúnamh airgeadais breise don Liotuáin chun tacú lena hiarrachtaí chun Gléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina a dhíchoimisiúnú agus chun déileáil le hiarmhairtí a dhúnta agus a dhíchoimisiúnaithe (dá ngairtear "Clár Ignalina" anseo feasta).
2. Déanfar bearta faoi Chlár Ignalina a chinneadh agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis na forálacha arna leagan síos i Rialachán (CEE) Uimh. 3906/89 ón gComhairle an 18 Nollaig 1989 maidir le cabhair eacnamaíoch do thíortha áirithe Lár agus Oirtheorpa na hEorpa¹.

¹ IO L 375, 23.12.1989, lch. 11.

3. Folóidh Clár Ignalina, inter alia, bearta tacaíochta do dhíchoimisiúnú Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina; bearta um uasghrádú comhshaoil ar cothrom leis an *acquis*, bearta um an gcumas táirgeachta gnásúil a nuachóiriú chun ionad chumas táirgeachta an dá imoibreoir de chuid Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina a ghabháil; agus bearta eile atá iarmhartach ar an gcinneadh an gléasra sin a dhúnadh agus a dhíchoimisiúnú agus a rannchuidíonn le hathstruchtúrú riachtanach, uasghrádú comhshaoil agus nuachóiriú na n-earnálacha táirgeachta, idirthurais agus dáileacháin fuinnimh sa Liotuáin chomh maith le feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair fuinnimh agus ar éifeachtacht fuinnimh sa Liotuáin.
4. Folóidh Clár Ignalina na bearta chun tacú le foireann an ghléasra d'fhoinn ardleibhéal sábháilteachta oibríochtúla a choimeád ar bun ag Gléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina sna tréimhsí roimh na haonaid imoibreora a dúradh a dhúnadh agus le linn a ndíchoimisiúnaithe.
5. Don tréimhse 2004-2006, 285 milliún euro a bheidh i gClár Ignalina, i leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí a ndéanfar ceangaltais ina leith i dtráinsí bliantúla cothroma.
6. Féadfaidh an ranníocaíocht faoi Chlár Ignalina dul suas le 100% den chaiteachas iomlán do bhearta áirithe. Is cóir gach iarracht a dhéanamh leanúint den chleachtas cómhaoinithe arna bhunú faoin gcúnamh réamhaontachais i dtaca le hiarracht na Liotuáine chun díchoimisiúnú a dhéanamh chomh maith le cómhaoiniú a mhealladh ó fhoinsí eile, mar is iomchuí.
7. Cuirfear an cúnamh faoi Chlár Ignalina, nó codanna de, ar fáil mar ranníocaíocht Aontais don Chiste Idirnáisiúnta Tacaíochta um Dhíchoimisiúnú Ignalina, arna bhainistiú ag an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha.

8. Beidh cabhair phoiblí ó fhoinsí náisiúnta, Aontais agus idirnáisiúnta:

- (a) ar mhaithe le huasghrádú comhshaoil ar cothrom leis an *acquis* agus le bearta chun an Gléasra Teirmeach Cumhachta Liotuánach in Elektrenai a nuachóiriú mar eochairionadaí do chumas táirgeachta an dá imoibreoir de chuid Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina; agus
- (b) ar mhaithe le díchoimisiúnú Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina

ag luí leis an margadh inmheánach mar atá sainithe sa Bhunreacht.

9. Cabhair phoiblí ó fhoinsí náisiúnta, Aontais agus idirnáisiúnta chun tacú le hiarrachtaí na Liotuáine chun déileáil leis na hiarmhaintí a thig ó Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina a dhúnadh agus a dhíchoimisiúnú, féadfar a mheas, ar bhonn gach cáis faoi leith, go bhfuil sí ag luí – faoin mBunreacht – leis an margadh inmheánach, go háirithe cabhair phoiblí arna soláthar chun feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair leictreachais.

AIRTEAGAL 54

1. Á aithint dó gur de chineál fadtéarmach é an díchoimisiúnú ar Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina agus gur ualach eisceachtúil airgeadais é don Liotuáin nach bhfuil comhchuimseach lena toirt agus lena neart eacnamaíoch, déanfaidh an tAontas, i ndlúthpháirtíocht leis an Liotuáin, cúnamh breise leordhóthanach a sholáthar don iarracht chun díchoimisiúnú i ndiaidh 2006.

2. Chuige sin leanfar de Chlár Ignalina agus fadófar i ndiaidh 2006 é gan bhriseadh. Cinnfear forálacha cur chun feidhme do Chlár Ignalina arna fhadú i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 35 den Phrótacal seo agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ar a dhéanaí faoin dáta a rachaidh an Pheirspictíocht Airgeadais mar atá sí sainithe i gComhaontú Idirinstítíuideach an 6 Bealtaine 1999 in éag.
3. Beidh Clár Ignalina, mar atá arna fhadú i gcomhréir le forálacha mhír 2, bunaithe ar na heilimintí agus na prionsabail chéanna mar atá tuairiscithe in Airteagal 53.
4. Do thréimhse na Peirspictíochta Airgeadais ina dhiaidh seo, beidh na meánleithreasaí foriomlána faoi Chlár Ignalina arna fhadú iomchuí. Beidh clárú na n-acmhainní sin bunaithe ar riachtanais iarbhír íocaíochta agus cumas iarbhír ionsú.

AIRTEAGAL 55

Gan dochar d'fhorálacha Airteagal-52, beidh feidhm ag an gclásal ginearálta cosanta dá dtagraítear in Airteagal 26 go dtí an 31 Nollaig 2012 má bhristear an soláthar fuinnimh sa Liotuáin.

AIRTEAGAL 56

Beidh feidhm ag an Teideal seo i bhfianaise an Dearbhuithe maidir le gléasra cumhachta núicléiche Ignalina sa Liotuáin ina n-ionchorpraítear friotal bhrollach Phrótacal Uimh. 4 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003, gan a éifeacht dhlíthiúil a athrú.

TEIDEAL V

**FORÁLACHA MAIDIR LE hIDIRTHURAS DAOINE DE THALAMH
IDIR RÉIGIÚN KALININGRAD
AGUS CODANNA EILE DE CHÓNAIDHM NA RÚISE**

AIRTEAGAL 57

Ní chuirfidh rialacha agus socruithe an Aontais maidir le hidirthuras daoine de thalamh idir réigiún Kaliningrad agus codanna eile de Chónaidhm na Rúise agus go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 693/2003 ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 ag bunú Doiciméad Idirthurais Éascaithe (FTD) sonrach, Doiciméad Idirthurais Iarnróid Éascaithe (FRTD) agus ag leasú na dTeagasc Coiteann Consalach agus an Lámhleabhair Choitinn¹ iontu féin moill ar rannpháirteachas iomlán na Liotuáine in *acquis* Schengen, lena n-áirítear teorainneacha inmheánacha a dhíothú, ná ní bheidh siad ina gcosc air.

AIRTEAGAL 58

Cuideoidh an tAontas leis an Liotuáin na rialacha agus na socruithe maidir le hidirthuras daoine de thalamh idir réigiún Kaliningrad agus codanna eile de Chónaidhm na Rúise a chur chun feidhme ar mhaithle le rannpháirteachas iomlán na Liotuáine i limistéar Schengen a thúsce is féidir.

Cuideoidh an tAontas leis an Liotuáin idirthuras daoine idir réigiún Kaliningrad agus codanna eile de Chónaidhm na Rúise a bhainistiú agus, go háirithe, iompróidh sé aon chostais bhreise arna dtabhú trí na forálacha speisialta san *acquis* dá bhforáiltear i gcás idirthurais den sórt sin a chur chun feidhme.

¹ IO L 99, 17.4.2003, lch. 8.

AIRTEAGAL 59

Gan dochar do chearta flaitheasacha na Liotuáine, déanfaidh an Chomhairle aon ghníomh breise maidir le hidirthuras daoine idir réigiún Kaliningrad agus codanna eile de Chónaidhm na Rúise a ghlacadh ar thogra ón gCoimisiún. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil.

AIRTEAGAL 60

Beidh feidhm ag an Teideal seo i bhfianaise an Dearbhaithe maidir le hidirthuras daoine de thalamh idir Réigiún Kaliningrad agus codanna eile de Chónaidhm na Rúise ina n-ionchorpraítear friotal bhrollach Phrótacal Uimh. 5 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003, gan a éifeacht dhlíthúil a athrú.

TEIDEAL VI

FORÁLACHA MAIDIR LE hÁITEANNA CÓNAITHE TÁNAISTEACHA A FHÁIL I MÁLTA

AIRTEAGAL 61

Agus aird á tabhairt ar an lón fiortheoranta d'áiteanna cónaithe i Málta agus an t-achar fiortheoranta talaimh atá ar fáil chun críocha foirgníochta nach féidir leo ach na bunriachtanais a chruthaíonn forbairt dhéimeagrafach na gcónaitheoirí láithreacha a fholú, féadfaidh Málta, ar bhonn neamhidirdhealaitheach, na rialacha a choimeád i bhfeidhm arna leagan síos san Acht um Maoin Dhochorraithe (Fáil ag Neamhchónaitheoirí) (Caibidil 246) ar rialacha iad maidir le náisiúnaigh de na Ballstáit nach raibh cónai orthu go dleathach i Málta ar feadh cúig bliana ar a laghad maoin dhochorraithe d'fháil agus do choimeád le haghaidh áiteanna cónaithe tanaisteacha.

Cuirfidh Málta nósanna imeachta um údarú i bhfeidhm chun maoin dhochorraithe a fháil chun críocha áiteanna cónaithe tanaisteacha i Málta a bheidh bunaithe ar chritéir atá poiblí, oibiachtúil, cobhsaí agus tréadhearach. Cuirfear na critéir sin i bhfeidhm ar dhóigh neamhidirdhealaitheach agus ní dhifreálfaidh siad idir náisiúnaigh Mhálta agus náisiúnaigh na mBallstát eile. Áiritheoidh Málta nach gcuirfear ar chor ar bith cóir níos sriantaí ar náisiúnach de Bhallstát ná mar a chuirfí ar náisiúnach tríu tíre.

I gcás gur mó luach maoine amháin den sórt sin arna ceannach ag náisiúnach de Bhallstát ná na tairseacha dá bhforáiltear i reachtaíocht Mhálta, is é sin 30 000 lira Máltach le haghaidh árasán agus 50 000 lira Máltach le haghaidh aon chineál maoine seachas árasáin agus maoin a bhfuil tábhacht stairiúil aici, deonófar údarú. Féadfaidh Málta na tairseacha atá bunaithe leis an reachtaíocht sin a choigeartú chun athruithe praghsanna ar mhargadh an eastáit réadaigh i Málta a léiriú.

TEIDEAL VII

FORÁLACHA MAIDIR LE GINMHILLEADH I MÁLTA

AIRTEAGAL 62

Ní dhéanfaidh aon ní sa Chonradh ag bunú Bunreachta don Eoraip ná sna Conarthaí ná sna hIonstraimí á leasú nó á fhorlónadh difear do reachtaíocht náisiúnta a bhaineann le ginmhilleadh a chur i bhfeidhm ar chríoch Mhálta.

TEIDEAL VIII

FORÁLACHA MAIDIR LE TIONSCAL CRUACH NA POLAINNE A ATHSTRUCHTÚRÚ

AIRTEAGAL 63

1. D'ainneoin Airteagail III-167 agus III-168 den Bhunreacht, measfar go bhfuil státhchabhair arna deonú ag an bPolainn ar mhaithe le hathstruchtúrú do chodanna sonraithe de thionscal cruach na Polainne ag luí leis an margadh inmheánach ar chuntar:

- (a) go bhfuil an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 8(4) de Phrótacal 2 maidir le táirgí CEGC atá i gceangal leis an gComhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Pholainn, den pháirt eile¹ fadaithe go dtí an 1 Bealtaine 2004, agus;

¹ IO L 348, 31.12.1993, lch. 2.

- (b) go cloítear i gcaitheamh na tréimhse 2002-2006 leis na téarmaí atá leagtha amach sa phlean um athstruchtúrú ar ar a bhonn a fadaíodh an Prótacal thuasluaite;
- (c) go gcomhalltar na coinníollacha atá leagtha amach sa Teideal seo, agus
- (d) nach n-íocatar aon státhabhair do thionscal cruach na Polainne tar éis an 1 Bealtaine 2004.

2. Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2006 (dá ngairtear "deireadh na tréimhse athstruchtúraithe" anseo feasta) críochnófar athstruktúrú earnáil chruach na Polainne, mar atá tuairiscithe i bpleannanna leithleacha gnó na gcuideachtaí atá liostaithe in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Prótacal Uimh. 8 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003 (dá ngairtear "cuideachtaí tairbhiúla" anseo feasta), agus i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha amach sa Teideal seo.

3. Is cuideachtaí tairbhiúla, agus iad siúd amháin, a bheidh cáilithe do státhabhair faoi chuimsiú cláir um athstruktúrú cruach na Polainne.

4. Ní fhéadfaidh cuideachta thairbhiúil:

- (a) i gcás cumaisc le cuideachtaí nach bhfuil áirithe in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Prótacal Uimh. 8 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003, tairbhe na cabhrach arna deonú don chuideachta thairbhiúil a chur ar aghaidh;
- (b) sócmhainní aon chuideachta nach bhfuil áirithe in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Prótacal Uimh. 8 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003 a dhearbaítear a bheith féimheach i rith na tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2006 a ghabháil chuici.

5. Déanfar aon phríobháidiú iardain ar aon cheann de na cuideachtaí tairbhiúla ar bhonn a urramaíonn an gá le trédhearcacht agus urramóidh sé na coinníollacha agus na prionsabail i dtaca le hinmharthanacht, stáitchabhracha agus laghdú cumais atá sainithe sa Teideal seo. Ní dheonófar aon stáitchabhair bhereise mar chuid de dhíol sócmhainní cuideachta nó sócmhainní leithleacha.

6. Cinnfear an chabhair um athstruchtúrú iomlán arna deonú do na cuideachtaí tairbhiúla de réir na bhfírinne arna leagan amach i bplean um athstruchtúrú arna fhormheas agus sna pleannanna leithleacha gnó mar atá formheasta ag an gComhairle. Ar aon chuma, ní rachaidh an chabhair arna híoc sa tréimhse 1997-2003 ina hiomláine thar mhéid uasta PLN 3 387 070 000.

As an méid iomlán sin,

(a) i dtaca le Polskie Huty Stali (dá ngairtear "PHS" anseo feasta) ní rachaidh an chabhair um athstruchtúrú arna deonú cheana nó le deonú ó 1997 go deireadh 2003 thar PLN 3 140 360 000. Tá cabhair um athstruchtúrú PLN 62 360 000 faigte cheana ag PHS sa tréimhse 1997-2001; gheobhaidh sé cabhair bhereise um athstruchtúrú nach mó ná PLN 3 078 000 000 i 2002 agus 2003 (le híoc ina hiomláine i 2002 má dheonaítear fadú ar an tréimhse bhereise faoi Phrótacl 2 atá i gceangal leis an gComhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Polainne, den pháirt eile, faoi dheireadh 2002 nó, ina mhalaire de chás, i 2003);

(b) i dtaca le Huta Andrzej S.A., Huta Bankowa Sp. z o.o., Huta Batory S.A., Huta Buczek S.A., Huta L.W. Sp. z o.o., Huta Łabędy S.A., agus Huta Pokój S.A. (dá ngairtear "na cuideachtaí tairbhiúla eile" anseo feasta) ní rachaidh an chabhair um athstruchtúrú cruach arna deonú ó 1997 go deireadh 2003 thar PLN 246 710 000. Tá cabhair um athstruchtúrú PLN 37 160 000 faigthe cheana ag na cuideachtaí sin sa tréimhse 1997-2001; gheobhaidh siad cabhair bhreise um athstruchtúrú nach mó ná PLN 210 210 000 ag brath ar na ceanglais atá leagtha amach sa phlean um athstruchtúrú (lena n-airítear PLN 182 170 000 i 2002 agus PLN 27 380 000 in 2003 má dheonaítear fadú ar an tréimhse bhreise faoi Phrótacal 2 atá i gceangal leis an gComhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Polainne, den pháirt eile, faoi dheiminéadh 2002 nó, ina mhalaireacht de chás, PLN 210 210 000 i 2003).

Ní dheonóidh an Pholainn aon státhabhair bhreise do thionscal cruach na Polainne chun críocha athstruchtúraithe.

7. Is é 1 231 000 tona an glanlaghdú cumais atá le baint amach ag an bPolainn do tháirgí críochnaithe i rith na tréimhse 1997-2006. Áirítear sa mhéid foriomlán seo glanlaghduithe cumais de 715 000 tpy ar a laghad i dtáirgí teasrollta agus 716 000 tpy i dtáirgí fuar-rollta, mar aon le méadú 200 000 tpy ar a laghad de tháirgí críochnaithe eile.

Ní thomhasfar laghdú cumais ach amháin ar bhonn áiseanna táirgeachta a dhúnadh go buan trí scriosadh fisiciúil ar dhóigh nach féidir na háiseanna a athchur i seirbhís. Ní chóileofar mar laghdú cumais cuideachta chruach do dhearbhú féimheachta.

Is glanlaghduithe íosta agus iarbhír atá le baint amach na glanlaghduithe cumais atá leagtha amach in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Prótacal Uimh. 8 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003 agus bunófar an t-amchlár chun é sin a dhéanamh ar bhonn phlean críochnaitheach na Polainne um athstruchtúrú agus pleannanna leithleacha gnó faoin gComhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Polainne, den pháirt eile, agus aird á tabhairt ar an gcuspóir inmharthanacht na gcuideachtaí tairbhiúla a áirithiú amhail ar 31 Nollaig 2006.

8. Cuirfear chun feidhme an plean gnó don chuideachta thairbhiúil PHS. Ach go háirithe

- (a) dáireofar na hiarrachtaí um athstruchtúrú ar an méid seo a leanas:
 - (i) áiseanna táirgeachta PHS a atheagrú ar bhonn táirgí agus eagrúchán cothrománach a áirithiú de réir feidhmeanna (ceannach, táirgeadh, díolachán);
 - (ii) struchtúr aontaithe bainistíocha a bhunú i PHS chun gur féidir sineirgíochtaí a ghnóthú go hiomlán sa chomhdhlúthú;
 - (iii) forbairt ar dhíriú straitéiseach PHS ó bheith dírithe ar tháirgeacht chun bheith dírithe ar mhargaíocht;
 - (iv) feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht bhainistíocht ghnó PHS agus rialú níos fearr ar dhíolacháin dhíreacha a áirithiú;
 - (v) athbhreithniú ag PHS, ar bhonn cúinsí fónta eacnamaíocha, ar straitéis cuideachtaí seachthairbheacha, agus, nuair is iomchuí, seirbhísí a athlánpháirtiú sa mháthairchuideachta;

- (vi) athbhreithniú ag PHS ar a mheascadh tárgí, agus laghdú á dhéanamh ar chumas iomarcach i ndáil le tárgí fada leathchríochnaithe agus gluaiseacht i gcoitinne go dtí margadh ar mó a bhreisluach;
- (vii) infheistíocht ag PHS d'fhoínn cáilíocht níos airde a bhaint amach do thárgí críochnaithe; aire speisialta a thabhairt do leibhéal cáilíochta 3-Sigma sa táirgeacht a bhaint amach ag suíomh PHS in Kraków faoin dáta arna leagan amach san amchlár don chlár chun PHS a athstruchtúrú a chur chun feidhme agus faoi dheireadh 2006 ar a dhéanaí;
- (b) coigilt ar chostais a uasmhéadú in PHS le linn na tréimhse um athstruchtúrú trí ghnóchain éifeachtachta fuinnimh, ceannach feabhsaithe agus trí thorthaí tárgiúlachta a áirithíú atá inchomórtais le leibhéal san Aontas;
- (c) cuirfear athstruchtúrú fostáiochta chun feidhme faoin 31 Nollaig 2006, sroichfear leibhéal táirgeachta is inchomórtais leo siúd arna mbaint amach ag grúpaí tárgí tionscail chruch an Aontais, ar bhonn figiúirí comhdhlúite lena n-áirítear fostáiocht indíreach sna cuideachtaí seirbhíse ar lánúinéireacht i dtrácht;
- (d) beidh aon phríobháidiú ar bhonn a urramaíonn an gá le trédhearcacht agus a urramaíonn go hiomlán luach tráchtála PHS. Ní dheonófar aon státhabhair bħreise mar chuid den díolachán.

9. Cuirfear chun feidhme an plean gnó do na cuideachtaí tairbhiúla eile. Ach go háirithe:

- (a) i gcás na gcuideachtaí tairbhiúla eile go léir, díreofar na hiarrachtaí athstruchtúraithe ar an méid seo a leanas:

- (i) forbairt ar dhíriú straitéiseach ó bheith dírithe ar tháirgeacht chun bheith dírithe ar mhargaíocht;
 - (ii) feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht bhainistíocht gnó na gcuideachtaí agus rialú níos fearr ar dhíolacháin dhíreacha a áirithíú freisin;
 - (iii) athbhreithniú, ar bhonn cúinsí fuaiméantúla eacnamaíocha, ar straitéis cuideachtaí seachthairbheacha, agus, nuair is iomchuí, seirbhísí a athlánpháirtíú sna máthairchuideachtaí;
- (b) i gcás Huta Bankowa, an clár coigilte costas a chur chun feidhme;
- (c) i gcás Huta Buczek, an tacaíocht airgeadais is gá a fháil ó chreidiúnaithe agus ó institiúidí logánta airgeadais agus an clár coigilte costas a chur chun feidhme, lena n-áirítear an costas infheistíochta a laghdú trí áiseanna táirgeachta atá ann a oiriúnú;
- (d) i gcás Huta Łabędy, an clár coigilte costas a chur chun feidhme agus spleáchas ar an tionscal mianadóireachta a laghdú;
- (e) i gcás Huta Pokój, caighdeáin idirnáisiúnta a bhaint amach sna fochuideachtaí, coigilt tomhaltais fuinnimh a chur chun feidhme agus an infheistíocht arna beartú sa rannóg phróiseála agus foirgníochta a chur ar cheal;
- (f) i gcás Huta Batory, teacht ar chomhaontú le creidiúnaithe agus institiúidí airgeadais maidir le fiacha a athsceidealú agus maidir le hiasachtaí infheistíochta. Áiritheoidh an chuideachta freisin coigilt shubstaintiúil bhrefise ar chostais atá bainteach le hathstruchtúrú fostáiochta agus torthaí níos fearr;

- (g) i gcás Huta Andrzej, bonn cobhsáí airgeadais a áirithiú dá fhorbairt trí chomhaontú a chaibidil idir iasachtóirí láithreacha na cuideachta, na creidiúnaithe fadtéarmacha, creidiúnaithe trádála agus institiúidí airgeadais. Ní foláir infheistíochtaí breise a dhéanamh sa mhuiileann feadáin te mar aon le clár um laghdú foirne a chur chun feidhme;
- (h) i gcás Huta L.W., infheistíochtaí a dhéanamh i ndáil le tionscadal na cuideachta maidir le mulite teasrollta, trealamh ardaithe agus stádas comhshaoil. Gnóthóidh an chuideachta sin leibhéal tháirgiúlachta níos airde trí athstruchtúrú foirne agus costais seirbhísí seachtracha a laghdú.

10. Ní foláir comhaontú ón gCoimisiún agus, nuair is iomchuí, ón gComhairle bheith le haon athruithe iardain ar an bplean foriomlán um athstruchtúrú agus na pleananna leithleacha.

11. Cuirfear an t-athstruchtúrú chun feidhme faoi dhálaí lán-trédhearcachta agus ar bhonn phrionsabail fhóntha gheilleagar an mhargaidh.

12. Déanfaidh an Coimisiún agus an Chomhairle faireachán géar ar chur chun feidhme an athstruchtúraithe agus ar chomhall na gcoinníollacha atá leagtha amach sa Teideal seo maidir le hinmharthanacht, státhabhair, laghduithe cumais roimh an 1 Bealtaine 2004 agus ina dhiaidh, go dtí deireadh na tréimhse athstruchtúraithe, i gcomhréir le míreanna 13 go 18. Chuige sin cuirfidh an Coimisiún tuarascáil chuit an gComhairle.

13. I dteannta le faireachán a dhéanamh ar státhabhair, déanfaidh an Coimisiún agus an Chomhairle faireachán ar thagarmharcanna an athstruchtúraithe atá leagtha amach in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Prótacal Uimh. 8 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003. Déanfar na tagairtí san Iarscríbhinn sin do mhír 14 den Phrótacal a fhordóiriú mar thagairtí do mhír 14 den Airteagal seo.

14. Áireofar ar an bhfaireachán meastóireacht neamhspleáach a dhéanfar i 2003, 2004, 2005, agus 2006. Cuirfear triail inmharthanachta an Choimisiúin i bhfeidhm agus déanfar táirgiúlacht a thomhas mar chuid den mheastóireacht.

15. Comhoibreoidh an Pholainn go hiomlán leis na socruithe faireacháin go léir. Ach go háirithe:

- (a) soláthróidh an Pholainn don Choimisiún tuarascálacha gach sé mhí ar athstruchtúrú na gcuideachtaí tairbhiúla tráth nach déanaí ná an 15 Márta agus an 15 Meán Fómhair gach bliain go dtí deireadh na tréimhse athstruchtúraithe;
- (b) sroichfidh an chéad tuarascáil an Coimisiún faoin 15 Márta 2003 agus an tuarascáil dheireanach faoin 15 Márta 2007, mura gcinnfidh an Coimisiún a mhalairt;
- (c) beidh sna tuarascálacha an fhaisnéis uile is gá chun faireachán a dhéanamh ar phróiséas an athstruchtúraithe, an státhabhair agus laghdú agus úsáid cumais agus tabharfar iontu go leor sonraí airgeadais chun gur féidir measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhuail na coinníollacha agus na ceanglais sa Teideal seo comhalta. Beidh sna tuarascálacha ar a laghad an fhaisnéis atá leagtha amach in Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Prótacal Uimh. 8 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003 agus forchoimeádann an Coimisiún an ceart an Iarscríbhinn sin a mhodhnú i gcomhréir lena thaithí le linn an phróisis faireacháin. In Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Prótacal Uimh. 8 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003, déanfar an tagairt do mhír 14 den Phrótacal a fhordáiriú mar thagairt do mhír 14 den Airteagal seo. I dteannta leis na tuarascálacha leithleacha gnó ar na cuideachtaí tairbhiúla, beidh tuarascáil freisin ar staid fhoriomlán earnáil chruch na Polainne, lena n-áirítear forbairtí maicreacnamaíocha déanacha;

- (d) ní foláir don Pholainn, fairis sin, gach fainnéis bhreise is gá don mheasúnacht neamhspleách dá bhforáltear i mír 14 a sholáthar;
- (e) cuirfidh an Pholainn iallach ar na cuideachtaí tairbhiúla gach sonra ábhartha a nochtadh a d'fhéadfaí a mheas, faoi chuínsí eile, mar shonraí rúnda. Agus tuairisc á tabhairt aige don Chomhairle, áiritheoidh an Coimisiún nach nochtfar fainnéis rúnda atá sonrach do chuideachta.

16. Féadfaidh an Coimisiún, tráth ar bith, a chinneadh sainordú a thabhairt do chomhairleoir neamhspleách chun torthaí an fhaireacháin a mheasúnú, aon taighde is gá a dhéanamh agus tuarascáil a thabhairt don Choimisiún agus don Chomhairle.

17. Má shuíonn an Coimisiún, ar bhonn an fhaireacháin, go bhfuil diallais shuntasacha ó na sonrái airgeadais ar a ndearnadh an measúnú inmharthanachta tar éis tarlú, féadfaidh sé a chur de cheangal ar an bPolainn bearta iomchuí a ghlacadh chun bearta um athstruchtúrú na gcuideachtaí tairbhiúla i dtrácht a athneartú nó a mhodhnú.

18. Má thaispeánann an faireachán:

- (a) nach bhfuil na coinníollacha do na socruithe idirthréimhseacha sa Teideal seo comhalta, nó
- (b) nach bhfuil na gealltanais arna ndéanamh faoi chuimsiú fhadú na tréimhse inar féidir leis an bPolainn tacaíocht stáit a dheonú go heisceachtúil chun a tionscal cruach a athstruchtúrú faoin gComhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Polainne, den pháirt eile, comhalta, nó

- (c) go bhfuil an Pholainn, i gcaitheamh na tréimhse um athstruchtúrú, tar éis stáitchabhair neamh-chomhoiriúnach bhrefise a dheonú don tionscal cruach agus go háirithe do na cuideachtaí tairbhiúla,

ní ghabhfaidh éifeacht leis na socruithe idirthréimhseacha sa Teideal seo.

Glacfaidh an Coimisiún bearta iomchuí a chuireann de cheangal ar aon chuideachta i dtrácht aon chabhair arna deonú de shárú ar na coinníollacha atá leagtha síos sa Teideal seo a aisíoc.

TEIDEAL IX

FORÁLACHA MAIDIR LE hAONAD 1 AGUS AONAD 2 DE GHLÉASRA CUMHACHTA NÚICLÉICHE BOHUNICE V1 SA tSLÓVAIC

AIRTEAGAL 64

Tá an tSlóvaic tar éis a a chur de ghealltanás uirthi féin Aonad 1 de Ghléasra Cumhachta Núicléiche Bohunice V1 a dhúnadh faoin 31 Nollaig 2006 ar a dhéanaí agus Aonad 2 den ghléasra sin a dhúnadh faoin 31 Nollaig 2008 ar a dhéanaí agus na haonaid sin a dhíchoimisiúnú iardain.

AIRTEAGAL 65

Le linn na tréimhse 2004-2006, soláthroidh an tAontas cúnamh airgeadais don tSlóvaic chun tacú lena hiarrachtaí chun Aonad 1 agus Aonad 2 de Ghléasra Cumhachta Núicléiche Bohunice V1 a dhíchoimisiúnú agus chun déileáil le hiarmhairtí a ndúnta agus a ndíchoimisiúnaithe (dá ngairtear "an Cúnamh" anseo feasta).

2. Déanfar an Cúnamh a chinneadh agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis na forálacha arna leagan síos i Rialachán (CEE) Uimh. 3906/89 ón gComhairle an 18 Nollaig 1989 maidir le cabhair eacnamaíoch do thíortha áirithe Lár agus Oirthear na hEorpa¹.
3. Don tréimhse 2004-2006, is é 90 milliún euro méid an Chúnaimh i leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí a ndéanfar ceangaltais ina leith i dtráinsí bliantúla cothroma.
4. Cuirfear an Cúnamh, nó codanna de, ar fáil mar ranníocaíocht ón Aontas don Chiste Idirnáisiúnta Tacaíochta um Dhíchoimisiúnú Bohunice, arna bhainistiú ag an mBanc Eorpach Atógála agus Forbartha.

AIRTEAGAL 66

Aithníonn an tAontas nach foláir do dhíchoimisiúnú Ghléasra Cumhachta Núicléiche Bohunice V1 leanúint tar éis na Peirspictíochta Airgeadais, mar atá sí sainithe i gComhaontú Idirinstítíúideach an 6 Bealtaine 1999, agus gur ualach suntasach airgeadais don tSlóvaic an iarracht sin. Cuirfidh cinntí maidir le leanúint de chúnamh Aontais sa réimse seo tar éis 2006 an staid sin san áireamh.

AIRTEAGAL 67

Beidh feidhm ag forálacha an Teidil seo i bhfianaise an Dearbhaile maidir le hAonad 1 agus Aonad 2 de Ghléasra Cumhachta Núicléiche Bohunice V1 sa tSlóvaic ina n-ionchorpraítear friotal bhrollach Phrótacal Uimh. 9 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003, gan a éifeacht dhlíthiúil a athrú.

¹ IO L 375, 23.12.1989, lch. 11.

TEIDEAL X

FORÁLACHA MAIDIR LEIS AN gCIPIR

AIRTEAGAL 68

1. Déanfar cur i bhfeidhm *acquis* an Chomhphobail agus an Aontais a fhionraí sna limistéir sin de Phoblacht na Cipire nach bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire rialú iarbhír iontu.
2. Déanfaidh an Chomhairle, ar bhonn togra ón gCoimisiún, a chinneadh an fhionraíocht dá dtagraítear i mír 1 a tharraingt siar. Gníomhóidh sí d'aon toil.

AIRTEAGAL 69

1. Déanfaidh an Chomhairle, ar bhonn togra ón gCoimisiún, na téarmaí a shainiú faoina gcuirfear i bhfeidhm na forálacha de dhlí an Aontais i dtaca leis an líne idir na limistéir sin dá dtagraítear in Airteagal 68 agus na limistéir a bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire rialú iarbhír iontu. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil.
2. An teorainn idir an Limistéar Bunáite Flaitheasach Oirthearach agus na limistéir sin dá dtagraítear in Airteagal 68, cuirfear cóir uirthi amhail is dá mbeadh sí ina cuid de theorainneacha seachtracha na Limistéar Bunáite Flaitheasach chun críche Chuid IV den Iarscríbhinn a ghabhann le Prótacal Uimh. 3 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003 maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir fad a mhaireann an fhionraíocht ar chur i bhfeidhm *acquis* an Chomhphobail agus an Aontais de réir Airteagal 68.

AIRTEAGAL 70

1. Ní choiscfidh aon ní sa Teideal seo bearta ar mhaithe le forbairt eacnamaíoch na limistéar dá dtagraítear in Airteagal 68 a chur chun cinn.
2. Ní dhéanfaidh bearta den sórt sin difear do chur i bhfeidhm *acquis* an Chomhphobail agus an Aontais faoi na coinníollacha atá leagtha amach sa Phrótacal seo in aon chuid eile de Phoblacht na Cipire.

AIRTEAGAL 71

I gcás go socrófar ceist na Cipire, déanfaidh an Chomhairle, ar bhonn togra ón gCoimisiún, na hoiriúnuithe ar na téarmaí a bhaineann le haontachas na Cipire leis an Aontas Eorpach a chinneadh i dtaca le Comhphobal na gCipireach Turcach. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil.

AIRTEAGAL 72

Beidh feidhm ag an Teideal seo i bhfianaise an Dearbhaite maidir leis an gCipir ina n-ionchorpraítear friotal bhrollach Phrótacal Uimh. 10 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003, gan a éifeacht dhlíthiúil a athrú.

CUID A TRÍ

FORÁLACHA MAIDIR LEIS NA hIARSCRÍBHINNÍ A GHABHANN LE hIONSTRAIM AONTACHAIS AN 16 AIBREÁN 2003

AIRTEAGAL 73

Is cuid dhílis den Phrótacal seo Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinní III go XVII a ghabhann le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003¹, mar aon lena bhfoscríbhinní agus leis na hIarscríbhinní a ghabhann le Prótacail 2, 3 agus 8 atá i gceangal le hIonstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003.

AIRTEAGAL 74

1. Déanfar na tagairtí don "Chonradh Aontachais" sna hIarscríbhinní dá dtagraítear in Airteagal 73 den Phrótacal seo a fhорлéiriú mar thagairtí don Chonradh dá dtagraítear in Airteagal IV-437(2)(e) den Bhunreacht, déanfar na tagairtí do dháta nó do thráth sínithe an Chonartha sin a fhорлéiriú mar thagairtí don 16 Aibreán 2003 agus déanfar na tagairtí do dháta an aontachais a fhорлéiriú mar thagairtí don 1 Bealtaine 2004.
2. Gan dochar don dara fomhír, déanfar na tagairtí don "Ionstraim seo" sna hIarscríbhinní dá dtagraítear in Airteagal 73 den Phrótacal seo a fhорлéiriú mar thagairtí d'Ionstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003.

¹ IO L 236, 23.9.2003, lch.33.

Déanfar na tagairtí d'fhorálacha Ionstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003 sna hIarscríbhinní dá dtagraítear in Airteagal 73 den Phrótacal seo a fhорlériú mar thagairtí don Phrótacal seo, i gcomhréir leis an gclár coibhéise seo a leanas.

Ionstraim Aontachais an 16 Aibreán 2003	Prótacal
Airteagal 21	Airteagal 12
Airteagal 22	Airteagal 13
Airteagal 24	Airteagal 15
Airteagal 32	Airteagal 21
Airteagal 37	Airteagal 26
Airteagal 52	Airteagal 32

3. Forléireofar na habairtí seo a leanas sna hIarscríbhinní dá dtagraítear in Airteagal 73 mar abairtí arb é an bhrí atá acu an bhrí atá acu sa chlár coibhéise seo a leanas, mura rud é go ndéanann na téarmaí seo tagairt eisiach do dhálaí dlíthiúla roimh an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip a theacht i bhfeidhm.

Abairtí sna hIarscríbhinní	Brí
An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaitigh	An Bunreacht
An Conradh ar an Aontas Eorpach	An Bunreacht
Na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe	An Bunreacht
An Comhphobal (Eorpach)	An tAontas
An Comhphobal arna mhéadú/méadaithe	An tAontas
An Comhphobal	An tAontas
An tAE	An tAontas
An tAontas arna mhéadú/méadaithe nó an tAE arna mhéadú/méadaithe	An tAontas

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ní thiocfaidh athrú ar bhrí an fhocail "Comhphobail" nuair a úsáidtear é chun na téarmaí "fabhar" agus "iascach" a cháiliú.

4. Déanfar na tagairtí arna ndéanamh do chodanna nó d'fhorálacha den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh sna hIarscríbhinní dá dtagraítear in Airteagal 73 den Phrótacal seo a fhorléiriú mar thagairtí do chodanna nó d'fhorálacha den Bhunreacht, i gcomhréir leis an gclár coibhéise seo a leanas.

Conradh CE	An Bunreacht
Cuid a Trí, Teideal I	Cuid III, Teideal III, Caibidil I, Roinn 3
Cuid a Trí, Teideal I, Caibidil 1	Cuid III, Teideal III, Caibidil I, Roinn 3 Foroinn 1
Cuid a Trí, Teideal II	Cuid III, Teideal III, Caibidil III, Roinn 4
Cuid a Trí, Teideal III	Cuid III, Teideal III, Caibidil I, Roinn 2 agus Roinn 4
Cuid a Trí, Teideal VI, Caibidil 1	Cuid III, Teideal III, Caibidil I, Roinn 5
Airteagal 31	Airteagal III-155
Airteagal 39	Airteagal III-133
Airteagal 49	Airteagal III-144
Airteagal 58	Airteagal III-158
Airteagal 87	Airteagal III-167
Airteagal 88	Airteagal III-168
Airteagal 226	Airteagal III-360
Iarscríbhinn I	Iarscríbhinn I

5. Nuair a fhoráiltear sna hIarscríbhinní dá dtagraítear in Airteagal 73 den Phrótacal seo go nglacfaidh an Chomhairle nó an Coimisiún ionstraimí dlíthiúla, is i bhfoirm rialachán Eorpach nó cinntí Eorpach a bheidh na hionstraimí sin.

10. PRÓTACAL
MAIDIR LEIS AN NÓS IMEACHTA
UM EASNAMH IOMARCACH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO sonraí an nós imeachta um easnamh iomarcach dá dtagraítear in Airteagal III-184 den Bhunreacht a leagan síos,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

AIRTEAGAL 1

Is mar a leanas na luachanna tagartha dá dtagraítear in Airteagal III-184(2) den Bhunreacht:

- (a) 3% don chóimheas idir an t-easnamh rialtais, pleanáilte nó iarbhír, agus an olltairgeacht intíre ag praghsanna margaidh;
- (b) 60% don chóimheas idir an fiachas rialtais agus an olltairgeacht intíre ag praghsanna margaidh.

AIRTEAGAL 2

Chun críocha Airteagal III-184 den Bhunreacht agus an Phrótaeil seo:

- (a) ciallaíonn "rialtas" rialtas ginearálta, is é sin, rialtas láir, rialtas réigiúnach nó áitiúil agus cistí slándála sóisialta, seachas oibríochtaí tráchtála, mar atá siad sainithe i gCóras Eorpach na gCuntas Eacnamaíoch Suimeáilte;

- (b) ciallaíonn "easnamh" an għlanfháil ar iasach mar atá sí sainithe i gCóras Eorpach na gCuntas Eacnamaíoch Suimeálte;
- (c) ciallaíonn "infheistíocht" ollfhoirmiú caipitil sheasta mar atá sé sainithe i gCóras Eorpach na gCuntas Eacnamaíoch Suimeálte;
- (d) ciallaíonn "fiachas" ollfhiachas iomlán ar luach ainmniúil atá amuigh ag deireadh na bliana agus arna chomhdhlúthú idir earnálacha rialtais ghinearálta agus laistigh dóibh mar atá sé sainithe i bpointe (a).

AIRTEAGAL 3

Chun éifeachtúlacht an nós imeachta um easnamh iomarcach a áirithiú, beidh rialtais na mBallstát freagħiñ faoin nōsimeachta sin as easnaimh rialtais ghinearálta mar atá sé sainithe in Airteagal 2(a). Áiritheoidh na Ballstáit go gcumasóidh nōsanna imeachta náisiúnta sa réimse buiséadach dóibh a n-oibleagáidí sa réimse sin a chineann ón mBunreacht a chomhall. Déanfaidh na Ballstáit tuarascáil don Choimisiún go pras, tráthrialta ar a n-easnaimh phleanálte agus iarbhír agus ar leibhéil a bhfiachais.

AIRTEAGAL 4

Soláthrorídh an Coimisiún na sonraí staidrimh a úsáidfear chun an Prótacal seo a chur i bhfeidhm.

11. PRÓTACAL
MAIDIR LEIS NA CRITÉIR UM CHÓINEASÚ

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO sonraí na gcrítéar um chóineasú a leagan síos a threoróidh an tAontas agus na cinntí á nglacadh aige dá dtagraítear in Airteagal III-198 den Bhunreacht maidir le deireadh a chur le maoluithe na mBallstát go maolú,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

AIRTEAGAL 1

Ciallóidh an critéar um chobhsaíocht praghsanna dá dtagraítear in Airteagal III-198(1)(a) den Bhunreacht go mbeidh ag an mBallstát i dtrácht feidhmiú praghsanna atá inbhuanaithe agus meánráta boilscithe, arna bhreathnú thar thréimhse bliana roimh an scrúdú, nach dtéann níos mó ná 1,5 pointe céatadáin os cionn ráta boilscithe na dtrí Bhallstát, ar a mhéad, is feidhmiúla maidir le cobhsaíocht praghsanna. Déanfar an boilsciú a thomhas trí bhíthin innéacs praghsanna do thomholtóirí ar bhonn inchomórtais, agus difríochtaí i sainmhínithe náisiúnta á gcur san áireamh.

AIRTEAGAL 2

Ciallóidh an critéar um an riocht buiséadach rialtais dá dtagraítear in Airteagal III-198(1)(b) den Bhunreacht nach mbeidh an Ballstát i dtrácht, tráth an scrúdaithe, faoi réir cinnidh Eorpaigh ón gComhairle faoi Airteagal III-184(6) den Bhunreacht go bhfuil easnamh iomarcach ann.

AIRTEAGAL 3

Ciallóidh an critéar um rannpháirtíocht i sásra ráta malaire an Chórais Eorpaigh Airgeadaíochta dá dtagraítear in Airteagal III-198(1)(c) den Bhunreacht go bhfuil an Ballstát i dtrácht tar éis na gnáthlamhálacha luaineachta dá bhforáltear i sásra ráta malaire an Chórais Eorpaigh Airgeadaíochta a urramú gan ghéartheannais i rith an dá bhliain deiridh ar a laghad roimh an scrúdú. Go háirithe, ní bheidh an Ballstát tar éis ráta lárnach déthaobhach airgeadra a thíre a dhíluacháil in aghaidh an euro ar a thionscnamh féin ar feadh na tréimhse céanna.

AIRTEAGAL 4

Ciallóidh an critéar um chóineasú rátaí úis dá dtagraítear in Airteagal III-198(1)(d) den Bhunreacht go raibh ag an mBallstát i dtrácht, arna bhreadhnú thar thréimhse bliana roimh an scrúdú, meánrata ainmniúil fadtéarmach úis nach dtéann níos mó ná 2 pointe céatadáin os cionn ráta na dtrí Bhallstát, ar a mhéad, is feidhmiúla maidir le cobhsaíocht praghsanna. Déanfar rátaí úis a thomhas ar bhonn bannaí fadtéarmacha rialtais nó urrús inchomórtais, agus difríochtaí i sainmhínithe náisiúnta á gcur san áireamh.

AIRTEAGAL 5

Soláthróidh an Coimisiún na sonraí staidrimh a úsáidfear chun an Prótacal seo a chur i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 6

Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, leis an mBanc Ceannais Eorpach agus leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais dá dtagraítear in Airteagal III-192 den Bhunreacht, na forálacha iomchuí chun sonraí na gcritéar um chóineasú dá dtagraítear in Airteagal III-198 den Bhunreacht a leagan síos agus cuirfear na forálacha sin in ionad an Phrótagail seo.

12. PRÓTACAL
MAIDIR LEIS AN nGRÚPA EURO

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO dálaí a chur chun cinn d'fhás eacnamaíoch níos láidre san Aontas Eorpach agus, chuige sin, comhordú níos buandlúithe na mbeartas eacnamaíoch sa limistéar euro a fhorbairt,

ÓS FEASACH DÓIBH an gá atá ann forálacha speisialta a leagan síos d'agallamh feabhsaithe idir na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu, go dtí go dtiocfaidh an euro chun bheith ina airgeadra do Bhallstáit uile an Aontais,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

AIRTEAGAL 1

Tiocfaidh Airí na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu le chéile go neamhfhoirmiúil. Beidh na cruinnithe sin ann, nuair is gá, chun ceisteanna a phlé a bhaineann leis na freagrachtaí sonracha atá á roinnt acu maidir leis an airgeadra aonair. Glacfaidh an Coimisiún páirt sna cruinnithe sin. Tabharfar cuireadh don Bhanc Ceannais Eorpach páirt a ghlacadh sna cruinnithe sin a ullmhóidh ionadaithe Airí sin na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu atá freagrach as cúrsaí airgeadais agus ionadaí an Choimisiúin.

AIRTEAGAL 2

Toighfaidh Airí na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu uachtaráin go ceann dhá bhliain go leith, trí thromlach na mBallstát sin.

13. PRÓTACAL

MAIDIR LE FORÁLACHA ÁIRITHE A BHAINNEANN LE
RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE
AGUS THUAISCEART ÉIREANN I nDÁIL
LEIS AN AONTAS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG AITHINT DÓIBH nach gcuirfear d'íallach ar an Ríocht Aontaithe ná nach mbeidh sí faoi ghealltanás an euro a ghlacadh gan a rialtas agus a Parlaimint cinneadh ar leith chuige sin a ghlacadh,

ÓS RUD É gur chuir rialtas na Ríochta Aontaithe in iúl don Chomhairle an 16 Deireadh Fómhair 1996 agus an 30 Deireadh Fómhair 1997 nach raibh sé ar intinn aici a bheith rannpháirteach sa tríú céim den aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta, faoi mhír 1 den Phrótacal maidir le forálacha áirithe a bhaineann le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, atá i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH cleachtas rialtas na Ríochta Aontaithe a riachtanas iasachta a chistiú trí fhiachas a dhíol leis an earnáil phríobháideach,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachtána don Eoraip:

AIRTEAGAL 1

Mura gcuirfidh an Ríocht Aontaithe in iúl don Chomhairle go bhfuil sé ar intinn aici an euro a ghlacadh, ní bheidh aon iallach uirthi déanamh amhlaidh.

AIRTEAGAL 2

Ag féachaint don fhógra a thug rialtas na Ríochta Aontaithe don Chomhairle an 16 Deireadh Fómhair 1996 agus an 30 Deireadh Fómhair 1997, beidh feidhm ag Airteagail 3 go 8 agus Airteagal 10 maidir leis an Ríocht Aontaithe.

AIRTEAGAL 3

Coimeádfaidh an Ríocht Aontaithe a cumhachtaí i réimse beartais airgeadaíochta i gcomhréir lena dlí náisiúnta.

AIRTEAGAL 4

Ní bheidh feidhm ag Airteagal I-30(2), amach ón gcéad abairt agus an abairt deiridh de, Airteagal I-30(5), an dara mír d'Airteagal III-177, Airteagal III-184(1), (9) agus (10), Airteagal III-185(1) go (5), Airteagal III-186, Airteagail III-188, III-189, III-190 agus III-191, Airteagal III-196, Airteagal III-198(3), Airteagal III-326 agus Airteagal III-382 den Bhunreacht maidir leis an Ríocht Aontaithe. Ní bheidh feidhm ag Airteagal III-179(2) den Bhunreacht maidir léi i ndáil le glacadh na gcodanna sin de na mórtreoirínte beartais eacnamaíoch a bhaineann leis an limistéar euro i gcoitinne.

Sna forálacha dá dtagraítear sa chéad mhír, ní áireofar an Ríocht Aontaithe ar na tagairtí don Aontas ná do na Ballstáit ná ní áireofar Banc Shasana ar na tagairtí do bhainc cheannais náisiúnta.

AIRTEAGAL 5

Déanfaidh an Ríocht Aontaithe gach dícheall easnamh rialtais iomarcach a sheachaint.

Beidh feidhm ag Airteagal III-192(4) agus Airteagal III-200 den Bhunreacht maidir leis an Ríocht Aontaithe amhail is dá mbeadh maolú aici. Leanfaidh Airteagail III-201 agus III-202 den Bhunreacht d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe.

AIRTEAGAL 6

Déanfar cearta vótála na Ríochta Aontaithe a fhionraí nuair a bheidh an Chomhairle ag glacadh na mbeart dá dtagraítear sna hAirteagail atá liostaithe in Airteagal 4 agus sna cásanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal III-197(4) den Bhunreacht. Chun na críche sin, beidh feidhm ag an dara fomhír agus an tríú fomhír d'Airteagal III-197(4) den Bhunreacht.

Ní bheidh aon cheart ag an Ríocht Aontaithe ach oiread a bheith rannpháirteach i gceapadh Uachtaráin, Leasuachtaráin agus chomhaltaí eile Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Cheannais Eorpaigh faoin dara fomhír, faoin tríú fomhír agus faoin gceathrú fomhír d'Airteagal III-382(2) den Bhunreacht.

AIRTEAGAL 7

Ní bheidh feidhm ag Airteagail 3, 4, 6 agus 7, Airteagal 9(2), Airteagal 10(1), (2) agus (3), Airteagal 11(2), Airteagal 12(1), Airteagail 14, 16, 18, 19, 20, 22, 23, 26, 27, 30, 31, 32, 33, 34 agus 50 den Phrótacal maidir le Reacht an Chórás Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh ("an Reacht") maidir leis an Ríocht Aontaithe.

Sna hAirteagail sin, ní áireofar an Ríocht Aontaithe ar na tagairtí don Aontas ná do na Ballstáit ná ní áireofar Banc Shasana ar na tagairtí do bhainc cheannais náisiúnta nó do scairshealbhóirí.

Ní áireofar caipiteal arna shuibscríobh ag Banc Shasana ar na tagairtí do "chaipiteal suibscríofa an Bhainc Cheannais Eorpaigh" in Airteagal 10(3) agus Airteagal 30(2) den Reacht.

AIRTEAGAL 8

Beidh éifeacht ag Airteagal III-199 den Bhunreacht agus ag Airteagail 43 go 47 den Reacht, bíodh Ballstát go maolú ann nó ná bíodh, faoi réir na leasuithe seo a leanas:

- (a) Áireofar ar na tagairtí in Airteagal 43 den Reacht do chúraimí an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus na hInstitiúide Eorpaí Airgeadaíochta na cúraimí sin nach mó a chomhall fós tar éis an euro a thabhairt isteach de dheasca an chinnidh ón Ríocht Aontaithe gan an euro a ghlacadh.
- (b) I dteannta na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 46 den Reacht, tabharfaidh an Banc Ceannais Eorpach comhairle freisin a bhaineann le hullmhú aon rialacháin Eorpaigh nó aon chinnidh Eorpaigh ón gComhairle maidir leis an Ríocht Aontaithe arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9(a) agus (c) den Phrótacal seo, agus rannchuideoidh sé leis an ullmhú sin.
- (c) Íocfaidh Banc Shasana a shuibscríbhinn le caipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh mar ranníocaíocht chuig a chostais oibríochtúla ar an mbonn céanna le bainc cheannais náisiúnta na mBallstát go maolú.

AIRTEAGAL 9

Féadfaidh an Ríocht Aontaithe a chur in iúl don Chomhairle tráth ar bith go bhfuil ar intinn aici an euro a ghlacadh. Sa chás sin:

- (a) Beidh an ceart ag an Ríocht Aontaithe an euro a ghlacadh ar chuntar go gcomhallann sí na coinníollacha is gá. Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di arna iarraidh sin don Ríocht Aontaithe agus faoi na coinníollacha agus i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal III-198(1) agus (2) den Bhunreacht, an gcomhallann sí na coinníollacha is gá.
- (b) Íocfaidh Banc Shasana a chaipiteal suibscríofa, aistreoidh sé sócmhainní chuig cúnchistí eachtracha an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus ranníocfaidh sé lena chúnchistí ar an mbonn céanna le banc ceannais náisiúnta Ballstáit a bhfuil a mhaolú aisghairthe.
- (c) Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di faoi na coinníollacha agus i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal III-198(3) den Bhunreacht, gach cinneadh eile is gá a ghlacadh chun a chumasú don Ríocht Aontaithe an euro a ghlacadh.

Má ghlacann an Ríocht Aontaithe an euro de bhun fhórálacha an Airteagail seo, scoirfidh Airteagail 3 go 8 d'éifeacht a bheith leo.

AIRTEAGAL 10

D'ainneoin Airteagal III-181 den Bhunreacht agus Airteagal 21(1) den Reacht, féadfaidh Rialtas na Ríochta Aontaithe a shaoráid "ways and means" le Banc Shasana a choimeád ar bun mura nglacfaidh agus fad nach nglacfaidh an Ríocht Aontaithe an euro.

14. PRÓTACAL
MAIDIR LE FORÁLACHA ÁIRITHE
A BHAINNEANN LEIS AN DANMHAIRG
I nDÁIL LEIS AN AONTAS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG FÉACHAINT DO Bhunreacht na Danmhairge ina bhfuil forálacha a fhéadfaidh a thabhairt reifreann a bheith intuigthe sa Danmhairg sula dtarscaoilfidh an Danmhairg a maolú,

ÓS RUD É gur chuir rialtas na Danmhairge in iúl don Chomhairle an 3 Samhain 1993 nach raibh sé ar intinn aici a bheith rannpháirteach sa tríú céim den aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta, faoi mhír 1 den Phrótacal maidir le forálacha áirithe a bhaineann leis an Danmhairg, atá i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

AIRTEAGAL 1

Ag féachaint don fhógra a thug Rialtas na Danmhairge don Chomhairle an 3 Samhain 1993, beidh maolú ag an Danmhairg. Is é éifeacht an mhaolaithe go mbeidh forálacha uile an Bhunreachta agus Reacht an Chórás Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh a dhéanann tagairt do mhaolú infheidhme maidir leis an Danmhairg.

AIRTEAGAL 2

Maidir leis an maolú a aisghairm, ní thionscnófar an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal III-198 den Bhunreacht ach amháin arna iarraidh sin don Danmhairg.

AIRTEAGAL 3

I gcás stádas an mhaolaithe a aisghairm, scoirfidh forálacha an Phrótacail seo d'fheidhm a bheith acu.

15. PRÓTACAL
MAIDIR LE CÚRAIMÍ ÁIRITHE
BHANC NÁSIÚNTA NA DANMHAIRGE

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO fadhbanna speisialta áirithe a bhaineann leis an Danmhairg a réiteach,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangan leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

AIRTEAGAL AONAIR

Ní dhéanfaidh Airteagal 14 den Phrótacal maidir le Reacht an Chórás Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh difear do cheart Bhanc Náisiúnta na Danmhairge a chúraimí láithreacha a bhaineann leis na codanna sin den Danmhairg nach cuid den Aontas iad a chomhlíonadh.

16. PRÓTACAL
MAIDIR LE CÓRAS FHRANC
CHOMHPHOBAL AIRGEADAIS AN AIGÉIN CHIÚIN

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO pointe áirithe a bhaineann leis an bhFrainc a chur san áireamh,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

AIRTEAGAL AONAIR

Féadfaidh an Fhrainc pribhléid na heisiúna airgeadaíochta a choimeád sa Nua-Chaladóin, i bPolainéis na Fraince agus i Vailís agus Futúna faoi na téarmaí arna mbunú faoina dlíthe náisiúnta agus is ise amháin a bheidh i dteideal paireacht fhranc Chomhphobal Airgeadais an Aigéin Chiúin a chinneadh.

17. PRÓTACAL
MAIDIR LE ACQUIS SCHENGEN ARNA LÁNPHÁIRTIÚ
I gCREAT AN AONTAIS EORPAIGH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG MEABHRÚ DÓIBH go ndearnadh forálacha *acquis* Schengen arb éard iad na comhaontuithe maidir le seiceálacha ag na comhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a shínigh roinnt Ballstát den Aontas Eorpach in Schengen an 14 Meitheamh 1985 agus an 19 Meitheamh 1990, maille leis na comhaontuithe gaolmhara agus na rialacha arna nglacadh ar bhonn na gcomhaontuithe sin, a lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh le Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh,

ÓS MIAN LEO *acquis* Schengen a chaomhnú faoi mar atá sé arna fhorbairt ó tháinig an Prótacal thuasluaite i bhfeidhm, faoi chuimsiú an Bhunreachta, agus é a fhorbairt chun rannchuidiú leis an gcuspóir a ghnóthú limistéar saoirse, slándála agus ceartais gan teorainneacha inmheánacha a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais,

AG TABHAIRT AIRD ar sheasamh speisialta na Danmhairge,

AG CUR SAN ÁIREAMH nach bhfuil Éire agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann rannpháirteach i bhforálacha uile *acquis* Schengen; agus, ar a shon sin, gur cóir a fhoráil go bhféadfaidh na Ballstáit sin glacadh go hiomlán nó go páirteach le forálacha eile an *acquis* sin,

Á AITHINT DÓIBH gur gá mar sin leas a bhaint as forálacha an Bhunreachta maidir le comhar níos dlúithe idir roinnt Ballstát,

AG CUR SAN ÁIREAMH an gá atá ann caidreamh speisialta a choimeád ar bun le Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua, ar Stáit iad sin araon atá faoi cheangal ag forálacha Aontas Nordach na bPasanna, mar aon leis na Stáit Nordacha is Ballstáit den Aontas Eorpach,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

AIRTEAGAL 1

Údarófar do Ríocht na Beilge, do Phoblacht na Seice, do Ríocht na Danmhairge, do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, do Phoblacht na hEastóine, don Phoblacht Heilléanach, do Ríocht na Spáinne, do Phoblacht na Fraince, do Phoblacht na hIodáile, do Phoblacht na Cipire, do Phoblacht na Laitvia, do Phoblacht na Liotuáine, d'Ard-Diúcacht Lucasburg, do Phoblacht na hUngáire, do Phoblacht Mhálta, do Ríocht na hÍsiltíre, do Phoblacht na hOstaire, do Phoblacht na Polainne, do Phoblacht na Portaingéile, do Phoblacht na Slóivéine, do Phoblacht na Slóvaice, do Phoblacht na Fionlainne agus do Ríocht na Sualainne comhar níos dlúithe a chur chun feidhme eatartha fén sna réimsí a thig faoi fhorálacha arna sainiú ag an gComhairle arb éard iad *acquis* Schengen. Seolfar an comhar sin laistigh de chreat institiúideach dlíthiúil an Aontais agus forálacha ábhartha an Bhunreachta á n-urramú.

AIRTEAGAL 2

Beidh feidhm ag *acquis* Schengen maidir leis na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 1, gan dochar d'Airteagal 3 den Phrótacal maidir le Conradh agus Ionstraim aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Portaingéile, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice. Gabhfaidh an Chomhairle ionad an Choiste Feidhmiúcháin arna chur ar bun le comhaontuithe Schengen.

AIRTEAGAL 3

Beidh rannpháirtíocht na Danmhairge i nglacadh bearta arb éard iad forbairt ar *acquis* Schengen, maille leis na bearta sin a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm sa Danmhairg, faoi rialú ag forálacha ábhartha an Phrótacail maidir le seasamh na Danmhairge.

AIRTEAGAL 4

Féadfaidh Éire agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a iaraidh, tráth ar bith, a bheith rannpháirteach i bhforálacha uile *acquis* Schengen nó i roinnt díobh.

Glacfaidh an Chomhairle cinneadh Eorpach maidir leis an iaraidh sin. Gníomhóidh sí trí chinneadh le haontoilíocht na gcomhaltaí dá dtagraítear in Airteagal 1 agus an chomhalta a ionadaíonn rialtas an Bhallstáit i dtrácht.

AIRTEAGAL 5

Beidh tograí agus tionscnamh chun *acquis* Schengen a fhorbairt faoi réir fhorálacha ábhartha an Bhunreachtá.

Sa chomhthéacs sin, mura mbeidh fógra i scríbhinn tugtha ag Éirinn nó ag an Ríocht Aontaithe nó acu araon d'Uachtaráin na Comhairle laistigh de thréimhse réasúnta gur mian leo bheith rannpháirteach, measfar an t-údarú dá dtagraítear in Airteagal III-419(1) den Bhunreacht a bheith deonaithe do na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 1 agus d'Éirinn nó don Ríocht Aontaithe nuair is mian le ceachtar díobh a bheith rannpháirteach sna réimsí comhair atá i gceist.

AIRTEAGAL 6

Beidh Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua bainteach le *acquis* Schengen a chur chun feidhme agus a fhorbairt tuilleadh. Comhaontófar ar nósanna imeachta iomchuí chuige sin i gComhaontú a dhéanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di le haontoilíocht na gcomhaltaí sin dá cuid atá lúaite in Airteagal 1, a thabhairt i gerích leis na Stáit sin. Cuimseoidh an Comhaontú sin forálacha maidir le rannchuidiú na hÍoslainne agus na hIorua le haon iarmháirtí airgeadais a thig ón bPrótacal seo a chur chun feidhme.

Tabharfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toile, Comhaontú ar leith i gerích leis an Íoslainn agus an Iorua ar mhaithe le cearta agus oibleagáidí a bhunú idir Éire agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann de pháirt amháin, agus an Íoslainn agus an Iorua de pháirt eile, i réimsí de *acquis* Schengen a bhfuil feidhm acu maidir leis na Stáit sin.

AIRTEAGAL 7

Chun críocha na caibidlíochta chun Ballstáit nua a ligean isteach san Aontas Eorpach, measfar gur *acquis* nach foláir do gach Stát is iarrthóir glacadh leis ina ionláine *acquis* Schengen agus bearta eile arna nglacadh ag na hinstitiúidí laistigh dá raon feidhme.

18. PRÓTACAL
MAIDIR LE GNÉITHE ÁIRITHE
D'AIRTEAGAL III-130 DEN BHUNREACHT
A CHUR I bhFEIDHM AR AN RÍOCHT AONTAITHE
AGUS AR ÉIRINN

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO ceistéanna áirithe a bhainneann leis an Ríocht Aontaithe agus le hÉirinn a shocrú,

AG FÉACHAINT do na socrutha speisialta taistil atá ann le blianta fada idir an Ríocht Aontaithe agus Éire,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachtána don Eoraip:

AIRTEAGAL 1

D'ainneoin Airteagail III-130 agus III-265 den Bhunreacht, aon fhórála eile den Bhunreacht, aon bhírt arna ghlacadh faoin mBunreacht nó aon chomhaontaithe idirnáisiúnta arna thabhairt i gcríoch ag an Aontas nó ag an Aontas agus a Bhallstáit le tríú Stát amháin nó níos mó, beidh an Ríocht Aontaithe i dteideal cibé rialuithe a mheasfaidh sí is gá a fheidhmiú ag a teorainneacha le Ballstáit eile ar dhaoine atá ag lorg iontráil sa Ríocht Aontaithe:

- (a) d'fhoínn a fhíorú an bhfuil an ceart chun iontráil sa Ríocht Aontaithe ag saoránaigh Ballstát, ag a gcleithiúnaithe atá ag feidhmiú ceart arna dtabhairt le dlí an Aontais, agus ag saoránaigh Stát eile ar tugadh cearta den sórt sin dóibh le comhaontú atá ina cheangal ar an Ríocht Aontaithe; agus
- (b) d'fhoínn a chinneadh an dtabharfar nó nach dtabharfar cead do dhaoine eile iontráil sa Ríocht Aontaithe.

Ní dhéanfaidh aon ní in Airteagal III-130 ná in Airteagal III-265 den Bhunreacht, ná in aon fhóráil eile den Bhunreacht ná in aon bheart arna ghlacadh faoi, dochar do cheart na Ríochta Aontaithe aon rialuithe den sórt sin a ghlacadh nó a fheidhmiú. Cuimseoidh tagairtí don Ríocht Aontaithe san Airteagal seo críocha a bhfuil an Ríocht Aontaithe freagrach as a gcaidreamh seachtrach.

AIRTEAGAL 2

Féadfaidh an Ríocht Aontaithe agus Éire leanúint de shocruithe a dhéanamh eatarthu fén maidir le gluaiseacht daoine idir a gcríocha ("an Comhlimistéar Taistil"), agus cearta na ndaoine dá dtagraítear i bpóinte (a) den chéad mhír d'Airteagal 1 á n-urramú go hiomlán acu. Dá réir sin, fad a choimeádfaidh siad socruithe den sórt sin ar bun, beidh feidhm ag forálacha Airteagal 1 den Phótacal seo maidir le hÉirinn faoi na téarmaí céanna agus faoi na coinníollacha céanna atá ann i gcás na Ríochta Aontaithe. Ní dhéanfaidh aon ní in Airteagal III-130 ná in Airteagal III-265 den Bhunreacht, ná in aon fhóráil eile den Bhunreacht ná in aon bheart eile arna ghlacadh faoi, difear d'aon socruithe den sórt sin.

AIRTEAGAL 3

Beidh na Ballstáit eile i dteideal rialuithe den sórt sin a fheidhmiú ag a dteorainneacha nó ag aon phointe iontrála ar a gcríocha ar dhaoine ag lorg iontráil ar a gcríocha ón Ríocht Aontaithe nó ó aon chríocha a bhfuil sí freagrach as a gcaidreamh eachtrach chun na gcríoch céanna atá luaite in Airteagal 1 den Phrótacal seo, nó ó Éirinn fad a bheidh feidhm ag forálacha Airteagal 1 den Phrótacal seo maidir le hÉirinn.

Ní dhéanfaidh aon ní in Airteagal III-130 ná in Airteagal III-265 den Bhunreacht, ná in aon fhóráil eile den Bhunreacht ná in aon bheart arna ghlacadh faoi, dochar do cheart na mBallstát eile rialuithe den sórt sin a ghlacadh nó a fheidhmiú.

AIRTEAGAL 4

Beidh feidhm ag an bPrótacal seo freisin maidir le gníomhartha a fhanfaidh i bhfeidhm de bhua Airteagal IV-438 den Bhunreacht.

19. PRÓTACAL

MAIDIR LE SEASAMH NA RÍOCHTA AONTAITHE
AGUS NA hÉIREANN I dTACA LE BEARTAIS A BHAINNEANN
LE RIALUITHE AG TEORAINNEACHA, LE TEARMANN AGUS INIMIRCE
AGUS LE COMHAR BREITHIÚNACH IN ÁBHAIR SHIBHIALTA,
AGUS I dTACA LE COMHAR PÓILÍNEACHTA

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO ceistéanna áirithe a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe agus le hÉirinn a shocrú,

AG FÉACHAINT don Phrótacal maidir le gnéithe áirithe d'Airteagal III-130 den Bhunreacht a chur i bhfeidhm ar an Ríocht Aontaithe agus ar Éirinn,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

AIRTEAGAL 1

Faoi réir Airteagal 3, ní bheidh an Ríocht Aontaithe ná Éire rannpháirteach nuair a ghlacfaidh an Chomhairle bearta arna mbeartú de bhun Roinn 2 nó Roinn 3 de Chaibidil IV de Theideal III de Chuid III den Bhunreacht nó Airteagal III-260, a mhéad a bhaineann an tAirteagal sin leis na réimsí atá folaithe leis na Ranna sin, Airteagal III-263 nó Airteagal III-275(2)(a) den Bhunreacht. Beidh gá le haontoilíocht chomhaltaí na Comhairle, seachas ionadaithe rialtais na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann, i gcás ghníomhartha na Comhairle nach foláir a ghlacadh d'aon toil.

Chun críocha an Airteagail seo, saineofar tromlach cáilithe mar 55% ar a laghad de chomhaltaí na Comhairle a ionadaíonn na Ballstáit rannpháirteacha a chuimsíonn 65% ar a laghad de dhaonra na mBallstát sin.

Ní mór a bheith ar áireamh i mionlach blocála an t-íoslíon ar a laghad de chomhaltaí na Comhairle a ionadaíonn níos mó ná 35% de dhaonra na mBallstát rannpháirteach, móide comhalta amháin; dá uireasa sin measfar an tromlach cáilithe a bheith ann.

De mhaolú ar an dara mír agus ar an tríú mír, nuair nach ar thogra ón gCoimisiún ná ó Aire Gnóthaí Eachtracha an Aontais a ghníomhóidh an Chomhairle, saineofar an tromlach cáilithe is gá mar 72% ar a laghad de chomhaltaí na Comhairle a ionadaíonn na Ballstáit rannpháirteacha a chuimsíonn 65% ar a laghad de dhaonra na Stát sin.

AIRTEAGAL 2

De dhroim Airteagal 1 agus faoi réir Airteagail 3, 4 agus 6, ní bheidh aon fhoráil de Roinn 2 nó Roinn 3 de Chaibidil IV de Theideal III de Chuid III den Bhunreacht nó d'Airteagal III-260 den Bhunreacht, a mhéad a bhaineann an tAirteagal sin leis na réimsí atá folaithe leis na Ranna sin, d'Airteagal III-263 nó d'Airteagal III-275(2)(a) den Bhunreacht, aon bheart arna ghlacadh de bhun na Ranna nó na nAirteagal sin, aon fhoráil d'aon chomhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích ag an Aontas de bhun na Ranna nó na nAirteagal sin ná aon bhreith de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ag léiriú aon fhorála ná birt den sórt sin ina cheangal ar an Ríocht Aontaithe ná ar Éirinn ná infheidhme iontu; agus ní dhéanfaidh aon fhoráil, beart ná cinneadh den sórt sin difear ar dhóigh ar bith d'inniúlachtaí, cearta agus oibleagáidí na Stát sin; agus ní dhéanfaidh aon fhoráil, beart ná cinneadh den sórt sin difear ar dhóigh ar bith don *acquis* Comhphobail ná Aontais ná ní bheidh siad ina gcuid de dhlí an Aontais mar a bheidh feidhm ag an *acquis* agus ag an ndlí sin maidir leis an Ríocht Aontaithe ná le hÉirinn.

AIRTEAGAL 3

1. Féadfaidh an Ríocht Aontaithe nó Éire fógra a thabhairt i scríbhinn don Chomhairle, laistigh de thrí mhí tar éis do thogra de bhun Roinn 2 nó Roinn 3 de Chaibidil IV de Theideal III de Chuid III den Bhunreacht nó do thogra nó tionscnamh de bhun Airteagal III-263 nó Airteagal III-275(2)(a) den Bhunreacht a a bheith tíolactha don Chomhairle, gur mian léi bheith rannpháirteach le linn aon bheart den sórt sin arna bheartú a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm, agus leis sin, beidh an Stát sin i dteideal bheith rannpháirteach amhlaidh. Beidh gá le haontoilíocht chomhaltaí na Comhairle, seachas comhalta nach mbeidh fógra den sórt sin tugtha aige, i gcás ghníomhartha na Comhairle nach foláir a ghlacadh d'aon toil. Beidh beart arna ghlacadh faoin mír seo ina cheangal ar na Ballstáit uile a bheidh rannpháirteach ina ghlacadh. Leagfar síos le rialacháin Eorpacha nó le cinntí Eorpacha arna nglacadh de bhun Airteagal 111-260 den Bhunreacht na coinníollacha do rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann sna meastacháin a bhaineann leis an réimsí atá folaithe le Roinn 2 nó Roinn 3 de Chaibidil IV de Theideal III de Chuid III den Bhunreacht.

Chun críocha an Airteagail seo, saineofar tromlach cáilithe mar 55% ar a laghad de chomhaltaí na Comhairle a ionadaíonn na Ballstáit rannpháirteacha a chuimsíonn 65% ar a laghad de dhaonra na Stát sin.

Ní mór a bheith ar áireamh i mionlach blocála an t-íoslíon ar a laghad de chomhaltaí na Comhairle a ionadaíonn níos mó ná 35% de dhaonra na mBallstáit rannpháirteach, móide comhalta amháin; dá uireasa sin measfar an tromlach cáilithe a bheith ann.

De mhaolú ar an dara fomhír agus ar an tríú fomhír, nuair nach ar thogra ón gCoimisiún ná ó Aire Gnóthaí Eachtracha an Aontais a ghníomhóidh an Chomhairle, saineofar an tromlach cáilithe is gá mar 72% ar a laghad de chomhaltaí na Comhairle a ionadaíonn na Ballstáit rannpháirteacha a chuimsíonn 65% ar a laghad de dhaonra na Stát sin.

2. Mura féidir tar éis tréimhse réasúnta beart dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh le rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe nó na hÉireann, féadfaidh an Chomhairle beart den sórt sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 1 gan rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe nó na hÉireann. Sa chás sin, beidh feidhm ag Airteagal 2.

AIRTEAGAL 4

Féadfaidh an Ríocht Aontaithe nó Éire, tráth ar bith tar éis do bheart a bheith glactha de bhun Roinn 2 nó Roinn 3 de Chaibidil IV de Theideal III de Chuid III den Bhunreacht nó de bhun Airteagal III-263 nó Airteagal III-275(2)(a) den Bhunreacht, fógra faoina hintinn a thabhairt don Chomhairle agus don Choimisiún gur mian léi glacadh leis an mbeart sin. Sa chás sin, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal III-420(1) den Bhunreacht.

AIRTEAGAL 5

Ní iompróidh Ballstát nach bhfuil faoi cheangal ag beart arna ghlacadh de bhun Roinn 2 nó Roinn 3 de Chaibidil IV de Theideal III de Chuid III den Bhunreacht nó de bhun Airteagal III-263 nó Airteagal III-275(2)(a) den Bhunreacht aon iarmhairtí airgeadais a ghabhfaidh leis an mbeart sin seachas costais riarracháin a thabhóidh na hinstituídí, ach amháin má chinneann comhaltaí uile na Comhairle a mhalaírt, ag gníomhú dóibh d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

AIRTEAGAL 6

Más rud é, i gcásanna dá dtagraítear sa Phrótacal seo, go mbeidh beart arna ghlacadh de bhun Roinn 2 nó Roinn 3 de Chaibidil IV de Theideal III de Chuid III den Bhunreacht nó de bhun Airteagal III-260 den Bhunreacht, a mhéad a bhaineann an tAirteagal sin leis na réimsí atá folaithe leis na Ranna sin, nó de bhun Airteagal III-263 nó Airteagal III-275(2)(a) den Bhunreacht ina cheangal ar an Ríocht Aontaithe nó ar Éirinn, beidh feidhm ag forálacha ábhartha an Bhunreachta maidir leis an Stát sin i ndáil leis an mbeart sin.

AIRTEAGAL 7

Beidh Airteagail 3 agus 4 gan dochar don Phrótacal maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh.

AIRTEAGAL 8

Féadfaidh Éire fógra a thabhairt i scríbhinn don Chomhairle nach mian léi bheith faoi réir théarmaí an Phrótacail seo a thuilleadh. Sa chás sin, ní bheidh feidhm ag an bPrótacal seo maidir le hÉirinn a thuilleadh.

20. PRÓTACAL

MAIDIR LE SEASAMH NA DANMHAIRGE

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG MEABHRÚ DÓIBH an Chinnidh ó na Ceannairí Stáit nó Rialtais, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle Eorpaí i nDún Éideann an 12 Nollaig 1992, maidir le fadhbanna áirithe arna dtarraingt anuas ag an Danmhairg maidir leis an gConradh ar an Aontas Eorpach,

TAR ÉIS A THABHAIRT DÁ nAIRE seasamh na Danmhairge maidir le saoránacht, le haontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta, leis an mbeartas cosanta agus le ceartas agus gnóthaí baile mar atá sé leagtha síos i gCinneadh Dhún Éideann,

ÓS FEASACH DÓIBH go ndeanfaidh leanúint faoin mBunreacht de na socruite dlí a d'eascair ó Chinneadh Dhún Éideann rannpháirtíocht na Danmhairge i réimsí tábhachtacha den chomhar san Aontas a theorannú go suntasach agus gurb é lár leas an Aontais iomláine an *acquis* a áirithíú i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais,

ÓS MIAN LEO mar sin creat dlí a bhunú a thabharfaidh rogha don Danmhairg a bheith rannpháirteach i nglacadh na mbeart arna mbeartú ar bhonn Chaibidil IV de Theideal III de Chuid III den Bhunreacht agus ag fáiltiú dóibh roimh intinn na Danmhairge leas a bhaint as an rogha sin nuair is féidir i gcomhréir lena riachtanais bhunreachtúla,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE nach gcoiscfidh an Danmhairg na Ballstáit eile ar a gcomhar a fhorbairt tuilleadh i ndáil le bearta nach bhfuil ina gceangal ar an Danmhairg,

AG COIMEÁD I gCUIMHNE DÓIBH an Phrótacail maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtíú i gcreat an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangan leis an mBunreacht:

CUID I

AIRTEAGAL 1

Ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach nuair a ghlacfaidh an Chomhairle bearta arna mbeartú de bhun Chaibidil IV de Theideal III de Chuid III den Bhunreacht. Beidh gá le haontoilíocht chomhaltaí na Chomhairle, seachas ionadaí rialtas na Danmhairge, i gcás chinntí na Comhairle nach foláir a ghlacadh d'aon toil.

Chun críocha an Airteagail seo, saineofar tromlach cáilithe mar 55% ar a laghad de chomhaltaí na Comhairle a ionadaíonn na Ballstáit rannpháirteacha a chuimsíonn 65% ar a laghad de dhaonra na mBallstát sin.

Ní mór a bheith ar áireamh i mionlach blocála an t-íoslíon ar a laghad de chomhaltaí na Comhairle a ionadaíonn níos mó ná 35% de dhaonra na mBallstát rannpháirteach, móide comhalta amháin; dá uireasa sin measfar an tromlach cáilithe a bheith ann.

De mhaolú ar an dara mír agus ar an tríú mír, nuair nach ar thogra ón gCoimisiún ná ó Aire Gnóthaí Eachtracha an Aontais a ghníomhóidh an Chomhairle, saineofar an tromlach cáilithe is gá mar 72% ar a laghad de chomhaltaí na Comhairle a ionadaíonn na Ballstáit rannpháirteacha a chuimsíonn 65% ar a laghad de dhaonra na Stát sin.

AIRTEAGAL 2

Ní bheidh aon fhóráil de Chaibidil IV de Theideal III de Chuid III den Bhunreacht, aon bheart arna ghlacadh de bhun na Caibidle sin, aon fhóráil d'aon chomhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích ag an Aontas de bhun na Caibidle sin ná aon bhreith de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ag léiriú aon fhórála nó birt den sórt sin ina cheangal ar an Danmhairg ná infsheidhme inti; agus ní dhéanfaidh aon fhóráil, beart ná cinneadh den sórt sin difear ar dhóigh ar bith d'inniúlachtaí, cearta agus oibleagáidí na Danmhairge; agus ní dhéanfaidh aon fhóráil, beart ná cinneadh den sórt sin difear ar dhóigh ar bith don *acquis* Comphobail ná Aontais ná ní bheidh siad ina gcuid de dhlí an Aontais mar a bheidh feidhm ag an *acquis* agus an dlí sin maidir leis an Danmhairg.

AIRTEAGAL 3

Ní iompróidh an Danmhairg aon iarmhaintí airgeadais a ghabhfaidh le bearta dá dtagraítear in Airteagal 1, seachas costais riarracháin a thabhairt na hinstiúidí.

AIRTEAGAL 4

1. Cinnfidh an Danmhairg, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis do bheart a bheith glactha chun cur le *acquis* Schengen atá folaithe le Cuid I, an gcuirfidh sí an beart sin chun feidhme ina dlí náisiúnta. Má chinneann sí é sin a dhéanamh, cruthóidh an beart sin oibleagáid faoin dlí idirnáisiúnta idir an Danmhairg agus na Ballstáit eile a mbeidh an beart ina cheangal orthu.

Má chinneann an Danmhairg gan beart den sórt sin a chur chun feidhme, déanfaidh na Ballstáit a mbeidh an beart sin ina cheangal orthu agus an Danmhairg na bearta iomchuí a bheidh le glacadh a mheas.

2. Coimeádfaidh an Danmhairg ar bun na cearta agus na hoibleagáidí a bhí ann i dtaca le *acquis* Schengen roimh an gConradh ag bunú Bunreachtána don Eoraip a theacht i bhfeidhm.

CUID II

AIRTEAGAL 5

I dtaca le bearta arna nglacadh ag an gComhairle de bhun Airteagal I-41, Airteagal III-295(1) agus Airteagail III-309 go III-313 den Bhunreacht, ní bhíonn an Danmhairg rannpháirteach i ndréachtú ná i gcur chun feidhme cinntí agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil impleachtaí cosanta acu. Dá bhrí sin ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na mbeart sin. Ní choiscfidh an Danmhairg na Ballstáit eile ar a gcomhar a fhorbairt tuilleadh sa réimse sin. Ní bheidh d'iallach ar an Danmhairg rannchuidiú le maoiniú an chaiteachais oibríochtúil a thig ó na bearta sin, ná cumaíseartha a chur ar fáil don Aontas.

Beidh gá le haontoilíocht chomhaltaí na Comhairle, seachas ionadaí rialtas na Danmhairge, do chinntí na Comhairle nach foláir a ghlacadh d'aon toil.

Chun críocha an Airteagail seo, saineofar tromlach cáilithe mar 55% ar a laghad de chomhaltaí na Comhairle a ionadaíonn na Ballstáit rannpháirteacha a chuimsíonn 65% ar a laghad de dhaonra na mBallstát sin.

Ní mór a bheith ar áireamh i mionlach blocála an t-íoslíon ar a laghad de chomhaltaí na Comhairle a ionadaíonn níos mó ná 35% de dhaonra na mBallstát rannpháirteach, móide comhalta amháin; dá uireasa sin measfar an tromlach cáilithe a bheith ann.

De mhaolú ar an tríú mír agus ar an gceathrú mír, nuair nach ar thogra ón gCoimisiún ná ó Aire Gnóthaí Eachtracha an Aontais a ghníomhóidh an Chomhairle, saineofar an tromlach cáilithe is gá mar 72% ar a laghad de chomhaltaí na Comhairle a ionadaíonn na Ballstáit rannpháirteacha a chuimsíonn 65% ar a laghad de dhaonra na Stát sin.

CUID III

AIRTEAGAL 6

Beidh feidhm ag an bPrótacal seo freisin maidir le bearta atá i bhfeidhm fós de bhua Airteagal IV-438 den Bhunreacht, a bhí folaithe, roimh an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip a theacht i bhfeidhm, leis an bPrótacal maidir le seasamh na Danmhairge atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh.

AIRTEAGAL 7

Ní bheidh feidhm ag Airteagail 1, 2 agus 3 maidir le bearta ag cinneadh na dtríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosa a bheith ina seilbh acu nuair a bheidh teorainneacha seachtracha na mBallstát á dtrasnú acu, ná ar bhearta a bhaineann le formáid chomhionann do víosaí.

CUID IV

AIRTEAGAL 8

Féadfaidh an Danmhairg, tráth ar bith, i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla, a chur in iúl do na Ballstáit eile nach mian léi leas a bhaint a thuilleadh as an bPrótacal seo nó as cuid de. Sa chás sin, cuirfidh an Danmhairg i bhfeidhm go hiomlán na bearta ábhartha uile a bheidh i bhfeidhm ag an am sin arna nglacadh i gcreat an Aontais.

AIRTEAGAL 9

1. Tráth ar bith agus gan dochar d'Airteagal 8, féadfaidh an Danmhairg, i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla, fógra a thabhairt do na Ballstáit eile gurb éard é Cuid I den Phrótacal seo, amhail ón gcéad lá den mhí a ndiaidh an fhógra, na forálacha san Iarscríbhinn. Sa chás sin déanfar Airteagail 5 go 9 a athuimhriú dá réir.
2. Sé mhí tar éis an dáta a ghabhfaidh éifeacht leis an bhfógra dá dtagraítear i mír 1, beidh *acquis* Schengen uile agus bearta arna nglacadh chun cur leis an *acquis* sin, a bhí ina gceangal ar an Danmhairg go dtí sin mar oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta, ina gceangal ar an Danmhairg mar chuid de dhlí an Aontais.

IARSCRÍBHINN**AIRTEAGAL 1**

Faoi réir Airteagal 3, ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach nuair a ghlacfaidh an Chomhairle bearta arna mbeartú de bhun Chaibidil IV de Theideal III de Chuid III den Bhunreacht. Beidh gá le haontoilíocht ó chomhaltaí na Comhairle, seachas ionadaí rialtas na Danmhairge, i gcás chinntí na Comhairle nach foláir a ghlacadh d'aon toil.

Chun críocha an Airteagail seo, saineofar tromlach cáilithe mar 55% ar a laghad de chomhaltaí na Comhairle a ionadaíonn na Ballstáit rannpháirteacha a chuimsíonn 65% ar a laghad de dhaonra na mBallstát sin.

Ní mór a bheith ar áireamh i mionlach blocála an t-íoslíon ar a laghad de chomhaltaí na Comhairle a ionadaíonn níos mó ná 35% de dhaonra na mBallstát rannpháirteach, móide comhalta amháin; dá uireasa sin measfar an tromlach cáilithe a bheith ann.

De mhaolú ar an dara mír agus ar an tríú mír, nuair nach ar thogra ón gCoimisiún ná ó Aire Gnóthaí Eachtracha an Aontais a ghníomhóidh an Chomhairle, saineofar an tromlach cáilithe is gá mar 72% ar a laghad de chomhaltaí na Comhairle a ionadaíonn na Ballstáit rannpháirteacha a chuimsíonn 65% ar a laghad de dhaonra na Stát sin.

AIRTEAGAL 2

De bhua Airteagal 1 agus faoi réir Airteagail 3, 4 agus 6, ní bheidh aon fhóráil de Chaibidil IV de Theideal III de Chuid III den Bhunreacht, aon bheart arna ghlacadh de bhun na Caibidle sin, aon fhóráil d'aon chomhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích ag an Aontas de bhun na Caibidle sin ná aon bhreith de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ag léiriú aon fhórála nó birt den sórt sin ina cheangal ar an Danmhairg ná infheidhme inti; agus ní dhéanfaidh aon fhóráil, beart ná cinneadh den sórt sin difear ar dhóigh ar bith d'inniúlachtaí, cearta agus oibleagáidí na Danmhairge; agus ní dhéanfaidh aon fhóráil, beart ná cinneadh den sórt sin difear ar dhóigh ar bith d'inniúlachtaí, cearta agus oibleagáidí na Danmhairge; agus ní dhéanfaidh aon fhóráil, beart ná cinneadh den sórt sin difear ar dhóigh ar bith don *acquis* Comhphobail ná Aontais ná ní bheidh siad ina gcuid de dhlí an Aontais mar a bheidh feidhm ag an *acquis* agus an dlí sin maidir leis an Danmhairg.

AIRTEAGAL 3

1. Féadfaidh an Danmhairg fógra a thabhairt i scríbhinn d'Uachtarán na Comhairle, laistigh de thrí mhí tar éis do thogra ná tionscnamh a bheith tíolactha don Chomhairle de bhun Chaibidil IV de Theideal III de Chuid III den Bhunreacht, gur mian léi bheith rannpháirteach le linn aon bheart den sórt sin arna bheartú a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm, agus leis sin beidh an Danmhairg i dteideal bheith rannpháirteach amhlaidh.
2. Mura féidir tar éis tréimhse réasúnta beart dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh le rannpháirtíocht na Danmhairge, féadfaidh an Chomhairle an beart sin dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 1 gan rannpháirtíocht na Danmhairge. Sa chás sin beidh feidhm ag Airteagal 2.

AIRTEAGAL 4

Féadfaidh an Danmhairg, tráth ar bith, tar éis do bheart a bheith ghlactha de bhun Chaibidil IV de Theideal III de Chuid III den Bhunreacht, fógra faoina hintinn a thabhairt don Chomhairle agus don Choiomisiún gur mian léi glacadh leis an mbeart sin. Sa chás sin, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal III-420(1) den Bhunreacht.

AIRTEAGAL 5

1. Tíolacfarr fógra de bhun Airteagal 4 tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis do bheart a bheith glactha go cinntitheach má tá an beart sin ag cur le *acquis* Schengen.

Mura dtíolacfaidh an Danmhairg fógra i gcomhréir le hAirteagal 3 nó Airteagal 4 maidir le beart chun cur le *acquis* Schengen, déanfaidh na Ballstáit a mbeidh an beart sin ina cheangal orthu agus an Danmhairg na bearta iomchuí a bheidh le glacadh a mheas.

2. Fógra de bhun Airteagal 3 i ndáil le beart chun chur le *acquis* Schengen, measfar go neamh-inchúlghairthe gur fógra é de bhun Airteagal 3 i ndáil le haon togra nó tionscnamh eile arb é is aidhm dó cur leis an mbeart sin a mhéad atá an togra nó an tionscnamh sin ag cur le *acquis* Schengen.

AIRTEAGAL 6

Más rud é, i gcásanna dá dtagraítear sa Chuid seo, go mbeidh beart arna ghlacadh ag an gComhairle de bhun Chaibidil IV de Theideal III de Chuid III den Bhunreacht ina cheangal ar an Danmhairg, beidh feidhm ag na forálacha ábhartha den Bhunreacht maidir leis an Danmhairg i ndáil leis an mbeart sin.

AIRTEAGAL 7

Nuair nach mbíonn an Danmhairg faoi cheangal ag beart arna ghlacadh de bhun Chaibidil IV de Theideal III de Chuid III den Bhunreacht, ní iompróidh sí aon iarmhairtí airgeadais a ghabhfaidh leis an mbeart sin seachas costais riarracháin a thabhóidh na hinstiúidí, ach amháin má chinneann an Chomhairle a mhalairt, ag gníomhú di d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

21. PRÓTACAL
MAIDIR LE CAIDREAMH EACHTRACH
NA mBALLSTÁT I dTACA LE TEORAINNEACHA
SEACHTRACHA A THRASNÚ

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AGUS AIRD Á TABHAIRT ACU ar a riachtanaí atá sé do na Ballstáit rialuithe éifeachtúla ag a dteorainneacha seachtracha a áirithiú, i gcomhar le tríú tíortha nuair is iomchuí,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar an bhforáil seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

AIRTEAGAL AONAIR

Beidh na forálacha ar na bearta maidir le teorainneacha seachtracha a thrasnú atá in Airteagal III-265(2)(b) den Bhunreacht gan dochar d'inniúlacht na mBallstát comhaontuithe a chaibidil nó a thabhairt i gcrích le tríú tíortha fad a dhéanfaidh siad dlí an Aontais agus comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha eile a urramú.

22. PRÓTACAL
MAIDIR LE TEARMANN
DO NÁISIÚNAIGH DE CHUID NA mBALLSTÁT

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

DE BHRÍ, i gcomhréir le hAirteagal I-9(1) den Bhunreacht, go n-aithníonn an tAontas na cearta, na saoirsí agus na prionsabail atá leagtha amach sa Chait um Chearta Bunúsacha;

DE BHRÍ, de bhun Airteagal I-9(3) den Bhunreacht, go bhfuil na cearta bunúsacha mar atá siad ráthaithe leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint ina gcuid de dhlí an Aontais mar phrionsabail ghinearálta,

DE BHRÍ go bhfuil dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun a áirithíú go ndéanfaidh an tAontas an dlí a urramú, agus Airteagal I-9(1) agus (3) den Bhunreacht á léiriú agus á chur i bhfeidhm aige,

DE BHRÍ, de bhun Airteagal I-58 den Bhunreacht, nach foláir d'aon Stát Eorpach, agus iarratas á dhéanamh aige chun bheith ina chomhalta den Aontas, na luachanna atá leagtha amach in Airteagal I-2 den Bhunreacht a urramú,

AG COIMEÁD I gCUIMHNE DÓIBH go mbunaíonn Airteagal I-59 den Bhunreacht sásra chun cearta áirithe a fhionraí i gcás go ndéanann Ballstát na luachanna sin a shárú go tromchúiseach leanúnach,

AG MEABHRÚ DÓIBH go bhfuil ag gach náisiúnach de chuid Ballstáit, mar shaoránach den Aontas, stádas agus cosaint speisialta a dhéanfaidh na Ballstáit a ráthú i gcomhréir le forálacha Theideal II de Chuid I agus Theideal II de Chuid III den Bhunreacht,

AG COIMEÁD I gCUIMHNE DÓIBH go mbunaíonn an Bunreacht limistéar gan teorainneacha inmheánacha agus go dtugann sé do gach saoránach an ceart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát,

ÓS MIAN LEO a chinntíú nach mbainfear leas as an tearmann chun críoch atá contrártha leis na críocha ar ceapadh chucu é,

DE BHRÍ go n-urramaíonn an Prótacal seo críochnaitheacht agus cuspóirí Choinbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951 maidir le stádas dídeanaithe,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

AIRTEAGAL AONAIR

Ag féachaint do leibhéal na cosanta maidir le cearta agus saoirsí bunúsacha a thugann Ballstáit an Aontais Eorpais, measfar gur tíortha sábháilte tionscnaimh iad na Ballstáit i leith a chéile fad a bhaineann le críocha dlí agus críocha praiticiúla i ndáil le hábhair thearmainn. Dá réir sin, ní fhéadfar aon iarratas ar thearmann arna dhéanamh ag náisiúnach de chuid Ballstáit a chur san áireamh ná ní fhéadfar a dhearbhú go bhfuil sé inghlactha lena phróiseáil ag Ballstát eile, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- (a) má dhéanann an Ballstát ar náisiúnach de an t-iarratasóir, agus leas á bhaint aige as forálacha Airteagal 15 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, bearta a ghlacadh chun a oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún sin a mhaolú ar a chríoch;

- (b) má tá tú curtha leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal I-59(1) nó (2) den Bhunreacht, agus go dtí go nglacfaidh an Chomhairle, nó, más iomchuí, an Chomhairle Eorpach, cinneadh Eorpach ina leith sin i dtaca leis an mBallstát ar náisiúnach de an t-iarratasóir;
- (c) má tá cinneadh Eorpach glactha ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal I-59(1) den Bhunreacht i dtaca leis an mBallstát ar náisiúnach de an t-iarratasóir, nó má tá cinneadh Eorpach glactha ag an gComhairle Eorpach i gcomhréir le hAirteagal I-59(2) den Bhunreacht i dtaca leis an mBallstát ar náisiúnach de an t-iarratasóir;
- (d) dá gcinnfeadh Ballstát amhlaidh go haontao bhach maidir leis an iarratas ó náisiúnach de chuid Ballstáit eile; sa chás sin, cuirfear an Chomhairle ar an eolas láithreach; déileálfar leis an iarratas ar bhonn na toimhdean go bhfuil sé go follasach gan bhunús, gan difear a dhéanamh ar dhóigh ar bith, gan spleáchas do na cásanna, do chumhacht cinnteoireachta an Bhallstáit.

23. PRÓTACAL

MAIDIR LEIS AN mBUANCHOMHAR STRUCHTÚRTHA
ARNA BHUNÚ LE hAIRTEAGAL I-41(6)
AGUS LE hAIRTEAGAL III-312 DEN BHUNREACHT

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG FÉACHAINT d'Airteagal I-41(6) agus d'Airteagal III-312 den Bhunreacht,

AG MEABHRÚ DÓIBH go bhfuil comhbheartas eachtrach agus slándála á sheoladh ag an Aontas atá fothaithe ar chóineasú méadaitheach ar ghníomhaíocht na mBallstát a ghnóthú;

AG MEABHRÚ DÓIBH gur cuid dhílis den chomhbheartas eachtrach agus slándála an comhbheartas slándála agus cosanta; go gcuireann sé cumas oibríochtúil ar fáil don Aontas trí tharraingt ar shócmhainní sibhialta agus míleata; go bhféadfaidh an t-Aontas na sócmhainní sin a úsáid i mbun na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal III-309 den Bhunreacht lasmuigh den Aontas maidir leis an tsíochánaíocht, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú i gcomhréir le prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe; go gcuirfear na cúraimí sin i gcrích ag baint úsáid as cumais arna gcur ar fáil ag na Ballstáit, i gcomhréir le prionsabal na foinse aonair fórsaí.

AG MEABHRÚ DÓIBH nach ndéanann comhbheartas slándála agus cosanta an Aontais dochar do cháilíocht shonrach bheartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe;

AG MEABHRÚ DÓIBH go n-urramaíonn comhbheartas slándála agus cosanta an Aontais na hoibleagáidí a chineann ó Chonradh an Atlantaigh Thuaidh i gcás na mBallstát sin a mheasann go bhfuil a gcomhchosaint bainte amach acu in Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh a leanann de bheith mar bhunsraith do chomhchosaint a cuid comhaltaí, agus go bhfuil sé ag luí leis an gcomhbheartas slándála agus cosanta arna bhunú sa chreat sin;

AR A BHEITH DEARFA go rannchuideoih ról níos teanntásaí ag an Aontas i gcúrsaí slándála agus cosanta le beogacht Chomhghuaillíochta Atlantaí athnuaithe, i gcomhréir leis na socraíochtaí dá ngairtear "Beirlín Plus";

AR A BHEITH DE RÚN DAINGEAN ACU a áirithiú go mbeidh ar chumas an Aontais a chuid freagráchtaí sa chomhphobal idirnáisiúnta a ghabháil ar láimh;

Á AITHINT DÓIBH go bhféadfaidh Eagraíocht na Náisiún Aontaithe cúnamh a iarraidh ar an Aontas chun misin arna nglacadh ar láimh faoi Chaibidil VI agus faoi Chaibidil VII de Chairt na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme go práinneach;

Á AITHINT DÓIBH go mbeidh ar na Ballstáit iarrachtaí a dhéanamh i réimse na gcumas de bharr neartú ar an gcomhbheartas slándála agus cosanta ;

ÓS FEASACH DÓIBH go mbeidh tréaniarracht ó na Ballstáit i dtrácht ag gabháil le tosú ar chéim nua i bhforbairt chomhbheartais Eorpaigh slándála agus cosanta;

AG MEABHRÚ DÓIBH a thábhachtaí atá sé go mbeadh Aire Gnóthaí Eachtracha an Aontais gafa go hiomlán leis na himeachtaí a bhaineann le buanchomhar struchtúrtha;

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

AIRTEAGAL 1

Beidh an buanchomhar struchtúrtha dá dtagraítear in Airteagal I-41(6) den Bhunreacht ar oscailt do gach Ballstát a ghabhfaidh ar láimh, ó dháta an Conradh ag bunú Bunreachta don Eoraip a theacht i bhfeidhm:

- (a) iarrachtaí níos tréine a dhéanamh chun a chumais cosanta a fhorbairt trína ranmháirtíochtaí náisiúnta a fhorbairt agus trí bheith rannpháirteach, nuair is ionchuí, i bhfórsaí ilnáisiúnta, sna príomhchláir Eorpacha trealaimh agus i gníomhaíocht na Gníomhaireachta a bhaineann le cumais chosanta a fhorbairt, le taighde, le soláthar agus le harmálacha (Gníomhaireacht Eorpach um Chosaint), agus
- (b) an cumas a bheith aige faoi 2007 ar a dhéanaí, bíodh sé ar leibhéal náisiúnta nó mar chomhbhall de ghrúpaí ilnáisiúnta d'fhórsaí, spriocaonaid chomhraic a chur ar fáil do na misin phleanáilte, a bheidh struchtúrtha ar leibhéal na hoirbheartaíochta mar chathghráupa, a mbeidh eilimintí tacaíochta acu lena n-áirítear iompar agus lóistíocht, a bheidh in ann na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal III-309 a chur i gcrích laistigh de thréimhse cúig go tríocha lá, go háirithe chun freagairt d'iarrataí ó Eagraíocht na Náisiún Aontaithe, agus a fhéadfar a choimeád ar bun ar feadh tréimhse tosaigh 30 lá agus leanúint leo ar feadh 120 lá ar a laghad.

AIRTEAGAL 2

D'fhoinn na cuspóirí atá leagtha síos in Airteagal 1 a bhaint amach, gabhfaidh na Ballstáit atá rannpháirteach sa bhuanachomhar struchtúrtha ar láimh :

- (a) comhoibriú, amhail ón gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip a theacht i bhfeidhm, d'fhoinn cuspóirí formheasta a bhaint amach maidir le leibhéal an chaiteachais infheistíochta ar threalamh cosanta, agus na cuspóirí sin a athbhreithniú go tráthrialta i bhfianaise thimpeallacht na slándála agus fhreagrachtaí idirnáisiúnta an Aontais;

- (b) a ngairis cosanta a chur in oiriúint dá chéile oiread agus is féidir, go háirithe trí bhíthin sainaithint a riachtanas míleata a chomhchuibhiú, a meáin agus a gcumais cosanta a chomhthiomsú, agus, nuair is iomchuí, speisialtóireacht a dhéanamh orthu, agus taobhú leis an gcomhar i réimsí na hoiliúna agus na lóistíochta;
- (c) bearta táigiúla a ghlacadh chun infhaighteacht, idir-inoibritheacht, solúbthacht agus inimscarthacht a gcuidear fórsaí a fheabhsú, go háirithe trí chomhchuspóirí a shainaithint maidir le fórsaí a sholáthar, lena bhféadfaí athbhreithniú ar a nósanna imeachta náisiúnta cinnteoireachta a áireamh;
- (d) comhoibriú chun a áirithiú go nglacfaidh siad na bearta is gá, lena n-áirítear trí chur chuige ilnáisiúnta agus gan dochar do na gealltanais ina leith sin laistigh d'Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh, chun na heasnaimh arna suíomh faoi chuimsiú an "tSásra Forbartha Cumais" a shlánú;
- (e) páirt a ghlacadh, nuair is iomchuí, i bhforbairt mórchláir compháirteach trealaimh nó mórchláir Eorpach trealaimh faoi chuimsiú na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint.

AIRTEAGAL 3

Rannchuideoidh an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint le measúnú tráthrialta ar rannpháirtíochaí na mBallstát rannpháirteach i dtaca le cumais, go háirithe na rannpháirtíochaí arna ndéanamh i gcomhréir leis na critéir a bhunófar *inter alia* ar bhonn Airteagal 2, agus déanfaidh sí tuarascaíl air ar a laghad uair sa bhliain. Féadfar an measúnú sin a úsáid mar bhonn do mholtáí agus do chinntí Eorpacha ón gComhairle arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal III-312 den Bhunreacht.

24. PRÓTACAL

MAIDIR LE hAIRTEAGAL I-41(2) DEN BHUNREACHT

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG COIMEÁD I gCUIMHNE DÓIBH an gá atá ann forálacha Airteagal I-41(2) den Bhunreacht a chur chun feidhme go hiomlán,

AG COIMEÁD I gCUIMHNE DÓIBH nach ndéanfaidh beartas an Aontais i gcomhréir le hAirteagal I-41(2) den Bhunreacht dochar do cháilíocht shonrach bheartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe, agus go n-urramóidh sé na hoibleagáidí a chineann ó Chonradh an Atlantaigh Thuaidh i gcás Ballstát áirithe a mheasann go bhfuil a gcomhchosaint bainte amach acu in Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh, agus go mbeidh sé ag luí leis an gcomhbheartas slándála agus cosanta arna bhunú sa chreat sin,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar an bhforáil seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

AIRTEAGAL AONAIR

Tarraingeoidh an tAontas suas, i dteannta le hAontas Iarthar na hEorpa, socruithe maidir le comhar feabhsaithe eatarthu.

25. PRÓTACAL

MAIDIR LE hALLMHAIRÍ Í STEACH SAN AONTAS EORPACH
AR THÁIRGÍ PEITRILIAM ARNA SCAGADH
IN AINTILLÍ NA hÍSILTÍRE

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO cruinneas a bheith ag baint leis na socruithe trádála is infheidhme maidir le hallmhairiú isteach san Aontas Eorpach ar tháirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

AIRTEAGAL 1

Tá an Prótacal seo infheidhme maidir leis na táirgí peitriliam faoi cheannteidil 27.10, 27.11, 27.12 (céir phairifín agus céir pheitriliam), ex 27.13 (iarmhair phairifíneacha) agus 27.14 (céir scealla) san Ainmníocht Chomhcheangailte a allmhairítar lena gcur in úsáid sna Ballstáit.

AIRTEAGAL 2

Gabhann na Ballstáit orthu féin go dtabharfar do tháirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre na buntáistí taraife a thagann dá gcomhlachú leis an Aontas, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sa Phrótacl seo. Beidh feidhm leis na forálacha sin, cibé rialacha i dtaobh tionscnamh earraí a chuireann na Ballstáit i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 3

1. Nuair a shonróidh an Coimisiún, ar iarratas ó Bhallstát nó uaidh féin, go bhfuil an t-allmhairíú isteach san Aontas ar tháirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre, faoin socrú dá bhforáltear in Airteagal 2, ag tarraingt deacra iarbhír ar mhargadh Ballstáit nó Ballstát, glacfaidh sé cinneadh Eorpach lena mbunófar go ndéanfaidh na Ballstáit lena mbaineann na dleachtanna custaim is inchurtha ar na hallmhairí sin a thabhairt isteach, a mhéadú nó a atabhairt isteach, a mhéad is gá agus don tréimhse is gá chun freagairt don chor sin. Ní fhéadfaidh rátaí na ndleachtanna custaim a thabharfar isteach, a mhéadófar nó a atabharfar isteach amhlaidh bheith níos mó ná rátaí na ndleachtanna custaim is infheidhme i leith tríú tíortha i gcás na dtáirgí céanna.
2. Féadfar na forálacha atá leagtha síos i mír 1 a chur i bhfeidhm i ngach cás nuair a shroichfidh a n-allmhaireofar isteach san Aontas de tháirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre dhá mhilliún tonn sa bhliain.
3. Cuirfear i bhfios don Chomhairle na cinntí Eorpacha a ghlac an Coimisiún de bhua mhíreanna 1 agus 2, lena n-áirítear na cinntí a bhéarfadh go ndiúltófaí don iarratas ó Bhallstát. Féadfaidh an Chomhairle gníomhú ina leith ar iarratas ó gach Ballstát agus féadfaidh sí i gcónaí cinneadh Eorpach a ghlacadh chun cinntí den sórt sin a leasú nó a chúlghairm.

AIRTEAGAL 4

1. Má mheasann Ballstát go bhfuil allmhairí táirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre, go díreach nó trasna Ballstáit eile, faoin socrú dá bhforáiltear in Airteagal 2, ag tarraingt deacra iarbhír ar a mhargadh agus gur gá gníomhú láithreach chun freagairt dóibh, féadfaidh sé a chinneadh uaidh fén ar dhleachtanna custaim a chur ar na hallmhairí sin nach mbeidh a rátaí níos mó ná rátaí na ndleachtanna custaim is infheidhme i leith tríú tíortha i gcás na dtáirgí céanna. Cuirfidh sé an cinneadh sin i bhffios don Choimisiún agus laistigh de thréimhse míosa glacfaidh an Coimisiún cinneadh Eorpach lena mbunófar cé acu a bhféadfar cloí leis na bearta a ghlac an Stát nó a ndlífeart iad a leasú nó a chealú. Beidh Airteagal 3(3) infheidhme maidir le cinneadh sin an Choimisiúin.

2. I gcás a n-allmhaireofar de tháirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre, go díreach nó trasna Ballstáit eile faoin socrú dá bhforáiltear in Airteagal 2, isteach i mBallstát amháin nó níos mó a dhul, i rith bliana féilire, thar na tonnáistí a thaispeántar in Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo, measfar na bearta a bheadh le glacadh de bhun mhír 1 ag an mBallstát nó ag na Ballstáit sin don bhliain reatha a bheith ina mbearta bailí. Déanfaidh an Coimisiún, ar a bheith deimhin de gur sroicheadh na tonnáistí socratthe, na bearta a glacadh a thabhairt dá aire. Sa chás sin, ní chuirfidh na Ballstáit eile aon iarratas faoi bhráid na Comhairle.

AIRTEAGAL 5

Má chinneann an tAontas ar shrianta cainníochtúla a chur i bhfeidhm ar allmhairí táirgí peitriliam ó gach áit, féadfar na srianta sin a chur i bhfeidhm chomh maith ar allmhairí na dtáirgí sin ó Aintillí na hÍsiltíre. Sa chás sin déanfar cóir fhabhrach i gcomparáid le tríú tíortha a áirithiú d'Aintillí na hÍsiltíre.

AIRTEAGAL 6

1. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, Airteagail 2 go 5 a leasú, ar chomhshainiú tionscnaimh a ghlacadh i gcás na dtáirgí peitriliam ó thríú tíortha agus ó tíortha comhlachaithe nó ar chinntí a ghlacadh faoi chuimsiú comhbheartais tráchtála do na táirgí atá i gceist nó ar chomhbheartas fuinnimh a bhunú.
2. Ach, nuair a dhéanfar leasú amhlaidh, déanfar i ngach cás buntáistí coibhéisearcha a choinneáil ar bun i leith Aintillí na hÍsiltíre i bhfoirm iomchuí agus le haghaidh cainníochta nach lú ná dhá mhilliún go leith tona de tháirgí peitriliam.
3. Féadfar oibleagáidí an Aontais maidir leis na buntáistí coibhéisearcha dá dtagraítear i mír 2 a chionroinnt, más gá sin, idir na Stáit, agus na tonnáistí a thaispeántar san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo á gcur san áireamh.

AIRTEAGAL 7

Chun an Prótacal seo a chomhall, beidh de chóram ar an gCoimisiún faire a choimeád ar a mbeidh á n-allmhairú isteach sna Ballstáit de tháirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre. Déanfaidh na Ballstáit gach faisnéis fhóinteach ina leith sin a chur in iúl don Choimisiún, a áiritheoidh go dtabharfar leathantas di, ar na modhanna riarthacha a mholfaidh sé.

IARSCRÍBHINN

Chun go gcuirfear i ngníomh Airteagal 4(2), tá na hArdpháirtithe Conarthacha tar éis a chinneadh go ndéanfar dhá mhilliún tona de tháirgí peitriliam ó na hAintillí a chionroinnt mar a leanas idir na Ballstáit seo a leanas:

An Ghearmáin	625 000 tona
Aontas Eacnamaíochta na Beilge-Lucsamburg	200 000 tona
An Fhrainc	75 000 tona
An Iodáil	100 000 tona
An Ísiltír	1 000 000 tona

26. PRÓTACAL
MAIDIR LE MAOIN A FHÁIL
SA DANMHAIRG

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO fadhbanna speisialta áirithe a bhaineann leis an Danmhairg a réiteach,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar an bhforáil seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

AIRTEAGAL AONAIR

D'ainneoin fhorálacha an Bhunreachta, féadfaidh an Danmhairg a cuid reachtaíochta atá ann cheana a choimeád ar bun maidir le háit chónaithe thánaisteach a fháil.

27. PRÓTACAL
MAIDIR LEIS AN gCÓRAS CRAOLACHÁIN PHOIBLÍ
SNA BALLSTÁIT

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

DE BHRÍ go bhfuil baint dhíreach ag an gcóras craolacháin phoiblí sna Ballstáit leis na riachtanais dhaonlathacha, shóisialta agus chultúrtha atá ag gach sochaí agus an riachtanas atá le hiolrachas sna meáin a chaomhnú,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha léiriúcháin seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

AIRTEAGAL AONAIR

Beidh forálacha an Bhunreachta gan dochar d'inniúlacht na mBallstát foráil a dhéanamh maidir le craolachán seirbhíse poiblí a mhaoiniú a mhéad a thugtar maoiniú den sórt sin d'eagraíochtaí craolacháin chun cúram na seirbhíse poiblí a chomhall mar atá tugtha, sainithe agus eagraithe ag gach Ballstát, agus a mhéad nach ndéanann an maoiniú sin difear do dhálaí trádála agus iomaíochtaí san Aontas go feadh méid a bheadh contrártha leis an gcomhleas, agus aird á tabhairt ar réadú chúram na seirbhíse poiblí sin.

28. PRÓTACAL

MAIDIR LE hAIRTEAGAL III-214 DEN BHUNREACHT

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar an bhforáil seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

AIRTEAGAL AONAIR

Chun críocha Airteagal III-214 den Bhunreacht, ní mheasfar mar phá sochair de bhun córas gairmiúil slándála sóisialta más féidir agus a mhéad is féidir iad a chur i leith tréimhsí fostáiochta roimh an 17 Bealtaine 1990, seachas i gcás oibrithe nó a gcleithiúnaithe a bheidh tar éis caingean nó éileamh is comhionann léi a thionscnamh roimh an dáta sin de réir an dlí náisiúnta is infheidhme.

29. PRÓTACAL

MAIDIR LE COMHTHÁTHÚ EACNAMAÍOCH,
SÓISIALTA AGUS CRÍOCHACH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG MEABHRÚ DÓIBH go luann Airteagal I-3 den Bhunreacht an cuspóir comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit a chur chun cinn agus go bhfuil an comhtháthú a dúradh ar cheann de na réimsí ina bhfuil inniúlacht arna roinnt san Aontas atá liostaithe in Airteagal I-14(2)(c) den Bhunreacht,

AG MEABHRÚ DÓIBH go soláthraíonn forálacha Roinn 3 de Chaibidil III de Theideal III de Chuid III den Bhunreacht maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach ina n-ionnláine bonn dlíthiúil le gníomhaíocht an Aontais sa réimse seo a chomhdhlúthú agus a fhorbairt níos mó, lena n-áirítear ciste a chur ar bun,

AG MEABHRÚ DÓIBH go mbeartaíonn Airteagal III-223 den Bhunreacht Ciste Comhtháthaithe a chur ar bun,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH go bhfuil suimeanna móra, agus iad ag dul i méid, á dtabhairt ar iasacht ag an mBanc Eorpach Infheistíochta chun leas na réigiún is boichte,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH an dúil i mbreis solúbthachta le haghaidh rialacha mionsonraithe um chionrannta ó na cistí strúchtúracha,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH an dúil i leibhéal ranannpháirtíocht an Aontais i gcláir agus i dtionscadail i mBallstáit áirithe a mhodhnú,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH an togra ráthúlacht choibhneasta Bhallstát a chur san áireamh níos mó sa chóras acmhainní dílse,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

AIRTEAGAL AONAIR

1. Athdhaingníonn na Ballstáit go bhfuil cur chun cinn an chomhtháthaithe eacnamaíoch, sóisialta agus chríochaigh sár-riachtanach do lánfhorbairt agus do rath marthanach an Aontais.
2. Athdhaingníonn na Ballstáit a n-áitiús gur chóir go leanfadh na cistí struchtúracha de pháirt thábhachtach a imirt i ngnóthú chuspóirí Aontais i réimse an chomhtháthaithe.
3. Athdhaingníonn na Ballstáit a n-áitiús gur chóir go leanfadh an Banc Eorpach Infheistíochta den chuid is mó dá acmhainní a chur i leith comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chur chun cinn agus dearbhaíonn siad a bhfonnmhaireacht riachtanais chaipítíl an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a athbhreithniú a luaithe a bheidh gá leis sin chun na críche sin.
4. Comhaontaíonn na Ballstáit go solathróidh an Ciste Comhtháthaithe ranníocaíochtaí airgeadais Aontais le haghaidh tionscadal i réimsí an chomhshaoil agus na ngréasán traseorpach i mBallstáit ag a bhfuil OTN in aghaidh an duine níos lú ná 90% den mheán Aontais agus ag a bhfuil clár chun na coinníollacha do chóineasú eacnamaíoch mar atá siad leagtha amach in Airteagal III-184 den Bhunreacht a chomhall.
5. Dearbhaíonn na Ballstáit a n-intinn lamháil níos mó solúbthachta a cheadú chun maoiniú ó na Cistí Struchtúracha a chionroinnt ar riachtanais shonracha nach bhfolaitear faoi rialacháin láithreacha na gCistí Struchtúracha.

6. Dearbhaíonn na Ballstáit a bhfonnmhaireacht leibhéal rannpháirtíochta an Aontais a mhodhnú i gcomhthéacs chláir agus thionscadail na gCistí Struchtúracha d'fhoínn méaduithe iomarcacha i gcaiteachas buiséadach na mBallstát is lagrathúla a sheachaint.
7. Aithníonn na Ballstáit gur gó faireachán a dhéanamh go tráthrialta ar an dul chun cinn ionsar an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a ghnóthú agus dearbhaíonn siad a bhfonnmhaireacht staidéar a dhéanamh ar gach beart is gó ina leith sin.
8. Dearbhaíonn na Ballstáit a n-intinn aird níos mó a thabhairt ar chumas ranníocaíochta na mBallstát leithleach sa chóras acmhainní dílse agus modhanna a scrúdú a cheartódh i gcás na mBallstát is lagrathúla eilimintí cúlchéimnitheacha atá sa chóras láithreach acmhainní dílse.

30. PRÓTACAL
AR SHOCRUITHE SPEISIALTA DON GHRAONLAINN

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

AIRTEAGAL AONAIR

1. An chóir a thugtar, ar a n-allmhairiú isteach san Aontas, do tháirgí atá faoi réir ag comheagraíocht an mhargaidh do tháirgí iascaireachta agus ar de thionscnamh na Graonlainne iad, beidh ar áireamh inti, agus sásra chomheagraíocht an mhargaidh á chomhlíonadh, díolúine ó dhleachtanna custaim agus ó mhuirir chomhéifeachta agus saoirse ó shrianta cainníochtúla agus bearta comhéifeachta, más sásúil don Aontas na deiseanna rochtana ar limistéir iascaireachta na Graonlainne a dheonófar don Aontas de bhun comhaontú idir an tAontas agus an t-údarás is freagrach as an nGraonlainn.
2. Glacfar na bearta a bhaineann leis na socruithe d'allmhairiú na dtáirgí dá dtagraítear i mír 1 de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos in Airteagal III-231 den Bhunreacht.

31. PRÓTACAL

MAIDIR LE hAIRTEAGAL 40.3.3 DE BHUNREACHT NA hÉIREANN

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar an bhforáil seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

AIRTEAGAL AONAIR

Ní dhéanfaidh aon ní sa Chonradh ag bunú Bunreachta don Eoraip ná sna Conarthaí agus sna hIonstraimí a dhéanann é a leasú nó a fhorlónadh aon difear d'Airteagal 40.3.3. de Bhunreacht na hÉireann do chur chun feidhme in Éirinn.

32. PRÓTACAL

A BHAINNEANN LE hAIRTEAGAL I-9(2) DEN BHUNREACHT MAIDIR LEIS AN AONTAS A
AONTÚ DON CHOINBHINSIÚN EORPACH CHUN CEARTA AN DUINE AGUS SAOIRSÍ
BUNÚSACHA A CHOSAINT

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

AIRTEAGAL 1

Forálfar sa chomhaontú a bhaineann leis an Aontas aontú don Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (dá ngairtear "Coinbhinsiún Eorpach" anseo feasta) dá bhforáiltear in Airteagal I-9(2) den Bhunreacht, go ndéanfar sainairíonna an Aontais agus dhlí Aontais a chaomhnú, go háirithe maidir leis:

- (a) na socruite speisialta le haghaidh rannpháirtíocht ionchasach an Aontais i gcomhlachtaí rialaithe an Choinbhinsiúin Eorpaigh;
- (b) na sásraí is gá chun a áirithíú go ndéanfar imeachtaí arna dtabhairt ag Stáit nach Ballstáit iad agus iarratais leithleacha a dhíriú chuig na Ballstáit agus/nó an Aontas, de réir mar is iomchuí.

AIRTEAGAL 2

Áiritheoidh an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 1 nach ndéanfaidh aontachas an Aontais difear d'inniúlachtaí an Aontais ná do chumhachtaí a chuid institiúidí. Áiritheoidh sé nach ndéanfaidh aon ní ann difear do staid na mBallstát i ndáil leis an gCoinbhinsiún Eorpach, go háirithe i ndáil leis na Prótacail atá i gceangal leis, le bearta arna nglacadh ag na Ballstáit de mhaolú ar an gCoinbhinsiún Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 15 de agus le forchoimeádais arna ndéanamh ag na Ballstáit maidir leis an gCoinbhinsiún Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 57 de.

AIRTEAGAL 3

Ní dhéanfaidh aon ní sa chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 1 difear d'Airteagal III-375(2) den Bhunreacht.

33. PRÓTACAL

MAIDIR LEIS NA hIONSTRAIMÍ AGUS NA CONARTHAÍ
A RINNE AN CONRADH AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH
AGUS AN CONRADH AR AN AONTAS EORPACH
A FHORLÍONADH NÓ A LEASÚ

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

DE BHRÍ go n-aisghaireann Airteagal IV-437(1) den Bhunreacht an Conradh ag bunú an Chomphobail Eorpaigh agus an Conradh ar an Aontas Eorpach mar aon leis na hIonstraimí agus na Conarthaí a rinne iad a fhorlónadh nó a leasú,

DE BHRÍ nach mór liosta a dhéanamh de na hionstraimí agus na conarthaí dá dtagraítear in Airteagal IV-437(1),

DE BHRÍ gur chóir substaint Airteagal 9(7) de Chonradh Amstardam a ionchorprú,

AG MEABHRÚ DÓIBH go bhfuil Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh ionadaithe do Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach le fanacht i bhfeidhm,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip agus leis an gConradh ag bunú an Chomphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

AIRTEAGAL 1

1. Aisghairtear leis seo na hIonstraimí agus na Conarthaí seo a leanas a rinne an Conradh ag bunú an Chomphobail Eorpaigh a fhorlónadh nó a leasú:

(a) Prótacal an 8 Aibreán 1965 ar phribhléidí agus díolúintí na gComhphobal Eorpach atá i gceangal leis an gConradh ag bunú Comhairle aonair agus Coimisiún aonair (IO 152, 13.7.1967, lch. 13);

- (b) Conradh an 22 Aibreán 1970 a leasaíonn forálacha buiséadachta áirithe de na Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus den Chonradh ag bunú Comhairle aonair agus Coimisiún aonair de na Comhphobail Eorpacha (IO L 2, 2.1.1971, lch. 1);
 - (c) Conradh an 22 Iúil 1975 a leasaíonn forálacha áirithe airgeadais de na Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus den Chonradh ag bunú Comhairle aonair agus Coimisiún aonair de na Comhphobail Eorpacha (IO L 359, 31.12.1977, lch. 4);
 - (d) Conradh an 10 Iúil 1975 ag leasú forálacha áirithe den Phrótacal ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (IO L 91, 6.4.1978, lch. 1);
 - (e) Conradh an 13 Mártá 1984 ag leasú, maidir leis an nGraonlainn, na gConarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach (IO L 29, 1.2.1985, lch. 1);
 - (f) Ionstraim Eorpach Aonair an 17 Feabhra 1986 agus an 28 Feabhra 1986 (IO L 169, 29.6.1987, lch. 1);
 - (g) Ionstraim an 25 Mártá 1993 ag leasú an Phrótacail ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta tríd an mBord Gobharnóirí a chumhachtú Ciste Eorpach Infheistíochta a bhunú (IO L 173, 7.7.1994, lch. 14);
 - (h) Cinneadh 2003/223/CE an 21 Mártá 2003 ón gComhairle, ag teacht le chéile di i dtionól na gCeannairí Stáit nó Rialtais, maidir le hAirteagal 10.2 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh a leasú (IO L 83, 1.4.2003, lch. 66).
2. Aisghairtear leis seo Conradh Amstardam an 2 Deireadh Fómhair 1997 ag leasú an Chonartha ar an Aontas Eorpach, na gConarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus ionstraimí gaolmhara áirithe (IO C 340, 10.11.1997, lch. 1).

3. Aisghairtear leis seo Conradh Nice an 26 Feabhra 2001 ag leasú an Chonartha ar an Aontas Eorpach, na gConarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus ionstraimí gaolmhara áirithe (IO C 80, 10.3.2001, lch. 1).

AIRTEAGAL 2

1. Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal III-432 den Bhunreacht agus Airteagal 189 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, glacfaidh ionadaithe Rialtais na mBallstát de chomhthoil na forálacha is gá d'fhoinn déileáil le fadhbanna áirithe a bhaineann go sonrach le hArd-Diúcacht Luksamburg agus a éiríonn ó Chomhairle Aonair agus Coimisiún Aonair de na Comhphobail Eorpacha a chruthú.
2. Fanfaidh an Ionstraim maidir le toghadh ionadaithe do Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, atá i gceangal le Cinneadh ón gComhairle 76/787/CEGC, CEE, Euratom (IO L 278, 8.10.1976, lch. 1), i bhfeidhm faoi mar atá sé tráth an Conradh ag bunú Bunreachta don Eoraip a theacht i bhfeidhm. Chun é a chur in oiriúint don Bhunreacht, leasaítear an Ionstraim sin mar a leanas:
 - (b) Scriostar Airteagal 1(3).
 - (b) Ní bhaineann an leasú seo leis an téacs Gaeilge.
 - (c) In Airteagal 6(2) scriostar "8 Aibreán 1965" agus cuirtear "an Aontais Eorpaigh" in ionad "na gComhphobal Eorpach".
 - (d) Sa dara fleasc d'Airteagal 7(1) cuirtear "den Choimisiún Eorpach" in ionad "de Choimisiún na gComhphobal Eorpach".

- (e) Sa tríú fleasc d'Airteagal 7(1) cuirtear "i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh" in ionad "i gCúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach nó sa Chúirt Chéadchéime".
- (f) Sa chúigiú fleasc d'Airteagal 7(1) cuirtear "den Chúirt Iniúchóirí" in ionad "de Chúirt Iniúchóirí na gComhphobal Eorpach".
- (g) Sa séú fleasc d'Airteagal 7(1), cuirtear "an tOmbudsman Eorpach" in ionad "Ombudsman na gComhphobal Eorpach".
- (h) Sa seachtú fleasc d'Airteagal 7(1), cuirtear "an Aontais Eorpaigh" in ionad "Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach".
- (i) Sa naoú fleasc d'Airteagal 7(1), cuirtear "de bhun an Chonartha ag bunú Bunreachta don Eoraip agus an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach" in ionad "de bhun na gConarthaí ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach"; agus cuirtear "de chuid an Aontais " in ionad "de chuid na gComhphobal".
- (j) San aonú fleasc déag d'Airteagal 7(1), cuirtear "d'institiúidí, de chomhlachtaí, d'oifigí nó de ghníomhaireachtaí an Aontais" in ionad "d'institiúidí na gComhphobal Eorpach nó de na sainchomhlachtaí a ghabhann leo nó den Bhanc Cheannais Eorpach".
- (k) Déantar pointí (a) go (k) faoi seach de na fleasca d'Airteagal 7(1).
- (l) Déantar pointí (a) agus (b) faoi seach de na fleasca sa dara fomhír d'Airteagal 7(2).

- (m) Sa dara fomhír d'Airteagal 11(2), cuirtear "san Aontas" in ionad "sa Chomhphobal"; cuirtear "cinneadh Eorpach a ghlacadh lena socrófar tréimhse eile toghchánaíochta " in ionad "tréimhse eile toghchánaíochta a shocrú"; agus cuirtear "na chéad fhomhíre" in ionad "na fomhíre roimhe seo".
- (n) In Airteagal 11(3), cuirtear "gan dochar d'Airteagal III-336 den Bhunreacht" in ionad "gan dochar d'Airteagal 139 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh".
- (o) In Airteagal 14, cuirtear "ar thionscnamh" in ionad "ar thogra" agus cuirtear "na rialacháin Eorpacha nó na cinntí Eorpacha is gá a ghlacadh" in ionad "na bearta sin a ghlacadh".

34. PRÓTACAL
MAIDIR LEIS NA FORÁLACHA IDRÍTHRÉIMHSEACHA
A BHAINNEANN LE hINSTITIÚIDÍ
AGUS COMHLACHTAÍ AN AONTAIS

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

DE BHRÍ, d'fhonn an trasdul a eagrú ón Aontas Eorpach arna bhunú leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus ón gComhphobal Eorpach go dtí an tAontas Eorpach arna bhunú leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip is comharba orthu, gur gá forálacha idirbhreimhseacha a leagan síos a mbeidh feidhm acu sula ngabhfaidh lánéifeacht le forálacha uile na Bunreachta agus leis na hionstraimí is gá dá gcur chun feidhme,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

TEIDEAL 1**FORÁLACHA A BHAINNEANN LE PARLAIMINT NA hEORPA****AIRTEAGAL 1**

1. I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal I-20(2) den Bhunreacht, glacfaidh an Chomhairle Eorpach, cinneadh Eorpach lena socrófar comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa, tamall fada go leor roimh thoghcháin Pharlaimint na hEorpa i 2009.

2. Ar feadh an téarma pharlaimintigh 2004-2009, fanfaidh comhdhéanamh agus líon na n-ionadaithe arna dtoghadh do Pharlaimint na hEorpa i ngach Ballstát mar atá siad ar dháta an Conradh ag bunú Bunreachta don Eoraip a theacht i bhfeidhm, agus is mar a leanas líon na n-ionadaithe:

An Bheilg	24
Poblacht na Seice	24
An Danmhairg	14
An Ghearmáin	99
An Eastóin	6
An Ghréig	24
An Spáinn	54
An Fhrainc	78
Éire	13
An Iodáil	78
An Chipir	6
An Laitvia	9
An Liotuáin	13
Lucsamburg	6
An Ungáir	24
Málta	5
An Ísiltír	27
An Ostair	18
An Pholainn	54
An Phortaingéil	24
An tSlóivéin	7
An tSlóvaic	14
An Fhionlainn	14
An tSualainn	19
An Ríocht Aontaithe	78

TEIDEAL II**FORÁLACHA A BHAINNEANN LEIS AN gCOMHAIRLE EORPACH
AGUS LEIS AN gCOMHAIRLE****AIRTEAGAL 2**

1. Forálacha Airteagal I-25(1), (2) agus (3) den Bhunreacht maidir leis an tromlach cáilithe sa Chomhairle Eorpach agus sa Chomhairle a shainiú, gabhfaidh éifeacht leo an 1 Samhain 2009, tar éis na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa i 2009 a chomóradh, i gcomhréir le hAirteagal I-20(2) den Bhunreacht.
2. Fanfaidh na forálacha seo a leanas i bhfeidhm go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2009, gan dochar d'Airteagal I-25(4) den Bhunreacht.

Le haghaidh gníomhartha na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle nach foláir tromlach cáilithe dóibh, déanfar vótaí na gcomhaltaí a ualú mar a leanas:

An Bheilg	12
Poblacht na Seice	12
An Danmhairg	7
An Ghearmáin	29
An Eastóin	4
An Ghréig	12
An Spáinn	27
An Fhrainc	29
Éire	7
An Iodáil	29
An Chipir	4
An Laitvia	4
An Liotuáin	7
Lucsamburg	4
An Ungáir	12
Málta	3
An Ísiltír	13
An Ostair	10
An Pholainn	27
An Phortaingéil	12
An tSlóivéin	4
An tSlóvaic	7
An Fhionlainn	7
An tSualainn	10
An Ríocht Aontaithe	29

Glacfar gníomhartha má bhíonn 232 vóta ar a laghad i bhfabhar atá in ionannas le tromlach de na comhaltaí nuair is gá faoin mBunreacht iad a ghlacadh ar thogra ón gCoimisiún. I gcásanna eile glacfar cinntí má tá 232 vóta i bhfabhar atá in ionannas le dhá thrian ar a laghad de na comhaltaí.

Féadfaidh comhalta den Chomhairle Eorpach nó comhalta den Chomhairle a iarraidh, nuair a ghlacann an Chomhairle Eorpach nó an Chomhairle gníomh trí thromlach cáilithe, go ndéanfar a fhíorú go bhfuil na Ballstáit a chomdhéanann an tromlach cáilithe in ionannas le 62% ar a laghad de dhaonra iomlán an Aontais. Más amhlaidh nach mar sin atá, ní ghlacfar an gníomh.

3. Tráth gach aontachais iardain, déanfar an tairseach dá dtagraítear i mír 2 a ríomh ionas nach mó an tairseach le haghaidh tromlaigh cháilithe arna shonrú i vótaí ná an tairseach a thig ón tábla sa Dearbhú maidir le méadú an Aontais Eorpaigh atá in Ionstraim Chríochnaitheach na Chomhdhála a ghlac Conradh Nice.

4. Gabhfaidh éifeacht leis na forálacha seo a leanas an 1 Samhain 2009:

- Airteagal I-44(3), an tríú fomhír, an ceathrú fomhír agus an cúigiú fomhír, den Bhunreacht,
- Airteagal I-59(5), an dara fomhír agus an tríú fomhír, den Bhunreacht,
- Airteagal I-60(4), an dara fomhír, den Bhunreacht,
- Airteagal III-179(4), an tríú fomhír agus an ceathrú fomhír, den Bhunreacht,
- Airteagal III-184(6), an tríú fomhír agus an ceathrú fomhír, den Bhunreacht,

- Airteagal III-184(7), an tríu fomhír agus an ceathrú fomhír, den Bhunreacht,
- Airteagal III-194(2), an dara fomhír agus an tríu fomhír, den Bhunreacht,
- Airteagal III-196(3), an dara fomhír agus an tríu fomhír, den Bhunreacht,
- Airteagal III-197(4), an dara fomhír agus an tríu fomhír, den Bhunreacht,
- Airteagal III-198(2), an tríu fomhír, den Bhunreacht,
- Airteagal III-312(3), an tríu fomhír agus an ceathrú fomhír, den Bhunreacht,
- Airteagal III-312(4) an tríu fomhír agus an ceathrú fomhír, den Bhunreacht,
- Airteagal 1, an dara mír, an tríu mír agus an ceathrú mír, agus Airteagal 3(1), an dara fomhír, an tríu fomhír agus an ceathrú fomhír, den Phrótacal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca le beartais a bhaineann le rialuithe ag teorainneacha, le tearmann agus inimirce, agus leis an gcomhar breithiúnach in ábhair shibhialta, agus i dtaca leis an gcomhar pólíneachta,
- Airteagal 1, an dara mír, an tríu mír agus an ceathrú mír, agus Airteagal 5, an tríu mír, an ceathrú mír agus an cúigiú mír, den Phrótacal maidir le seasamh na Danmhairge.

Go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2009, nuair nach nglacann comhaltaí uile na Comhairle páirt sa vótáil, is é sin sna cásanna dá dtagraítear sna hAirteagail atá luaite sa chéad fhomhír, saineofar an tromlach cáilithe mar an chionmhaireacht chéanna de na vótaí ualaithe agus an chionmhaireacht chéanna de chomhaltaí na Comhairle agus, más iomchuí, an céadán céanna de dhaonra na mBallstát i dtrácht, agus atá leagtha síos i mír 2.

AIRTEAGAL 3

Go dtí go dtiocfaidh an cinneadh Eorpach dá dtagraítéar in Airteagal I-24(4) den Bhunreacht i bhfeidhm, féadfaidh an Chomhairle teacht le chéile sna foirmíochtaí arna leagan síos in Airteagal I-24(2) agus (3) agus sna foirmíochtaí eile atá ar an liosta arna bhunú le cinneadh Eorpach ón gComhairle Gnóthaí Ginearálta, ag gníomhú di trí thromlach simplí.

TEIDEAL III

FORÁLACHA A BHAINNEANN LEIS AN gCOIMISIÚN, LENA nÁIRÍTEAR AIRE GNÓTHAÍ EACHTRACHA AN AONTAIS

AIRTEAGAL 4

Na comhaltaí den Choimisiún a bheidh i seilbh oifige ar an dáta a thiocfaidh an Conradh ag bunú Bunreachta don Eoraip i bhfeidhm, fanfaidh siad i seilbh oifige go dtí deireadh a dtéarma oifige. Ar a shon sin, an lá a cheapfar Aire Gnóthaí Eachtracha an Aontais, tiocfaidh deireadh le téarma oifige an chomhalta a bhfuil an náisiúntacht chéanna aige le hAire Gnóthaí Eachtracha an Aontais.

TEIDEAL IV

FORÁLACHA A BHAINNEANN LE hARDRÚNAÍ NA COMHAIRLE, ARDIONADAÍ DON
CHOMHBHEARTAS EACHTRACH AGUS SLÁNDÁLA,
AGUS LE LEAS-ARDRÚNAÍ NA COMHAIRLE

AIRTEAGAL 5

Tiocfaidh deireadh le téarma oifige Ardrúnaí na Comhairle, Ardionadaí don Chomhbheartas eachtrach agus slándála, agus le téarma oifige Leas-Ardrúnaí na Comhairle ar an dáta a thiocfaidh an Conradh ag bunú Bunreachta don Eoraip i bhfeidhm. Ceapfaidh an Chomhairle Ardrúnaí i gcomhréir le hAirteagal III-344(2) den Bhunreacht.

TEIDEAL V

FORÁLACHA A BHAINNEANN LE COMHLACHTAÍ COMHAIRLEACHA

AIRTEAGAL 6

Go dtí go dtiocfaidh an cinneadh Eorpach dá dtagraítear in Airteagal III-386 den Bhunreacht i bhfeidhm, is mar seo a leanas a chionroinnfear comhaltaí Choiste na Réigiún:

An Bheilg	12
Poblacht na Seice	12
An Danmhairg	9
An Ghearmáin	24
An Eastóin	7
An Ghréig	12
An Spáinn	21
An Fhrainc	24
Éire	9
An Iodáil	24
An Chipir	6
An Laitvia	7
An Liotuáin	9
Lucsamburg	6
An Ungáir	12
Málta	5
An Ísiltír	12
An Ostair	12

An Pholainn	21
An Phortaingéil	12
An tSlóivéin	7
An tSlóvaic	9
An Fhionlainn	9
An tSualainn	12
An Ríocht Aontaithe	24

AIRTEAGAL 7

Go dtí go dtiocfaidh an cinneadh Eorpach dá dtagraítear in Airteagal III-389 den Bhunreacht i bhfeidhm, is mar seo a leanas a chionroinnfear comhaltaí an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta:

An Bheilg	12
Poblacht na Seice	12
An Danmhairg	9
An Ghearmáin	24
An Eastóin	7
An Ghréig	12
An Spáinn	21
An Fhrainc	24
Éire	9
An Iodáil	24
An Chipir	6
An Laitvia	7
An Liotuáin	9

Lucsamburg	6
An Ungáir	12
Málta	5
An Ísiltír	12
An Ostair	12
An Pholainn	21
An Phortaingéil	12
An tSlóivéin	7
An tSlóvaic	9
An Fhionlainn	9
An tSualainn	12
An Ríocht Aontaithe	24

35. PRÓTACAL

MAIDIR LEIS NA hIARMHAIRTÍ AIRGEADAIS TOISC AN CONRADH AG BUNÚ
AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH DO GHUAL AGUS CRUACH A DHUL IN ÉAG
AGUS MAIDIR LEIS AN gCISTE TAIGHDE UM GHUAL AGUS CRUACH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG MEABHRÚ DÓIBH go ndearnadh sócmhainní agus dócmhainní uile an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, faoi mar a bhí siad an 23 Iúil 2002, a aistriú chuig an gComhphobal Eorpach an 24 Iúil 2002;

AG CUR SAN ÁIREAMH DÓIBH gurb inmhianaithe na cistí sin a úsáid le haghaidh taighde i réimsí atá gaolmhar leis an tionscal guail agus cruach agus gur gá dá bharr sin rialacha sonracha áirithe a bhunú i dtaca leis sin,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip.

AIRTEAGAL 1

1. Faoi réir aon mhéadú nó laghdú a fhéadfaidh tarlú de thoradh ar na hoibríochtaí leachtaithe, measfar glanluach shócmhainní agus dhócmhainní an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, faoi mar a thaispeántar iad i gclár comhardaithe an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach an 23 Iúil 2002, mar shócmhainní Aontais atá ceaptha le haghaidh taighde in earnálacha atá gaolmhar leis an tionscal guail agus cruach, dá dtagraítear mar "Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach faoi leachtú". Ar an leachtú a bheith críochnaithe, tagrófar dóibh mar "Sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach".
2. An t-ioncam ó na sócmhainní sin, dá dtagraítear mar "An Ciste Taighde um Ghual agus Cruach", bainfear leas eisiach as le haghaidh taighde, lasmuigh den chlár réime taighde, in earnálacha atá gaolmhar leis an tionscal guail agus cruach i gcomhréir leis an bPrótacal seo agus leis na gníomhartha arna nglacadh dá bhun.

AIRTEAGAL 2

1. Leagfar síos le dlí Eorpach ón gComhairle na forálacha uile is gá chun an Prótacal seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear prionsabail shár-riachtanacha. Gníomhóidh an Chomhairle tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.
2. Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na rialacháin Eorpacha nó na cinntí Eorpacha lena mbunófar treoirlínte ilbhliantúla airgeadais le haghaidh sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a bhainistiú agus treoirlínte teicniúla do chlár taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach. Gníomhóidh sí tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

AIRTEAGAL 3

Beidh feidhm ag forálacha an Bhunreachta, mura bhforáiltear a mhalairet sa Phrótacal seo agus sna gníomhartha arna nglacadh dá bhun.

36. PRÓTACAL

AG LEASÚ AN CHONARTHA AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH
DO FHUINNEAMH ADAMHACH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG MEABHRÚ DÓIBH a riachtanaí atá sé go leanfadh forálacha an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach de lánéifeacht dhlíthiúil a bheith acu,

ÓS MIAN LEO an Conradh sin a chur in oiriúint do na rialacha nua arna leagan síos leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip, go háirithe sna réimsí institiúideacha agus airgeadais,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip agus a leasaíonn an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach sa leagan atá i bhfeidhm ar dháta an Conradh ag bunú Bunreachta don Eoraip a theacht i bhfeidhm mar a leanas:

AIRTEAGAL 1

Leasaíonn an Prótacal seo an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (dá ngairtear "Conradh CEFA" anseo feasta) sa leagan atá i bhfeidhm ar dháta an Conradh ag bunú Bunreachta don Eoraip a theacht i bhfeidhm.

De mhaolú ar fhorálacha Airteagal IV-437 den Chonradh ag bunú Bunreachta don Eoraip agus gan dochar d'fhorálacha eile an Phrótacail seo,ní dhéanfar difear d'éifeachtaí dlíthiúla na leasuithe ar Chonradh CEFA a rinneadh leis na conarthaí agus na hionstraimí atá arna n-aisghairm de bhun Airteagal IV-437 den Chonradh ag bunú Bunreachta don Eoraip, ná d'éifeachtaí dlíthiúla na ngníomhartha atá i bhfeidhm arna nglacadh ar bhonn Chonradh CEFA.

AIRTEAGAL 2

Cuirtear "Forálacha ag rialú na n-institiúidí agus forálacha airgeadais" mar cheannteideal ar Theideal III de Chonradh CEFA in ionad an cheannteidil "Forálacha ag rialú na n-institiúidí".

AIRTEAGAL 3

Ag túis Theideal III de Chonradh CEFA, cuirtear isteach an chaibidil seo a leanas:

"CAIBIDIL I

FORÁLACHA ÁIRITHE DEN CHONRADH AG BUNÚ BUNREACHTA DON EORAIP A CHUR I bhFEIDHM

AIRTEAGAL 106a

1. Beidh feidhm maidir leis an gConradh seo ag Airteagal I-19 go I-29, Airteagail I-31 go I-39, Airteagail I-49 agus I-50, Airteagail I-53 go I-56, Airteagail I-58 go I-60, Airteagail III-330 go III-372, Airteagail III-374 agus III-375, Airteagail III-378 go III-381, Airteagail III-384 agus III-385, Airteagail III-389 go III-392, Airteagail III-395 go III-410, Airteagail III-412 go III-415 agus Airteagail III-427, III-433, IV-439 agus IV-443 den Chonradh ag bunú Bunreachta don Eoraip.
2. Faoi chuimsiú an Chonartha seo, glacfar leis na tagairtí don Aontas agus don Bhunreacht sna forálacha atá lúaite i mír 1 agus na tagairtí i bhforálacha na bprótacal atá i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip agus leis an gConradh seo araon mar thagairtí don Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus don Chonradh seo, faoi seach.

3. Ní dhéanfaidh forálacha an Chonartha ag bunú Bunreachta don Eoraip maolú ar fhorálacha an Chonartha seo."

AIRTEAGAL 4

I dTeideal III de Chonradh CEFA, déanfar Caibidlí I, II agus III a athuimhriú mar Chaibidlí II, III agus IV.

AIRTEAGAL 5

1. Aisghairtear Airteagal 3, Airteagail 107 go 132, Airteagail 136 go 143, Airteagail 146 go 156, Airteagail 158 go 163, Airteagail 165 go 170, Airteagail 173 agus 173A, Airteagal 175, Airteagail 177 go 179a agus Airteagail 180b, 181, 183, 183A, 190 agus 204 de Chonradh CEFA.
2. Aisghairtear na Prótacail a bhí i gceangan roimhe seo le Conradh CEFA.

AIRTEAGAL 6

Cuirtear "Forálacha airgeadais sonracha" mar cheannteideal ar Theideal IV de Chonradh CEFA in ionad an cheannteidil "Forálacha airgeadais".

AIRTEAGAL 7

1. Sa tríú mír d'Airteagal 38 agus sa tríú mír d'Airteagal 82 de Chonradh CEFA, cuirtear tagairtí d'Airteagail III-360 agus III-361 den Bhunreacht in ionad na dtagairtí d'Airteagail 141 agus 142 faoi seach.
2. In Airteagail 171(2) agus in Airteagal 176(3) de Chonradh CEFA cuirtear tagairt d'Airteagal III-412 den Bhunreacht in ionad na tagartha d'Airteagail 183.
3. In Airteagal 172(4) de Chonradh CEFA, cuirtear tagairt d'Airteagal III-404 den Bhunreacht in ionad na tagartha d'Airteagal 177(5).
4. In Airteagail 38, 82, 96 agus 98 de Chonradh CEFA, cuirtear "rialachán Eorpach" in ionad "treoir".
5. I gConradh CEFA, cuirtear "cinneadh Eorpach" in ionad "cinneadh" seachas in Airteagail 18, 20 agus 23, sa chéad mhír d'Airteagal 53 agus sna cásanna ina ndéanann Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh cinneadh a ghlacadh.
6. I gConradh CEFA, cuirtear "Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh" in ionad "an Chúirt Bhreithiúnais".

AIRTEAGAL 8

Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 191 de Chonradh CEFA:

"AIRTEAGAL 191

Beidh ag an gComhphobal i gcríocha na mBallstát na pribhléidí agus na díolúintí is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh, faoi na coinníollacha atá sainithe sa Phrótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh."

AIRTEAGAL 9

Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 198 de Chonradh CEFA:

"AIRTEAGAL 198

Mura bhforáltear a mhalaírt, beidh feidhm ag forálacha an Chonartha seo maidir le críocha Eorpacha na mBallstát agus leis na críocha neamh-Eorpacha atá faoina ndlínse.

Beidh feidhm acu freisin maidir leis na críocha Eorpacha a bhfuil Ballstát freagrach ina gcaidreamh eachtrach.

Beidh feidhm ag forálacha an Chonartha seo maidir le hOileáin Åland mar aon leis na maoulithe a leagadh amach an chéad uair sa Chonradh dá dtagraítear in Airteagal IV-437(2)(d) den Chonradh ag bunú Bunreachtána don Eoraip agus atá ionchorpaithe sa Phrótacal maidir le Conarthaí agus Ionstraimí Aontachais Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, na Poblachta Heilléanaí, Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile, agus Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne.

De mhaolú ar an gcéad mhír, ar an dara mír agus ar an tríú mír:

- (a) ní bheidh feidhm ag an Conradh seo maidir le hOileáin Fharó ná leis an nGraonlainn;
- (b) ní bheidh feidhm ag an gConradh seo maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir;
- (c) ní bheidh feidhm ag an gConradh seo maidir le tíortha agus críocha thar lear a bhfuil caidreamh speisialta acu le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus nach bhfuil sa liosta in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip;
- (d) ní bheidh feidhm ag an gConradh seo maidir le hOileáin Mhuir nIocht agus le hOileán Mhanann ach a mhéad is gá chun a áirithíú go gcuirfear chun feidhme na socruithe arna leagan amach an chéad uair do na hoileáin sin sa Chonradh dá dtagraítear in Airteagal IV-437(2)(a) den Chonradh ag bunú Bunreachta don Eoraip agus atá ionchorpraithe sa Phrótacl maidir le Conarthaí agus Ionstraimí Aontachais Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, na Poblachta Heilléanaí, Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile, agus Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne."

AIRTEAGAL 10

Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 206 de Chonradh CEFA:

"AIRTEAGAL 206

Féadfaidh an Comhphobal comhaontuithe a thabhairt i gcrích le Stát amháin nó níos mó nó le heagraíocht idirnáisiúnta amháin nó níos mó, ag bunú comhlachais lena ngabhfaidh cearta agus oibleagáidí cómhalartacha, comhghníomhaíochtaí agus nósanna imeachta speisialta.

Tabharfaidh an Chomhairle na comhaontuithe sin i gérích, ag gníomhú di d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

I gcás inar gá leasuithe ar an gConradh seo de dhroim na gcomhaontuithe sin, déanfar na leasuithe sin a ghlacadh an chéad uair i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal IV-443 den Chonradh ag bunú Bunreachta don Eoraip."

AIRTEAGAL 11

Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad an dara mír d'Airteagal 225 de Chonradh CEFA:

"Beidh comhúdarás freisin ag na leaganacha den Chonradh sa Bhéarla, sa Danmhairgís, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Ghaeilge, sa Ghréigis, sa Laitvis, sa Liotuáinís, sa Mháltais, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa tSeicis, sa tSlóvaicis, sa tSlóivéinís, sa Spáinnis, sa tSualainnis, agus san Ungáiris."

AIRTEAGAL 12

Déanfar ioncam agus caiteachais an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, seachas ioncam agus caiteachais na Gníomhaireachta Soláthair agus na nGnóthas Comhpháirteach, a iontráil i mbuiséad an Aontais.

IARSCRÍBHINNÍ
A GHABHANN LEIS AN gCONRADH
AG BUNÚ BUNREACHTA DON EORAIP

IARSCRÍBHINN I

**LIOSTA
DÁ bhFORAILTEAR
IN AIRTEAGAL III-226 DEN BHUNREACHT**

– 1 –

– 2 –

Uimhir san

Ainmníocht

Tuairisc na dtáirgí

Chomhcheangailte

CAIBIDIL 1 Ainmhithe beo

CAIBIDIL 2 Feoil agus scartach feola inite

CAIBIDIL 3 Iasc, crústaigh agus moilisc

CAIBIDIL 4 Toradh déiríochta; uibheacha éan; mil nádúrtha

CAIBIDIL 5

05.04 Inní, lamhnáin agus goilí ainmhithe (seachas iasc), go hiomlán
 agus ina bpíosaí

05.15 Táirgí ó ainmhithe nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; ainmhithe
 marbha faoi Chaibidil 1 nó faoi Chaibidil 3, mí-oiriúnach lena gcaitheamh
 ag an duine

– 1 –

Uimhir san
 Ainmníocht
 Chomhcheangailte

– 2 –

Tuairisc na dtáirgí

CAIBIDIL 6	Crainn agus plandaí beo eile; bleibíní; fréamhacha agus a leithéidí; bláthanna gearrtha agus duilliúr ornáideach
CAIBIDIL 7	Glasraí agus fréamhacha agus tiúbair áirithe atá inite
CAIBIDIL 8	Torthaí agus cnónna inite; craiceann mealbhacán nó torthaí ciotrais
CAIBIDIL 9	Caife, tae agus spíosraí, gan maité (ceannteideal Uimh. 09.03) a áireamh
CAIBIDIL 10	Gránaigh
CAIBIDIL 11	Táirgí an tionscail mhuilleoireachta; braich agus stáirsí; glútan; iniúilin
CAIBIDIL 12	Síolta ola agus torthaí olúla; gráin, síolta agus torthaí ilghnéitheacha; plandaí tionscail agus leighis; tuí agus farae
CAIBIDIL 13	
ex 13.03	Peictin

– 1 –

Uimhir san
 Ainmníocht
 Chomhcheangailte

– 2 –

Tuairisc na dtáirgí

CAIBIDIL 15

- | | |
|-------|---|
| 15.01 | Blonag agus saill leáite eile muice; saill leáite éanlaithe clóis |
| 15.02 | Saillte neamhleáite ó eallach buaibheach, caoirigh nó gabhair; geir (lena n-áirítear "premier jus") ó na saillte sin |
| 15.03 | Stéirin blhonaige, stéirin ola agus stéirin gheire; ola blhonaige, oleo-ola, agus ola gheire, gan eibliú ná meascadh ná ullmhú ar bith eile |
| 15.04 | Saillte agus olaí, ó éisc agus ó mhamaigh farraige, scagtha nó gan scagadh |
| 15.07 | Olaí plandúla fosaithe, sreabhach nó soladach, amh, scagtha nó íonaithe |
| 15.12 | Saillte agus olaí ainmhíocha nó plandúla, hidriginithe, scagtha nó gan scagadh, ach gan ullmhú thairis sin orthu |
| 15.13 | Margairín, blonag bhréige agus saillte inite ullmhaithe eile |
| 15.17 | Iarmhair de thoradh substaintí sailleacha nó céireacha ainmhíocha nó plandúla a chóireáil |

– 1 –

– 2 –

Uimhir san

Ainmníocht

Tuairisc na dtáirgí

Chomhcheangailte

CAIBIDIL 16 Ullmhóidí feola, éisc, crústach nó moileasc

CAIBIDIL 17

17.01 Siúcra biatais agus siúcra cána, soladach

17.02 Siúcraí eile; síorópaí siúcra; mil shaorga (measctha le mil aiceanta nó gan a bheith); caramal

17.03 Molás, dídhathaithe nó gan a bheith

17.05 * Siúcraí, síoróipí agus moláis arna n-aramatú nó arna mbreisiú le hathúcháin (agus siúcra fanaile nó fanailin san áireamh) ach amháin súンna torthaí arna mbreisiú le siúcra i gcionmhaireacht ar bith

CAIBIDIL 18

18.01 Síol cócó, iomlán nó briste, amh nó rósta

18.02 Blaoscanne, mogaill, craicne agus dramh cócó

– 1 –

Uimhir san
 Ainmníocht
 Chomhcheangailte

– 2 –

Tuairisc na dtáirgí

CAIBIDIL 20 Ullmhóidí glasraí, torthaí nó codanna eile de phlandaí

CAIBIDIL 22

- | | |
|------------|---|
| 22.04 | Úrfhíon fionchaor, faoi choipeadh nó coiscthe ó choipeadh ar dhóigh seachas trí alcól a chur leis |
| 22.05 | Fíon as fionchaora; úrfhíon fionchaor agus é coiscthe ó choipeadh trí alcól a chur leis |
| 22.07 | Deochanna coipthe eile (mar shampla, leann úll, leann piorraí agus meá) |
| ex 22.08 * | Alcól eitileach, dínádúraithe nó gan dínádúrú, agus ar neart ar bith, ó tháirgí talmhaíochta a áirítear in Iarscríbhinn II sa Chonradh, ach amháin uisce beatha, licéir agus deochanna biotáilleacha eile, ullmhóidí alcólacha cumaisc (dá ngairtear "eastóscáin thiubhaithe") chun deochanna a mhonarú |
| ex 22.09 * | |
| ex 22.10 * | Fínéagair chun úsáide tís agus a n-ionadaigh |

– 1 –

– 2 –

Uimhir san

Ainmníocht

Tuairisc na dtáirgí

Chomhcheangailte

CAIBIDIL 23

Iarmhair agus dramh ó na tionscail bhia; farae ullmhaithe d'ainmhithé

CAIBIDIL 24

24.01

Tobac neamh-mhonaraithe, bruscar tobac

CAIBIDIL 45

45.01

Corc aiceanta, neamhoibrithe, brúite, gráinnithe nó meilte; dramh
coirc

CAIBIDIL 54

54.01

Líon, amh nó próiseáilte ach gan bheith sníofa; barrach lín agus
dramhlíon (lena n-áirítear ceirteacha tarraingthe nó gairnéadaithe)

CAIBIDIL 57

57.01

Fíorchnáib (*Cannabis sativa*), amh nó próiseáilte ach gan bheith
sníofa; barrach agus dramh d'fhíorchnáib (lena n-áirítear ceirteacha nó
rópaí tarraingthe nó gairnéadaithe)

* Ceannteideal a cuireadh isteach le hAirteagal 1 de Rialachán Uimh. 7a ó Chomhairle Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa an 18 Nollaig 1959 (IO 7, 30.1.1961, lch. 71/61).

IARSCRÍBHINN II

TÍORTHA AGUS CRÍOCHA THAR LEAR
A bhFUIL FEIDHM AG FORÁLACHA THEIDEAL IV DE CHUID III
DEN BHUNREACHT MAIDIR LEO

- An Ghraonlainn,
- An Nua-Chaladóin agus a Spleáchríocha,
- Polainéis na Fraince,
- Críocha an Deiscirt agus an Antartaigh de chuid na Fraince,
- Oileáin Vailís agus Futúna,
- Mayotte,
- San Pierre agus Miquelon,
- Aruba,
- Aintillí na hÍsiltíre:
 - Bonaire,
 - Cúrasó,
 - Saba,
 - Sint Eustatius,
 - Sint Maarten,
- Anguilla,
- Oileáin Cayman,
- Oileáin Fháclainne,
- an tSeoirsia Theas agus Oileáin Sandwich Theas,
- Montsarat,
- Pitcairn,
- San Héilin agus a Spleáchríocha,
- Críoch na Breataine san Antartach,

- Críoch na Breataine san Aigéan Indiach,
- Oileáin na dTurcach agus na gCaiceos,
- Oileáin Bhriotanacha na Maighdean,
- Beirmiúda.